



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHDHLÚITE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

2022

Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí eu-LISA 2022

Arna glacadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA an 22 Meitheamh 2023

Doiciméad 2023-182 REV 3

Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar	3
Liosta fóiracha agus táblaí	4
Giorrúcháin agus acrainmneacha	6
eu-LISA – an Ghníomhaireacht i mbeagán focal	8
Córais faisnéise CGB arna mbainistiú ag eu-LISA	14
Anailís agus measúnú an Bhoird Bainistíochta	16
Brollach ón Stiúrtóir Feidhmiúcháin	18
Achoimre feidhmiúcháin	20
Réamhrá	28
Éachtaí na bliana	29
1.1. Na córais faisnéise CGB atá i bhfeidhm a bhainistiú agus a thabhairt chun cinn	30
1.2. Córais nua agus nuálaíocht	47
1.3. Bonneagar agus líonraí.....	61
1.4. Slándáil agus leanúnachas gnó.....	63
1.5. Caidreamh le geallsealbhóirí.....	65
1.6. Rialachas agus comhlíonadh	72
1.7. Riarachán agus tacaíocht ghinearálta	78
Bainistíocht	84
2.1. An Bord Bainistíochta	84
2.2. Mórfhorbairtí.....	85
2.3. Bainistíocht bhuiséadach agus airgeadais	87
2.4. Tarmhligéan agus fo-tharmhligéan cumhachtaí cur chun feidhme buiséid chuig baill foirne.....	92
2.5. Bainistíocht acmhainní daonna.....	93
2.6. Straitéis le haghaidh gnóthachain éifeachtúlachta	98
2.7. Measúnú ar thorthaí iniúchtaí agus meastóireachtaí <i>ex-post</i>	99
2.8. Obair leantach ar mholtaí iniúchóireachta agus pleananna gníomhaíochta gaolmhara	102
2.9. Gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann le himscrúduithe arna seoladh ag OLAF	104
2.10. Obair leantach ar bharúlacha ón údarás um urscaoileadh	104
2.11. Bainistíocht ar an gcomhshaol	112
2.12. Measúnú arna dhéanamh ag an Lucht Bainistíochta	112
2.13. Meastóireacht sheachtrach.....	113
Measúnú ar éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh	115
3.1. Éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh	115
3.2. Conclúidí an mheasúnaithe ar éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh.....	122
3.3. Ráiteas ón mBainisteoir atá i bhfeidhm ar Bhainistíocht Riosca agus ar Rialú Inmheánach	123
Dearbhú bainistíochta	125
4.1. Athbhreithniú ar na heilimintí a thacaíonn le dearbhú.....	125
4.2. Forchoimeádais.....	126
Dearbhú urrúis	128
Iarscríbhinn I. Príomhstaitisticí gnó	130
Iarscríbhinn II. Staitisticí maidir le bainistíocht airgeadais	134
Iarscríbhinn III. Cairt eagrúcháin	141
Iarscríbhinn IV. Plean bunaíochta agus faisnéis bhreise ar bhainistíocht acmhainní daonna	142
Iarscríbhinn V. Acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais de réir gníomhaíochta	145
Iarscríbhinn VI. Comhaontuithe ranníocaíochta, deontais agus seirbhíse	148
Iarscríbhinn VII. Bainistíocht ar an gcomhshaol	149
Iarscríbhinn VIII. Cuntais bhliantúla	150
Iarscríbhinn IX. Gníomhaíochtaí bliantúla agus táscairí	152
Iarscríbhinn X. Tuarascáil ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid	178
Iarscríbhinn XI. Tionscnaimh inbhuanaitheachta	181

Liosta fíoracha agus táblaí

Liosta táblaí

Tábla 1. Córais CGB: líon na dteagmhas agus na n-iarrataí ar sheirbhísí a láimhseáladh in 2022.	46
Tábla 2. Córais CGB: miondealú ar theagmhais de réir tosaíochta agus córais.	46
Tábla 3. Córais CGB: miondealú ar fhadhbanna de réir tosaíochta agus córais.	47
Tábla 4. Príomhtháscairí feidhmíochta maidir le Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí (IAC) eu-LISA.	76
Tábla 5. gealltanais shaortha na bliana 2022 i ndáil le gealltanais bhuiséadacha de réir bliana tionscnaimh (EUR milliún).	88
Tábla 6. Stádas na bpost a bhí líonta amhail an 31 Nollaig 2022.	94
Tábla 7. Líon iarbhír agus líon údaraithe daoine amhail an 31 Nollaig 2022.	94
Tábla 8. Dáileadh fhoireann eu-LISA de réir láithreán agus cineálacha conartha.	95
Tábla 9. Miondealú ar shaoire chúiteach de réir an chineáil saoire agus de réir ghrád na mball foirne (ina laethanta).	97
Tábla 10. Achoimre 2022 ar thopaicí iniúchóireachta inmheánaí.	99
Tábla 11. Moltaí iniúchóireachta: dul chun cinn maidir le cur chun feidhme (amhail an 31 Nollaig 2022).	102
Tábla 12. Liosta de na moltaí iniúchóireachta oscailte arna n-eisiúint ag iniúcháirí inmheánacha (IAS agus IAC), lena n-áirítear iad siúd a bhfuil moill nach beag i gceist leo (> 6 mhí, amhail an 31 Eanáir 2023).	102
Tábla 13. Cur chun feidhme mholtaí iniúchóireachta CIE ó bhlianta roimhe seo.	104
Tábla 14. Rioscaí comparáideacha amhail mí na Nollag 2022.	120
Tábla 15. Plean bunaíochta 2022.	142
Tábla 16. Leibhéal iontrála na bpríomhfheidhmeanna.	142
Tábla 17. Cleachtadh tagarmharcála eu-LISA 2022: poist foirne.	143
Tábla 18. Cleachtadh tagarmharcála eu-LISA 2022: soláthraithe seirbhíse seachtracha (conraitheoirí ar an láthair).	143
Tábla 19. Acmhainní daonna de réir réimse gníomhaíochta in 2022.	145
Tábla 20. Costais iomlána na gcóras.	146
Tábla 21. Sciar de chostais dhíreacha 2022 a bhaineann le eu-LISA a bheith ar láithreáin éagsúla (EUR milliún).	147

Liosta fíoracha

Fíor 1. Contanam na dTaistealaithe.....	31
Fíor 2. SIS – líon iomlán na gcuardach a rinneadh.....	33
Fíor 3. SIS – meánlíon na gcuardach in aghaidh an lae	33
Fíor 4. SIS – meánlíon na n-amas in aghaidh an lae	33
Fíor 5. SIS – líon iomlán na bhfoláireamh arna stóráil	33
Fíor 6. SIS – miondealú ar chatagóirí foláirimh	33
Fíor 7. VIS – líon iomlán na n-iarratas ar víosa arna stóráil.....	38
Fíor 8. VIS – líon iomlán na méarlorg arna stóráil.....	38
Fíor 9. VIS – líon iomlán na n-oibríochtaí teorann.....	38
Fíor 10. VIS – líon iomlán na víosaí a eisíodh.....	38
Fíor 11. VIS – líon na n-oibríochtaí teorann in aghaidh na míosa (2017-2022)	39
Fíor 12. VIS – líon na víosaí a eisíodh in aghaidh na míosa (2016-2021).....	39
Fíor 13. VIS – líon iomlán na gcuardach alfa-uimhriúil	39
Fíor 14. VIS – líon iomlán na gcuardach bithmhéadrach	39
Fíor 15. Trácht iomlán Eurodac.....	43
Fíor 16. Trácht Eurodac de réir catagóire in 2022.....	43
Fíor 17. Iarrthóirí tearmainn (catagóir 1)	43
Fíor 18. Cásanna inar trasnaíodh teorainn go neamhrialta (catagóir 2).....	43
Fíor 19. Cónaí neamhúdairithe (catagóir 3).....	43
Fíor 20. Cuardaigh ar Eurodac a rinne údaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí (catagóir 4)	43
Fíor 21. Cuardaigh ar Eurodac a rinne Europol (catagóir 5).....	43
Fíor 22. Ailtireacht idir-inoibritheachta CGB.....	58
Fíor 23. Rannpháirtíocht in oiliúint eu-LISA le haghaidh na mBallstát.....	70
Fíor 24. Ídiú leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí C1 (EUR milliún).....	90
Fíor 25. Treochtaí maidir le hídiú cistí arna ngealladh agus arna mbuiséadú i rith na bliana (EUR milliún)	90
Fíor 26. Forghníomhú leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí faoi Theideal 3 (EUR milliún)	90
Fíor 27. Ídiú leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí C1 (EUR milliún)	90
Fíor 28. Treochtaí maidir le hídiú cistí arna n-íoc agus arna mbuiséadú i rith na bliana (EUR milliún).....	90
Fíor 29. Leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí arna bhforghníomhú faoi Theideal 3 (EUR milliún)	91
Fíor 30. Athrú míosúil ar an Am Iomlán le hÍoc.....	91
Fíor 31. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 30 lá	91
Fíor 32. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 60 lá	91
Fíor 33. Gníomhaíocht soláthair 2014-2022.	92

Giorrúcháin agus acrainmneacha

ACFC	Coiste Iniúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais Bhord Bainistíochta eu-LISA	ED	Stiúrthóir Feidhmiúcháin
AFIS	Córas Aitheantais Uathobrithe Méarlorg	EES	An córas dul isteach-imeachta
AG	grúpa comhairleach	EMAS	Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil
AI	intleacht shaorga	EMS	córas bainistíochta comhshaoil
ALM	bainistíocht saolré feidhmchláir	ENISA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gCibearshlándáil
ARES	córas bainistíochta taifead eu-LISA	EPMO	clár fiontair agus bainistíocht tionscadail
AS HOME	An Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile	ESP	An tairseach chuardaigh Eorpach
BCU	aonad lárnach cúltaca	ETIAS	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil
BGE	Barántas gabhála Eorpach	EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
BMS	seirbhís meaitseála sonraí bithmhéadracha	EUAN	Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh
BSTF	bainistíocht seirbhíse teicneolaíochta faisnéise	eu-LISA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais
CAF	Comhchreat Measúnaithe	Eurodac	An Córas Eorpach chun Comparáid a Dhéanamh idir Taifid Dhachtalascópacha Iarrthóirí Tearmainn
CEAS	An Comhchóras Eorpach Tearmainn	Eurojust	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil
CEPOL	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí	Europol	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí
CERT-EU	An Fhoireann Freagartha i gcás Éigeandáil Ríomhaireachta d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais	FRA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
CGB	ceartas agus gnóthaí baile	Frontex	An Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta
CIE	Cúirt Iniúcháirí na hEorpa	IAC	Cumas Iniúcháireachta Inmheánaí
CIR	stóras coiteann sonraí céannachta	IAS	An tSeirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí
CRRS	an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh	ICD	doiciméad rialaithe comhéadain
CSI	Bonneagar Comhroinnte	ICF	creat rialaithe inmheánaigh
CSIRT	An Fhoireann Freagartha um Theagmhais Slándála Ríomhairí	ISO	Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaihdeán
CSP	Ardán Comhroinnte	ITIL	Leabharlann de Bonneagar Teicneolaíochta Faisnéise
CU	láraonad	IXIM	Meitheal na Comhairle um Malartú Faisnéise CGB
DPIA	measúnú tionchair ar chosaint sonraí	JHAAN	Líonra na nGníomhaireachtaí um Cheartas agus Gnóthaí Baile
DubliNet	Líonra cumarsáide leictreonaí Bhaile Átha Cliath	JIT	Foirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe
EASA	Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh	KPI	príomhtháscaire feidhmíochta
ECHA	An Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán	LFS	ráiteas reachtach airgeadais
e-CODEX	Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne		
ECRIS	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla		
ECRIS RI	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – Cur Chun Feidhme Tagartha		
ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – náisiúnaigh trí tíre		

MDC	ionad sonraí modúlach
MECS	An Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí
MID	brathadóir ilchéannachtaí
OCS	Oifigeach Cosanta Sonraí
OLAF	An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise
PM	bainistíocht tionscadal
PPM	bainistíocht punainne tionscadail
sBMS	seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha
SDLC	saolré forbartha córas
SEMM	sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen
SIRENE	Iarraidh ar Fhaisnéis Fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta
SIS	Córas Faisnéise Schengen
SLA	comhaontú seirbhíse
SM9	uirlis bainistithe seirbhísí TF eu-LISA (Microfocus Service Manager, leagan 9)
SNI	saineolaí náisiúnta ar iasacht
SON	Líonra na nOifigeach Slándála
T&F	taighde agus forbairt
TCN	náisiúnaigh tríú tír
TEF	creat innealtóireachta trasnaí
TESTA-ng	Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin – Glúin Nua
TFC	teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
TOF	creat oibríochta trasnaí
VIS	An Córas Faisnéise Víosáí
WGAI	Meitheal eu-LISA um an Intleacht Shaorga

eu-LISA – an Ghníomhaireacht i mbeagán focal

Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA nó ‘an Ghníomhaireacht’) freagrach as feidhmiú agus forbairt leanúnach chórais mhórsála TF an Aontais i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile (CGB).¹ Ó thosaigh sí i mbun feidhme in 2012, tá an Ghníomhaireacht tagtha chun cinn ó bheith ina gníomhaireacht bheag theicniúil go ‘croilár digiteach’ Limistéar Schengen, a rannchuidíonn le cur chun feidhme raon leathan beartas CGB idir víosaí, imirce agus tearmann, slándáil inmheánach agus cheartas. Tá freagrachtaí eu-LISA dírithe ar mhalartú éifeachtúil faisnéise a éascú idir údarais ábhartha ar fud na hEorpa chun bainistíocht thráthúil ar theorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú, ar bhonn sonraí, agus eispéireas slán, rianúil á cur ar fáil do thaistealaithe idirnáisiúnta an tráth céanna.

Is é príomhthosaíocht na Gníomhaireachta é feidhmiú éifeachtach, slán, gan bhriseadh chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú i gcomhréir leis na bunúis dlí agus leis na comhaontuithe seirbhíse faoi seach, chomh maith le feidhmiú na gceanglas cosanta sonraí agus slándála is infheidhme. Tá infhaighteacht leanúnach na gcóras faisnéise sin rithábhachtach chun slándáil inmheánach an Aontais a áirithiú, agus saorghluaiseacht shaoránaigh agus chónaitheoirí an Aontais a ráthú an tráth céanna. Tá na trí chroíchóras CGB seo a leanas á mbainistiú ag eu-LISA faoi láthair, lena n-áirítear feidhmiú éifeachtúil limistéar Schengen:

- **Córas Faisnéise Schengen (SIS),²**
- **an Córas Faisnéise Víosaí (VIS),³**
- agus an **Córas Eorpach chun Comparáid a Dhéanamh idir Taifid Dhachtalascópacha Iarrthóirí Tearmainn (Eurodac).⁴**

Chun bainistíocht theorainneacha seachtracha an Aontais a chúchóiriú tuilleadh agus chun slándáil inmheánach limistéar Schengen a fheabhsú, tá eu-LISA i mbun na córais TF nua seo a leanas a forbairt, mar aon le hailtíocht idir-inoibritheachta nua le haghaidh an réimse CGB:

- **Córas Dul Isteach/Imeachta (EES),⁵**
- **Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS),⁶**
- **an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN),⁷**
- agus na **comhpháirteanna idir-inoibritheachta**: sBMS, CIR, ESP, MID, agus CRRS.⁸

In 2022, chuir eu-LISA tús leis an obair ullmhúcháin chun bainistíocht oibríochtúil **e-CODEX** (Cumarsáid ríomh-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne)⁹ a ghlacadh chuige féin, córas lena n-éascaítear cumarsáid shlán idir údarais bhreithiúnacha in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann. Leis sin, leanann an Ghníomhaireacht ag neartú an mhéid a dhéanann sí chun rannchuidiú le réimse ceartais an Aontais agus leis an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach maidir le digitiú an cheartais.

Lena áirithiú go mbeidh saineolas úrscóthach ar fáil dá phríomh-gheallsealbhóirí – an Coimisiún, na Ballstáit agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais – déanann eu-LISA faireachán gníomhach ar na forbairt is déanaí sa **taighde agus sa nuálaíocht** chun réitigh theicneolaíoch nua a shainiú agus a thástáil chun a éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú tuilleadh agus chun an claochlú digiteach sa réimse CGB a chur chun cinn. Ina theannta sin, soláthraíonn eu-LISA seirbhísí ardcháilíochta d’úsáideoirí deiridh uile an chórais, lena n-áirítear tacaíocht 24/7 agus oiliúint d’úsáideoirí.

¹ Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 295, 21.11.2018, lgh. 99-137.

² Rialacháin (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, agus (AE) 2018/1862, IO L 312, 7.12.2018, lgh. 1-106.

³ Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, IO L 218, 13.8.2008, lgh. 60-81; Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle, IO L 213, 15.6.2004, lgh. 5-7; Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, IO L 218, 13.8.2008, lgh. 129-136.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, IO L 180, 29.6.2013, lgh. 1-30; Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, IO L 180, 29.6.2013, lgh. 31-59; Rialacháin (CE) Uimh. 1560/2003, IO L 222, 5.9.2003, lgh. 3-23.

⁵ Rialachán (AE) 2017/2226, IO L 327, 9.12.2017, lgh. 20-82.

⁶ Rialachán (AE) 2018/1240, IO L 236, 19.9.2018, lgh. 1-71 agus Rialachán (AE) 2018/1241, IO L 236, 19.9.2018, lgh. 1-73.


⁷ Rialachán (AE) 2019/816, IO L 135, 22.5.2019, lgh. 1-26.

⁸ Rialacháin (AE) 2019/817, agus (AE) 2019/818, IO L 135, 22.5.2019, lgh. 27-135.

⁹ Rialachán (AE) 2022/850, IO L 150, 1.6.2022, lgh. 1-19.

Le linn a cuid gníomhaíochtaí go léir, bíonn an Ghníomhaireacht **trédhearcach agus cuntasach** dá geallsealbhóirí agus do shaoránaigh an Aontais, agus ar an gcaoi sin cothaíonn sí an dea-cháil atá uirthi agus a hinfheictheacht.

Misean, fíis agus croíluachanna



HEADQUARTERS
Tallinn, Estonia

TECHNICAL SITE
Strasbourg, France

LIAISON OFFICE
Brussels, Belgium

TECHNICAL BACK-UP SITE
St Johan im Pongau, Austria


TRANSLATION page 9

MISSION	MISEAN
<i>to support, through advanced technology, the efforts of the EU and its Member States to keep Europe open and secure</i>	<i>tacú, trí mheán na hardteicneolaíochta, le hiarrachtaí an Aontais agus a Bhallstát an Eoraip a choinneáil oscailte, slán</i>
VISION	FÍS
<i>to grow eu-LISA as an organisation committed to providing high-quality, efficient services and solutions by systematically aligning its technological capabilities with the evolving needs of the EU and the Member States, while also maturing as a trusted partner in driving the digital transformation in the JHA domain.</i>	<i>eu-LISA a thabhairt chun cinn mar eagraíocht atá tiomanta do sheirbhísí agus réitigh ardcháilíochta éifeachtúla a sholáthar trína chumais theicneolaíochta a ailíniú go córasach le riachtanais athraitheacha an Aontais agus na mBallstát, agus é ag teacht in aibíocht freisin mar chomhpháirtí iontaoifa i dtaobh na claochlú digiteach sa réimse CGB a chur chun cinn.</i>
CORE VALUES	CROÍLUACHANNA
Accountability	Cuntasacht
<i>deploying a sound governance framework, cost-efficient operations and sound financial management.</i>	<i>creat rialachais fhónta, oibríochtaí cost-éifeachtúla agus bainistíocht fhónta airgeadais a chur i bhfeidhm.</i>
Continuity	Leanúnachas
<i>ensuring that the Agency will make the best use of the expertise, knowledge and investments made by the Member States and will continue to develop them.</i>	<i>a áirithiú go mbainfidh an Gníomhaireacht an leas is fearr as an saineolas, as an eolas agus as na hinfheistíochtaí a dhéanann na Ballstáit agus go gcoinneoidh sí uirthi á bhforbairt.</i>
Teamwork	Obair Foirne
<i>seeking to empower each team member to make the best use of their knowledge and experience, contributing to shared success.</i>	<i>féachaint le cur ar chumas na mball foirne go léir an leas is fearr a bhaint as a n-eolas agus a dtaithe, agus rannchuidiú le rath na heagraíochta ar an gcaoi sin.</i>
Customer focus	Fócas ar chustaiméirí
<i>ensuring the Agency's alignment with the needs and demands of its stakeholders at all times.</i>	<i>a áirithiú go mbeidh an Gníomhaireacht ailínithe i gcónaí le riachtanais agus éilimh a geallsealbhóirí.</i>
Excellence	Barr Feabhais
<i>applying the right organisational structure, the right people and the right processes, ensuring service continuity and functional comprehensiveness of the tools provided to the Member States.</i>	<i>an struchtúr eagrúcháin ceart, na daoine cearta agus na próisis chearta a bheith i bhfeidhm chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú agus féachaint chuige go mbeidh na huirlisí a sholáthraítear do na Ballstáit cuimsitheach ó thaobh feidhmiú de.</i>
Transparency	Trédhearcacht
<i>providing regular and open communication with the Agency's key stakeholders and engaging them in a continuous dialogue to define the long-term strategy for the development of the Agency.</i>	<i>cumarsáid rialta, oscailte a dhéanamh le príomh-gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta agus idirphlé leanúnach a dhéanamh leo chun an straitéis fhadtéarmach maidir le forbairt na Gníomhaireachta a shainiú.</i>
LOCATIONS	LÁITHREACHA
HEADQUARTERS	CEANNCHEATHRÚ
<i>Tallinn, Estonia</i>	<i>Taillinn, an Eastóin</i>
TECHNICAL SITE	LÁITHREÁN TEICNIÚIL
<i>Strasbourg, France</i>	<i>Strasbourg, an Fhrainc</i>
LIAISON OFFICE	OIFIG IDIRCHADRIMH
<i>Brussels, Belgium</i>	<i>An Bhruiséil, an Bheilg</i>
TECHNICAL BACK-UP SITE	LÁITHREÁN CÚLTACA TEICNIÚIL
<i>St Johan im Pognau, Austria</i>	<i>St Johan im Pognau, an Ostair</i>

Straitéis fhadtéarmach

Leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach i ¹⁰**straitéis fhadtéarmach na Gníomhaireachta le haghaidh 2021-2027**, tacaítear le príomh-mhisean eu-LISA i dtaobh réitigh theicneolaíochá úrscothacha a chur ar fáil agus leanúint de réimse CGB an Aontais a dhigitiú **chun tacú lena gheallsealbhóirí ina gcuid iarrachtaí an Eoraip a choinneáil oscailte, slán.**

Chun a gníomhaíochtaí fadtéarmacha agus a gníomhaíochtaí bliantúla a threorú, tá na ceithre sprioc straitéiseacha seo a leanas leagtha síos ag an nGníomhaireacht:



¹⁰ **Straitéis eu-LISA 2021–2027**, arna glacadh ag an mBord Bainistíochta i mí na Samhna 2021.

TRANSLATION page 11

STRATEGIC GOALS	SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA
<i>1: Continue growing as a contributor to and implementing partner for the relevant policies in the domain of Justice and Home Affairs.</i>	<i>1: Leanúint de bheith ag fás mar rannchuiditheoir agus mar chomhpháirtí cur chun feidhme i leith na mbeartas ábhartha i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile.</i>
<i>2: Maintain and expand the Agency's role as a recognised and trusted partner for the European institutions and the Member States in driving the digital transformation in the EU's Justice and Home Affairs domain.</i>	<i>2: Coinneáil le ról na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí aitheanta, iontaofa de chuid na nInstitiúidí Eorpacha agus na mBallstát agus an ról sin a leathnú chun an claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais.</i>
<i>3: Enable and drive innovation and digital transformation in the EU's Justice and Home Affairs domain.</i>	<i>3: Nuálaíocht agus claochlú digiteach a chumasú agus a spreagadh i réimse Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais.</i>
<i>4: Continue working on eu-LISA's organisational evolution towards a more efficient, agile and resilient organisation within the EU regulatory framework.</i>	<i>4: Leanúint de bheith ag obair ar theacht chun cinn eagraíochtúil eu-LISA i dtreo eagraíocht níos éifeachtaí, níos sofhreagrúla agus níos athléimní laistigh de chreat rialála an Aontais.</i>

Córais faisnéise CGB arna mbainistiú ag eu-LISA

Cuspóir an chórais	Teacht i bhfeidhm	Stádas	Sonraí arna stóráil in 2022	Oibríochtaí in 2022
Tearmann, imirce agus teorainneacha				
Eurodac An Córas Eorpach chun Comparáid a Dhéanamh idir Taifid Dhachtalascópacha Iarrthóirí Tearmainn				
Is é Eurodac bunachar sonraí an Aontais Eorpaigh de mhéarloirg dhigitithe chun iarratais ar thearmann a bhainistiú faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath. Cuidíonn an córas a chinneadh cén Ballstát é an ceann freagrach trína chinneadh ar éiligh an t-iarratasóir tearmann i mBallstát eile roimhe sin. Ionas gur fearr is féidir an imirce neamhrialta a chomhrac, tá eu-LISA ar tí athrú mór a dhéanamh ar an gcóras, trí fheidhmiúlachtaí nua a thabhairt isteach agus a lárchóras a athdhearadh.	2003 Á fheidhmiú ag eu-LISA ó mhí an Mheithimh 2013	 I bhfeidhm	6.5 milliún tacar méarloirg	1 481 815
Slándáil inmheánach agus teorainneacha an Aontais				
SIS Córas Faisnéise Schengen				
Is é SIS an córas comhroinnte faisnéise is mó chun teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus chun slándáil inmheánach limistéar Schengen a áirithiú. Le SIS, éascaítear malartú faisnéise faoi dhaoine nó réada a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh, mar aon le treoracha d'údarais inniúla maidir le cad ba cheart a dhéanamh nuair a bhraitear daoine nó réada. Dá réir sin, is uirlis fhíorluachmhar é chun an choireacht trasteorann agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.	1995 Á fheidhmiú ag eu-LISA ó mhí na Bealtaine 2013	 I bhfeidhm	87 milliún foláireamh	12.7 billiún cuardach déanta
Schengen, teorainneacha agus víosaí				
VIS Córas Faisnéise Víosaí				
Mar cheann de chroighnéithe ailtireacht Schengen, éascaíonn VIS an phróiseáil ar iarratais ar víosa agus an bhainistíocht ar víosaí gearrchónaithe do náisiúnaigh tríú tír atá ag taisteal chuig limistéar Schengen nó atá ar idirthuras tríd. Tacaíonn sé le cur chun feidhme chomhbheartas víosaí an Aontais agus cuidíonn sé le calaois víosaí a chomhrac trí chúnamh a thabhairt daoine a shainaitheant nach gcomhlíonann na coinníollacha is gá maidir le fanacht nó dul isteach.	2011 Á fheidhmiú ag eu-LISA ó mhí na Nollag 2012	 I bhfeidhm	56.7 milliún iarratas ar víosa 51.5 milliún tacar méarloirg 56.7 milliún íomhá aghaidhe	152 milliún
EES Córas Dul Isteach/Imeachta				
Tá sé beartaithe le EES nósanna imeachta rialaithe teorann a chuíocháirí trí chlárú leictreonach gach náisiúnach tríú tír atá ag dul isteach i limistéar Schengen agus ag imeacht as a chur in ionad stampáil na bpasanna de lámh. Nuair a bheidh sé oibríochtúil, áiritheofar le EES go ndéanfar faireachán níos fearr ar thréimhsí fanachta údaraithe agus go sainaitheofar daoine a d'fhéadfadh fanacht ró-fhada, agus ar an gcaoi sin rannchuideofar leis an imirce neamhrialta a chosc agus leis an tslándáil inmheánach a neartú, agus cuideofar an tráth céanna leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.	2024	 Á fhorbairt		
ETIAS An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil				
Is córas um údarú taistil ar líne é ETIAS le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, agus iad ag taisteal chuig 30 tír Eorpach. Leis an gcóras scagtha réamhthaistil sin, déantar comparáid idir faisnéis ar fud na gcóras CGB uile, agus i mbunachair sonraí Europol agus	2025	 Á fhorbairt		

Cuspóir an chórais	Teacht i bhfeidhm	Stádas	Sonraí arna stóráil in 2022	Oibríochtaí in 2022
--------------------	-------------------	--------	-----------------------------	---------------------

Interpol, chun rioscaí slándála, rioscaí imirce neamhrialta nó ardrioscaí eipidéime féideartha a shainaithint roimh ré, ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina bhforas le cead isteach i limistéar Schengen a dhiúltú. Seiceálann aeriompróirí, muirompróirí agus iompróirí ar tír údaruithe ETIAS roimh dhul ar bord agus seiceálann gardaí teorann iad freisin ag teorainneacha Schengen.

Comhar maidir le ceartas

ECRIS RI | An Córas Faisnéise Eorpach um Thaidid Choiriúla – Cur Chun Feidhme Tagartha

Is córas dlíraithe é ECRIS chun faisnéis a mhalartú idir Ballstáit ar thaidid choiriúla de chuid shaoránaigh an Aontais, chomh maith le taidid choiriúla náisiúnach de chuid tíortha eile. Tá comhéadan comtháthaithe ag ECRIS RI chun nascadh le cláir náisiúnta taifead coiriúil na mBallstát.

2012
Á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí Aibreáin 2020 i leith



I bhfeidhm

Ní bhaineann le hábhar

Ní bhaineann le hábhar

ECRIS-TCN | An Córas Faisnéise Eorpach um Thaidid Choiriúla – náisiúnaigh tríú tír

Le ECRIS-TCN, an chéad chóras TF a d'fhorbair eu-LISA i réimse ceartais an Aontais, éascaítear malartú leictreonach faisnéise maidir le taidid choiriúla náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát. Dá réir sin, tacaíonn sé le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do phianbhreitheanna breithiúnacha agus do chinntí breithiúnacha ar fud na hEorpa.

2025



Á fhorbairt

Ní bhaineann le hábhar

Ní bhaineann le hábhar

e-CODEX | Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne

is ardán cumarsáide é e-CODEX chun tarchur slán ábhair leictreonaigh idir údaráis bhreithiúnacha agus gairmithe dlí in imeachtaí breithiúnacha trasteorann a éascú, rud a áiríthíonn próiseas breithiúnach níos éifeachtúla do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa. In 2022, chuir an Coimisiún de chúram ar eu-LISA an córas e-CODEX a fhorbairt agus a chothabháil – céim thábhachtach i dtreo cur le rannchuidiú na Gníomhaireachta le réimse ceartais an Aontais.

2013
Aistriú chuig eu-LISA beartaithe idir mí Iúil agus mí na Nollag 2023



I bhfeidhm

Ní bhaineann le hábhar

Ní bhaineann le hábhar

Ailtireacht nua idir-inoibritheachta

Is é atá san idir-inoibritheacht cumas na gcóras idirnasctha sonraí a chomhroinnt agus faisnéis a mhalartú, lena soláthraítear rochtain chuíchóirithe ar fhaisnéis chuimsitheach do na húdaráis ábhartha.

Cumasófar idir-inoibritheacht uileghabhálach na gcóras sa réimse CGB trí na comhpháirteanna seo a leanas a chomhtháthú, lena ndéantar cuardaigh údaraithe agus malartú faisnéise a éascú:

- **an tairseach cuardaigh Eorpach (ESP):** fuinneog cuardaigh aonair le haghaidh cuardaigh thapa ar fud na gcóras CGB go léir atá á mbainistiú ag eu-LISA,
- **an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS)** le haghaidh sonraí bithmhéadracha a mheaitseáil le chéile ar fud na gcóras CGB go léir,
- **an stóras coiteann sonraí céannachta (CIR)** chun náisiúnaigh tríú tír a shainaithint i gceart (sonraí beathaisnéiseacha agus bithmhéadracha),
- **an brathadóir ilchéannachtaí (MID)** chun ilchéannachtaí a nochtadh agus chun calaois chéannachta a chomhrac, agus
- **an lárstóras um thuairiscí agus staidreamh (CRRS)** chun tuairiscí comhiomlánaithe traschórais a ghiniúint.

2026



Á fhorbairt

Anailís agus measúnú an Bhoird Bainistíochta

Rinne Bord Bainistíochta eu-LISA anailís agus measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta maidir leis an méid a bhain eu-LISA amach in 2022 agus torthaí na bliana sin.

Leagann an Bord béim ar an ról ríthábhachtach atá ag eu-LISA maidir le feidhmiú éifeachtach agus athléimneacht limistéar Schengen a áirithiú, chomh maith lena rannchuidiú fíorluachmhar le cur chun feidhme rathúil bheartais an Aontais i réimsí an rialaithe teorann, na víosaí, na himirce agus an tearmainn, an r-cheartais, an digitithe agus na cibearshlánda.



Tá an Bord Bainistíochta:

- ag aithint iarrachtaí eu-LISA chun na cuspóirí a leagadh síos do 2022 a bhaint amach, mar a leagtar síos ina rialachán bunaithe agus sa chlár oibre bliantúil a leagtar amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2022-2024;
- ag gabháil buíochas leis an nGníomhaireacht as a hiarrachtaí leanúnacha agus as na dea-thorthaí a baineadh amach maidir lena áirithiú go mbeidh córais faisnéise CGB an Aontais ar fáil go cobhsaí, gan bhriseadh agus iad faoina cúram bainistíochta, agus as feidhmiú éifeachtúil limistéar Schengen a chumasú;
- ag aithint cáilíocht agus tráthúlacht na tacaíochta a thug an Gníomhaireacht do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach le linn 2022;
- á aithint gur bliain an-dúshlánach a bhí in 2022 i gcás na gcóras a bhí á bhforbairt, ós rud é go raibh an Gníomhaireacht ag obair i gcomhthráth ar líon mór gníomhaíochtaí idirghaolmhara chun ionchais arda a geallsealbhoirí a chomhlíonadh, agus gur lean méid agus castacht a cuid oibríochtaí de bheith ag leathnú;
- ag tabhairt dá aire gur fhéach eu-LISA go tréan le dul chun cinn a dhéanamh maidir le córais TF nua a fhorbairt agus a sholáthar sa réimse CGB – EES, ETIAS, ECRIS-TCN agus SIS Athmhúnlaith, mar aon leis an ailtireacht nua idir-inoibritheachta – agus aithníonn sé gur fhág suaitheadh sa slabhra soláthair, mar aon leis na deacrachtaí a bhí ann le gníomhaíochtaí seachfhoinsithe, gur cuireadh bac ar an obair sin agus nárbh fhéidir cloí leis na pleananna bunaidh maidir le cur chun feidhme;
- ag spreagadh na Gníomhaireachta chun neartú eile a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a córais bainistíochta buiséid agus a córais rialaithe inmheánaigh, go háirithe trína próiseas bainistíochta conarthaí agus díoltóirí a fheabhsú, agus trí na moltaí iniúchóireachta seanbhunaithe a chur chun feidhme a luaithe is féidir;
- agus tá sé á chur in iúl aige go bhfuil sé sásta le bainistíocht fhoriomlán eu-LISA le linn 2022.

Creideann an Bord Bainistíochta go dtugtar sa tuarascáil seo dearbhú leordhóthanach gurb amhlaidh, in ainneoin go leor dúshlán a chuir bac ar chomhlíonadh sceideal dúshlánach cur chun feidhme, gur **ghlac eu-LISA cur chuige córasach, comhsheasmhach chun a shainordú a chur chun feidhme**, agus gur bhain sé leas as a acmhainní airgeadais agus a acmhainní daonna i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i gclár oibre bliantúil eu-LISA do 2022 mar a leagtar amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2022–2024.

Agus an fhaisnéis a sholáthraítear sa tuarascáil seo á cur san áireamh ag an mBord Bainistíochta:

- tá béim á chur aige **ar an mbrú nach beag atá ar bhail foirne eu-LISA** atá ag obair ar thionscadail chasta agus tá sé á chur i bhfáth gur gá an Gníomhaireacht a threisiú tuilleadh le hacmhainní daonna breise, ina feidhmeanna oibríochtúla agus ina feidhmeanna cothrománacha agus traseagraíochta

araon, agus a ráta folúntais a laghdú, chun na cúraimí a cuireadh uirthi sa chlárthréimhse 2021-2027 a chur i gcrích;

- tá sé á chur i bhfios go láidir a thuilleadh gur gá do eu-LISA a spleáchas ar chonraitheoirí seachtracha a laghdú le haghaidh príomhchúraimí agus é ag cloí an tráth céanna le hardleibhéal comhlíontachta;
- **tacaíonn sé leis an nGníomhaireacht ina hiarrachtaí leanúnacha** a sainordú agus na tionscnaimh nua, eadhon EES, ETIAS, ECRIS-TCN, agus an ailtireacht idir-inoibritheachta, a chur chun feidhme, lena áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm go rianúil;
- aithníonn sé **an t-idirpleáchas** idir obair na Gníomhaireachta ar an leibhéal lárnach agus obair na mBallstát ar an leibhéal náisiúnta, agus tá sé ag iarraidh ar eu-LISA leanúint den dlúthchomhar éifeachtúil sin lena gheallsealbhóirí agus leis an gCoimisiún Eorpach lena áirithiú go gcuirfear na córais nua i gcrích go rathúil; agus aithníonn sé **a thábhachtaí atá clár méadaithe acmhainneachta eu-LISA** chun acmhainneacht leordhóthanach na n-ionad sonraí a áirithiú i dtaobh córais TF nua agus córais TF atá ann cheana a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil, inbhuanaithe, agus é á ráthú an tráth céanna go mbeidh na córais uile atá faoina sainchúram ar fáil gan bhriseadh agus á bhforbairt go tráthúil.

Gabhann an Bord Bainistíochta buíochas le Krum Garkov, iarStiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, le Luca Tagliaretti, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eatramhach, agus le lucht bainistíochta eu-LISA agus lena bhaill foirne go léir as a dtiomantas agus a n-iarrachtaí diombháilte le linn na bliana seo a bhí thar a bheith dúshlánach.

Zsolt Szolnoki

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Brollach ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Leis na dúshláin a bhí ann le blianta beaga anuas, idir an ghéarchéim airgeadais, phaindéim, agus an cogadh san Úcráin, fuair léargas níos soiléire ar an bhfís, na hiarrachtaí agus na hÍobairtí is gá chun an Eoraip a bheith aontaithe ar bhonn luachanna coiteanna, agus fuair léargas níos soiléire freisin ar na deiseanna a ghabhann leis sin. Anois níos mó ná riamh, léiríonn tréimhsí cinniúnacha agus géarchéimeanna a thábhachtaí atá an dlúthpháirtíocht, an fhreagracht agus an aontacht. Tá na luachanna sin mar bhonn agus mar thaca ag neart an Aontais Eorpaigh, agus is iad a chhothaíonn inneall an Aontais ionas go bhfuil an chumhacht aige chun dúshláin a sháru i dtréimhsí deacra agus coinneáil sa tóir ar shaol níos fearr do chách, idir shaoránaigh de chuid an Aontais agus daoine a bhfuil na luachanna céanna linn acu.



Sa chomhthéacs sin, tá ról ríthábhachtach ag eu-LISA maidir le tionchar dearfach a imirt ar shaol na milliún duine. Is é croílár ár misin é go bhfuil sé ina aidhm againn freastal ar shaoránaigh na hEorpa. Déanaimid é sin trí chabhrú an Eoraip a choinneáil sábháilte, slán agus oscailte. Rannchuidímid le hEoraip níos fearr a chothú lenár ngeallsealbhóirí in institiúidí an Aontais, sna Ballstáit agus i ngníomhaireachtaí eile, agus trí líonra leathan comhpháirtithe. Cabhraímid lenár ngeallsealbhóirí trí uirlisí agus teicneolaíochtaí digiteacha ceannródaíocha a sholáthar, ar cinn iad a fhónann do shaoránaigh agus a dhéanann a bpríobháideachas agus a sonraí pearsanta a chosaint an tráth céanna. Tá torthaí ár gcuid oibre ina ngné bhunriachtanach ó thaobh féachaint chuige go mbeidh saol slán sábháilte slán ó lá go lá ag saoránaigh na hEorpa agus ag cuairteoirí chuig Limistéar Schengen. Is cúis bhróid againn in eu-LISA é rannchuidiú leis na spriocanna sin a bhaint amach.

Bhí eu-LISA 10 mbliana ar an bhfód in 2022, agus ba dheis é sin chun teacht ar thuiscint ar a bhfuil bainte amach aige san am a chuaigh thart agus ar an méid atá á bhaint amach aige faoi láthair, mar aon leis na garspriocanna agus na príomhimeachtaí feadh an bhóthair dúinn ó ghníomhaireacht bheag theicniúil go Croílár Digiteach Schengen, agus ar an ról a bhí ag an nGníomhaireacht i bpríomhréimsí maidir le slándáil inmheánach na hEorpa. Is gné dhílis iad misean agus luachanna na Gníomhaireachta – an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a neartú chun an Eoraip a choinneáil oscailte, slán agus freastal ar riachtanais na saoránach tríd an teicneolaíocht – den obair chrua a rinne a cuid foirne le 10 mbliana anuas agus den díoghráilteacht a léirigh siad.

D'fhág an creat rialála atá ag síorathrú, na hathruithe ar an timpeallacht pholaitiúil agus oibríochtuil, an líon mór gníomhaíochtaí comhthreomhara a bhí fite fuaite ina chéile, agus ionchais arda gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta gur bhliain an-dúshlánach é 2022. De réir mar a lean líon agus castacht a cuid oibríochtaí ag méadú, bhí an Gníomhaireacht faoi bhrú in 2022 ó thaobh a hathléimneachta agus a cumais a áirithiú go mbeadh fáil gan bhriseadh ar na córais atá á mbainistiú aici agus go mbeadh limistéar Schengen ag feidhmiú go rianúil.

Anuas air sin, rinne an Gníomhaireacht iarracht mhór i rith na bliana, in éineacht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach, forbairt a dhéanamh ar chomhpháirteanna idir-inoibrítheachta chórais faisnéise CGB an Aontais, agus ar na córais nua a cuireadh faoi chúram eu-LISA – EES, ETIAS, agus ECRIS-TCN. Is iad na córais nua agus an ailtireacht faisnéise, agus iad á gcur i bhfeidhm i gcomhthráth, an clár claochlaithe is casta agus is dúshlánaí a sheol Gníomhaireacht um bainistiú teorainneacha agus um shlándáil inmheánach san Aontas. Mar thoradh ar na baic a bhí ann de bharr suaitheadh sa slabhra soláthair, mar aon leis na deacrachtaí a bhí ag roinnt de chonraitheoirí na Gníomhaireachta ó thaobh cloí leis na sceidil dhúshlánacha cur chun feidhme, bhí moilleanna i gceist a d'fhág gurbh éigean athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar na bunphleananna. Rinne an Gníomhaireacht gach rud a d'fhéadfadh sí chun cloí le luas na hoibre agus lena áirithiú go gcuirfí an ailtireacht faisnéise nua chun feidhme go tráthúil.

Agus é ag gabháil don obair sin, rinne eu-LISA a dhícheall a bheith ina chomhpháirtí iontaofa, cumasach ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais. Chomh maith leis sin, lean sé ar aghaidh ag forbairt agus ag méadú an mhéid a bhí á dhéanamh aige chun na beartais ábhartha i réimse Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais a chur chun feidhme go rathúil. Cé gurb amhlaidh go dtí seo gur dírfodh go príomha ar dhigitiú agus ar idir-inoibritheacht na gcóras bainistithe teorainneacha agus na gcóras slándála inmheánaí, in 2022 lean an Ghníomhaireacht dá ról i réimse ceartais an Aontais a leathnú trí thosú ag ullmhú chun freagracht a ghlacadh as an gcóras e-CODEX. Beidh e-CODEX ar cheann de na bloic thógála straitéiseacha in éiceachóras digiteach foriomlán réimse ceartais an Aontais, agus cuirfidh sé le héifeachtúlacht údaráis bhreithiúnacha na hEorpa agus leis an rochtain ar cheartas a bheidh ag saoránaigh agus gnólachtaí ar fud an Aontais.

Chomh maith lena cheiliúradh go rabhamar 10 mbliana ar an bhfód, bhí athraithe i réim sa Ghníomhaireacht i mbliana freisin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Luca Tagliaretti as an obair a rinne sé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eatramhach. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an lucht bainistíochta ar fad agus le baill foirne uile eu-LISA, a lean ar aghaidh ag obair gan staonadh chun spriocanna na Gníomhaireachta a bhaint amach le linn na tréimhse sin.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le foirne uile eu-LISA, lena gheallsealbhóirí agus lena chomhpháirtithe uile ionas go n-éireoidh linn, agus muid ag obair as lámha a chéile, sna misin mhóra a cuireadh de chúram orainn.

Agnès Diallo

Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Achoimre feidhmiúcháin

The European Union Agency for the Operational Management of Large-Scale IT Systems in the Area of Freedom, Security and Justice (eu-LISA) was established in 2011 as a technical agency to take over the management of three existing IT systems for the Schengen area. Over the past decade, it has grown into the ‘digital heart’ of Schengen, serving as one of the guarantors of its safety and security, while also ensuring one of the fundamental rights of EU citizens - the freedom of movement.

Since commencing operation in 2012, eu-LISA has evolved into a key contributor to the ongoing digital transformation of the EU’s domain of justice and home affairs (JHA). The Agency’s overall performance in the 2022 demonstrated that eu-LISA remains a reliable and committed partner for the European institutions and Member States in the process of implementing relevant JHA policies, while also ensuring the safety and integrity of the technologies deployed.

2022 Annual Priorities



1 Stable and uninterrupted operations and services of core business systems: SIS, VIS, Eurodac.

2 Progress with the implementation of new initiatives (i.e., EES, ETIAS, Interoperability, ECRIS-TCN, Revised VIS, Eurodac Recast) in accordance with established roadmaps.

3 Progress with the second extension of the Agency’s operational site in Strasbourg (renamed to ‘Capacity Increase Programme’).

4 Further strengthening of the Agency’s internal control system, with particular emphasis on quality management, as well as contract and vendor management.

5 Further developing and improving eu-LISA’s programme and portfolio management capability.



The annual activity report for 2022 reflects the Agency’s progress with the implementation of a number of highly challenging and critical tasks with an increasingly complex operational environment.

<i>Executive summary</i>	<i>Achoimre feidhmiúcháin</i>
<p><i>The European Union Agency for the Operational Management of Large-Scale IT Systems in the area of Freedom, Security and Justice (eu-LISA) was established in 2011 as a technical agency to take over the management of three existing IT systems for the Schengen area. Over the past decade, it has grown into the 'digital heart' of Schengen, serving as one of the guarantors of its safety and security, while also ensuring one of the fundamental rights of EU citizens – the freedom of movement.</i></p>	<p><i>Ba sa bhliain 2011 a bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), mar ghníomhaireacht theicniúil chun bainistíocht trí chóras TF a bhí ann cheana do limistéar Schengen a ghabháil de lámh. Le 10 mbliana anuas, tá eu-LISA tagtha chun cinn ionas gur 'croilár digiteach' Schengen anois é, atá ar cheann de ráthóirí a shábháilteachta agus a shlándála, agus ceann de chearta bunúsacha shaoránaigh an Aontais – an tsaoirse gluaiseachta – á áirithiú aige an tráth céanna.</i></p>
<p><i>Since commencing operation in 2012, eu-LISA has evolved into a key contributor to the ongoing digital transformation of the EU's domain of justice and home affairs (JHA). The Agency's overall performance in 2022 demonstrated that eu-LISA remains a reliable and committed partner for the European institutions and Member States in the process of implementing relevant JHA policies, while also ensuring the safety and integrity of the technologies deployed.</i></p>	<p><i>Ó thosaigh sé i mbun oibríochta in 2012, tá eu-LISA tagtha chun cinn mar phríomh-rannchuiditheoir sa chlaochlú digiteach leanúnach ar réimse ceartais agus gnóthaí baile (CGB) an Aontais Eorpaigh. Le feidhmíocht fhoriomlán na Gníomhaireachta in 2022, léiríodh go bhfuil eu-LISA fós ina chomhpháirtí iontaofa, tiomanta de chuid na n-institiúidí Eorpacha agus na mBallstát agus beartais ábhartha CGB á gcur chun feidhme acu, agus sábháilteacht agus sláine na dteicneolaíochtaí a úsáidtear á n-áirithiú an tráth céanna.</i></p>
<p>2022 annual priorities:</p>	<p>Tosaíochtaí na bliana 2022:</p>
<p><i>1. Stable and uninterrupted operations and services of core business systems: SIS, VIS, Eurodac.</i></p>	<p><i>1. Oibríochtaí agus seirbhísí cobhsaí, gan bhriseadh i gcás na gcroíchóras gnó: SIS, VIS, Eurodac.</i></p>
<p><i>2. Progress with the implementation of new initiatives (i.e., EES, ETIAS, ECRIS-TCN, Interoperability, Revised VIS, Eurodac Recast) in accordance with established roadmaps.</i></p>	<p><i>2. Dul chun cinn maidir le tionscnaimh nua a chur chun feidhme (i.e., EES, ETIAS, ECRIS-TCN, Idir-inoibritheacht, VIS Athbhreithnithe, Eurodac Athmhúnlaithé) i gcomhréir le treochláir chomhaontaithe.</i></p>
<p><i>3. Progress with the second extension of the Agency's operational site in Strasbourg (renamed to 'Capacity Increase Programme').</i></p>	<p><i>3. Dul chun cinn maidir leis an dara síneadh ar láithreán oibríochtúil na Gníomhaireachta in Strasbourg (arb é 'an Clár um Méadú Acmhainneachta' a ainm nua).</i></p>
<p><i>4. Further strengthening of the Agency's internal control system, with particular emphasis on quality management, as well as contract and vendor management.</i></p>	<p><i>4. Córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta a neartú tuilleadh, le béim ar leith ar bhainistíocht cáilíochta agus ar bhainistíocht conarthaí agus díoltóirí.</i></p>
<p><i>5. Further developing and improving eu-LISA's programme and portfolio management capability.</i></p>	<p><i>5. Tuilleadh forbartha agus feabhsaithe a dhéanamh ar chumas bainistíochta clár agus punann eu-LISA.</i></p>
<p><i>The annual activity report for 2022 reflects the Agency's progress with the implementation of a number of highly challenging and critical tasks within an increasingly complex operational environment.</i></p>	<p><i>Léirítear sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí le haghaidh 2022 an dul chun cinn atá déanta ag an nGníomhaireacht maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar roinnt cúraimí ríthábhachtacha, an-dúshlánach, i dtimpeallacht oibríochtúil atá ag éirí níos casta.</i></p>



Éachtaí na bliana

➤ **Tosaíocht 1:** Oibríochtaí agus seirbhísí cobhsaí, gan bhriseadh i gcás na gcroíchóras gnó: SIS, VIS, Eurodac

In 2022, lean an Ghníomhaireacht de bheith ag áirithiú feidhmiú cobhsaí chroíchórais CGB an Aontais: Córas Faisnéise Schengen (SIS), lena n-áirítear an Córas Aitheantais Uathoibrithe Méarlorg (AFIS), an Córas Faisnéise Víosáí (VIS) agus an Córas Eorpach chun Comparáid a Dhéanamh idir Taifid Dhachtalascópacha Iarrthóirí Tearmainn (Eurodac). Len a áirithiú go mbeadh na córais ar fáil go leanúnach, lean an Ghníomhaireacht freisin de bhainistíocht oibríochtúil éifeachtach a dhéanamh ar an mbonneagar, na líonraí agus na seirbhísí bunúsacha, ama gcomhlánú le seirbhísí tacaíochta 24/7 d'úsáideoirí deiridh an chórais.

Cé is moite de roinnt teagmhas as ar eascair neamh-infhaighteacht ghearrthéarmach agus moilleanna, chomhlíon na córais go léir a gcomhaontuithe seirbhíse faoi seach, agus bhí infhaighteacht 99.94 % ag SIS, 99.69 % ag VIS, agus 99.88 % ag Eurodac. I gcás SIS agus VIS, bhain teagmhais le seoladh eisiúintí úmua, agus tharla teagmhais eile mar gheall ar thosca seachtracha, amhail an teagmhas ar líonra TESTA-ng, a raibh tionchar aige ar oibríochtaí SIS agus Eurodac.

Tar éis an laghdaithe a tháinig ar úsáid an chórais de dheasca COVID-19, tá na rátaí úsáide ag feabhsú go tapa: tá méaduithé os cionn 80 % le sonrú i gcás SIS agus VIS araon, agus níl Eurodac i bhfad ina ndiaidh le méadú 73 %. Cé gur éirigh le SIS agus Eurodac na scóir bhliantúla a bhí ann roimhe seo a sháru, is lú úsáide a bhaintear as VIS ná mar a bhí amhlaidh roimh an bpaindéim:

- **Cuardaigh ar SIS: 12.7 billiún** (méadú 82 % i gcomparáid le 2021, an bhonnlíne roimh an bpaindéim: 6.64 billiún),
- **Oibríochtaí ar VIS: 152 milliún** (méadú 88 % i gcomparáid le 2021, an bhonnlíne roimh an bpaindéim: 294 milliún)
- **Idirbhearta ar Eurodac: 1.4 milliún** (méadú 73 % i gcomparáid le 2021, an bhonnlíne roimh an bpaindéim: 916 536 milliún).

In 2022, ba iad príomhchuspóirí eu-LISA infhaighteacht leanúnach na gcóras a áirithiú agus an fhorbairt ba ghá a chur a dhéanamh agus é ag ullmhú chun iad a chomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta. Ar bhonn iarrachtaí comhpháirteacha de chuid eu-LISA, na mBallstát agus an Choimisiúin, tháinig SIS athnuaite i bhfeidhm an 7 Márta 2023. Cuspóir tábhachtach eile do 2022 ba ea inneall cuardaigh nua a chur i bhfeidhm le haghaidh SIS – Elasticsearch, lena soláthrófar méadú faoi dheich ar an acmhainneacht cuardaigh agus lena laghdófar go mór neamh-infhaighteacht an chórais nuair a bhítear ag athrú idir an láraonad agus an t-aonad cúlta.

Ina theannta sin, chun athléimneacht an chórais a thástáil agus a fheabhsú, rinne an Ghníomhaireacht Cleachtadh Slándála SIS II 2022, inar díriodh ar an lárchóras (lena n-áirítear gnéithe leanúnachais gnó agus réimsí gnó cothrománacha eile). Sa dara cuid den bhliain, thosaigh eu-LISA ag obair leis na Ballstáit chun an cleachtadh um shlándáil agus leanúnachas gnó VIS atá beartaithe do 2023 a ullmhú.

1

TOSAÍOCHT

Sa bhreis ar bhainistíocht oibríochtúil na gcóras TF sin, lean eu-LISA leis an obair ar roinnt cuspóirí reachtúla eile a bhfuil dlúthbhaint acu leo, amhail oiliúint do na Ballstáit maidir le húsáid a bhaint as córais faisnéise CGB, tuarascálacha reachtúla a ullmhú maidir lena bhfeidhmíocht theicniúil, staidreamh bliantúil agus liostaí de na húdaráis ainmnithe.

2

TOSAÍOCHT

➤ **Tosaíocht 2:** Dul ar aghaidh le tionscnaimh nua agus nuashonruithe a chur chun feidhme (i.e., EES, ETIAS, Idir-inoibritheacht, ECRIS-TCN, VIS Athbhreithnithe agus Eurodac Athmhúnlaithhe) i gcomhréir le treochlár chomhaontaithe

Agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, bhí eu-LISA tiomanta i gcónaí do chórais nua a chur i bhfeidhm: EES, ETIAS, ECRIS-TCN, agus an Clár Idir-inoibritheachta, agus cur chun feidhme SIS athnuaite agus VIS Athbhreithnithe á chur chun cinn an tráth céanna. Mar thoradh ar an mbac a bhí ann de bharr suaitheadh sa slabhra soláthair, áfach, mar aon leis na deacrachtaí a bhí ag roinnt conraitheoirí maidir le cloí leis na sceidil cur chun feidhme, tharla moilleanna a d'fhág gur ghá athbhreithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bunphleananna. Rinne an Ghníomhaireacht gach iarracht a bhí faoina smacht dul chun cinn a dhéanamh lena cúraimí agus forbairt agus cur i gcrích tráthúil a áirithiú, agus faireachán an-chúramach á dhéanamh aici ar chúrsaí agus bearta éagsúla á gcur i bhfeidhm aici chun tionchar na moilleanna a mhaolú. Bhí na hiarrachtaí sin ríthábhachtach go háirithe i gcás EES, toisc, de bharr idirspleáchais, go mbeidh tionchar díreach ag aon mhoill ar sceideal soláthair EES ar amlínte maidir le tionscnaimh eile a chur chun feidhme, go háirithe ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

Chun ullmhú i gcomhair sheoladh EES agus ETIAS, chuaigh eu-LISA i gcomhar le comhlachais iompróirí chun feachtas múscailte feasachta a sheoladh chun clárú a spreagadh, go háirithe i measc iompróirí ar tír, chun naisc a bhunú leis na córais.

Maidir le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn maith maidir leis an dearadh ardleibhéil agus maidir le stóras na riachtanas, agus an tráth céanna d'éirigh léi riachtanais slándála a bhailiú lena dtreorófar forbairt na hailtireachta slándála uileghabhálaí le haghaidh na gcóras atá faoi shainchúram eu-LISA.

In 2022, lean an Ghníomhaireacht dá ról i réimse ceartais an Aontais a leathnú agus chuir sí tús leis na hullmhúcháin chun freagracht a ghlacadh as an gcóras e-CODEX.

Chun léargas a thabhairt ar na forbairtí teicneolaíochta ba dhéanaí ina réimse saineolais, d'fhoilsigh eu-LISA tuarascáil maidir leis an tionchar a bheidh ag digitiú an taistil idirnáisiúnta ar thaistealaithe chuig an Aontas, ina ndírítear go háirithe ar an gcaoi a n-éascóidh EES agus ETIAS an t-aistriú chuig bainistíú teorainneacha níos rianúla. Ina theannta sin, d'eagraigh an Ghníomhaireacht dhá imeacht comhchéime tionscail. Bhí an chéad imeacht dírithe ar theicneolaíochtaí bithmhéadracha i dtuairim bainistíocht agus fíorú céannachta, agus féachadh sa dara ceann ar réitigh ar dhúshláin atá roimh iompróirí tráth a bhfuil EES agus ETIAS le cur chun feidhme.

Ina theannta sin, d'ullmhaigh eu-LISA, i gcomhar le Eurojust, tuarascáil maidir le réitigh intleachta saorga a úsáid chun tacú leis an gcomhar trasteorann sa cheartas coiriúil. Ina theannta sin, ghlac an Ghníomhaireacht páirt ghníomhach in obair Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach chun cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua a fhiosrú, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar bhearnaí eolais agus cumais sa réimse CGB.

Tosaíocht 3: Dul chun cinn tráthúil leis an dara síneadh ar láithreán oibríochtúil na Gníomhaireachta in Strasbourg (an Clár um Méadú Acmhainneachta)

Tar éis an chomhdhlúthaithe ar thionscadail idirghaolmhara faoin gClár um Méadú Acmhainneachta in 2021, lean an Ghníomhaireacht leis an obair ar an dara síneadh ar a láithreán oibríochtúil in Strasbourg. In 2022, tugadh an clár foirgníochta cothrom le dáta, lena n-áirítear an doiciméadacht ábhartha uile agus clúdach airgeadais measta nua. De bharr srianta buiséid, níor seoladh an glao ar thairiscintí le haghaidh na seirbhísí dearaidh foirgnimh agus tá an tionscadal curtha siar faoi láthair go dtí an chéad tréimhse eile den chreat airgeadais ilbhliantúil.

Ag an am céanna, rinneadh dul chun cinn maidir leis an dá thionscadal eile faoin gClár um Méadú Acmhainneachta. Ar an gcéad dul síos, i gcás an tionscadail um acmhainneacht sonraí a mhéadú chun freastal ar riachtanais óstála córais amach anseo, rinneadh dul chun cinn maidir leis an gcoincheap le haghaidh ionad sonraí modúlach a thabhairt chun críche, agus seoladh an tsuirbhé ar réitigh theicniúla ina dhiaidh sin. Maidir leis an tionscadal um uasghrádú na gcóras cumhachta agus fuaraithe, chuir an Ghníomhaireacht an staidéar réamh-indéantachta ar acmhainneacht chumhachta i gcrích, agus tá an acmhainneacht fuaraithe á barrfheabhsú chun ídiú fuinnimh a laghdú agus chun réitigh a sholáthar i ndáil leis an gcóras atá ann cheana a uasghrádú.

↘ **Tosaíocht 4:** Córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta a neartú tuilleadh, agus béim mhór á leagan ar bhainistíocht cáilíochta agus ar bhainistíocht conarthaí agus díoltóirí

I rith 2022, lean eu-LISA dá chóras rialaithe inmheánaigh a neartú, rud a comhlánaíodh le mapáil chuimsitheach ar a phróisis chorparáideacha, le feabhas ar a phróiseas bainistíochta conarthaí agus díoltóirí agus le cur chun feidhme an chur chuige um bainistíocht láncháilíochta (TQM).

Rinne an Ghníomhaireacht measúnú éifeachtachta ar a creat rialaithe inmheánaigh (ICF) i gcomhréir leis an modheolaíocht a mhol an Coimisiún, chun láidreachtaí agus easnaimh rialaithe inmheánaigh a shainaithint agus a anailísiú ar bhonn critéir faireacháin réamhshainithe, chun eisceahtá agus teagmhais neamhchomhlionta a chlárú, agus chun faireachán a dhéanamh ar stádas na moltaí iniúchóireachta nach raibh curtha i bhfeidhm go fóill agus ar thorthaí an chleachtaidh féinmheasúnaithe.

Chun iarracht a dhéanamh cur leis an rialú a dhéanann sé ar theicneolaíocht agus ar shlándáil TF, neartaigh eu-LISA a phróiseas tuairiscithe eisceahtá, rud as ar tháinig bearta leantacha agus feabhsaithe éagsúla. Mar chéim thábhachtach, rinne an Ghníomhaireacht aistriú straitéiseach ó fhoinsiú ingearach go foinsiú trasnaí a dhéanamh ar sheirbhísí agus soláthairtí le haghaidh a cuid oibríochtaí, agus lean sí de bheith ag infheistiú i rialuithe nua chun a próiseas bainistíochta conarthaí agus díoltóirí a neartú. Ina theannta sin, glacadh Beartas Bainistíochta Conarthaí nua chun creat uileghabhálach a sholáthar i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar shásraí conarthacha le haghaidh soláthairtí, seirbhísí agus oibreacha a fhoinsiú.

Le linn an ama sin, tháinig an próiseas bainistíochta rioscaí corparáideacha chun cinn ionas nach cleachtadh bliantúil a bhí ann a thuilleadh ach córas faoinar bailíodh rioscaí agus saincheisteanna corparáideacha go rialta agus faoina ndearnadh faireachán orthu, lena n-áirítear critéir thionchair agus dhóchúlachta a shainiú. Ina theannta sin, bhunaigh an Ghníomhaireacht clár le haghaidh rioscaí agus saincheisteanna ar leibhéal an aonaid, rud a leagadh béim air sa mheasúnú roimhe seo ar an gcreat rialaithe inmheánaigh.

Tar éis di Beartas Cáilíochta eu-LISA a ghlacadh in 2021, bhunaigh an Ghníomhaireacht an Bord Cáilíochta lena áirithiú go gcuirfeadh chun feidhme ar bhealach praiticiúil é agus go ndéanfar faireachán air. In 2022, bhí gníomhaíochtaí bainistíochta cáilíochta eu-LISA dírithe ar an gCreat Measúnaithe Comhchoiteann a chur chun feidhme. Is éard atá ansin córas bainistíochta láncháilíochta atá curtha in oiriúint go sonrath d'eagraíochtaí riaracháin phoiblí. Cuireadh an measúnú i gcrích in 2022 agus díreoidh an Ghníomhaireacht ar phlean gníomhaíochta i leith an chreata sin a chur chun feidhme sa 2 bhliain atá le teacht.

➤ **Tosaíocht 5:** Acmhainneacht bainistíochta clár agus punainne eu-LISA a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh

Mar réimse tosaíochta deiridh, lean eu-LISA dá acmhainneacht maidir le bainistíocht clár agus punann a chomhdhlúthú chun a éifeachtúlacht maidir le bainistíocht tionscadal a fheabhsú tuilleadh, agus béim ar leith á leagan ar aschuir luachmhara a sholáthar chun cinnteoireacht fheasach a éascú. Faoin móriarracht a rinneadh próisis bainistíochta clár agus punainne a fheabhsú, chuir eu-LISA i gcrích an breithmheas ar Shamhail Aibíochta Cumais, a raibh sé ina aidhm leis meastóireacht chruinn a sholáthar ar phróisis atá ann cheana agus deiseanna feabhais a shainaithint. Ina theannta sin, thug eu-LISA cothrom le dáta a mhodheolaíocht maidir le bainistíocht tionscadal agus thug sé isteach uirlisí agus feidhmiúlachtaí nua chun rioscaí a mhapáil agus ardán nua a chur i bhfeidhm chun tacú le forbairt a dhéanamh ar chumais bainistíochta tionscadal.

5

TOSAÍOCHT




Measúnú ar bhainistíocht agus ar an rialú inmheánach

Sa dara cuid agus sa tríú cuid den tuarascáil seo, tugtar forléargas ar bhainistíocht na Gníomhaireachta in 2022, lena n-áirítear achoimre ar an tuarascáil bhliantúil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh, achoimre ar iniúchtaí, agus obair leantach i ndáil le barúlacha ón údarás um urscaoileadh.

Tá sraith córas casta, mionsaothraithe á forbairt ag an nGníomhaireacht, agus tá sí ag teacht chun cinn i dtimpeallacht dhinimiciúil a éilíonn cur chuige sofheagrúil, agus comhlíonadh rialacha an Aontais á áirithiú an tráth céanna. Tá dúshlán bhreise le sárú mar gheall air sin agus tá brú breise ar obair na Gníomhaireachta agus ar eagrú na hoibre sin.

Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh don bhliain 2022 go léiríonn torthaí an mheasúnaithe fhoriomláin go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh eu-LISA i láthair, go bhfuil sé ag feidhmiú agus go bhfuil sé éifeachtach, ach go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe (feabhsuithe chatagóir 2). Ina theannta sin, díriodh aird in iniúchtaí éagsúla, lena n-áirítear iniúchtaí a rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE), ar roinnt réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe.

Ag breathnú chun cinn dúinn, tá an Gníomhaireacht lántiomanta d'fheabhsuithe a dhéanamh sna réimsí inar sainiúidh easnaimh, go háirithe i réimse na bainistíochta conarthaí a bhaineann le cláir agus tionscadail oibríochtúla. Mar a pléadh le CIE agus leis an mBord Bainistíochta, tá sé ina aidhm ag an nGníomhaireacht na moltaí iniúcháireachta atá fágtha a dhúnadh ar an mbealach is éifeachtaí, agus tús áite á thabhairt do na moltaí is práinní agus dóibh siúd is faide atá ar feitheamh. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé beartaithe ag eu-LISA plean bainistíochta cuimsitheach a cheapadh agus faireachán a dhéanamh air in 2023.





1

ACHIEVEMENTS OF THE YEAR

Overview of the main achievements in the operational management and evolution of JHA systems, the development of new IT systems and other key activities

Réamhrá

Sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí eu-LISA, tugtar forléargas struchtúrtha ar an dul chun cinn atá déanta maidir le clár oibre bliantúil na Gníomhaireachta le haghaidh 2022 a chur chun feidhme agus na cuspóirí a leagtar amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2022–2024 a bhaint amach.¹¹ Is é is aidhm don tuarascáil seo a chur in iúl do gheallsealbhóirí eu-LISA go soiléir, dearfa go bhfuil cur chuige córasach, comhsheasmhach curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht chun acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais arna leithdháileadh a úsáid go héifeachtúil chun a sainordú a chur i gcrích.

Leanann an tuarascáil an struchtúr a bhunaigh an Coimisiún Eorpach do ghníomhaireachtaí uile an Aontais¹² agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 48 de Rialacha Airgeadais eu-LISA.¹³

- I **gCaibidil 1** tugtar forléargas mionsonraithe ar **na héachtaí** a bhaineann le bainistíocht oibríochtúil agus forbairt na gcóras faisnéise CGB agus forbairt córas nua, chomh maith le príomhghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí cothrománacha eile.
- Déantar cur síos i **gCaibidil 2** ar **phríomhghnéithe bhainistíocht eu-LISA**, amhail buiséad agus acmhainní daonna.
- I **gCaibidil 3**, déantar measúnú ar **éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh** agus tugtar liosta de na mór-rioscaí comparáideacha i leith na tréimhse tuairiscithe.
- I **gCaibidilí 4 agus 5**, soláthraítear **dearbhuíthe urrúis ábhartha**.
- Sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an tuarascáil seo, soláthraítear léargas níos mionsonraithe ar úsáid acmhainní agus trédhearcacht bhreise maidir le hobair agus oibríochtaí na Gníomhaireachta.

↘ Cúlra dlíthiúil

Le hAirteagal 24(3)(g) de Rialachán (AE) 2018/1726, tugtar sainordú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin an dréacht de CAAR na Gníomhaireachta a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta i gcomhair measúnú agus glactha, tar éis dul i gcomhairle roimh ré leis na Grúpaí Comhairleacha.

Ceanglaítear le hAirteagal 19(1)(t) den Rialachán céanna ar an mBord Bainistíochta an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta don bhliain roimhe sin a mheasúnú agus a ghlacadh, agus comparáid á déanamh aige, go háirithe, idir na torthaí a baineadh amach agus na cuspóirí a leagtar amach sa Chlár Oibre Bliantúil.

Ní mór don Bhoird Bainistíochta an tuarascáil, mar aon lena mheasúnú, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Iníúcháirí faoin 1 Iúil, agus í a chur ar fáil don phobal.



Cur chuige ginearálta maidir le pleanáil: punanna agus cláir

Agus an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2022–2024 á ullmhú aige, ghlac eu-LISA cur chuige nua maidir lena chlár oibre bliantúil a struchtúru. Rinneadh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a chuíchóiriú ina **bpunanna agus ina gcláir** chun samhail oibriúcháin eu-LISA agus spleáchais idir thionscadail agus gníomhaíochtaí éagsúla a léiriú. Áirithítear leis an gcur chuige sin comhordú níos fearr chun sineirgí agus barainneacht scála a chumasú, agus feabhas á chur an tráth céanna ar an éifeachtúlacht ó thaobh bainistíocht acmhainní agus inrianaitheachta de.

Faoin gcur chuige sin, is éard atá i **bpunann** ná bailiúchán ardleibhéal clár a rannchuidíonn le cuspóirí straitéiseacha eu-LISA a bhaint amach, e.g. ‘Córais nua agus nuálaíocht’ nó ‘Slándáil agus leanúnachas gnó’. Tá roinnt **cláir théamacha** i ngach punann chun bainistíocht thionscadal idirghaolmhar agus gníomhaíochtaí nach dtagann faoi thionscadail a chomhordú, e.g., ‘Córas Dul Isteach/Imeachta’ nó ‘Idir-inoibritheacht’.

¹¹ eu-LISA (2021) **Doiciméad Clársceidealaithe Aonair eu-LISA 2022-2024**.

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2020 maidir le **rialachas Chomhlachtaí an Aontais a neartú** faoi Airteagal 70 de Rialachán Airgeadais 2018/1046 agus maidir leis na treoirínte don Doiciméad Clársceidealaithe Aonair agus don Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí, COM(2020) 2297 final.

¹³ **Rialacha Airgeadais eu-LISA**, Cinneadh Uimh. 2019-198 ón mBord Bainistíochta, teacht i bhfeidhm: an 1 Meán Fómhair 2019.

Éachtaí na bliana

Le linn 2022, lean eu-LISA dá iarrachtaí rannchuidiú le limistéar Schengen a bheith lánfheidhmiúil, athléimneach ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa. Ós í an Gníomhaireacht atá freagrach as bainistíocht oibríochtúil chórais faisnéise CGB an Aontais lena n-éascaítear bainistiú comhtháite teorainneacha agus comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí eu-LISA ar na milliúin duine a thaistealaíonn chun na hEorpa ó gach cearn den domhan, agus áirithítear saorghluaiseacht leis na gníomhaíochtaí sin agus rannchuidítear le slándáil inmheánach an Aontais.

↘ Airteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoire, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiríteofar **saorghluaiseacht daoine** i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.



Tá malartú faisnéise atá tapa, éifeachtach agus iontaofa, agus a éascaítear trí na córais mhórsála TF arna mbainistiú ag eu-LISA **ríthábhachtach chun limistéar saoire, slándála agus ceartais an Aontais a chothú agus a neartú**. Chuige sin, tacaíonn Córas Faisnéise Schengen (SIS) le rialú teorann agus le comhar i bhforfheidhmiú an dlí, agus éascaíonn an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) d'eisiúint agus seiceálacha víosaí. Ina theannta sin, déanann Eurodac an scrúdú ar iarratais ar thearmann a chuíchóiriú. Ar scála níos leithne, **tacaíonn na córais sin go léir le cur chun feidhme bheartais an Aontais** i réimsí an rialaithe teorann, na víosaí, na himirce agus an tearmainn, agus an digitithe, agus iad ag rannchuidiú an tráth céanna leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Ós é eu-LISA an Gníomhaireacht Eorpach atá freagrach as bainistíocht oibríochtúil agus forbairt na gcóras sin, feidhmíonn sé mar **chomhpháirtí lárnach** d'institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus do na Ballstáit, trí shaineolas úrscothach a chur ar fáil agus trí dhul i mbun comhar réamhghníomhach agus malartú faisnéise leis na geallsealbhóirí ábhartha.

Faoi chuimsiú **Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála 2020–2025**¹⁴, dhírigh an Gníomhaireacht ar gníomhaíochtaí a rannchuidíonn **le héiceachóras láidir Eorpach slándála** a bhunú, lena n-áirítear comhar póilíneachta agus malartú faisnéise a éascú, teorainneacha seachtracha láidre a áirithiú, agus a bheith ag gabháil do thaighde agus nuálaíocht a bhaineann leis an tslándáil. Tacaítear leis na cuspóirí sin le haitireacht an chórais atá ann i leith Schengen faoi láthair, arna oibriú agus arna chothabháil ag eu-LISA, agus treiseofar a thuilleadh iad leis na córais nua CGB atá á bhforbairt ag an nGníomhaireacht faoi láthair: Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN).

Ina theannta sin, tá **aitireacht idir-inoibritheachta nua** á tógáil ag eu-LISA i gcomhair **réimse CGB an Aontais** lena gcomhtháthófar na córais TF uile a ndéanann sé bainistíocht oibríochtúil orthu chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an gcomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa. Thairis sin, sna blianta amach romhainn, leis an ailtireacht idir-inoibritheachta nua, mar aon leis na córais nua, déanfar athrú ó bhonn ar an mbainistiú teorainneacha trí dhigitíú, agus soláthrófar eispéireas rianúil do thaistealaithe a bheidh ag triall ar Limistéar Schengen (**féach Contanam na dTaistealaithe**).

¹⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála, COM (2020) 605 final.

1.1. Na córais faisnéise CGB atá i bhfeidhm a bhainistiú agus a thabhairt chun cinn

Den chuid is mó, bíonn an obair a dhéanann eu-LISA faoi threoir ag Straitéis Schengen an Choimisiúin¹⁵ agus ag an leagan athbheithnithe de Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen (SEMM),¹⁶ arb é is aidhm dóibh athléimneacht limistéar Schengen a dhaingniú agus a fheabhsú. Ós rud é gur bearta cúiteacha chun an tsaorghluaiseacht a éascú laistigh de Limistéar Schengen iad na córais faisnéise uile CGB atá á n-oibriú ag eu-LISA, tá sé fíorthábhachtach don Aontas agus do eu-LISA go leanfar dá bhforbairt agus dá gcothabháil. Tá na córais sin ríthábhachtach chun éifeachtúlacht an bhainistithe teorainneacha a áirithiú agus chun comhbheartais tearmainn, imirce agus víosaí an Aontais a chur chun feidhme ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Áirithíonn an Ghníomhaireacht gur féidir leis na daoine údaraithe go léir rochtain thapa, rianúil, chórasach a bheith acu ar shonraí taistil. Ar fud limistéar Schengen, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na córais sin ar fáil go leanúnach chun saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais a ráthú agus, an tráth céanna, chun rannchuidiú le slándáil inmheánach an Aontais trí chomhar a éascú idir údarais forfheidhmithe dlí na hEorpa trí mhalartú faisnéise atá iontaofa, slán.

Tacaíonn an Ghníomhaireacht freisin le cur chun feidhme an Chomhchórais Tearmainn Eorpaigh¹⁷ trí Rialachán Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm¹⁸ trí mheán Eurodac, atá ar cheann de na hionstraimí lárnacha chun próiseáil iarratas ar thearmann a chuíchóiriú. Le Rialachán Athmhúnlaithe Eurodac, lena gcumasófar malartú faisnéise níos cuimsithí fós maidir le cúrsaí tearmainn agus imirce neamhrialta, éascófar do bhainistíocht níos éifeachtúla fós ar thearmann agus ar imirce ar fud an Aontais mar a mholtar i gComhshocrú Nua an Choimisiúin maidir leis an Imirce agus an Tearmann¹⁹.

Ba é príomhchuspóir na Gníomhaireachta bainistíocht éifeachtach, éifeachtúil a dhéanamh ar Chóras Faisnéise Schengen (SIS), ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus ar Eurodac i gcomhréir leis na rialacháin agus na comhaontuithe seirbhíse ábhartha, agus é á áirithiú an tráth céanna go mbeadh na córais ar fáil gan bhriseadh.

¹⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ‘**Straitéis i dtreo limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach**’, COM(2021) 277 final.


¹⁶ **Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle** an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.

¹⁷ I gcomhair tuilleadh faisnéise, téigh chuig an **leathanach faoin gComhchóras Tearmainn Eorpach** ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME).

¹⁸ **Rialachán (AE) Uimh. 604/2013** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú), IO L 180, 29 Meitheamh 2013, lgh. 31-59.

¹⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le **Comhshocrú Nua maidir leis an Imirce agus an Tearmann**, COM (2020) 609 final.

Fíor 1. Contanam na dTaistealaithe.



TRANSLATION: infographic on page 28


<i>the traveller continuum</i>	<i>contanam na dtaistealaithe</i>
<i>travel authorisation</i>	<i>údarú taistil</i>
<i>pre-border check</i>	<i>seiceáil réamhtheorann</i>
<i>border check</i>	<i>seiceáil teorann</i>
<i>departure</i>	<i>imeacht</i>
<i>visa-required traveller</i>	<i>taistealaí ar gá víosa ina leith</i>
<i>eVISA application</i>	<i>iarratas eVISA</i>
<i>pre-check by carrier</i>	<i>réamhsheiceáil a dhéanann an t-iompróir</i>
<i>visa-exempt traveller</i>	<i>taistealaí atá díolmhaithe ó cheanglas víosa</i>
<i>ETIAS travel authorisation</i>	<i>údarú taistil ETIAS</i>
<i>arrival</i>	<i>teacht</i>
<i>pre-enrolment at self-service kiosk</i>	<i>réamhchlárú ag both féinseirbhíse</i>
<i>automated border control (ABC) gates</i>	<i>geataí rialaithe uathoibríthe teorann (ABC)</i>
<i>physical border control</i>	<i>rialú fisiciúil ag teorainn</i>
<i>systems and databases checked at different steps</i>	<i>córais agus bunachair sonraí a sheiceáil ag céimeanna éagsúla</i>



Córas Faisnéise Schengen

Cuardaigh agus amas in SIS


Fíor 2. SIS – líon iomlán na gcuardach a rinneadh



Fíor 3. SIS – meánlíon na gcuardach in aghaidh an lae



Fíor 4. SIS – meánlíon na n-amas in aghaidh an lae




Sonraí arna stóráil in SIS II

Fíor 5. SIS – líon iomlán na bhfoláireamh arna stóráil



Fíor 6. SIS – miondealú ar chatagóirí foláirimh²⁰



- Rinne na Ballstáit 12.7 billiún iarratas ar SIS – méadú 82 % i gcomparáid le 2021.
- Baineadh amach 35 milliún ó thaobh meánlíon cuardach in aghaidh an lae in 2022.
- Bhain os cionn 70 milliún foláireamh le doiciméid eisithe (e.g. pasanna, cártaí aitheantais).
- Phróiseáil Biúróna SIRENE breis agus 263 000 amas ar fholáirimh choigríche, sin méadú 18 % i gcomparáid le 2021.
- Ag deireadh 2022, ba é 1 002 342 líon iomlán na bhfoláireamh maidir le daoine, sin méadú 4.17 % i gcomparáid le 2021.
- Scriosadh 6.5 milliún foláireamh maidir le hurrúis agus modhanna íocaíochta neamhairgid.

²⁰ Leis an gcatagóirí foláirimh 'Doiciméid eisithe', tagraítear do dhoiciméid aitheantais, amhail pasanna, cártaí aitheantais, ceadanna cónaithe, doiciméid taistil agus ceadúnais tiomána a goideadh, a mídhísiódh, a cailleadh nó a neamhbhailíochtaíodh nó a airbheartaíodh a bheith ina ndoiciméad den sórt sin ach gur doiciméid bhréagacha iad, de réir Airteagal 38(2)(l) de Rialachán (AE) 2018/1862 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, IO L 312, 7.12.2018, lgh. 56-106.

1.1.1. Córas Faisnéise Schengen (SIS)

In 1995 a seoladh SIS agus éascaíonn sé an malartú faisnéise idir údaráis náisiúnta na hEorpa (údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha, údaráis um rialú teorann, údaráis chustaim agus údaráis víosaí go príomha) chun críocha foláirimh a chomhroinnt agus a cheadú maidir le daoine agus réada, e.g. daoine a bhfuiltear sa tóir orthu nó daoine atá ar iarraidh, réada a cailleadh nó a goideadh (e.g. doiciméid aitheantais, feithiclí), diúltú cead isteach nó fanachta i gcás náisiúnaigh tríú tír i limistéar Schengen, etc.

Le himeacht na mblianta, tá roinnt babhtáí forbartha déanta ar SIS chun feidhmiúlachtaí nua a chur leis. In 2018, tugadh isteach an cumas cuardaigh bhithmhéadraigh – **Córas Aitheantais Uathoibríthe Méarlorg** – ionas gur féidir daoine ar díol spéise iad a shainaithint ar bhonn na faisnéise méarlorg ina leith a cuireadh le barántais ghabhála Eorpacha, agus ar an mbonn sin amháin, rud a rannchuidíonn go díreach le forfheidhmiú an dlí agus le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla ar fud an Aontais.

Tá SIS tagtha chun cinn anois ionas gurb é an córas comhroinnte faisnéise is mó agus is forleithne a úsáidtear san Aontas le haghaidh bainistiú teorainneacha agus slándáil inmheánach, agus go bhfuil sé **ar cheann de bhunchlocha limistéar Schengen**. Le glacadh na **Rialachán maidir le SIS Athmhúnlaithe** ag deireadh 2018, tosaíodh ar chéim mhór chun cinn ó thaobh foláirimh agus feidhmiúlachtaí nua a fhorbairt, agus bhí bailchríoch ar an obair sin nuair a tháinig SIS athnuaite i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023.²¹

Ghlac an Ghníomhaireacht freagracht as bainistíocht oibríochtúil an chórais i mí na Bealtaine 2013, agus tá sí freagrach as feidhmíocht agus forbairt éifeachtúil an lárchórais agus a bhonneagair cumarsáide a áirithiú. In 2022, ba iad príomhchuspóirí eu-LISA infhaighteacht leanúnach an chórais a áirithiú agus na hathruithe ba ghá a chur i bhfeidhm, agus SIS a ullmhú an tráth céanna don chomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

Oibríocht

Lárchóras SIS. Le linn 2022, bhí leibhéal ard infhaighteachta ag an gcóras ag 99.94 %, le haga freagartha 98.98 %, beagán faoi bhun na sprice íosta 99 %. Mar gheall ar roinnt teagmhais chriticiúla a liostaítear thíos, áfach, bhí feidhmíocht fhoriomlán an chórais faoi bhun na spriocanna a rabhthas ag súil leo:

- i mí Feabhra, rinneadh dhá ghníomhaíocht chothabhála gan réamhfhógra ar líonra TESTA-ng a d'fhág gur tharla éaradh seirbhíse i gcás naoi mBallstát;
- an 13 Feabhra, mar gheall ar bhosca cripteagrafach nach raibh ag feidhmiú mar ba chóir i mBallstát amháin, cuireadh bac ar theachtaireachtaí ar Sheirbhís Ríomhphoist SIRENE in SIS²² ar feadh 22 uair an chloig, rud a chuaigh i bhfeidhm ar roinnt Ballstát, agus an Iorua, an Rómáin, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil agus an Fhrainc ina measc;
- an 15 Márta, ní raibh lárchóras SIS ar fáil ar feadh 2 uair an chloig de bharr gur chlis ar fheistí líonra;
- an 30 Meitheamh 2022, tharla teagmhas díreach tar éis gur cuireadh eisiúint úrnua i bhfeidhm (21_R1). Sna laethanta ina dhiaidh sin, bhí eu-LISA ag obair i ndlúthpháirt leis an gCoimisiún, le hUachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus le Cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach SIS chun an córas a chobhsú agus chun díriú ar infhaighteacht na feidhmiúlachta cuardaigh. Faoin 5 Iúil, bhí cumraíocht SIS athchóirithe go hiomlán agus bhí na hoibríochtaí ag feidhmiú go hiomlán arís. Le linn an teagmhais, rinneadh díghrádú tromchúiseach ar na seirbhísí, rud a chuaigh i bhfeidhm den chuid ba mhó ar fheidhmiúlachtaí cruthaithe/nuashonraithe/scríosta an chórais. Bhí iarratais chuardaigh fós ar fáil, cé gur laghdaíodh an fheidhmíocht ina leith.

I mí na Bealtaine 2022, chuir eu-LISA torthaí an staidéir tionchair i láthair inar scrúdaíodh na féidearthachtaí maidir le cur le méid na gcomhad (i bhformáid dhénártha) a ghabhann le hidirbhearta SIS (e.g. comhaid méarlorg nó doiciméid scanta). Tar éis di formheas a fháil ó Ghrúpa Comhairleach SIS, sheol an Ghníomhaireacht tionscadal chun SIS a ullmhú chun **comhaid i bhformáid dhénártha** a úsáid.

Áiríodh sna Rialacháin maidir le SIS Athmhúnlaithe forálacha nua i dtaobh clárú foláireamh i ndáil le **modhanna íocaíochta neamhairgid**, rud a bhíodh i gcatagóir foláirimh ar leith: urrúis agus modhanna

²¹ An Coimisiún Eorpach (2023) 'Security Union: The renewed SIS enters into operation' [Aontas Slándála: tá SIS athnuaite á chur i bhfeidhm], preaseisiúint, IP/23/1505, an 7 Márta 2023.

²² Is sásra malartaithe faisnéise é Seirbhís Ríomhphoist SIRENE le haghaidh comhairliúcháin idir Biúróna náisiúnta SIRENE (pointí teagmhála náisiúnta, a bhíonn ag feidhmiú ar bhonn 24/7) maidir le faisnéis fhorlíontach a bhaineann le foláirimh SIS.

íocaíochta.²³ Chun na forálacha nua sin a chur chun feidhme, idir mí an Mhárta agus mí na Samhna 2022, scríos eu-LISA thart ar 6.5 milliún foláireamh maidir le hurrúis agus modhanna íocaíochta neamhairgid a bhí stóráilte in SIS gan dul i bhfeidhm ar ghnáthfheidhmiú an chórais do na Ballstáit.

Córas Aitheantais Uathobrithe Méarlorg (AFIS). I rith 2022, rinne eu-LISA comhpháirt bhithmhéadrach SIS a oibriú agus a chothabháil, agus rinneadh taifeadadh ar na teagmhais seo a leanas:

- an 31 Márta, tharla teagmhas sa chóras a d'fhág nach raibh sé ar fáil ar feadh 1.5 uair an chloig;
- an 4 Deireadh Fómhair, tharla lánearadh seirbhíse sa lárchóras, a mhair ar feadh 1 uair an chloig, toisc gur cailleadh an nasc le 24 fhreastalaí;
- an 31 Deireadh Fómhair, ní raibh feidhmiúlacht an chuardaigh bhithmhéadraigh ar fáil ar feadh 2 uair an chloig toisc gur chlis ar chomhpháirt.

Cleachtadh Slándála SIS II 2022. Rinneadh an cleachtadh an 27 Deireadh Fómhair 2022, agus é ag díriú ar an lárchóras (lena n-áirítear gnéithe leanúnachais gnó agus réimsí gnó cothrománacha eile). Bhí an cás bunaithe ar thrí imeacht a raibh tionchar acu ar 15 fhoireann éagsúla, rud a thug ionchur luachmhar do eu-LISA chun feabhas a chur ar theicneolaíocht, ar oiliúint, ar bheartais agus ar phróisis, chomh maith le modheolaíocht chleachtaidh.

Ina theannta sin in 2022, bhí eu-LISA ag obair i ndlúthpháirt leis an gCipir ar na hullmhúcháin ba ghá ionas go bhféadfadh sí nascadh leis an gcóras. Nascfáidh an Chipir le SIS sa dara ráithe de 2023, i gcomhréir leis an gcinneadh ábhartha ón gComhairle.

Úsáid an chórais

Lárchóras SIS. In 2022, tháinig méadú nach beag ar úsáid an chórais, agus cláraíodh 12.7 billiún iarratas ó na Ballstáit, figiúr arb ionann é agus méadú 82 % i gcomparáid le 2021. Baineadh amach meánlíon 35 milliún cuardach in aghaidh an lae, i gcomparáid le thart ar 20 milliún in 2021, agus 18 milliún in 2019, roimh an bpaindéim. Ba é an méadú mór ar chuardaigh uathobrithe, ó 4 bhilliún in 2021 go 8.3 billiún in 2022, ba chúis leis an méadú sin den chuid ba mhó. D'eascair cuid de na cuardaigh sin as córais um uathaithe uimhirphlátaí, mar a thuairiscigh an Bheilig agus an Ísiltír, chomh maith le hiarratais uathobrithe ó chórais Réamhfhaisnéise faoi Phaisinéirí (API). D'ardaigh meánlíon laethúil na n-amas (i.e., nuair a eascraíonn foláireamh as cuardach agus nuair a dheimhníonn na húdaráis é) go dtí 722, i gcomparáid le 611 in 2021 (méadú 18 %) agus 777 in 2019.

Córas Aitheantais Uathobrithe Méarlorg (AFIS). Lean an borradh tréan faoi úsáid AFIS in SIS in 2022, agus tháinig méadú faoi thrí ar líon iomlán na gcuardach i gcomparáid le 2021, rud a dheimhníonn go bhfuil ábharthacht na bhfeidhmiúlachtaí sin do na Ballstáit ag dul i méid. De réir na Rialachán maidir le SIS Athmhúnlaithé, bhí sé de cheangal ar na Ballstáit uile feidhmiúlacht cuardaigh méarlorg AFIS SIS a chumasú faoi dheireadh 2020. I rith 2022, lean eu-LISA de bheith ag tacú leis na Ballstáit eile ina gcuid iarrachtaí chun an fheidhmiúlacht sin a chumasú, agus tháinig an Fhrainc isteach sa chóras i mí Eanáir agus an Fhionlainn i mí Lúnasa. Faoi dheireadh na bliana, bhí na Ballstáit uile ag baint úsáid as an bhfeidhmiúlacht sin, cé is moite den Pholainn agus den Eastóin, d'ainneoin iad a bheith ullamh ó thaobh na gné teicniúla de.

SIS a uasghrádú agus a fhorbairt

Na Rialacháin maidir le SIS Athmhúnlaithé a chur chun feidhme

Leis na Rialacháin maidir le SIS Athmhúnlaithé, a glacadh i mí na Samhna 2018, leathnaíodh raon feidhme fheidhmiúlachtaí an chórais trí chatagóirí nua foláireamh a thabhairt isteach agus trí leathnú a dhéanamh ar liosta na n-oibiachtaí ar féidir foláirimh a eisiúint ina leith. Dul chun cinn mór a bhí ansin i leith SIS agus leathnú a bhí ann ar rannchuidiú eu-LISA le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála. Mar thoradh ar iarrachtaí comhphárteacha eu-LISA, na mBallstát agus an Choimisiúin, tháinig SIS athnuaite i bhfeidhm an 7 Márta 2023. Moill tuairim is 1 bhliain amháin a bhí air i gcomparáid leis an bplean tosaigh.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, dhírigh an Ghníomhaireacht **ar chur chun feidhme na Rialachán maidir le SIS Athmhúnlaithé a thabhairt chun críche** trí na heisiúintí deiridh a ullmhú agus a thástáil, i.e., tástálacha

²³ Rinneadh foláirimh faoi 'urrúis agus modhanna íocaíochta amhail seiceanna, cártaí creidmheasa, bannaí, stoic agus scaireanna a goideadh, a mídhísiúid, a cailleadh nó a neamhbhailíochtaíodh' a thaifeadadh in SIS, i gcomhréir le hAirteagal 38(1)(h) de **Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle** an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid.

inghlacthachta ar an lárchóras, tástálacha ar ascnamh sonraí, agus tástálacha comhlíontachta le haghaidh na gcóras náisiúnta. Bhí an próiseas tástála fada, áfach, agus mar sin bhí eu-LISA ag obair i ndlúthpháirt leis na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chúrsaí agus chun moilleanna a mhaolú. Bhí sé beartaithe go dtarlódh an t-athrú go dtí an leagan nua de SIS an tráth céanna i gcás na mBallstát uile, gan aon rogha a bheith acu filleadh ar an leagan roimhe sin. Dá bhrí sin, bhí sé ríthábhachtach a áirithiú go raibh na Ballstáit uile réidh agus go raibh dóthain ama acu chun ullmhú i gcomhair an aistriú chuig an gcóras nua.

Amhail an 16 Samhain, bhí trí Bhallstát fós ag fanacht lena gcuid tástálacha a chur i gcrích, rud a thug ar Bhord Bainistíochta eu-LISA togra a chur faoi bhráid na comhairle CGB chun teacht i bhfeidhm SIS athnuaite a chur siar go dtí an 7 Márta 2023 ar a dhéanaí.²⁴ Formhuiníodh an cinneadh sin ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle CGB an 8 Nollaig 2022.²⁵ Chun tacú leis na Ballstáit maidir le forbairt a gcóras náisiúnta, oibríonn eu-LISA ionsamhlóir lárchóras SIS, a ndearnadh uasghrádú air faoi dhó in 2022.

Biúróna SIRENE. I gcás na mBallstát go léir a bhfuil SIS á fheidmiú acu, chuir siad ar bun Biúróna náisiúnta SIRENE (Iarraidh ar fhaisnéis fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta), atá freagrach as aon mhalartú forlíontach faisnéise agus as comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le foláirimh SIS.²⁶ Úsáideann Biúróna SIRENE bonneagar cumarsáide SIS chun faisnéis fhorlíontach a mhalartú ar bhealach slán. Is é eu-LISA a oibríonn an fheidmiúlacht sin trí úsáid a bhaint as seirbhís athsheachadta poist SIS II. Bhí eu-LISA ag obair i gcomhar le saineolaithe náisiúnta SIRENE ar feadh na bliana chun feidmiúlachtaí nua SIS a ullmhú agus a thástáil sular tháinig siad i bhfeidhm.

Mar chuid den tionscadal um SIS Athmhúnlaithe, tá eu-LISA freagrach as an doiciméadacht maidir le **Malartú Sonraí idir Biúróna SIRENE (DEBS)**, sraith sonraíochtaí teicniúla lena sainítear an próiseas. I rith na bliana, tugadh doiciméadacht DEBS cothrom le dáta roinnt uaireanta chun léiriú a dhéanamh ar na feidmiúlachtaí nua a eascraíonn as na Rialacháin maidir le SIS Athmhúnlaithe, agus cuireadh ar fáil do na Ballstáit é. Ina theannta sin, chomhoibrigh an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit maidir le liostaí oifigí náisiúnta SIS agus Biúróna SIRENE a thabhairt cothrom le dáta, agus maidir le liosta na n-údarás inniúil atá údaraithe chun na sonraí in SIS a chuardach ar bhonn díreach, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil nua. Agus an mhoill ar chur chun feidhme SIS athbheithnithe á cur san áireamh, foilsíodh an liosta sin an 7 Márta 2023.²⁷

Amhail ó mhí na Nollag 2022, chuir eu-LISA chun feidhme leagan nuashonraithe den **Lámhleabhar d'Oibreoirí SIS**, lena n-áirítear roinnt feabhsuithe a d'eascair as ceachtanna a foghlaimíodh, e.g. bunú ról an Chomhordaitheora um Theagmhais Chriticiúla tar éis an teagmhais chriticiúil a tharla i mí an Mheithimh 2022.

Cur chun feidhme Chéim 2 de AFIS SIS. In 2019, sheol eu-LISA tionscadal AFIS chéim 2, lena gcumhdaítear síneadh a chur leis an gcóras meaitseála sonraí bithmhéadracha le haghaidh SIS athnuaite. Leis an tionscadal, comhcheanglaítear feabhsuithe feidhmíochta agus feidmiúlachtaí nua bithmhéadrachta a eascraíonn as na Rialacháin maidir le SIS Athmhúnlaithe, e.g., loirg dearnan agus loirg neamhfholasa (loirg ar dhromchla) a chur san áireamh.

In 2022, chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar an **uasghrádú ar ailtireacht AFIS** is gá ionas gur féidir tabhairt faoin dara céim de chur chun feidhme AFIS. Suiteáladh na crua-earraí nua ar an timpeallacht táirgthe an 29 Meitheamh. Mar gheall ar theagmhas a tharla idir an 29 Meitheamh agus an 5 Iúil, fuair na Ballstáit rochtain iomlán ar an gcóras tráthnóna an 4 Iúil 2022. Rinne an Ghníomhaireacht na tástálacha riachtanacha uile le haghaidh na nuashonruithe i gcomhair chéim 2 AFIS, a cuireadh i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023 mar chuid de theacht i bhfeidhm SIS athnuaite.

Inneall cuardaigh nua. Cuspóir tábhachtach eile i gcomhair 2022 ba ea inneall cuardaigh nua a chur in úsáid le haghaidh SIS – Elasticsearch, a bhfuiltear ag súil leis a chuirfidh méadú faoi dheich ar an acmhainneacht cuardaigh, agus, an tráth céanna, a laghdóidh go mór neamh-infhaighteacht an chórais le linn an aistriú idir an láraonad agus an t-aonad cúltaca. Ba é an cuspóir i gcomhair 2022 **córais náisiúnta a aistriú** chuig an inneall cuardaigh nua. Tugadh an t-aistriú chun críche ar deireadh an 7 Samhain. I bhfianaise an dáta seolta nua le haghaidh SIS athnuaite, lean eu-LISA de bheith ag obair chun Elasticsearch a uasghrádú. Tá uasghrádú Oracle, atá ina chuid den tionscadal freisin, curtha siar go dtí eisiúintí amach anseo.

Seiceálacha comhsheasmhachta ar shonraí. Chun go bhfeidhmeoidh SIS mar is ceart, ní mór **seiceálacha**

²⁴ Cinní ón **39ú cruinniú de Bhord Bainistíochta eu-LISA**, an 16 agus an 17 Samhain 2022.

²⁵ I gcomhair tuilleadh faisnéise, téigh go dtí suíomh gréasáin na Comhairle ina sonraítear **torthaí chruinniú na Comhairle CGB an 8 agus an 9 Nollaig 2022**.

²⁶ I gcomhair tuilleadh faisnéise, féach suíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le **comhar SIRENE**.

²⁷ Rinneadh liostaí na n-údarás inniúil atá údaraithe i dtaobh cuardaigh dhíreacha a dhéanamh in SIS, mar aon le liosta na nOifigí Náisiúnta SIS agus na mBiúróna náisiúnta SIRENE, a fhoilsíodh in **Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, Imleabhar 66, C 85, an 7 Márta 2023**.

rialta a dhéanamh ar chomhsheasmhacht sonraí (DCC)²⁸ lena áirithiú go mbeidh an lárchóras agus cóipeanna náisiúnta sioncrónaithe le chéile (e.g., tar éis córas náisiúnta a dhínascadh go sealadach). I mí an Mheithimh 2022, bhí an acmhainneacht ag an nGníomhaireacht chun suas le dhá DCC a rith go comhuaineach ar bhonn laethúil,²⁹ rud a chuir feabhas nach beag ar an bpróiseas chun comhsheasmhacht sonraí a áirithiú idir an lárchóras agus na córais náisiúnta sna Ballstáit. Sa dara cuid den bhliain, cuireadh tionscadal DCC ar feitheamh mar gheall ar theagmhasacht i ndáil le SIS athnuaite, agus táthar chun tabhairt faoi arís in 2023.

Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta

Nasc idir SIS agus ETIAS. Síníodh an Conradh le haghaidh chéim na hanailíse agus an deartha an 18 Eanáir. Bhí eu-LISA ag obair ar fhreagairt sonraí céannachta dá chéile chun ilchéannachtaí a bhrath.

Nasc idir SIS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta. Táthar ag ullmhú conartha chun tús a chur leis an tionscadal le haghaidh sBMS, ESP, MID agus CRRS. Faoi dheireadh 2022, áfach, ní raibh an doiciméad rialaithe comhéadain (ICD) i dtaobh Idir-inoibritheacht SIS soláthartha do na Ballstáit. Le linn an ama sin, thosaigh eu-LISA ag ullmhú chun feidhmiúlachtaí AFIS SIS a aistriú chuig sBMS.

²⁸ Nós imeachta atá i gceist le **seiceálacha comhsheasmhachta ar shonraí (DCC)**, chun bunachair sonraí náisiúnta a nuashonrú. Déantar é sin trína sheiceáil go bhfuil foláirimh, naisc agus cóid dhénártha na gcóipeanna náisiúnta sioncrónaithe go hiomlán leis an lárchóras.

²⁹ Tar éis theacht i bhfeidhm SIS athnuaite i mí an Mhárta 2023, is féidir suas le ceithre DCC chomhthreomhara a rith ar bhonn laethúil.




An Córas Faisnéise Víosaí


- Tháinig méadú mór (88 %), go dtí 152 milliún, ar líon iomlán oibríochtaí VIS i gcomparáid le 2021. Tá an ráta úsáide fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, áfach, is é sin 294 milliún (2019).
- Tá 56.7 milliún iarratas ar víosa stóráilte in VIS.
- Tá 51.5 milliún tacar méarlorg agus 56.7 milliún íomhá aghaidhe stóráilte in VIS.

Sonraí atá stóráilte in VIS

Fíor 7. VIS – líon iomlán na n-iarratas ar víosa arna stóráil




Fíor 8. VIS – líon iomlán na méarlorg arna stóráil




Oibríochtaí teorann arna ndéanamh ag baint úsáid as VIS


Fíor 9. VIS – líon iomlán na n-oibríochtaí teorann




Fíor 10. VIS – líon iomlán na víosaí a eisíodh




Fíor 11. VIS – líon na n-oibríochtaí teorann in aghaidh na míosa (2017-2022)




Fíor 12. VIS – líon na víosaí a eisíodh in aghaidh na míosa (2016-2021)



Fíor 13. VIS – líon iomlán na gcuardach alfa-uimhriúil



Fíor 14. VIS – líon iomlán na gcuardach bithmhéadrach



1.1.2. An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)

Tháinig an Córas Faisnéise Víosaí i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2011, agus tá sé ag feidhmiú ar fud an domhain ó mhí Feabhra 2016. Tá VIS ar cheann d'eilimintí lámacha limistéar Schengen, lena nasctar pointí trasnaithe teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh le consalachtaí na mBallstát i dtíortha nach bhfuil san Aontas, agus tacaíonn sé le húdarais víosa maidir le víosaí gearrfhanachta a bhainistiú do náisiúnaigh tríú tíre (TCNanna) a thaistealaíonn chuig Limistéar Schengen nó a théann ar idirthuras tríd.

Áirítear sa Chóras Faisnéise Víosaí **córas meaitseála sonraí bithmhéadracha (BMS)**, lena gcuirtear ar a gcumas d'údarais teorann fíorú a dhéanamh ar chéannacht náisiúnach tríú tír atá ag taisteal chuig limistéar Schengen. Ina theannta sin, tacaíonn VIS leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise víosaí trí chuidiú daoine a shainaithint a bhféadfadh sé nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh dul isteach go limistéar Schengen, fanacht ann, nó cónaí ann, nó nach gcomhlíonann na coinníollacha sin a thuilleadh. Thairis sin tacaíonn VIS le sainaithint an Bhallstáit atá freagrach as iarratais ar thearmann a scrúdú, agus rannchuidíonn sé le cosc a chur ar bhagairtí ar shlándáil inmheánach.

Glacadh an rialachán lena ndearnadh athchóiriú ar VIS i mí Iúil 2021, agus cuireadh feidhmiúlachtaí nua leis.

Ar na cinn is tábhachtaí díobh sin tá víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe.³⁰ Chun na feidhmiúlachtaí nua sin a chur chun feidhme, is gá próisis ghnó VIS a athdhearadh agus nuashonrú nach beag a dhéanamh ar an lárchóras. Nuair a bhí an rialachán nua glactha, sholáthair eu-LISA tacaíocht theicniúil don Choimisiún maidir le hullmhú na reachtaíochta tánaistí.

Oibriú

Le linn 2022, bhí feidhmíocht **lárchóras VIS** ag teacht le spriocanna an chomhaontaithe seirbhíse. Ba é infhaighteacht lárchórais VIS ná 99.63 %, agus ba é táscaire feidhmíochta an aga freagartha ná 99.70 %. D'oibrigh feidhmiúlacht VISMail freisin le linn na tréimhse tuairiscithe.

Ní raibh an córas ar fáil mar gheall ar na teagmhais seo a leanas:

- an 1 Eanáir, tharla fabht in BMS a bhain leis an athrú bliana, rud a d'fhág nach raibh aon fháil ar an tseirbhís bhithmhéadrach ar feadh tréimhse 21:59 uair an chloig. Níor imríodh tionchar ar sheirbhísí a bhaineann le VIS ach ar feadh 1.5 uair an chloig mar gheall gur aistríodh chuig an láraonad cúltaca agus ansin ar ais chuig an láraonad tar éis fabhtcheartú agus plean trialach chun seirbhís BMS a athbhunú;
- an 14 Deireadh Fómhair, tharla díghrádú mór i leith fheidhmíochta VIS. Cé go raibh an tseirbhís ar fáil, ní raibh sí i gcomhréir leis an gcomhaontú seirbhíse. Chun an fheidhmíocht a athbhunú, aistríodh go dtí an láraonad cúltaca, rud a d'fhág nár oibrigh VIS/BMS ar feadh 30 nóiméad. Ba é diosca lochtach san fheidhm stórála an bhunchúis a bhí le moille an láraonaid.

Chomh maith leis na teagmhais sin, tharla líon beag cásanna nach raibh an córas ar fáil tráth a raibh eisiúintí á gcur i bhfeidhm.

D'éirigh leis an nGníomhaireacht **plean eisiúna VIS le haghaidh 2022** a chur chun feidhme, ina raibh dhá eisiúint:

- i mí na Bealtaine, cuireadh i bhfeidhm eisiúint chothabhála oiriúnaitheach, lenar áiríodh roinnt uasghráduithe chun ullmhú don idir-inoibritheacht leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta (EES);
- i mí Mheán Fómhair, chuir eu-LISA i bhfeidhm eisiúint cheartaitheach, oiriúnaitheach, lenar áiríodh réitigh a bhain le fadhbanna a d'ardaigh na Ballstáit.

Le linn an fhómhair, thosaigh an Gníomhaireacht ag obair leis na Ballstáit ar infhaighteacht timpeallachtaí tástála. Tá infhaighteacht timpeallachtaí tástála thar a bheith tábhachtach do na Ballstáit, ós rud é go mbíonn siad ag teastáil uathu le haghaidh roinnt cúraimí, amhail tástáil a dhéanamh ar chórais nua arna gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó ar fhorbairtí nua a bhaineann le teacht chun cinn an chórais. Ós rud é go bhféadfadh roinnt forbairtí nua tarlú an tráth céanna, d'fhéadfadh infhaighteacht timpeallachtaí tástála a bheith ina bhac ar sceideal na dtionscadal.

Ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh, thosaigh eu-LISA ag obair leis na Ballstáit freisin chun **cleachtadh slándála agus leanúnachais gnó VIS** a ullmhú, rud atá beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair 2023.

An Chróit. An 8 Nollaig 2022, d'fhormheas an Chomhairle CGB cur i bhfeidhm iomlán *acquis* Schengen sa Chróit. Mar thoradh air sin, cuireadh deireadh leis na rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha talún agus muirí idir an Chróit agus tíortha eile Schengen an 1 Eanáir 2023, agus rinneadh amhlaidh ag aertheorainneacha inmheánacha ina dhiaidh sin an 26 Márta 2023 chun ailíniú le cleachtais eitlíochta.³¹ De réir an chinnidh ón gComhairle, tugadh rochtain iomlán don Chróit ar VIS freisin amhail ón 1 Eanáir 2023. In oirchill an chinnidh sin, chuir eu-LISA agus an Chróit dlús lena gcomhar i míonna deiridh 2022 lena áirithiú go n-éireodh leis an athrú. Cé go raibh tástálacha ar VIS agus VISMail³² curtha i gcrích ag an gCróit cheana féin in 2016 agus 2017, rinneadh na tástálacha céanna arís i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Ina theannta sin, d'eagraigh an Gníomhaireacht oiliúint d'oibreoírí VIS na Cróite. Mar thoradh air sin, d'éirigh leis an gCróit rochtain iomlán a fháil ar VIS an 1 Eanáir 2023.

³⁰ **Rialachán (AE) 2021/1134** an 7 Iúil 2021 chun críche **an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú**, IO L 248, 13.7.2021, Ich. 11.

³¹ An Chomhairle CGB (2022) ' **Schengen area: Council decides to lift border controls with Croatia** ' [Limistéar Schengen: cinneadh déanta ag an gComhairle deireadh a chur le rialuithe teorann leis an gCróit], preaseisiúint, an 8 Nollaig 2022.

³² **VISMail**: sásra malartaithe faisnéise a úsáideann údarais náisiúnta víosaí le haghaidh comhairliúcháin a bhaineann le hiarratais ar víosa Schengen.

Úsáid an chórais

Is iondúil go leanann oibríochtaí VIS treocht shéasúrach, agus is sa samhradh a dhéantar an líon is mó oibríochtaí. Ag tús 2022, bhí na leibhéil úsáide inchomparáide le 2021. Ag tosú ó mhí an Mheithimh, áfach, bhí borradh mór faoin úsáid, a sheas go dtí mí Mheán Fómhair, agus baineadh amach na leibhéil a bhíodh i gceist roimh COVID-19 (níos mó ná 15 mhiliún oibríocht in aghaidh na míosa) le linn mhíonna an tsamhraidh. Bhí an t-iomlán glan i leith 2022 ní b'ísle, áfach. Ní raibh ach tionchar teoranta ag an gcogadh san Úcráin ar úsáid VIS.

Lean an laghdú ar líon na n-iarratas ar víosa agus ar líon na méarlorg a bhí stóráilte, rud a bhí ag teacht le treocht a thosaigh in 2020.³³ Tháinig méadú faoi dhó ar líon na n-iarratas ar víosa agus ar líon na víosaí a eisíodh in 2022 i gcomparáid le 2021, áfach, agus próiseáladh 7.4 milliún iarratas ar víosa san iomlán i gcomparáid le 3 mhiliún in 2021. Ina ainneoin sin, is ísle i bhfad na figiúirí sin fós ná mar a bhí amhlaidh in 2019, nuair is 17 milliún iarratas ar víosa a bhí i gceist.

In 2022, lean an méadú ar líon na gcuardach alfa-uimhriúil, bithmhéadrach agus na bhfiordheimhnithe bithmhéadracha, ach bhí an líon sin fós cuid mhaith faoi bhun na luachanna a bhí i gceist roimh phaindeim COVID-19. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinneadh cuardaigh alfa-uimhriúla in 0.36 soicind ar an meán, le feidhmíocht ionchasach 30 soicind, agus rinneadh fiordheimhnithe bithmhéadracha in 0.85 soicind ar an meán, le feidhmíocht ionchasach 3 soicind. Mar sin comhlíonadh an feidhmíocht ionchasach.

Roimh theacht i bhfeidhm EES, agus mar a tharla i mblianta roimhe seo, lean eu-LISA de bheith ag comhroinnt anailíse leis na Ballstáit ar an úsáid íseal a bhaintear as seiceálacha méarlorg ag pointí trasnaithe teorann, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhreisluach na hidir-inoibritheachta, lena bhféadfaí éifeachtacht EES a chur i mbaol go háirithe. Déanfar obair leantach ar an ábhar sin le Grúpa Comhairleach VIS agus le Bord Bainistíochta eu-LISA.

Uasghrádú agus forbairt VIS

Tar éis ghlacadh Rialachán Athbhreithnithe VIS i mí Iúil 2021, tá athruithe móra á ndéanamh ar an gcóras. Ar lámh amháin, ní mór VIS a uasghrádú lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an córas a ról ríthábhachtach trína idir-inoibritheacht le córais eile CGB, go háirithe EES agus ETIAS. Ar an lámh eile, cuirfeadh feidhmiúlachtaí leis faoi Rialachán Athbhreithnithe VIS, amhail víosaí fadfhána agus ceadanna cónaithe. Chuige sin, ag tús 2022 sheol eu-LISA dhá thionscadal chun struchtúr a chur ar fhorbairt an chórais: **tionscadal athbhreithnithe VIS** agus **tionscadal idir-inoibritheachta VIS**, lena n-áirítear naisc dhíreacha a bhunú idir VIS agus EES, agus idir VIS agus ETIAS freisin. I mí an Mheithimh 2022, chinn Bord Bainistíochta eu-LISA tacú leis an ailíniú ar sceideal an dá thionscadal sin ionas nach mbeadh ar na Ballstáit a gcórais náisiúnta a athrú faoi dhó.

VIS Athbhreithnithe

Chun freastal ar na feidhmiúlachtaí nua a eascraíonn as an athbhreithniú ar an reachtaíocht, ní mór próisis ghnó VIS a athdhearadh, agus ní mór nuashonrú nach beag a dhéanamh ar an lárchóras chuige sin.

Ag tús 2022, cuireadh tús le tionscadal VIS Athbhreithnithe le bailiú riachtanas, ullmhú cásanna úsáide gnó, agus dréachtú an doiciméid rialaithe comhéadain, agus cuireadh i gcrích dhá leagan de na doiciméid in éineacht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún. Ina theannta sin, sholáthair an Ghníomhaireacht tacaíocht theicniúil don Choimisiún chun reachtaíocht thánaisteach a ullmhú. Faoi dheireadh 2022, áfach, ní raibh trí ghníomh cur chun feidhme ríthábhachtacha ar fáil go fóill, ós rud é go raibh gá le tuilleadh plé leis na Ballstáit fúthu.

Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta

Chun éifeachtúlacht na seiceálacha teorann a fheabhsú agus a chuíchóiriú, foráiltear le Rialachán Athbhreithnithe VIS go mbunófar idir-inoibritheacht idir VIS agus EES, agus idir VIS agus ETIAS freisin.

Idir-inoibritheacht idir VIS agus EES. Ionas gur féidir sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil go huathoibríoch ó VIS, ní mór bealach cumarsáide díreach a bhunú idir an dá chóras chun na sonraí faoi seach

³³ Stóráiltear sonraí in VIS ar feadh suas le 5 bliana, arna chomhaireamh ón dáta éaga, ó chinneadh diúltach, nó ó chinneadh athrú a dhéanamh ar an víosa.

a nuashonrú in EES. Leis sin, cuirfear ar a gcumas do na húdaráis teorann faisnéis a bhaineann le víosaí a fháil ó VIS agus í a iompórtáil go EES (e.g. bailíocht víosaí agus fíorú céannachta), agus, os a choinne sin, cuirfidh sé ar a gcumas do na húdaráis víosaí EES a cheadú agus iarratais ar víosa á bpróiseáil acu.

Tar éis dó forbairt **micrisheirbhísí** a chur i gcrích ag tús 2022 lenar cumasaíodh idir-inoibritheacht idir VIS agus EES, dhírigh eu-LISA ar réiteach comhchoiteann a thástáil agus tástálacha a réachtáil leis na Ballstáit. Ag teannadh le deireadh na bliana, áfach, d'fhág na **moilleanna a chuaigh i bhfeidhm ar chlár forbartha EES** nach bhféadfaí dul ar aghaidh leis an tástáil iomlán ar an gcomhtháthú.

Lean an Ghníomhaireacht leis an ullmhúchán agus na tástálacha chun **feidhmiúlacht chuardaigh sonraí bithmhéadracha VIS a aistriú chuig sBMS**. Tugadh comhtháthú feidhmiúil VIS-sBMS i gcrích in 2022, agus rinneadh roinnt tástálacha mar ullmhúchán do ghníomhaíochtaí ascnaimh sonraí a leanfar ar aghaidh leo in 2023.

Idir-inoibritheacht le ETIAS. Ionas gur féidir VIS agus ETIAS a chuardach ag an am céanna, ní mór nasc idir-inoibritheachta a bhunú idir VIS agus an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP). Tugadh an oibleagáid sin isteach le leasuithe iarmhartacha ar ETIAS, a glacadh i mí Iúil 2021.³⁴

Nasc idir VIS agus CRRS. Chuir an Ghníomhaireacht tús le comhéadan coiteann a fhorbairt idir VIS agus an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh (CRRS).


Thosaigh an Ghníomhaireacht ag obair ar **an nasc idir VIS agus ETIAS**, agus ar **idir-inoibritheacht VIS le CIR, ESP, MID agus CRRS**. Chuige sin, thionscain eu-LISA bailiú riachtanas agus d'ullmhaigh sé na cásanna úsáide gnó agus an doiciméad rialaithe comhéadain. Cuireadh na chéad leaganacha de na doiciméid theicniúla faoi bhráid na mBallstát lena n-athbhreithniú agus formheasadh iad.

³⁴ Rialachán (AE) 2021/1152 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, IO L 249, 14.7.2021, lgh. 15-37.



Sonraí arna dtarchur trí chóras Eurodac

Fíor 15. Trácht iomlán Eurodac




Fíor 16. Trácht Eurodac de réir catagóire in 2022³⁵


- Catagóir 1: 950 768 (64%)
- Catagóir 2: 192 121 (13%)
- Catagóir 3: 337 382 (23%)
- Catagóir 5: 53 (0%)
- Catagóir 4: 1 491 (0%)




Fíor 17. Iarrthóirí tearmainn (catagóir 1)




Fíor 18. Cásanna inar trasnaíodh teorainn go neamhrialta (catagóir 2)




Fíor 19. Cónaí neamhúdaraithe (catagóir 3)



Fíor 20. Cuardaigh ar Eurodac a rinne údaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí (catagóir 4)



Fíor 21. Cuardaigh ar Eurodac a rinne Europol (catagóir 5)



- Tháinig méadú 73 % ar an trácht foriomlán agus tarchuireadh níos mó sonraí i ngach catagóir i gcomparáid le 2021.
- Stóráladh 6.5 milliún tacar méarlorg san iomlán in Eurodac – méadú 12 % i gcomparáid le 2021.
- Baineann 96 % de thacair sonraí Eurodac le hiarratais ar chosaint idimáisiúnta (catagóir 1).
- Baineann thart ar 4 % de na tacair sonraí le cásanna inar trasnaíodh teorainn go neamhrialta (catagóir 2).

³⁵ Fíor 16: Baineann catagóirí sonraí Eurodac le tacair sonraí méarlorg náisiúnach tríd tír nó daoine gan stát, atá 14 bliana d'aois nó níos sine. Catagóir (1) iarrthóirí tearmainn, (2) cásanna ina dtrasnaítear teorainn go neamhrialta, (3) daoine a fuarthas a bhí ag cónaí go neamhúdaraithe i limistéar Schengen, (4) cuardaigh chomparáideacha arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí, (5) cuardaigh chomparáideacha arna ndéanamh ag Europol.

1.1.3. Eurodac

Tá an Córas Eorpach chun Comparáid a Dhéanamh idir Taifid Dhachtalascópacha Iarrthóirí Tearmainn – Eurodac – ag feidhmiú ó bhí 2003 ann agus tacaíonn sé le cur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath³⁶ mar cheann de na hionstraimí a úsáidtear chun an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) a chur chun feidhme.³⁷ Cuidíonn Eurodac leis na Ballstáit a chinneadh cén tír atá freagrach as iarratas ar thearmann a scrúdú trí mhéarloirg iarratasóra nua a chur i gcomparáid leo siúd atá cláraithe sa bhunachar sonraí cheana féin. Chun na críche sin, rannchuidíonn Eurodac freisin le fáil amach cé hiad daoine a gabhadh i ndáil le trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha na mBallstát agus daoine a fuarthas ag cónaí go neamhúdaraithe ar a gcríoch. Ó mhí Iúil 2015, tá an deis ag gníomhaireachtaí náisiúnta um fhorfeidhmiú an dlí agus ag Europol freisin, faoi choinníollacha dochta agus mar rogha dheiridh, Eurodac a rochtain chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Tá eu-LISA i gceannas ar an mbainistíocht oibríochtúil ar lárchóras Eurodac ó mhí an Mheithimh 2013 i leith.

Oibriú

Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí **feidhmíocht fhoriomlán** lárchóras Eurodac ag cloí leis an gcomhaontú seirbhíse (SLA), agus ní raibh ach beagán teagmhas ann a chuir isteach ar infhaighteacht an chórais. Bhí lárchóras Eurodac ar fáil 99.88 % den am agus bhí táscaire feidhmíochta an aga freagartha os cionn 99.99 %. Lean paidéim COVID-19 ag cur isteach ar chothabháil Eurodac, agus ba é an phríomhchúis a bhí leis sin srianta a bhain le conraitheoirí ar an láthair, rud a chuir isteach ar cháilíocht agus éifeachtúlacht na tacaíochta ó lá go lá. Bhí tionchar ag na teagmhais seo a leanas ar infhaighteacht an chórais:

- an 26 Eanáir, de dheasca teagmhas ar líonra TESTA-ng, ní raibh Eurodac ar fáil agus cuireadh stop leis an sioncrónú idir an láraonad agus an láraonad cúltaca, rud ba chúis le tréimhse infhaighteachta beagnach 4.5 uair an chloig. Mar thoradh air sin, cuireadh moill ar phróiseáil 479 n-idirbheart, agus níor cailleadh aon idirbheart;
- an 4 Bealtaine, mar gheall ar theagmhas a tharla de bharr comhpháirt sealaíochta ríomhphoist, bhí bac ar gach ríomhphost ar feadh 1 uair an chloig agus 45 nóiméad. Níor cailleadh aon teachtaireacht. Cuireadh caoi ar chúis an teagmhais;
- an 26 Deireadh Fómhair, níor phróiseáil Eurodac idirbhearta a bhaineann le méarloirg ar feadh 4 uair an chloig. Bhí tionchar aige sin ar naoi mBallstát, a sheol os cionn 500 idirbheart le linn an teagmhais. Cuireadh moill ar na hidirbhearta sin ach níor cailleadh iad. Bhain an fhadhb le hidirbheart de chuid Ballstáit amháin de bharr comhad nach raibh cumraithe i gceart. Ionas nach dtarlódh teagmhais dá leithéid arís, rinne an Ghníomhaireacht iarraidh ar athrú, a chuirfeadh i bhfeidhm sa chéad eisiúint eile, ós rud é gur measadh gur meánleibhéal práinne a bhí i gceist leis an athrú.

Is líonra leictreonach slán é **DubliNet** chun sonraí a mhalartú idir údarais náisiúnta a bhíonn ag déileáil le hiarratais ar thearmann. In 2022, bhí an chothabháil a rinneadh ar DubliNet ag cloí leis an gcomhaontú seirbhíse (SLA), agus lean eu-LISA de bheith ag obair leis na Ballstáit chun iad a chomhtháthú le creat bainistíochta seirbhíse TF na Ghníomhaireachta. Bhíodar go léir nasctha le córas ticéadaithe eu-LISA amhail ón 15 Aibreán 2022. Ina theannta sin, bhí an Ghníomhaireacht ag obair leis na Ballstáit freisin maidir le deimhnithe DubliNet a athnuachan lena áirithiú go gcomhlíonfaí an moladh iniúchóireachta ó MECS. Rinne eu-LISA dul chun cinn freisin maidir le moladh eile ó MECS a chur chun feidhme: scriosadh fisiciúil méarloirg go huathoibríoch tar éis na tréimhse coinneála.

Úsáid an chórais

In 2022, tháinig méadú mór ar an méid sonraí a tarchuireadh chuig bunachar sonraí Eurodac: ar an iomlán, rinneadh os cionn 1.4 milliún idirbheart, 73 % níos mó ná in 2021, agus leibhéal atá inchomparáide le leibhéal na bliana 2016 (1.6 milliún), le linn an dara bliain den bhuaicthréimhse i dtaobh gluaiseacht dídeanaithe agus imirceach. Braitheadh an méadú sin i ngach catagóir de bhunachar sonraí Eurodac: tháinig méadú 86 % ar na hidirbhearta i gcatagóir 1 (iarratas ar chosaint idirnáisiúnta), méadú 45 % i gcás chatagóir 2 (cásanna inar trasnaíodh teorainn go neamhrialta), méadú 59 % i gcás chatagóir 3 (náisiúnaigh tríú tír a fuarthas ag cónaí go neamhúdaraithe sna Ballstáit), agus méadú 231 % i gcás chatagóirí 4 agus 5 (cuardaigh arna ndéanamh

³⁶ **Rialachán (AE) Uimh. 604/2013** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear **na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta** ama thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú), IO L 180, 29.6.2013, lgh. 31-59.

³⁷ I gcomhair tuilleadh faisnéise, téigh chuig leathanach tiomnaithe AS HOME maidir leis **an gComhchóras Eorpach Tearmainn**.

ag údarais forfheidhmithe dlí sna Ballstáit agus cuardaigh ama ndéanamh ag Europol).

Lean an méadú ar líon na dtaifead a bhí á stóráil i mbunachar sonraí Eurodac freisin, ag teacht le treocht sheasta a thosaigh i mí an Mheithimh 2021 agus ar cuireadh dlús nach beag léi i mí an Mhárta agus arís san Fhómhar. De dheasca chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tháinig **méadú ar líon na gclárúcháin tearmainn** in Eurodac, go háirithe i gcás daoine a bhfuil saoránacht de chuid na hÚcráine nó na Rúise acu.

In 2022, ba léir gur ghá uasghrádú a dhéanamh ar **acmhainn stórála bhunachar sonraí** Eurodac. Tá acmhainn stórála Eurodac nasctha go díreach le beartas coinneála an chórais: 10 mbliana i gcás iarrthóirí tearmainn agus 18 mí i ndáil le cásanna inar trasnaíodh teorann go neamhrialta. Bhí eu-LISA ag obair i ndlúthpháirt leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun roinnt roghanna malartacha a ullmhú chun cur le hacmhainn stórála Eurodac.

Forbairt an chórais

Go dtí go mbeadh bunús dlí nua ann do Eurodac, lean an Gníomhaireacht le **tionscadal chun uasghrádú iosta a dhéanamh ar an gcóras**, agus cuireadh tús leis in 2021. Áiríodh leis sin uasghrádú a dhéanamh ar an meaiséalaí sonraí bithmhéadracha agus ar Oracle, uasghrádú a dhéanamh ar an sásra le haghaidh sioncrónú idir an láraonad agus an láraonad cúltaca agus athsholáthar comhpháirteanna crua-earraí nach raibh tacaíocht ón díoltóir ar fáil ina leith a thuilleadh, rud nach bhféadfaí a chur i gcrích in 2022 mar gheall ar ghanntanais sa slabhra soláthair.

I mí Mheán Fómhair, chuir eu-LISA tús le tionscadal chun cur **le hacmhainn uasta tréchuir agus stórála Eurodac** (ó 7 milliún taifead go 9 milliún taifead). Tá gá leis an uasghrádú, lena seachnófar díghrádú feidhmíochta, chun freastal ar an méadú tapa atá ag teacht ar líon na dtaifead ama stóráil, agus meastar go mbeidh sé i bhfeidhm faoi mhí na Bealtaine 2023.

Cothabháil oiriúnaitheach. Chun feabhas a chur ar an tseirbhís do na Ballstáit, bhí eu-LISA ag obair ar athbhreithniú na timpeallachta tástála agus ar an timpeallacht réamhtháirgthe. Rinneadh tástálacha méide agus tástálacha struis trí úsáid a bhaint as **sonraí sintéiseacha méarlorg**. Ina theannta sin, chun bainistíocht oibríochtaí an chórais a fheabhsú, rinne eu-LISA athbhreithniú ar dhoiciméadacht theicniúil Eurodac, mar aon leis an bpróiseas le haghaidh rialú rochtana agus idirghabháil ar an láthair a dhéanann conraitheoirí seachtracha.

Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta Foráiltear faoi Rialachán Athmhúnlaithé Eurodac go ndéanfar córas Eurodac a chomhtháthú laistigh den **ailtireacht idir-inoibritheachta**.

1.1.4. Tacaíocht d'oibríochtaí córais

Lena áirithiú go mbeidh fáil leanúnach ar chórais CGB atá faoina sainchúram, soláthraíonn an Gníomhaireacht seirbhísí tacaíochta d'úsáideoirí deiridh uile an chórais trí Dheasc Seirbhíse eu-LISA, a fheidhmíonn ar bhonn 24/7. Chuige sin, tá an Deasc Seirbhíse freagrach as iarrataí seirbhíse (nósanna imeachta caighdeánacha) a láimhseáil agus comhordaíonn sí réiteach teagmhas (cur isteach ar sheirbhísí) agus fadhbanna (imscrúdú ar bhunchúiseanna).

Le linn 2022, ní raibh aon bhriseadh sna seirbhísí a cuireadh ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais CGB. In 2022, baineadh amach ráta uasta 82.37 % i ndáil le táscaire feidhmíochta na Deisce Seirbhíse, rud a sháraigh an sprioc 75 %. Léiríonn an táscaire sin céatadán na n-iarrataí a cuireadh i gcrích laistigh de sprioc an chomhaontaithe seirbhíse (SLA) ama thabhairt i gcrích idir eu-LISA agus na Ballstáit, trí fhreagairt na Gníomhaireachta a thomhas ar bhonn dhá ghné ar leith: (1) an méid ama a thógann sé freagra a thabhairt ar fhógra a chuireann úsáideoir deiridh de chuid an chórais isteach (méid ama chun freagra a thabhairt), agus (2) cé chomh fada a thógann sé teacht ar réiteach ar an bhfadhb a ardaíodh (méid am chun teacht ar réiteach).

In 2022, láimhseáil Deasc Seirbhíse eu-LISA 1 538 n-iarraidh ar sheirbhís agus 3 415 theagmhas le haghaidh córais CGB atá i bhfeidhm. San iomlán, chuir úsáideoirí deiridh an chórais isteach níos mó ná 1 200 ticéad, agus tháinig 3 672 thicéad eile ón eagraíocht féin, le linn gnáthfhaireachán ar na córais nó ó chonraitheoirí ar an láthair.

D'ainneoin roinnt teagmhais chriticiúla, go háirithe teagmhais a chuaigh i bhfeidhm ar SIS, d'fhág na próisis stuama agus an comhar éifeachtúil idir foirne tacaíochta na Gníomhaireachta agus foirne oibríochtaí eile (lena n-áirítear conraitheoirí seachtracha) go raibh leibhéal maith infhaighteachta ar na córais san iomlán don phobal CGB.

In 2022, dhírigh feidhm theicniúil eu-LISA ar an riaráiste fadhbanna a laghdú, chomh maith le deireadh a chur

le fadhbanna criticiúla agus fadhbanna ardtosaíochta sa timpeallacht táirgthe. Rannchuidigh sé sin le leibhéal ard infhaighteachta córais, trí thionchar teagmhas aonair a íoslaghdú den chuid ba mhó. Bhí baint ag na foirne tacaíochta freisin le heisiúintí casta nua a ullmhú (e.g. SIS athnuaite) agus chuir siad tús le hoiliúint i dtaobh na gcórais nua (e.g. EES, sBMS).

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean eu-LISA dá **uirilís bainistíochta seirbhísí TF (ITSM)** a uasghrádú, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe chuig an tsamhail oibríocháin trasnaí. Rinneadh nuashonrú cúpla uair ar uirlis ITSM na Gníomhaireachta (Microfocus Service Manager leagan 9, SM9) chun cumais agus feidhmiúlachtaí nua a chur san áireamh léi, lena n-áirítear comhroinnt dhinimiciúil ticéad idir conraitheoirí éagsúla. Rinneadh thart ar 40 uasghrádú ar uirlis SM9 idir mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhair, lena n-áirítear uasghrádú ón leagan 32-giotán go dtí an leagan 64-giotán, rud as ar eascair feabhas mór ar fheidhmíocht agus gnéithe nua.

Ina theannta sin, rinneadh tuairisciú ITSM a uathobriú tuilleadh le tuarascálacha dinimiciúla le haghaidh príomhtháscairí feidhmíochta ráithiúla, agus freisin le roinnt tuairiscí laethúla, seachtainiúla agus míosúla atá lán-uathobrithe d'úinéirí próisis agus foirne eile.

Ar deireadh, cheap feidhm oibríochtaí an chórais an próiseas nua um 'Bainistíocht Imeachtaí' agus seoladh staidéar chun féachaint cén fhoireann uirlisí a bhí ag teastáil. Seoladh staidéar eile maidir le huirlis nua a chur in ionad na huirlise (eOPM) a úsáideann Deasc Seirbhíse eu-LISA chun idirghníomhú leis na Ballstáit trí SIS. Is é an cuspóir atá ann teacht ar réiteach a d'fhéadfaí a leathnú go héasca chuig na córais go léir atá faoi chúram na Gníomhaireachta anois nó a bheidh faoina cúram amach anseo.

Tábla 1. Córais CGB: líon na dteagmhas³⁸ agus na n-iarrataí ar sheirbhísí a láimhseáladh in 2022.

	SIS	VIS	BMS	Eurodac	DubliNet	Eile ³⁹	Líon Iomlán
Teagmhas	1 528	469	592	338	30	458	3 415
arna n-oscailt ag na Ballstáit	423	81	0	168	14	2	699
arna n-oscailt go himhneánach	1 094	388	592	170	16	456	2 716
Iarrataí seirbhíse	1 089	131	56	191	57	14	1 538
arna n-oscailt ag na Ballstáit	371	80	0	74	57	0	582
arna n-oscailt go himhneánach	718	51	56	117	0	14	956

Tábla 2. Córais CGB: miondealú ar theagmhais de réir tosaíochta agus córais.

Tosaíocht ⁴⁰	SIS	VIS	BMS	Eurodac	DubliNet	Eile	Líon Iomlán
Criticiúil	21	5	1	2	0	1	30
Ard	233	64	9	26	1	28	361
Measartha ard	1 053	285	449	255	20	326	2 388
Íseal	221	115	133	55	9	103	636
Líon Iomlán	1 528	469	592	338	30	458	3 415

³⁸ Is éard is teagmhas ann ná eachtra neamhphleanáilte amháin is cúis le cur isteach ar an tseirbhís. Is fadhb í an bhunchúis atá le teagmhas amháin nó níos mó.

³⁹ Áirítear sa chatagóir seo córais, trealamh agus bonneagar a úsáidtear i dtimpeallachtaí táirgthe agus réamhtháirgthe.

⁴⁰ Cinntear tosaíocht teagmhais bunaithe ar an tionchar gnó ar an tseirbhís lena mbaineann, agus ar an bpráinn a bhaineann leis an teagmhas a réiteach.

Tábla 3. Córais CGB: miondealú ar fhadhbanna de réir tosaíochta agus córais.

Tosaíocht	SIS	VIS	BMS	Eurodac	DubliNet	Eile	Líon Iomlán
Criticiúil	3	0	0	0	0	0	3
Ard	21	4	1	10	0	0	36
Measartha ard	18	6	4	8	0	8	44
Íseal	23	13	8	14	0	6	64
Líon Iomlán	65	23	13	32	0	14	147

1.1.5. Tástáil, eisiúint agus bainistíocht ar chur i bhfeidhm

Mar chuid de na forbairtí córais atá beartaithe, is féidir leis an nGníomhaireacht a córais TF a thabhairt cothrom le dáta leis na feidhmiúlachtaí agus na paistí is déanaí nuair a chuirtear eisiúintí nua i bhfeidhm. Sa phróiseas sin, tá ullmhúchán agus uainiú na n-eisiúintí ríthábhachtach chun an tionchar ar fheidhmíocht agus infhaighteacht na gcórais a íoslaghdú.

Ag tús na bliana, d'fhomheas an Gníomhaireacht pleananna eisiúna i leith SIS, VIS agus Eurodac. I gcás VIS, cuireadh i bhfeidhm ceithre eisiúint i gcomhréir leis an bplean, ach bhí moill ar SIS agus Eurodac, agus ba é cuid den chúis a bhí leis sin fadhbanna cáilíochta a braitheadh le linn na tástála. Rinneadh eisiúint amháin ar chóras Eurodac agus, i gcás SIS, níor chuir an Gníomhaireacht chun feidhme ach ceann amháin de na heisiúintí a bhí pleanáilte in 2022.

Ina theannta sin, rinne an Gníomhaireacht nuashonrú ar an bpróiseas agus ar na nósanna imeachta maidir le hathruithe oibríochtúla a bhainistiú chun bainistíocht éifeachtach, éifeachtúil, thráthúil a áirithiú i leith líon athruithe TF atá ag dul i méid, agus a rachaidh i bhfeidhm, ina seal féin, ar fheidhmíocht agus infhaighteacht na gcórais atá faoi chúram eu-LISA.

Le linn 2022, rinneadh gníomhaíochtaí bainistíochta tástála le haghaidh SIS, VIS, Eurodac, EES agus sBMS. Le linn na tástála feidhme um ghlacadh córais (FSAT) ar VIS agus EES, rinne an Gníomhaireacht tástáil ar shraith nua uirlisí inmheánacha agus baineadh amach dea-thorthaí.

Le linn na bliana, d'eagraigh an Gníomhaireacht roinnt cruinnithe tiomnaithe de ghrúpaí saineolaithe tástála (TEG) i ndáil le SIS, VIS agus EES. Chuir na cruinnithe sin go mór le rath na tástála a rinneadh leis na Ballstáit, agus ba chúnadh iad ó thaobh meon láidir foirne a chothú sa phobal tástála. Ina theannta sin, cuireadh sraith úrnua uirlisí tástála atá tiomnaithe d'úsáideoirí deiridh ar fáil do na Ballstáit, rud a d'fhág go raibh an próiseas tacaíochta i bhfad ní ba ghasa agus ní b'éasca. Ag an am céanna, shainigh eu-LISA an cur chuige tástála i leith na hidir-inoibritheachta chun aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta casta, idirnasctha um dhearbhu cáilíochta a bhaineann leis an tástáil ar idir-inoibritheacht na gcórais. Sa dara leath de 2022, thug an Gníomhaireacht i gcrích conradh le soláthraí seachtrach tacaíochta tástála chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an tástáil, a raibh a líon agus a castacht ag dul i méid.

Ina theannta sin, lean eu-LISA ag obair ar 'Bainistíocht Saolré Feidhmchláir' (ALM) chun tacú le soláthar feidhmchlár, agus chun an chastacht a bhaineann le hathúsáid comhphárteanna coitinne i gcórais éagsúla a bhainistiú, chomh maith le hidirnasacht agus idir-inoibritheacht na gcórais nua.

1.2. Córais nua agus nuálaíocht

Leis an leathnú ar shainordú eu-LISA in 2018, cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht roinnt **córais nua TF ar mhórsála** a fhorbairt, chomh maith leis an **ailtireacht idir-inoibritheachta uileghabhálach** a cheapadh i gcomhair réimse ceartais agus gnóthaí baile (CGB) an Aontais. Thairis sin, chun tacú le cumas eu-LISA córais TF a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn ar bhonn leanúnach, chuir an sainordú athbhreithnithe le raon feidhme a ghníomhaíochtaí **taighde agus nuálaíochta** ionas gur áiríodh leo cur chun feidhme an chruthúnais choincheapa agus treoirthionscadal.

Chuir an Coimisiún chun cinn an smaoineamh maidir le córais nua TF a thabhairt isteach lena gcomhlánófaí na córais atá ag an Aontas cheana i réimse na ngnóthaí baile – SIS, VIS agus Eurodac – faoin bpacáiste reachtach **'Teorainneacha Cliste'** chun slándáil inmheánach an Aontais a fheabhsú agus chun bainistiú a

teorainneacha seachtracha a nuachóiriú. Tá forbairt na gcóras nua sin – an Córas Dul Isteach/Imeachta (**EES**) agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (**ETIAS**) – ar cheann de phríomhthosaíochtaí na Gníomhaireachta ó glacadh na rialacháin bhunaithe faoi seach in 2017 agus in 2018.

Ina theannta sin, chun malartú faisnéise idir na córais TF nua agus na córais TF atá ann cheana a éascú, cuireadh de chúram ar eu-LISA freisin **aitireacht idir-inoibritheachta** uileghabhálach a fhorbairt don réimse CGB. A luaithe a bheidh sí oibríochtúil, tacóidh idir-inoibritheacht chórais CGB le bainistiú comhtháite teorainneacha agus le slándáil inmheánach, agus is í a bheidh ina príomhghné de rannchuidiú na Gníomhaireachta i leith **Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála**.

Leis an leathnú ar shainordú eu-LISA, tugadh isteach freagrachtaí nua i **réimse ceartais** an Aontais Eorpaigh freisin, lena n-áirítear córas TF nua a fhorbairt – an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír (**ECRIS-TCN**), agus glacadh freagrachta as bainistíocht oibríochtúil **an chórais e-CODEX**, an t-ardán cumarsáide leictreonaí lena n-éascaítear imeachtaí breithiúnacha trasteorann. Leis sin, thosaigh an Gníomhaireacht ag cur dlús lena rannchuidiú le digitiú an cheartais,⁴¹ arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha agus rochtain níos fearr ar cheartas a sholáthar do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais.

Le linn 2022, leanadh de chórais nua a fhorbairt agus a sholáthar in ainneoin moilleanna leanúnacha, a d'éascair den chuid ba mhó as easpa cumais an chonraitheora córais a sholáthar in am. Ina theannta sin, bhí tionchar ag suaitheadh agus ganntanais sa slabhra soláthair domhanda ar an bhfáil a bhí ar chomhpháirteanna ríthábhachtacha crua-earraí agus bogearraí. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, bhí eu-LISA ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, chun faireachán cúramach a dhéanamh ar chúrsaí agus chun bearta a cheapadh chun an tionchar a mhaolú. Bhí an méid sin ríthábhachtach go háirithe i gcás EES toisc, de bharr idirspleáchais, go mbíonn tionchar díreach ag aon mhoill ar sceideal soláthair EES ar amlínte cur chun feidhme ETIAS agus ar chomhpháirteanna idir-inoibritheachta. Is dócha go mbeidh tionchar ag an síneadh a chuirfear leis an amlíne maidir le teacht i bhfeidhm ar na hacmhainní, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, a theastóidh chun an fhorbairt a chur i gcrích.

⁴¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '**Digitalisation of Justice in the European Union: A Toolbox of Opportunities**' [Digitiú an Cheartais san Aontas Eorpach: Bosca Uirlisí um Dheiseanna], COM (2020) 710 final.



1.2.1. Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)

I réimse na ngnóthaí baile, tá EES ar cheann den dá chóras TF lena bhfuiltear chun bainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais a nuachóiriú trí **chlárú leictreonach** gach náisiúnach tríú tír a thagann isteach i limistéar Schengen agus a théann amach as, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le cásanna ina ndiúltaítear cead isteach, a chur in ionad an chleachtais atá ann faoi láthair ó thaobh pasanna a stampáil de lámh. Ina theannta sin, le EES beifear in ann faireachán a dhéanamh ar thréimhsí gearrghanachta údaraithe (i gcás cuairteanna a mhaireann suas le 90 lá, in aon tréimhse 180 lá) agus féachaint cé na daoine a d'fhéadfadh sé a d'fhan rófhada trí fhad an fhanachta údaraithe a ríomh go huathoibríoch agus foláirimh a ghiniúint nuair a rachaidh an tréimhse sin in éag.

Dá réir sin, tá an córas ceaptha chun inimirce neamhdhlíthiúil a chosc agus an tslándáil inmheánach a neartú trí chabhrú an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. A luaithe a bheidh sé oibríochtúil, tacóidh uathoibriú na seiceálacha teorann in EES leis na Ballstáit i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ar shreafaí taistealaithe, rud atá ag dul i méid, agus líon na ngardaí teorann ag pointí trasnaithe á bharrfheabhsú an tráth céanna.

Tá eu-LISA freagrach as forbairt agus óstáil a dhéanamh ar

- lárchóras EES,
- comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta chun an nasc a bhunú idir lárchóras EES agus an bonneagar teorann náisiúnta i ngach Ballstát,
- bonneagar cumarsáide slán, criptithe idir lárchóras EES agus na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta,
- bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS.

Chun lárchóras EES a oibriú, is gá comhpháirt EES agus an córas meaitseála sonraí bitmhéadracha (BMS) a chomhtháthú, agus an Córas Faisnéise Víosáil (VIS) atá ann cheana a leasú. Ina theannta sin, beidh seirbhís gréasáin chomhpháirteach ag EES le ETIAS lena gcuirfear comhéadain ar líne ar fáil d'iompróirí idirnáisiúnta paisinéirí agus do náisiúnaigh tríú tír.

Cur chun feidhme

Cuireadh tús le forbairt EES i mí Eanáir 2018 agus tá dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme an chlár go dtí céim na tástála. In ainneoin go leor dúshlán a bhí le sárú le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn maidir le forbairt lárchóras EES a thabhairt chun críche, lena n-áirítear roinnt feachtas tástála a réachtáil i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

I rith 2022, lean eu-LISA de bheith ag obair i ndlúthpháirt leis na geallsealbhóirí uile chun bearta éifeachtacha a cheapadh chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí a bhí ag moilleanna leanúnacha a bhain le EES, agus ar a dtionchar comhthaobhach ar sceideal soláthair ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

An 24 Márta 2022, i bhfianaise stádas chlár forbartha EES, d'iarr Bord Bainistíochta eu-LISA ar an gComhairle cur siar teacht i bhfeidhm an chórais go dtí mí na Samhna 2022 a fhormhuiniú.⁴² Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an amlíne arís an 22 Meitheamh 2022, agus chuir sé teacht i bhfeidhm an chórais siar go dtí lár mhí na Bealtaine 2023. I ngeall ar ghnéithe teagmhasacha, b'éigean soláthar ETIAS a athsceidealú go dtí mí na Samhna 2023 agus b'éigean na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur siar de réir a chéile go dtí Meitheamh 2024.⁴³ D'fhormhuinigh an Chomhairle CGB an tráthchlár athbhreithnithe sin i mí Iúil ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí aici i bPrág.

⁴² Cinnní ón **34ú cruinniú de chuid Bhord Bainistíochta eu-LISA**, an 23 agus an 24 Márta 2022.

⁴³ Cinnní ón **36ú cruinniú de chuid Bhord Bainistíochta eu-LISA**, an 22 agus an 23 Meitheamh 2022.

D'ainneoin na n-iarrachtaí uile, bhí dúshlán fós i gceist ag deireadh 2022, agus ní raibh an cuibhreannas a raibh sé de chúram air lárchóras EES a fhorbairt in ann plean a chur i láthair ina raibh dáta soláthair sonraithe.⁴⁴

Tástáil

Tá cur chun feidhme chlár forbartha EES ag céim na forbartha agus na tástála anois, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é nuair a chuirfear i mbun oibríochta é agus, ina dhiaidh sin, nuair a ghlacfar leis an gcóras deiridh (FSA), go luath in 2024.

Feidhmchlár lárchóras EES. I mí Eanáir 2022, chuir eu-LISA tús leis an bhfeachtas tástála feidhmiúla sceidealaithe maidir leis an **réiteach comhtháite** (i.e., lárchóras EES, le sBMS agus lárchóras VIS nuashonraithe). Cé gur cuireadh i gcrích in am trátha an fhorbairt ar VIS agus ar chodanna comhroinnte an chórais meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS), bhí forbairt chuid EES roinnt míonna taobh thiar den spriocdháta tosaigh, an 15 Meán Fómhair 2022. Ag deireadh 2022, mheas an conraitheoir go ndéanfaí an feidhmchlár a sholáthar ag tús mhí Eanáir 2023, rud a rachadh i bhfeidhm ar an tréimhse thástála a bheadh ar fáil do na Ballstáit agus a d'fhágfadh go gcuirfí siar tús na tástála neamhfheidhmiúla ag áitreabh eu-LISA. Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun dlús a chur leis an soláthar, lean eu-LISA de chruinnithe laethúla a reáchtáil le foireann an chonraitheora, chomh maith le cruinnithe seachtainiúla le lucht bainistíochta an chonraitheora, agus saincheisteanna á gcur faoi bhráid an leibhéil feidhmiúcháin go rialta.

Timpeallachtaí tástála agus ionsamhlóirí. Chuir eu-LISA eisiúint idirmheánach ar fáil, lenar comhtháthaíodh EES, VIS agus BMS den chéad uair, agus suiteáladh í i dtimpeallacht thiomnaithe tástála na Gearmáine an 20 Deireadh Fómhair 2022. Idir an dá linn, bhí deacrachtaí ag cuibhreannas EES ó thaobh na timpeallachtaí tástála tiomnaithe a uasghrádú do na Ballstáit eile go dtí lár mhí na Nollag 2022. Rinneadh an fhadhb sin, chomh maith leis na tréimhsí fada suiteála a bhí i gceist mar gheall ar fhadhbanna teicniúla, a chur faoi bhráid lucht bainistíochta an chonraitheora.

Tástáil arna déanamh ag na Ballstáit. Cuireadh ar fáil timpeallacht tástála comhlíontachta EES do na Ballstáit ag deireadh mhí Feabhra 2022. B'éigean tástálacha an chórais náisiúnta a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ionsamhlóirí VIS agus sBMS, áfach, mar gheall ar fhadhbanna leanúnacha maidir leis an leagan lán-chomhtháite d'fheidhmchlár lárchóras EES a eisiúint. Bhí tástáil beagnach tugtha chun críche ag 13 Bhallstát trí úsáid a bhaint as ionsamhlóirí VIS agus sBMS faoi dheireadh na bliana le ráta ratha 93 %, rud a léiríonn dea-cháilíocht chomhéadan an fheidhmchláir. Ag tús 2023, bhí feachtais tástála fós ar siúl ag na Ballstáit. Tá an Ghníomhaireacht ag tacú go gníomhach leis na Ballstáit sa phróiseas sin agus ag éascú tuairisciú seachtainiúil trí thuairisc stádais EES.

Chun dul ar aghaidh leis an tástáil ar an leagan comhtháite, d'eisigh eu-LISA leagan idirmheánach. Léirigh an tástáil ar chomhlíonadh ráta ratha 90 % laistigh de chúpla lá, lenar deimhníodh dea-cháilíocht chomhtháitithe na heisiúna idirmheánaí. Níorbh fhéidir, áfach, an tástáil iomlán (tástáil ghnó ó cheann go ceann ar an tacar iomlán feidhmiúlachtaí, sonraí bithmhéadracha san áireamh) a dhéanamh mar gheall ar fhadhb bhlocála in sBMS.

Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta

Foráiltear le Rialachán EES go mbunófar idir-inoibritheacht idir EES agus VIS (in éineacht le BMS), agus freisin idir EES agus ETIAS chun éifeachtúlacht seiceálacha teorann a fheabhsú agus a chuíchóiriú.

Idir-inoibritheacht le VIS. Ionas gur féidir sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil go huathoibríoch ó VIS, ní mór bealach díreach cumarsáide a bhunú idir an dá chóras chun na sonraí faoi seach a nuashonrú in EES, i.e., fforú bailíochta nó neamhniú nó cúlghairm víosaí, nó síneadh ama a bheith á chur le víosaí. Cuireadh i gcrích forbairt na **micrisheirbhísí** lena gcumasaítear idir-inoibritheacht idir VIS agus EES ag tús 2022, agus ar feadh an chuid eile den bhliain dhírigh eu-LISA ar thástáil a dhéanamh ar réiteach comhchoiteann agus ar thástálacha a dhéanamh leis na Ballstáit. Cuireadh i gcrích comhtháthú feidhmiúil VIS-sBMS, agus rinneadh roinnt tástálacha chun ullmhú i gcomhair gníomhaíochtaí ascnaimh sonraí a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2023.

⁴⁴ I mí Eanáir 2023, tháinig an Bord Bainistíochta ar an gconclúid nach raibh sé indéanta a thuilleadh an sprioc-am a leagadh síos do mhí na Bealtaine 2023 a chomhlíonadh agus nárbh fhéidir an dáta soláthair a shainiú leis an leibhéal dearbhaithe ba ghá, ar an bpriomhchúis nach raibh fáil ar thimpeallachtaí tástála le haghaidh tástálacha comhlíontachta. D'ainneoin tuilleadh moilleanna, d'iarr an Bord ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí uile leanúint dá n-ullmhúchán ag pointí trasnaithe teorann (Cinntí ón **40ú cruinniú den Bhord**, an 12 Eanáir 2023). I mí an Mhárta, d'iarr an Bord ar eu-LISA athbhreithniú a dhéanamh ar an amlíne chur chun feidhme i leith ailtireacht idir-inoibritheachta CGB. Ag **an 42ú cruinniú dá chuid an 15 Márta 2023**, thug Bord Bainistíochta eu-LISA dá aire stádas chur chun feidhme EES agus moilleanna breise ó thaobh an chonraitheora de, agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh sé indéanta a thuilleadh do EES teacht i bhfeidhm in 2023.

Idir-inoibritheacht le ETIAS. Ionas gur féidir EES agus ETIAS a chuardach an tráth céanna, ní mór nasc idir-inoibritheachta a bhunú idir EES agus an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP). Níor foráladh don oibleagáid sin ar dtús sa chéad eisiúint de EES, ach tugadh isteach í le leasuithe iarmhartacha ar ETIAS, a glacadh i mí Iúil 2021.⁴⁵ In 2022, lean eu-LISA den phlé ar chonarthaí agus den ullmhúchán chun EES a chur in oiriúint do ETIAS.

Nasc idir EES agus CRRS. Chuir an Ghníomhaireacht tús le comhéadan coiteann a fhorbairt idir EES agus an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh (CRRS). Mar gheall ar mhoilleanna ar thabhairt chun críche shonraíochtaí CRRS, rinne eu-LISA iniúchadh ar roghanna maidir le feidhmiúlacht tuairiscithe shaincheaptha a sholáthar chun céad tréimhse oibriúcháin EES a chumhdach sula ndéanfaí é a chomhtháthú faoi dheireadh le CRRS.

Teacht i mbun Oibríochta

Le linn na tréimhse tuairiscithe, chuir eu-LISA tús leis na hullmhúcháin don aistriú chuig céim na hoibríochta trí roinnt cruinnithe teicniúla a réachtáil leis na Ballstáit agus tríd an gcéad leagan de lámhleabhar oibríochta EES a chomhroinnt.

1.2.2. Seirbhísí gréasáin EES/ETIAS

Maidir le cead isteach i limistéar Schengen a dheonú, déantar idirdhealú idir náisiúnaigh tríú tír a gceanglaítear víosa a bheith acu agus iad siúd atá díolmhaithe ó cheanglas víosa. Cé go bhfíorófar le EES an bhfuil víosa bhailí ag náisiúnaigh tríú tír a gceanglaítear víosa a bheith acu i leith dul isteach údaraithe amháin ar a laghad, tá gá le ETIAS chun a fhíorú an bhfuil na húdaruithe taistil is gá ag náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa. Chun éascú do **phróiseáil chomhtháite, chuíchóirithe na dtaistealaithe ar náisiúnaigh tríú tír iad agus atá ag teacht isteach** ag teorainneacha Schengen, tá an cúram ar eu-LISA na seirbhísí gréasáin le haghaidh EES agus ETIAS a fhorbairt, lena n-áireofar **comhéadan lárnach na n-iompróirí**⁴⁶ chun an dá chóras a chuardach lena fhíorú an bhfuil víosa bhailí nó údarú taistil bailí ag náisiúnach tríú tír chun dul isteach i limistéar Schengen.

Is éard atá sna seirbhísí gréasáin comhpháirteacha sin roinnt modúl atá dírithe ar an bpobal, lena n-áirítear comhéadain ghréasáin thiomnaithe agus feidhmchláir mhóibíleacha le haghaidh taistealaithe agus iompróirí. Chomh maith le comhéadan na n-iompróirí, beidh náisiúnaigh tríú tír a gceanglaítear víosa a bheith acu in ann leas a bhaint as an gcomhéadan gréasáin comhlántach do thaistealaithe chun seiceáil a dhéanamh ar na hiontrálacha bailí atá fágtha acu chuig limistéar Schengen. A luaithe a bheidh ETIAS oibríochtúil, áireofar sna seirbhísí gréasáin freisin ardán ar líne inar féidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa iarratas a dhéanamh ar údarú taistil éigeantach ETIAS, údarú nach mór a fhorbairt roimh thaisteal.

De bharr comhpháirteanna comhroinnte, forbrófar na seirbhísí gréasáin comhpháirteacha sin faoi thionscadal EES, agus roinnfear an scóip ina dhá cuid: ceann amháin i gcomhair comhéadain ghréasáin (iompróirí/náisiúnaigh tríú tír) agus ceann eile i gcomhair ionduchtú iompróirí agus uirlisí tacaíochta. Roghnaigh eu-LISA an cur chuige sin chun cur chun feidhme éifeachtúil agus barainneacht scála a áirithiú.

Le linn 2022, lean eu-LISA de bheith ag cur chun feidhme na mbogearraí le haghaidh seirbhísí gréasáin EES/ETIAS, ach mar gheall ar dheacrachtaí soláthair, mar gheall ar mhoill a bhí ar chonraitheoirí agus mar gheall ar chastacht theicniúil an bhonneagair, cuireadh moill arís ar chur i bhfeidhm na timpeallachta tástála le haghaidh iompróirí, go dtí 2023. Ina theannta sin, léirigh tástálacha inghlacthachta monarchan⁴⁷ go raibh go leor lochtanna i gceist, lochtanna a bhí fós gan réiteach ag deireadh 2022.

Bhí an Ghníomhaireacht ag obair i ndlúthpháirt leis an gCoimisiún agus le Frontex chun seirbhísí gréasáin EES/ETIAS a sholáthar agus sheol sí an próiseas conarthach chun iad a fhorbairt. Tugadh chun críche an

⁴⁵ Rialachán (AE) 2021/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861 agus (AE) 2019/817 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, IO L 249, 14.7.2021, Ich. 15.

⁴⁶ Cur i láthair ó Mheitheal eu-LISA um Iompróirí 'EES/ETIAS Carrier Interface Overview' [Forbhreathnú ar Chomhéadan Iompróirí EES/ETIAS], Márta 2023.

⁴⁷ Léirítear le **tástáil inghlacthachta mhonarcha (FAT)** go ndearnadh na feidhmiúlachtaí gnó arna bhforbairt a thástáil sa mhonarcha sula ndearnadh iad a sholáthar agus fíoraítear leo cobhsaíocht fheidhmiúil leordhóthanach sula gcuirtear na bogearraí faoi thástáil réiteach an chórais (SST).

chaibidlíocht maidir leis an gconradh le haghaidh na seirbhísí gréasáin faoi mhí Lúnasa 2022.⁴⁸ Chuaigh an formheas déanach i bhfeidhm ar thabhairt i gcrích na riachtanas is bun leis na seirbhísí gréasáin agus na sonraíochtaí ina leith, rud a chuir moill ar thabhairt i gcrích an chonartha cur chun feidhme.

Tacaíocht do na Ballstáit

Chun cabhrú leis na Ballstáit EES agus ETIAS a chur i bhfeidhm, d'fhoilsigh an Coimisiún leagan athbhreithnithe den 'Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann' (Lámhleabhar Schengen),⁴⁹ ina raibh forléargas ó eu-LISA ar nuashonruithe teicniúla a bhí dírithe ar naisc idir córais, agus ar chomhéadan na n-iompróirí (lena n-áirítear cásanna éagsúla cuardaigh agus freagraí). Ina theannta sin, chomhoibrigh eu-LISA le Frontex ar dhá shraith doiciméad treoirilínte: 'Standard Operational Procedures' [Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha] agus 'FAQs in support of carriers' public section' [Ceisteanna Coitianta chun tacú le rannóg phoiblí na n-iompróirí].⁵⁰

Clárú iompróirí

Faoi dheireadh 2022, bhí **947 n-iompróir** (799 n-aeríompróir, 51 mhuiríompróir agus 97 n-iompróir ar tír) cláraithe le eu-LISA chun naisc idir córais a bhunú le haghaidh EES agus ETIAS. Ina theannta sin, bhí iarratas ar chlárú déanta ag 54 soláthraí bogearraí d'iompróirí freisin. Iompróirí de chuid an Aontais is ea thart ar 40 % díobh, agus is ó lasmuigh den Aontas a thagann 60 % díobh.

I ndeireadh na dála, bhí líon na n-iompróirí cláraithe, go háirithe i measc iompróirí ar tír, i bhfad níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar ullmhacht oibríochtúil EES a mhaolú, chuir eu-LISA dlús lena chuid iarrachtaí trí dhul i gcomhar le comhlachais iompróirí agus trí ghníomhaíochtaí múscaillte feasachta a eagrú chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin agus cur le líon na gclárúcháin. In éineacht leis an gCoimisiún, Frontex, comhlachais iompróirí agus a soláthraithe seirbhíse TF, coinníodh aird ar an ábhar sin ar chlár oibre na Meithle um Iompróirí le linn 2022.

Chun tacú leis an bpróiseas tástála d'iompróirí, d'oscail an Gníomhaireacht **ionsamhlóir néalbhunaithe** a bhí ar fáil go dtí mí na Nollag 2022. As sprioclóin 488 n-iompróir, níor iarr ach 380 iompróir rochtain ar an ionsamhlóir, agus níor éirigh ach le soláthraí seirbhíse amháin an t-ord iomlán tástála a chur i gcrích.



1.2.3. An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

Is é ETIAS an córas um údarú réamhthaistil ar líne le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, lena dtabharfar isteach údarú taistil **mar choinníoll nua chun dul isteach i limistéar Schengen** le haghaidh tréimhse ghearrfhanachta. Chomh maith le nósanna imeachta trasnaithe teorann do náisiúnaigh tríú tír a chuíchóiriú, rannchuideoidh ETIAS freisin le slándáil inmheánach an Aontais trí rioscaí slándála, imirce agus sláinte poiblí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint roimh ré. Éascófar an **measúnú riosca** sin le hidir-inoibritheacht na gcóras CGB amach anseo lena mbeifear in ann faisnéis chúlra a sheiceáil ar fud na gcóras uile arna mbainistiú ag eu-LISA, chomh maith le bunachair sonraí ábhartha de chuid Europol agus Interpol.

Seiceálfaidh aeríompróirí, muiríompróirí agus iompróirí ar tír údaruithe taistil ETIAS sula rachaidh lucht taistil ar bord agus seiceálfaidh na gardaí teorann iad freisin ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha. Is iad na gardaí teorann sin a bheidh freagrach as an gcinneadh deiridh a dhéanamh maidir le cead isteach a dheonú nó a dhiúltú. Ina theannta sin, beidh rochtain ag gníomhaireachtaí náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí

⁴⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1409 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2022 i dtaca leis na rialacha mionsonraithe maidir leis na coinníollacha a bhaineann le hoibriú na seirbhíse gréasáin, agus leis na rialacha cosanta sonraí agus na rialacha slándála is infheidhme maidir leis an tseirbhís gréasáin, mar aon le bearta le haghaidh fhorbairt agus chur chun feidhme teicniúil na seirbhíse gréasáin agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1224, IO L 216, 19.8.2022, lgh. 3-19.

⁴⁹ Lámhleabhar praiticiúil do Ghardaí Teorann (Lámhleabhar Schengen), an 28 Deireadh Fómhair 2022, C (2022) 7591 final.

⁵⁰ Frontex (2022) 'Frequently Asked Questions (FAQ) in support of carriers' public section', an 9 Nollaig 2022.

agus ag Europol ar bhunachar sonraí ETIAS freisin chun bagairtí sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Is éard atá in ETIAS:

- an lárchóras, ama fhorbairt agus ama bhainistiú ag eu-LISA;
- an láraonad, atá bunaithe laistigh de Frontex, chun an t-iarratas a phróiseáil ar eagla go mbeadh meaitseáil ann le ceann ar bith de na bunachair sonraí arna gcuardach, agus a spreagfaidh próiseáil láimhe an iarratais, más gá sin;
- aonaid náisiúnta i ngach Ballstát, a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais a sheoltar le haghaidh próiseáil láimhe agus cinneadh a dhéanamh ina leith.

Comhroinnfidh ETIAS roinnt comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí le EES, amhail an Comhédan Aonfhoirmeach Náisiúnta, bonneagar cumarsáide agus seirbhísí gréasáin (féach thuas faoi 1.1.2).

Cuireadh tús le forbairt ETIAS ag deireadh 2018. Mar gheall ar idirspéachas nach beag le EES, áfach, tá forbairt agus soláthar an chórais ag brath ar thabhairt i gcrích agus ar theacht i bhfeidhm EES, i.e., is féidir le ETIAS teacht i bhfeidhm 6 mhí tar éis EES.

Chun tacú le cros-seiceáil faisnéise ar fud na gcóras CGB ar fad, le **leasuithe iarmhartacha ETIAS** a glacadh i mí Iúil 2021,⁵¹ tugadh isteach an oibleagáid, nár foráladh di ar dtús sa chéad eisiúint de EES, nasc idir-inoibritheachta a bhunú idir EES agus an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP) ar theacht i bhfeidhm do ETIAS.⁵²

Cúlra rialála

Tá na riachtanais agus na sonraíochtaí is gá chun ETIAS a fhorbairt ar feitheamh go dtí go nglacfar **reachtaíocht thánaisteach** chun leasuithe iarmhartacha ar ETIAS a chur chun feidhme. Faoi mhí Eanáir 2023, bhí 21 ghníomh dlíthiúil glactha, agus bhí cúig ghníomh á nglacadh go foirmiúil (e.g. tá leaganacha leasaithe den liosta faire agus de na gníomhartha bainis tochta sonraí ag céimeanna deiridh an ghlactha). Tá an obair fós ar siúl ar ghníomhartha a bhaineann le tuairisciú costas (chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le táille ETIAS a choigeartú), agus ar bhileoga agus ar mhodhanna íocaíochta, go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán idirsheirbhíse inmheánach.

Tá dhá ghníomh cur chun feidhme a eascraíonn as na leasuithe iarmhartacha ar ETIAS ag céim dheireanach an ghlactha: (1) Cinneadh cur chun feidhme maidir leis na **sonraíochtaí teicniúla i ndáil le coinneáil sonraí** a leagan síos agus (2) Cinneadh tarmiligthe ón gCoimisiún maidir leis na **coinníollacha a shonrú i ndáil leis na sonraí** atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise AE eile ama gceadú a bheith i gcomhréir leis na sonraí atá i gcomhad iarratais. Beidh tionchar díreach ag an dá ghníomh sin ar chur chun feidhme ETIAS, chomh maith le córais eile CGB agus leis an gclár idir-inoibritheachta (lena n-áirítear comhtháthú le bunachar sonraí Europol).

Anailís agus Dearadh

Imríodh tionchar ar thabhairt i gcrích an dearaidh i gcomhair lárchóras ETIAS de bharr na spleáchas ar na comhpháirteanna a chomhroinntear le EES, chomh maith le sonraíochtaí idir-inoibritheachta. Mar thoradh air sin, cuireadh siar dúnadh chéim na hanailíse agus an deartha go dtí deireadh mhí Feabhra 2023.

Ag tús 2022, d'iarr roinnt úsáideoirí deiridh feidhmiúlachtaí nua agus d'ullmhaigh eu-LISA measúnuithe tionchair ina leith i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ag an am céanna, lean an Gníomhaireacht ar aghaidh le forbairt eilimintí a raibh a ndearadh aibí, cobhsaí.

I mí Aibreáin, ghlac an Coimisiún an chéad leagan de ghníomh cur chun feidhme liosta faire ETIAS, lena gcuirtear bailchríoch ar na sonraíochtaí teicniúla agus lena spreagtar eu-LISA chun an **Doiciméad um Rialú Comhédain ETIAS** a nuashonrú, lena n-áirítear an cur chuige i leith criptiú agus sonraíochtaí ESP, a comhroinneadh leis na Ballstáit an 2 Meitheamh. An 22 Nollaig, comhroinneadh eisiúint cheartaitheach leis na Ballstáit, inar léiríodh an cur chuige malartach maidir le fíordheimhniú liosta faire agus an tionchar is déanaí a

⁵¹ **Rialachán (AE) 2021/1152** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861 agus (AE) 2019/817 a mhéid a bhaineann leis **na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil**, IO L 249, 14.7.2021, lch. 15.

⁵² Ós rud é nach meastar a thuilleadh go dtiocfaidh EES i bhfeidhm mar a bhí beartaithe do mhí na Bealtaine 2023 mar gheall ar mhoilleanna a bhaineann le conraitheoirí, tá tús curtha ag eu-LISA leis an athbhreithniú ar amlíne na hailtíreachta idir-inoibritheachta, rud a rachaidh i bhfeidhm ar sceideal chur chun feidhme ETIAS freisin.

bhí ag samhail sonraí an stórais choitinn sonraí céannachta (CIR).

Cuireadh an cúigiú leagan, arb **é an leagan deiridh de bhogearra ETIAS** é, faoi bhráid na mBallstát i mí Aibreáin. D'eagraigh eu-LISA trí cheardlann freisin le haghaidh an Choimisiúin agus Frontex chun cur i láthair a dhéanamh ar shamhlacha den suíomh gréasáin poiblí a ghabhann leis an ardán um údarú taistil i gcás náisiúnaigh tríú tíre, agus den aip mhóibíleach.

I rith 2022, lean eu-LISA de **Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí ETIAS** a nuashonrú chun freagairt chuimsitheach a thabhairt ar na barúlacha a fuarthas ó MECS i mí Mheán Fómhair 2021.

Cur chun feidhme

Beartaíodh feidhmiúlachtaí ETIAS a chur i gcrích **trí chur chuige atriallach** (cosúil leis an gcur chuige a úsáideadh le haghaidh a eilimintí deartha) chun maolú a dhéanamh ar éifeacht na spleáchas le EES agus le comhpháirteanna idir-inoibritheachta ar an bhfeachtas tástála comhlíontachta.⁵³

Na gníomhaíochtaí **tástála réitigh córais** tosaigh a bhí beartaithe i gcomhair mhí na Nollag, cuireadh siar iad mar gheall ar an moill ar threalamh bonneagair ETIAS a chur i bhfeidhm le haghaidh na timpeallachta tástála agus toisc nach raibh an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta ar fáil do ETIAS, rud a chuir sceideal na tástála comhlíontachta do na Ballstáit i mbaol.

Faoi Rialachán ETIAS, cuireadh de chúram ar eu-LISA 'liosta bán' **d'uirlisí fuaim-físe oiriúnacha** a sholáthar chun agallaimh a dhéanamh le náisiúnaigh tríú tír atá ag cur isteach ar údarú taistil. Chuir an Ghníomhaireacht an staidéar margaidh i gcrích in 2021 agus d'eagraigh sí 15 sheisiún taispeána san iomlán do na Ballstáit i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Táthar ag súil go roinnfear an tuarascáil deiridh leis na Ballstáit in 2023.

Le linn na bliana, lean an Ghníomhaireacht ag cur **liosta faire ETIAS** chun feidhme. Ina theannta sin, bhí eu-LISA ag obair leis na Ballstáit ar ghnéithe a bhaineann le cineálacha cur chuige maidir le criptiú agus fíordheimhniú.

Bonneagar

I mí Feabhra 2022, d'ordaigh eu-LISA an **trealamh líonra le haghaidh na timpeallachta tástála**. Rinneadh é sin a chomhlánú i mí Iúil 2022 nuair a ordaíodh an chuid eile den **trealamh cruá-earraí le haghaidh na timpeallachta tástála**. Cuireadh moill ar sheachadadh trealamh ar conradh, áfach, mar gheall ar ghanntanas cruá-earraí, agus rinne an Ghníomhaireacht dianiarracht tús áite a thabhairt do shuiteáil agus cumraíocht an bhonneagair tástála chun an tionchar ar an sceideal tástála comhlíontachta a íoslaghdú. Cé gur seachadadh an trealamh líonra don timpeallacht tástála i mí na Bealtaine 2022 agus gur seachadadh an chuid is mó den trealamh cruá-earraí i mí Mheán Fómhair 2022, níor cuireadh tús leis an tsuiteáil mar gheall ar chaibidlíocht chonarthaigh fhada a bhí fós ar siúl ag deireadh 2022, rud a chuir moill ar phróiseas tástála an chórais.

I mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh, shínigh eu-LISA na creatchonarthaí i ndáil le gach feidhmchlár agus gach bonneagar (lena n-áirítear ETIAS) a chothabháil amach anseo mar chuid den chreat oibríochtaí trasnáil.

⁵³ Chomhroinn an Ghníomhaireacht an leagan nuashonraithe den doiciméad tuairisce ar an tástáil chomhlíontachta leis na Ballstáit i mí Eanáir 2023. Ag deireadh mhí an Mhárta, bhí an chéad leagan **d'ionsamhlóir lárchóras ETIAS** réidh chun tús a chur le tástáil na gcur chun feidhme náisiúnta, agus cuireadh an oiliúint do na Ballstáit ar fáil an 12 Bealtaine 2023.



1.2.4. An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – Cur Chun Feidhme Tagartha (ECRIS-RI)

Faoi dhlí an Aontais, ní mór do chúirteanna náisiúnta ciontuíthe roimhe seo a chur san áireamh agus pianbhreitheanna á bhforchur i gcásanna coiriúla. Is córas díláraithe é an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), atá i bhfeidhm ó 2012 i leith, chun faisnéis ar thaifid choiriúla a mhalartú idir Ballstáit an Aontais.

Le Cur Chun Feidhme Tagartha ECRIS (ECRIS RI), soláthraítear comhéadan comhtháthaithe lenar féidir nascadh le cláir náisiúnta taifead coiriúil na mBallstát. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as ECRIS RI a chothabháil ó mhí Aibreáin 2020 i leith. Sa chéad leath de 2022, rinne eu-LISA anailís slándála ar chód foinse ECRIS RI, inar léiríodh roinnt gnéithe a bhí leochaileach ó thaobh na slándála de. I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'eagraigh eu-LISA ceardlann inar cuireadh i láthair réitigh mhalartacha ar an bhfadhb sin, as ar eascair an cinneadh ón mBord Bainistíochta i mí na Samhna gur cheart comhéadan tosaigh nua a chur in ionad an chomhéadain a bhí in ECRIS RI. Ag an am céanna, moladh go láidir do na Ballstáit uasghrádú a dhéanamh chuig an leagan is déanaí de ECRIS RI chun aon rioscaí slándála iarmharacha a mhaolú.

In 2022, d'ullmhaigh eu-LISA chun cothabháil ECRIS RI a aistriú chuig an ggreat oibríochta trasnaí (TOF) a úsáideann an Ghníomhaireacht chun na córais uile CGB a oibriú. Táthar ag súil go ndéanfar an t-aistriú in 2023.



1.2.5. An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – Náisiúnaigh Tríú Tíortha (ECRIS-TCN)

Is córas láraithe amais/gan amas é ECRIS-TCN, lena bhforlíontar ECRIS (an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla) le faisnéis faoi thaifid choiriúla de chuid náisiúnaigh tríú tír arna gciontú san Aontas. Le chéile, cabhróidh an dá chóras sin le breithiúna, ionchúisitheoirí agus údaráis ábhartha eile teacht ar fhaisnéis chuimsitheach ar stair choiriúil náisiúnach tríú tír, beag beann ar an mBallstát inar ciontaíodh roimhe sin iad. Ar an mbealach sin, rannchuideoidh ECRIS-TCN freisin le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar phianbhreitheanna agus ar chinntí breithiúnacha a chur chun feidhme sa chomhlimistéar saoirse, ceartais agus slándála.

Is éard atá in ECRIS-TCN:

- an lárchóras ina stóráiltear an fhaisnéis chéannachta ar náisiúnaigh tríú tír ar ciontaíodh iad,
- lárphointí rochtana náisiúnta i ngach Ballstát,
- bogearraí comhéadain lena gcumasaítear údaráis inniúla a nascadh leis an lárchóras, agus
- bonneagar cumarsáide lena nasctar an lárchóras leis na lárphointí rochtana náisiúnta.

Mar chuid den ailtireacht idir-inoibritheachta CGB, nascfar ECRIS-TCN leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta, rud a chumasóidh cuardaigh ar fud na gcóras faisnéise CGB ar fad.

Cúlra rialála

An 16 Nollaig 2022, foilsíodh an cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún ina bhfuil forálacha maidir le sonraí alfa-uimhriúla agus sonraí bithmhéadracha.⁵⁴

Anailís agus dearadh

In 2022, dhírigh eu-LISA ar riachtanais an chórais a chur i gcrích agus ar **dhoiciméad rialaithe comhéadain ECRIS-TCN** (ICD) a nuashonrú, agus an t-ailíniú le comhphárteanna idir-inoibritheachta ama bhforbairt go comhthreomhar á chur san áireamh. Mar gheall ar spleáchais ar chomhphárteanna comhroinnte EES agus ar sonraíochtaí idir-inoibritheachta, níor cuireadh céim anailíse agus dheartha ECRIS-TCN i gcrích in 2022 agus b'éigean síneadh ama a chur léi.

Nuair a aimsíodh gnéithe in ECRIS RI a bhí leochaileach ó thaobh na slándála de, chuir an Ghníomhaireacht forléargas ar chúrsaí i láthair Ghrúpa Comhairleach ECRIS-TCN. Ceapadh plean teagmhais i gcomhar leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis an gconraitheoir chun aon tarchur a chosc agus chun teorainn a chur leis an tionchar ar forbairt ECRIS-TCN.

Cur chun feidhme

Leanadh de ECRIS-TCN a chur chun feidhme. I mí na Nollag, sheol an Ghníomhaireacht conradh sonrath nua chun ionsamhlóir comhtháite nua a forbairt.



1.2.6. e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne)

Leis an gcóras e-CODEX, soláthraítear an bonneagar digiteach le haghaidh cumarsáid agus malartú sonraí atá slán agus idir-inoibritheach idir údaráis bhreithiúnacha na hEorpa, agus is phríomhchumasóir teicneolaíochta é chun nuachóirí a dhéanamh ar an gcomhar in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann.⁵⁵ Is céim thábhachtach é rannpháirtíocht na Gníomhaireachta le e-CODEX i dtreo iarrachtaí ar fud na hEorpa maidir le **digitú an cheartais**.

Tá an t-ardán cumarsáide e-CODEX i bhfeidhm ó 2016 i leith, agus forbraíodh sa chéad áit é mar réiteach ar éagsúlacht mhór na n-uirlisí TF náisiúnta, a bhí scoilte agus neamh-chomhoiriúnach le chéile, agus chun tarchur leictreonach slán faisnéise in **imeachtaí breithiúnacha trasteorann** a áirithiú.

Go dtí seo, cuireadh e-CODEX i bhfeidhm sna réitigh TF a bhí in úsáid dá ndeoin féin ag údaráis bhreithiúnacha agus gairmeacha dlí eile ó thart ar 30 tír agus eagraíochtaí comhpháirtíochta in ábhair sibhialta agus in ábhair choiriúla, amhail orduithe íocaíochta Eorpacha⁵⁶ agus barántais ghabhála Eorpacha.⁵⁷

Glacadh rialachán e-CODEX an 30 Bealtaine 2022, lena leagtar síos go foirmiúil bunús dlí an chórais, lena ndéantar cur síos ar a chomhphárteanna, a fheidhmeanna agus an rialachas air, agus lena liostaítear

⁵⁴ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 ón gCoimisiún** an 14 Nollaig 2022 lena leagtar síos na bearta is gá chun an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithé náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) a forbairt agus a chur chun feidhme go teicniúil (ECRIS-TCN), IO L 322, 16.12.2022, Igh. 107-121.

⁵⁵ I gcomhair tuilleadh faisnéise, téigh go dtí suíomh gréasáin oifigiúil **e-CODEX**.

⁵⁶ Is nós imeachta simplithe é **an t-ordú íocaíochta Eorpach** le haghaidh éilimh airgeadaíochta trasteorann nach gcuireann an cosantóir ina gcoinne.

⁵⁷ Is nós imeachta breithiúnach simplithe trasteorann um thabhairt suas é an **barántas gabhála Eorpach (BGE)** chun críche ionchúisimh nó chun pianbhreith choimeáda nó ordú coinneála a fhorghníomhú.

freagrachtaí eu-LISA.⁵⁸ Tá an Gníomhaireacht chun **bainistíocht oibríochtúil e-CODEX a ghlacadh ar lámh** sa dara leath de 2023. Ina theannta sin, cuireadh de chúram ar eu-LISA a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le digitíú breise a dhéanamh ar nósanna imeachta breithiúnacha lena bhféadfaí úsáid a bhaint as an gcumarsáid agus an malartú sonraí trasteorann, ar bhealach slán, idir-inoibritheach, arna soláthar ag e-CODEX.

In 2022, rannchuidigh eu-LISA le hobair an Choimisiúin agus é ag ullmhú na gníomhartha cur chun feidhme lena gcmhdaítear sonraíochtaí íosta teicniúla an chórais, riachtanais leibhéil seirbhíse, agus na socruithe sonracha maidir leis an bpróiseas faoina nglacfar freagracht as an gcóras. I mí na Nollag, bhunaigh eu-LISA Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX chun treoir a thabhairt do lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus chun ullmhúcháin a dhéanamh i ndáil leis an nGrúpa Comhairleach tiomnaithe a bhunú chun saineolas teicniúil a sholáthar.⁵⁹ Mar ullmhúchán chun freagracht a ghlacadh as an gcóras in 2023, bhí eu-LISA ag obair i ndlúthpháirt leis an gcuibhreannas a bhí i mbun maoirseachta go dtí seo ar fhorbairt agus ar chothabháil an chórais.



1.2.7. Idir-inoibritheacht

Is ionann idir-inoibritheacht agus cumas na gcóras faisnéise sonraí agus faisnéis a mhalartú. Tá bainistíocht éifeachtúil ar shlándáil inmheánach agus teorainneacha na hEorpa ag brath ar idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise éagsúla CGB lena n-éascaítear comhar idir údaráis náisiúnta i réimsí an bhainistithe teorainneacha agus an bhainistithe imirce agus lena rannchuidítear leis an tslándáil inmheánach.

Chuíge sin, chuir an tAontas de chúram ar eu-LISA an ailtireacht idir-inoibritheachta uileghabhálach a fhorbairt don réimse CGB. Thosaigh an Gníomhaireacht ag forbairt an Chláir Idir-inoibritheachta i lár 2019, tar éis ghlacadh an Rialacháin Idir-inoibritheachta i mí na Bealtaine 2019.

Déanfar an ailtireacht nua sin, mar a léirítear í i bhFíor Fíor 22, a chumasú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta lena bhfeidhmeofar, le chéile, an idir-inoibritheacht do chórais faisnéise uile an Aontais sa réimse CGB: SIS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS agus ECRIS-TCN.

Tá ailtireacht idir-inoibritheachta CGB an Aontais comhdhéanta de na comhpháirteanna seo a leanas:


- **an tairseach cuardaigh Eorpach (ESP)**, trína gcuirtear ar chumas úsáideoirí údaraithe cuardaigh aonair a dhéanamh agus torthaí a fháil ó gach córas faisnéise CGB a bhfuil siad údaraithe iad a rochtain,
- **an stór coiteann sonraí céannachta (CIR)**, bunachar sonraí faisnéise beathaisnéisí i ndáil le náisiúnaigh tríú tír chun sainaitheint iontaoifa a áirithiú,
- **an brathadóir ilchéannachtaí (MID)**, lena ndéantar brath ilchéannachtaí a éascú lena áirithiú go sainaitheofar taistealaithe *bona fide* i gceart, chomh maith le calaois aitheantais a chomhrac,
- **an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS)**, lena n-éascaítear trasmheaitseáil sonraí céannachta le haitheantóirí bithmhéadracha ar fud na gcóras CGB go léir.

Ina theannta sin, tá **stór lárnach um thuairisciú agus staidreamh (CRRS)** á fhorbairt ag eu-LISA freisin chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar ar gach córas CGB chun críocha beartais, críocha oibríochtúla agus críocha cáilíochta sonraí.

⁵⁸ **Rialachán (AE) 2022/850** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (**an córas e-CODEX**), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lgh. 1-19).

⁵⁹ Tionóladh an chéad chruinniú de Ghrúpa Comhairleach e-CODEX an 17 Eanáir 2023, agus tháinig Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX le chéile den chéad uair an 18 Eanáir 2023.

Fíor 22. Ailtireacht idir-inoibritheachta CGB.



Forbairt na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS)

Faoi dheireadh mhí Eanáir 2022, áiríodh sBMS sa **tástáil réitigh comhchórais** ar EES agus VIS nuashonraithe. D'éirigh leis an gcéim thástála sin ós rud é nár braithheadh aon fhabht suntasach i gcás sBMS. Cuireadh tús le tástáil thiomnaithe réitigh córais ar sBMS i mí an Mheithimh agus cuireadh deireadh léi agus í críochnaithe go rathúil i mí na Nollag.

I mí Feabhra, chuir eu-LISA an **measúnú tionchair nuashonraithe ar chosaint sonraí** (DPIA) i leith sBMS faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) chun tuairim a fháil, agus aghaidh á tabhairt ar na moltaí a rinneadh i mí na Samhna 2021. Thug MECS tuairim dhearfach i mí Iúil 2022, le hiarraidh ar fhaisnéis bhreise maidir le próiseáil íomhánna den aghaidh.

In 2022, sheol an Ghníomhaireacht an próiseas soláthair le haghaidh chomhphárteanna bonneagair sBMS atá le húsáid ag EES agus VIS ar aon. Nuair a bhí na heilimintí crua-earraí suiteáilte, suiteáladh réitigh bogearraí ar na timpeallachtaí éagsúla. Cuireadh an obair sin i gcrích i leith na timpeallachta tástála, agus tá sí fós ar siúl le haghaidh na dtimpeallachtaí réamhtháirgthe agus táirgthe.

I mí Eanáir 2022, thosaigh eu-LISA ar **ECRIS-TCN a chomhtháthú le sBMS** trí riachtanais agus dearadh sBMS a nuashonrú. Soláthraíodh an eisiúint lánscóipe ag deireadh mhí Lúnasa. Tá an tástáil ar an scideal i gcomhair 2023, mar aon le leagan 1.1 de sBMS.

I mí na Bealtaine 2022, chuir an Ghníomhaireacht tús le cur chun feidhme na heisiúna de sBMS lena dtacaítear le SIS, agus é beartaithe í a sholáthar i mí Mheán Fómhair 2023.

Eisíodh leagan nuashonraithe **de threalamh bogearraí d'úsáideoirí** sBMS (USK) i mí an Mhárta, ina raibh feidhmiúlachtaí nua a d'eascair as riachtanais ECRIS-TCN agus SIS. Ina theannta sin, d'ullmhaigh eu-LISA an cur chuige chun cruinneas leanúnach fheidhmíocht an chórais a thomhas.

Forbairt comhphárteanna idir-inoibritheachta eile: ESP, CIR, MID, agus CRRS

Le linn 2022, rinne eu-LISA dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na **gcomhphárteanna idir-inoibritheachta** a bhí fágtha: an tairseach cuardaigh Eorpach (ESP), an stóras coiteann sonraí céannachta (CIR), an brathadóir ilchéannachtaí (MID), agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS).

Tá tús curtha le gníomhaíochtaí cothabhála le haghaidh dearadh ardleibhéil, stór riachtanas agus táirgí insoláthartha slándála agus táthar ag dul chun cinn leo, ag díriú ar ghnéithe criticiúla, amhail an doiciméad maidir le hailtíreacht bogearraí (SAD) agus na sonraíochtaí deartha mionsonraithe. Leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí forbartha an tráth céanna.

Soláthraíodh na leaganacha is nuai de na **doiciméid rialaithe comhéadain** idir-inoibritheachta (ICD) do na Ballstáit i mí na Samhna 2022. Bhí an próiseas cothabhála le haghaidh ICDanna seachtracha le timthriall eisiúna nua dhá mhí go leith in úsáid cheana féin, mar a comhaontaíodh leis na Ballstáit.

Ó thaobh bonneagair de, bhí céim chun cinn den soláthar chun gníomhaíochtaí tástála a sheoladh fós ar siúl ag deireadh 2022. Rinneadh suiteáil an bhonneagair a phleanáil freisin. Ina theannta sin, sheol an Ghníomhaireacht an próiseas chun an chéad chonradh a shíniú le haghaidh gníomhaíochtaí tástála idir-inoibritheachta.

1.2.8. Nuálaíocht, taighde agus forbairt

Déanann eu-LISA faireachán réamhghníomhach ar ghníomhaíochtaí taighde agus ar nuálaíocht theicneolaíoch i réimsí na gcóras TF ar mórcála. Ní mór don Gníomhaireacht coinneáil suas leis na forbairtí is déanaí agus teacht roimh na hathruithe a rannchuideoidh le seirbhísí TF ardcháilíochta a sholáthar, agus a bheith réidh an tráth céanna chun teicneolaíochtaí agus réitigh núíosacha a thástáil d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras faisnéise CGB arna mbainistiú ag eu-LISA.

Faireachán ar thaighde agus teicneolaíocht

I mí na Nollag 2022, d'fhoilsigh eu-LISA a thuarascáil bhliantúil maidir le faireachán ar thaighde agus teicneolaíocht dar teideal **'Enabling Seamless Travel to the European Union'** [Taisteal Saoráideach chuig an Aontas Eorpach a Chumasú].⁶⁰ Dírítear sa tuarascáil ar na forbairtí leanúnacha maidir le digitíú na nósanna imeachta bainistithe teorainneacha ar fud an chontanaim taistil. Go sonrach, tugadh forléargas sa tuarascáil ar na forbairtí beartais a rinneadh le déanaí maidir le nósanna imeachta bainistithe teorainneacha a dhigitíú, chomh maith le teicneolaíochtaí agus réitigh nua lena gcomasaítear taisteal idirnáisiúnta saoráideach.

Ina theannta sin, i mí Iúil 2022, d'fhoilsigh eu-LISA agus Eurojust tuarascáil chomhpháirteach maidir le réitigh intleachta saorga a úsáid chun tacú le comhar trasteorann sa cheartas coiriúil.⁶¹ Tugtar forléargas ardleibhéil sa tuarascáil ar an gcomhthéacs beartais agus an comhthéacs dlíthiúil chun leas a bhaint as an intleacht shaorga sa chomhar breithiúnach trasteorann. Déantar iniúchadh inti freisin ar na teicneolaíochtaí is infheidhme agus ar chásanna úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le leas a bhaint as intleacht shaorga sa réimse breithiúnach.

Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí

In 2022, lean eu-LISA de chomhordú a dhéanamh ar an tuairisciú ar chur chun feidhme an **Treochláir um Chaighdeánú chun Críocha Cáilíochta Sonraí**, a ghlac Meitheal na Comhairle um Malartú Faisnéise CGB (IXIM WP) i mí na Nollag 2020 agus a bhfuil gníomhaithe éagsúla ar fud na hEorpa bainteach leis (an Coimisiún Eorpach, roinnt gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, agus údaráis de chuid na mBallstát). Sheol an Chomhairle an tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i gcáilíocht sonraí agus sa rochtain ar fhaisnéis san Aontas trí chaighdeáin choiteanna a fhorbairt, a fhomhuiniú agus a chur chun feidhme i leith sonraí bithmhéadracha; sonraí alfa-uimhriúla; feistí agus réitigh chun sonraí a fháil agus a rochtain, chomh maith leis an gcibearshlándaíl. Chuir an Gníomhaireacht i láthair dhá thuarascáil ar dhul chun cinn, ama bhformhuiniú ag IXIM, i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2022.

Ghlac an Gníomhaireacht páirt ghníomhach in obair **Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach**, arna óstáil in Europol.⁶² Is líonra comhoibríoch de shaotharlanna nuálaíochta é an Mol, a bunaíodh in 2020, atá dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua, go háirithe, agus na tionscadail ábhartha, na bearnaí eolais agus na bearnaí cumais sa réimse CGB a mhapáil. Chun tacú le Rúnaíocht Mhol Nuálaíochta an Aontais, chuir eu-LISA ball foirne chuig Europol ó mhí na Bealtaine 2022 ar aghaidh agus lean sé de bheith rannpháirteach go gníomhach san obair a dhéanann Foireann an Mhoil agus Grúpa Stiúrtha an Mhoil. Faoi scáth an Mhoil, sheol an Gníomhaireacht **staidéar ar an intleacht shaorga in CRRS chun feabhas a chur ar anailís riosca agus an anailísíocht le haghaidh ETIAS agus VIS Athbheithnithe**. Ina theannta sin, thacaigh eu-LISA leis an Mol maidir le heagrú an imeachta bhliantúil dá chuid, 'Shaping responsible solutions for internal security' [Réitigh fhreagracha don tslándáil inmheánach a mhúnú], a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair 2022 sa Bhruiséil agus a bhí dírithe ar an ngá atá le réitigh éifeachtacha slándála a fhorbairt agus, an tráth céanna, ionchais na saoránach a chomhlíonadh ó thaobh príobháideachais, trédhearcachta agus cuntasachta de.⁶³

Ar bhonn rannpháirtíochta na Gníomhaireachta i **gClár Réime an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus um Nuálaíocht**, a comhaontaíodh in 2021, lean eu-LISA de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus don Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde chun an clár réime Fís Eorpach a chur chun feidhme trí

⁶⁰ eu-LISA (2022) 'Enabling Seamless Travel to the European Union' Tuarascáil de chuid eu-LISA um Faireachán ar Thaighde, mí na Nollag 2022.

⁶¹ eu-LISA agus Eurojust (2022) 'Artificial intelligence supporting cross-border cooperation in criminal justice' [Intleacht shaorga lena dtacaítear le comhar trasteorann sa cheartas coiriúil], Iúil 2022.

⁶² I gcomhair tuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin **Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach**.

⁶³ Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach 'Shaping responsible solutions for internal security', Meán Fómhair 2022.

ghníomhaíochtaí éagsúla. Go háirithe, ghlac eu-LISA páirt i sainiú na dtosaíochtaí le haghaidh na gclár oibre taighde agus nuálaíochta agus rannchuidigh sé le meastóireacht a dhéanamh ar thograí a cuireadh isteach mar fhreagairt ar ghlaonna a bhí ábhartha don Ghníomhaireacht ó thaobh na gné oibríochta de.

Ina theannta sin, thacaigh an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún Eorpach i ndáil le **roinnt staidéar**, amhail an staidéar 'EU Security Market Study' [Staidéar ar Mhargadh Slándála an Aontais Eorpaigh]⁶⁴ agus an staidéar ar ghlacadh taighde slándála.⁶⁵ Thacaigh an Ghníomhaireacht freisin le hArd-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME) chun meastóireacht a dhéanamh ar spleáchais teicneolaíochta chriticiúla sa tsláidail inmheánach agus leis an tionscnamh 'EU Security Data Space for Innovation' [Spás Sonraí Slándála an Aontais Eorpaigh don Nuálaíocht].

In 2022, ghlac an Ghníomhaireacht páirt freisin i dtreoirthionscadal le Ghníomhaireacht na Sualainne um Imirce chun anailís a dhéanamh **ar cháilíocht sonraí méarlorg oibríochtúla** i gcomhthéacs VIS. Ar cheann de thorthaí an tionscadail sin tá an chéad pháipéar eolaíoch a scríobh eu-LISA, a cuireadh faoi bhráid Cheardlann Idirnáisiúnta 2023 maidir leis an mBithmhéadracht agus leis an bhFóiréinsic (IWBF) agus ar glacadh leis.⁶⁶ Déantar anailís sa pháipéar ar ghabháil méarlorg, agus leagtar béim ar an difríocht ó thaobh cáilíochta de idir méara aonair, agus soláthraítear measúnú ar an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar fhorbairt scanóirí méarlorg agus ar a n-úsáid i gcórais TF ar mórsála.

An Intleacht Shaorga

I mí na Bealtaine 2022, chuir eu-LISA a rannpháirtíocht i gcrích **i dtionscadal cruthúnais coincheapa VisaChat**, a sheol AS HOME i mí Iúil 2021 chun na riachtanais theicniúla a shainiú don bhota comhrá a bheartaítear don tairseach víosaí digití a bheidh ag an Aontas amach anseo. Cuireadh oiliúint ar an mbota comhrá um víosaí, atá bunaithe ar an meaisínfhoghlaim, chun freagra a thabhairt ar cheisteanna ó iarratasóirí ar víosa ina dteanga dhúchais. A luaithe a bheidís oibríochtúil, laghdódh botaí comhrá ualach oibre na n-údarás víosaí a bhfuil sé de chúram orthu freagra a thabhairt ar iarrataí sna Ballstáit, agus d'áiritheofaí leo go gcuirfí Cód Víosaí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach. Rannchuidigh an Ghníomhaireacht leis an tionscadal sin trí riachtanais theicniúla agus inbhuanaitheacht an réitigh a shainiú, agus táthar ag súil go gcuirfead de chúram uirthi an feidhmchlár bota comhrá a fhorbairt le haghaidh thairseach víosaí digiteacha an Aontais.

Le linn na bliana, reáchtáil eu-LISA trí chruinniú den **Mheitheal um an Intleacht Shaorga (WGAI)**, agus plé agus malartú eolais idir údarais na mBallstát agus institiúidí an Aontais á n-éascú aige. I measc na gcruinnithe bhí cuir i láthair maidir le réitigh intleachta saorga agus tionscadail agus pleananna leanúnacha le haghaidh gníomhaíochtaí nua, chomh maith le pléití maidir le tuilleadh forbartha agus cur chun feidhme cásanna úsáide ábhartha i ndáil le hintleacht shaorga.

Ina theannta sin, thug an Ghníomhaireacht a **Treochlár inmheánach don Intleacht Shaorga** chun críche chun tacú le comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus cur chun feidhme réitigh bunaithe ar AI laistigh de eu-LISA.

Cruinnithe Comhchéime Tionscail

In 2022, d'óstáil eu-LISA **dhá imeacht comhchéime tionscail**, ag ar tionóladh saineolaithe ó institiúidí an Aontais, ó údarais na mBallstát agus ón tionscal chun tuairimí a mhalartú ar réimsí fócais roghnaithe, agus inar tugadh léiriúcháin maidir le teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí núíosacha, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar riachtanais agus bearnaí cumais na mBallstát.

Ag an gcéad imeacht comhchéime, a tionóladh i mí an Mheithimh, díriodh **ar theicneolaíochtaí bithmhéadracha maidir le bainistíocht agus fíorú céannachta**, i gcomhthéacs an bhainistithe comhtháite teorainneacha.⁶⁷ Roinn na rannpháirtithe eispéiris, dea-chleachtais agus teicneolaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumais san fhíorú céannachta ag pointí trasnaithe teorann seachtracha, chomh maith le réitigh nuálacha maidir le bainistíocht céannachta. Eagraíodh an t-imeacht i gcomhar le hUachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, i bhformáid hibrideach in Strasbourg na Fraince. Ghlac níos mó

⁶⁴ An Coimisiún Eorpach (2022) 'EU security market study', an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME), 2022.

⁶⁵ An Coimisiún Eorpach (2022) 'Innovation uptake of EU-funded security research outcomes' [Glacadh nuálaíochta torthaí taighde slándála arna gcistiú ag an Aontas], AS HOME, 2022.

⁶⁶ An 11ú Ceardlann Idirnáisiúnta maidir leis an mBithmhéadracht agus leis an bhFóiréinsic (IWBF 2023), 19/20 Aibreán 2023 in Barcelona na Spáinne.

⁶⁷ Cruinniú Comhchéime Tionscail de chuid eu-LISA dar teideal 'Biometric Technologies in Identity Management and Verification' [Teicneolaíochtaí Bithmhéadracha i mbainistíocht agus Fíorú Céannachta], Meitheamh 2022, Strasbourg na Fraince.

ná 100 rannpháirtí páirt san imeacht agus iad i láthair go pearsanta, agus lean breis agus 170 duine ar líne é, agus iad ag déanamh ionadaíocht do 34 thír san iomlán ar fud an domhain.

Ag an dara cruinniú comhchéime tionscail, a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair, díriodh ar réitigh ar na dúshlán atá roimh iompróirí in oirchill theacht i bhfeidhm EES agus ETIAS, lena gceanglaítear ar gach iompróir na córais nua CGB sin a chuardach chun fíorú a dhéanamh ar bhailíocht údaruithe taistil de chuid náisiúnaigh tríú tír atá ag iarraidh dul isteach i limistéar Schengen. Ag an imeacht, dar teideal '**EES, ETIAS and Carriers Getting Ready for the Entry into Operation**' [EES, ETIAS agus Iompróirí ag Fáil faoi Réir le dul i mbun Oibríochta], tionóladh geallsealbhóirí chun taithí phraiticiúil a phlé agus a chomhroinnt, chomh maith le dea-chleachtais chun feabhas a chur ar phróiseáil taistealaithe agus an tslándáil fhoriomlán á feabhsú an tráth céanna. Eagraíodh an cruinniú comhchéime i bhformáid hibrideach i dTaillinn na hEastóine, agus d'fhreastail breis agus 300 rannpháirtí air ar líne agus 115 rannpháirtí go pearsanta, lena ndearnadh ionadaíocht san iomlán do bhreis agus 50 tír ar fud an domhain.⁶⁸

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach na tuarascálacha ó na Cruinnithe Comhchéime Tionscail do mhí an Mheithimh
<https://bit.ly/405n57a> agus do mhí Dheireadh Fómhair
<https://bit.ly/3lpEGLb>

1.3. Bonneagar agus líonraí

Chun tacú go héifeachtach le bainistíocht oibríochtúil na gcóras faisnéise CGB ar mhórsála a cuireadh de chúram uirthi i rith na bliana, sholáthair an Ghníomhaireacht bonneagar slán, iontaofa chun na córais uile a óstáil, rinne sí aistriú slán, iontaofa sonraí eatarthu a áirithiú agus sholáthair sí an tacaíocht dhíreach agus na seirbhísí teicniúla ba ghá chun na córais TF uile arna mbainistiú ag eu-LISA a rith.

1.3.1. Líonraí

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as bainistíocht an bhonneagair cumarsáide lena soláthraítear aistriú slán, iontaofa sonraí idir na lárchórais a oibríonn an Ghníomhaireacht agus úsáideoirí na gcóras sin, na Ballstáit agus Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais. Ina theannta sin, soláthraíonn an bonneagar cumarsáide nasc ó phointe go pointe idir an láraonad (CU) ag láithreán oibríochtúil eu-LISA i Strasbourg agus an láraonad cúltaca (BCU) in Sankt Johann im Pongau, san Ostair.

Úsáideann an bonneagar cumarsáide an líonra TESTA-ng (Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin – glúin nua) a sholáthraíonn líonra cnámh droma atá ar leithligh ón idirlíon poiblí, agus a mbaineann roinnt riaracháin phoiblí Eorpacha leas as freisin. Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann maoirseacht ar chonradh TESTA-ng, agus is soláthraí seirbhíse príobháideach a oibríonn an líonra.

Úsáideann an Ghníomhaireacht trí fhearann ar TESTA-ng chun na córais mhórsála a oibriú (úsáidfear na comhpháirteanna idir-inoibritheachta ar gach ceann de na trí fhearann):

- Fearann SIS do SIS II agus do SIRENE Mail,⁶⁹
- Fearann VIS do VIS (lena n-áirítear VISMail⁷⁰), EES, agus ETIAS,
- EuroDomain le haghaidh Eurodac, DublinET agus ECRIS-TCN.

Tá na trí fhearann scartha go fisiciúil óna chéile ag áitreabh na n-úsáideoirí. Nascann na húsáideoirí deiridh leis na fearainn ag baint úsáid as pointí rochtana eochróra (TAPanna) ar leithligh, dhá cheann de ghnáth, atá lonnaithe i sacráidí atá i bhfad i gcéin ionas go mbeifear in ann oibríochtaí a atosú go tapa i gcás tubaiste nó cothabhála. Chun infhaighteacht agus iontaofacht an líonra a áirithiú tuilleadh, tá gnéithe iomarcaíochta breise

⁶⁸ Cruinniú Comhchéime Tionscail de chuid eu-LISA dar teideal '**EES, ETIAS and Carriers Getting Ready for the Entry into Operation**', Deireadh Fómhair 2022, Taillinn na hEastóine.

⁶⁹ Is sásra cumarsáide é **SIRENE Mail** a úsáideann Biúróanna náisiúnta SIRENE le haghaidh faisnéis fhorlíontach a bhaineann le foláirimh SIS.

⁷⁰ Is sásra malartaithe faisnéise é **VISMail** a úsáideann údaráis náisiúnta víosaí chun dul i gcomhairle le chéile maidir le hiarratais ar víosa Schengen.

san áireamh sna TAPanna féin. Chomh maith le criptiú na sonraí arna mbainistiú ag soláthraí seirbhíse TESTA-ng, bainistíonn eu-LISA an dara sraith criptithe d'Fhearann SIS.

Bainistíocht oibríochtúil an bhonneagair cumarsáide

In 2022, feidhmíodh an creatchonradh lena gcumhdaítear bonneagair chumarsáide SIS agus VIS (agus úsáid á baint as seirbhísí TESTA-ng) i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla le haghaidh na gcóras faoi seach, agus ba mhó a meán-infhaighteacht ná an sprioc 99.99 %. Infhaighteacht 99.9984 % a bhí ann i leith SIS, agus 99.9984 % i leith VIS. Ina theannta sin, leis an dara sraith chriptiúcháin de chuid SIS II, áirithíodh slándáil shonraí gnó SIS II agus SIRENE Mail ar leibhéal infhaighteachta 100 %.

Forbairt an bhonneagair cumarsáide

Thosaigh an Ghníomhaireacht ag nascadh EES le bonneagar cumarsáide VIS chun tosú ag déanamh tástálacha leis na Ballstáit. Cuireadh tús leis na hullmhúcháin le haghaidh na forbartha ar chreachonradh TESTA-ng in 2018, faoi cheannaireacht an Choimisiúin. Cuireadh moill ar an bpróiseas, a rabhthas ag súil leis ar dtús go gcríochnófaí in 2020 é. Chuir an Coimisiún in iúl don Ghníomhaireacht go bhfuil síniú an chreachonartha curtha ar fionraí faoi láthair ar bhonn Ordú Cúirte ó Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, dar dáta an 22 Iúil 2022.⁷¹

Lean an Ghníomhaireacht freisin de thacaíocht a sholáthar do na Ballstáit trí chomhordú agus bainistíocht a dhéanamh ar aistriú TAPanna atá ann cheana chuig láithreacha nua ionad sonraí, trí TAPanna nua a shuiteáil agus trí sheanchinn a dhíchoimisiúnú. Ina theannta sin, d'áirithigh sí bainistíocht seirbhísí líonra agus athruithe ar naisc isteach arbh éigean a dhéanamh ar chomhphárteanna líonra chun bonneagar TESTA-ng a chothabháil agus a fhorbairt agus chun leanúnachas oibríochtaí an chórais a ráthú.

1.3.2. Ionaid sonraí

Is iad ionaid sonraí na Gníomhaireachta, an Láraonad (CU) in Strasbourg, agus an Láraonad Cúltaca (BCU) in Sankt Johann im Pongau, an bonneagar lena ndéantar óstáil fhisiciúil ar gach córas TF ar mórscála atá faoi chúram eu-LISA, agus is iontu freisin a óstáiltear córais oibríochtúla agus neamhoibríochtúla eile a theastaíonn le haghaidh forbartha agus tástála. Fágann sé sin gurb iad bunshócmhainní eu-LISA iad agus go bhfuil siad ríthábhachtach chun a shainordú a chur i gcrích.

In 2022, rinne eu-LISA gach beart ba ghá lena áirithiú go raibh an dá aonad ag feidhmiú go leanúnach, rud a chuir le feidhmíocht ardleibhéal an chórais, go háirithe infhaighteacht an chórais. Bhí feidhmiú na n-ionad sonraí an-chasta fós sa chéad leath den bhliain, áfach, mar gheall ar shrianta rochtana agus taistil de bharr COVID-19 a d'fhág go raibh srian nach beag ar an bhfáil a bhí ar bhaill foirne agus conraitheoirí ag na saoráidí sin.

Chun tacú le hoibríochtaí agus le tionscadail, lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh le forbairt agus cur chun feidhme an chur chuige '**ionad sonraí mar sheirbhís**' (DCaaS) chun lárú a dhéanamh ar bhainistíocht oibríochtúil an bhonneagair bhunúsaigh TF a úsáideann córais CGB, ar an bhfaireachán air agus ar an bpleanáil acmhainneachta ina leith. Chuige sin, thug eu-LISA isteach uirlis thiomnaithe i ndáil le bainistíocht bonneagair ionaid sonraí (DCIM) lena n-áirítear roinnt modúl, amhail optamú bonneagair agus bainistíocht fuinnimh chun cur lena éifeachtúlacht oibríochtúil.

Ina theannta sin, lean eu-LISA dá ionaid sonraí a bharrfheabhsú agus a atheagrú chun freastal ar riachtanais acmhainneachta amach anseo trí cháblú struchtúrtha a chur chun feidhme agus trí leagan amach na racaí a athrú chun an próiseas fuaraithe a bharrfheabhsú. Maidir leis an ionad sonraí in Strasbourg, rinneadh meastóireacht ar na suiteálacha cumhachta go léir chun iad a bharrfheabhsú agus chun níos mó spáis a chur ar fáil.

Rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn freisin maidir leis na hullmhúcháin don **ionad sonraí modúlach a bheidh aici amach anseo** in Strasbourg, a bhfuil sé ina aidhm leis acmhainneacht mhaolánaithe bhreise a sholáthar, rud is gá chun nuashonruithe a dhéanamh amach anseo ar leagan amach an phríomhionaid sonraí.

⁷¹ Cúirt Bheithiúnais an Aontais Eorpaigh, **Ordú ó Leas-Uachtarán na Cúirte an 14 Márta 2023** i gcás C-141/23P(R)-R.

Leis an ionad sonraí modúlach, bainfear amach méadú 50 % ar acmhainneacht chun córais nua CGB a óstáil. Ag an láraonad cúltaca san Ostair, lean eu-LISA ar aghaidh leis na hullmhúcháin lena áirithiú go gcomhlíonadh na timpeallachtaí réamhtháirgthe agus táirgthe na caighdeáin i leith ardán comhroinnte (CSP). Chuige sin, rinneadh an acmhainn fuaraithe atá ar fáil a uasmhéadú tríd an gcóras hidrálach agus na caidéal a choigeartú, agus cuireadh chun feidhme bearta uasghrádaithe eile ar an líonrú an tráth céanna.

Ina theannta sin, lean eu-LISA de sheirbhísí óstála a sholáthar do chórais chúltaca Frontex agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA).

1.3.3. Ardán comhroinnte

Is é an t-ardán comhroinnte an t-ardán bonneagair inscálaithe, solúbtha, caighdeánaithe chun na seirbhísí teicniúla foluiteacha is gá a sholáthar chun na córais TF uile atá á mbainistiú ag eu-LISA a rith. Trí theicneolaíochtaí úrscothacha a chur i bhfeidhm, cuirtear creat atá tíosach ar acmhainní ar fáil leis an ardán comhroinnte, lena ndéantar cuíchóiriú ar chúraimí forbartha agus oibríochta (píblíne feidhmiúcháin atá dírithe ar DevOps) agus lena gcuirtear ardleibhéal uathobrithe ar fáil do bhainistíocht bonneagair (Bonneagar mar Chód). Ní úsáideann na córais CGB atá ann cheana ach cuid de sheirbhísí an ardáin chomhroinnte (e.g., úsáideann VIS seirbhísí stórála agus seirbhísí bunachair sonraí), ach déantar córais níos lú (e.g., SIRENE Mail agus VISMail) a óstáil ina n-íomláine ar an ardán comhroinnte. Nuair a bheidh siad oibríochtúil, déanfar gach córas nua atá á fhorbairt faoi láthair a óstáil go hiomlán ar an ardán comhroinnte chomh maith.

In 2022, rinne eu-LISA na hoibríochtaí uile is gá chun cothabháil a dhéanamh ar an ardán comhroinnte lena bhfreastalaítear ar gach lárchóras gnó. Mar thoradh air sin, bhí fáil iomlán ar an ardán comhroinnte, agus réitíodh gach fadhb i gcomhréir leis na spriocanna a shonraítear sna comhaontaithe seirbhíse. Ina theannta sin, thug an Ghníomhaireacht isteach próiseas chun cothabháil oiriúnaitheach a dhéanamh in eisiúintí timthriallacha, lena n-áiríthítear go gcoinnítear gach córas cothrom le dáta, agus go ndéantar a thuar agus a phleanáil go cruinn cé na nithe is gá a athsholáthar. Chun a sheirbhísí stórála a uasghrádú, rinne eu-LISA suirbhé margaidh agus thosaigh sé ar réiteach córais stórála ardfheidhmíochta a chur chun feidhme.

Baineadh amach garspíoc thábhachtach in 2022 nuair a aistríodh an creatchónradh lena rialaítear seirbhísí bonneagair. Cuireadh conradh nua, faoin gconradh '**Creat oibríochtaí trasnaí (TOF)**', in ionad an chonartha a bhí ann roimhe sin, dar teideal 'Bonneagar Comhroinnte (CSI)'.⁷² Tháinig an conradh nua i bhfeidhm an 16 Nollaig 2022, agus leis sin cumasaíodh rochtain ar sheirbhísí feabhsaithe chun córais CGB an Aontais a oibriú.

1.4. Slándáil agus leanúnachas gnó

Cuireann an Ghníomhaireacht próiseas bainistíochta slándála faisnéise chun feidhme go leanúnach lena áirithiú go n-úsáideann gach córas faisnéise, lena n-áirítear córais chorparáideacha atá dírithe ar an idirlíon, cur chuige atá bunaithe ar mheasúnú riosca **4**, faoina gcuireann an Ghníomhaireacht chun feidhme sraitheanna beart slándála ionas go mbeidh an córas athléimneach i leith teagmhas agus cibearionsaithe. Len a áirithiú go ndéanfar cibearbhagairtí a shainaithint agus freagairt dóibh go tráthúil, cuireann eu-LISA i bhfeidhm uirlisí faireacháin, nósanna imeachta maidir le teagmhais slándála, agus socruithe maidir le dualgas cúltaca 24/7. Oibríonn an Ghníomhaireacht Córas Bainistíochta Faisnéise agus Imeachtaí Slándála (SIEM) i gcomhar le CERT-EU (An Fhoireann Freagartha i gcás Éigeandáil Ríomhaireachta d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais) chun cibearbhagairtí dá córais TF chorparáideacha a shainaithint agus freagairt dóibh.

I réimse na **cibearshlándála** go háirithe, díriodh go príomha ar **sheasamh ullmhachta cosanta** na Gníomhaireachta a threisiú i bhfianaise borradh a bheith faoi ghníomhaíochtaí cibearchogaíochta de chuid gníomhaithe áirithe náisiúntát. Go háirithe, le tacaíocht ó CERT-EU, tá feabhas á chur ag an nGníomhaireacht ar a seasamh cibearshlándála, tá a cibearchosaintí á neartú aici, agus tá dlús á chur aici lena cumas cibearoibríochtaí a bhrath agus freagairt dóibh go tapa.

Mar chuid den **bhainistíocht oibríochtúil ar chórais mhórsála TF**, déanann an Ghníomhaireacht faireachán agus bainistíocht leanúnach ar rioscaí slándála, agus bíonn sí ag tástáil agus ag feabhsú rialuithe slándála chun seasamh slándála éifeachtach a áirithiú. Ba dhíol suntais é gur áirithigh sí go ndéanfaí

⁷² Cumhdaíonn an conradh TOF cothabháil díoltóirí agus cothabháil cheartaitheach agus oiriúnaitheach, chomh maith le faireachán teicniúil ar bhonneagar.

faireachán leanúnach ar thimpeallacht na bagartha slándála tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, go háirithe i gcomhthéacs bagairtí hibrídeacha. Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tugadh aird ar leith ar an staid gheopholaitiúil úr freisin mar gheall ar dháileadh geografach na Gníomhaireachta i gceithre Bhallstát de chuid an Aontais (an Eastóin, an Fhrainc, an Ostair agus an Bheilg), áiteanna a bhfuil difear nach beag eatarthu ó thaobh leibhéal na mbagairtí (bagairtí fisiciúla agus cibearbhagairtí den chuid is mó).

Tá slándáil na gcóras nua ina gné mhór dá bhforbairt. Chun **córais nua CGB** a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach, dhírigh eu-LISA a chuid iarrachtaí slándála ar riachtanais slándála a éileamh lena dtreorófar forbairt na **hailtireachta slándála uileghabhálaí**. Sa chomhthéacs sin, tar éis an phróisis measúnaithe riosca, chuir eu-LISA bailchríoch ar ailtireacht slándála Chríos Idirlín EES. Bhí an Gníomhaireacht ag obair freisin ar **shamhail thagartha d'Ailtireacht Slándála Fiontair** do na córais TF CGB. Ina theannta sin, bhí eu-LISA i mbun gníomhaíochtaí tástála slándála (a bhaineann le EES, VIS agus sBMS) agus san am céanna rinneadh an acmhainneacht tástála slándála uile is gá a chomhtháthú, ó thaobh uirlisí agus cumais de, i bpíblíne DevSecOps (forbairt, slándáil agus oibríochtaí) eu-LISA.

In 2022, rinne an Gníomhaireacht dul chun cinn maidir le cur chun feidhme moltaí a bhaineann le slándáil a d'eascair as roinnt iniúchtaí agus measúnuithe (e.g., an t-iniúchadh a rinne na Seirbhísí um Iniúchóireacht Inmheánach ar Shlándáil TF in 2020, cigireacht MECS ar Eurodac) chomh maith le cur chun feidhme moltaí a d'eascair as na cleachtaí slándála agus leanúnachais gnó a rinneadh roimhe seo i gcomhar le Ballstáit an Aontais. Le linn na chéad ráithe de 2022, rinne an Gníomhaireacht **measúnú ar an tslándáil inmheánach**, inar díriodh ar ghnéithe teicniúla agus eagraíochtúla agus, an tráth céanna, sheol sí iniúchtaí slándála ar shé sholáthraí seirbhísí teicniúla chun dearbhú breise a thabhairt go gcomhlíonann siad ceanglais slándála chonartha.

Chun feabhas a chur ar a Chóras Bainistíochta Slándála Faisnéise, **ghlac eu-LISA roinnt caighdeán agus treoirlínte maidir le slándáil faisnéise**. I gcomhthéacs na bainistíochta ar rioscaí slándála, chuir an Gníomhaireacht i gcrích na measúnuithe riosca, na pleananna slándála agus na **pleananna leanúnachais gnó** le haghaidh córais sBMS, EES agus Eurodac. Chomh maith le saineolaithe inmheánacha, rinne saineolaithe slándála ó na Ballstáit, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Frontex athbhreithniú ar na pleananna sin faoi chuimsiú Líonra na nOifigeach Slándála (SON). Thug na Grúpaí Comhairleacha tuairim dhearfach ar na pleananna, agus ghlac an Bord Bainistíochta na doiciméid i mí na Samhna 2022.

Maidir le comhordú slándála agus for-rochtain, d'fhág an comhar le gníomhaireachtaí agus institiúidí de chuid an Aontais gur éascaíodh malartú eolais agus dea-chleachtas maidir le hábhair a bhaineann le leanúnachas gnó, go háirithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Bhí eolas, measúnuithe riosca agus dea-chleachtas á gcomhroinnt go leanúnach ag líonra na nOifigeach Leanúnachais Gnó maidir le sábháilteacht na foirne a bhainistiú, agus maidir le hathléimneacht na n-eagraíochtaí éagsúla chun tacú lena sainordú. Glacann an Gníomhaireacht páirt freisin i dtionscnaimh an Ghrúpa Idirinstitiúidigh um Oiliúint agus Feasacht Slándála chun an Gníomhaireacht a choinneáil ar an eolas maidir leis na cúrsaí slándála is déanaí. Thairis sin, chun dea-chleachtas a mhalartú go leanúnach i ngach réimse slándála agus leanúnachais gnó, bíonn an Gníomhaireacht ag comhoibriú go gníomhach le SON. D'eagraigh eu-LISA an 15ú agus an 16ú cruinniú de chuid SON in 2022 chun plé a dhéanamh ar thimpeallacht fhoriomlán bhagartha an Aontais agus ar na dúshlán chibearshlándála is déanaí. Ina theannta sin, i gcomhréir le Rialacha Slándála eu-LISA maidir le Córais Chumarsáide agus Faisnéise a Chosaint (CIS), tháinig Meitheal um Shlándáil TF na Gníomhaireachta le chéile gach 2 mhí chun faisnéis atá cothrom le dáta maidir le hábhair a bhaineann leis an tslándáil a phlé agus a mhalartú.

Mar ullmhúchán chun cinneadh an Choimisiúin maidir le nósanna imeachta comhair i gcás teagmhais slándála⁷³ a chur chun feidhme agus chun a cumais bainistíochta i leith teagmhais slándála a threisiú, bhunaigh an Gníomhaireacht **Foireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT)**. Bhí eu-LISA i gcomhairle go gníomhach freisin leis an nGrúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht agus leis an nGrúpa Comhair maidir le bunú a phróiseas comhair i ndáil le teagmhais slándála. Ina theannta sin, tá eu-LISA ag cur go gníomhach le dhá thogra reachtacha nua a fhorbairt: ceann amháin le haghaidh Rialachán de chuid an Aontais maidir le slándáil faisnéise in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais, agus ceann eile le haghaidh Rialachán maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in

⁷³ Cinntí cur chun feidhme [C(2021)6663 agus C(2021)6664 an 16 Meán Fómhair 2021] ón gCoimisiúnlena leagtar síos sonraíochtaí an **nós imeachta comhair a mhéid a bhaineann le teagmhais slándála** a bhfuil tionchar acu, nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu, ar oibriú na gcomhpháirteanna **idir-inoibritheachta** nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí, de bhun Airteagal 43(5) de Rialachán (AE) 2019/817, agus Airteagal 43(5) de Rialachán (AE) 2019/818.

institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

I gcomhthéacs na **slándála cosanta agus fisiciúla**, chuir an Gníomhaireacht roinnt feabhsuithe i gcrích chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar shábháilteacht sna háitribh uile de chuid na Gníomhaireachta agus i leith na mball foirne a oibríonn na córais ar bhonn 24/7. Chuir an Gníomhaireacht oiliúint speisialaithe ar fáil don fhoireann freisin, chun cur leis an ullmhacht i dtaobh freagairt do chásanna práinneacha. Ina theannta sin, d'ullmhaigh an Gníomhaireacht na riachtanais slándála don dara síneadh ar an láithreán oibríochtúil, do na hionaid sonraí modúlacha, agus don áitreabh sealadach in Strasbourg agus don Oifig Idirchaidrimh sa Bhruiséil.

1.5. Caidreamh le geallsealbhóirí

Chun infheictheacht agus íomhá eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa ina réimsí saineolais féin a chothú agus a threisiú, bíonn an Gníomhaireacht ag obair go leanúnach ar mhalartú éifeachtúil faisnéise agus caidreamh oibre le geallsealbhóirí eu-LISA a fheabhsú agus a fhorbairt, go háirithe leis na príomhinstitiúidí uile i réimse CGB an Aontais, chomh maith le geallsealbhóirí eile atá lonnaithe sa Bhruiséil. Ina theannta sin, fágann an comhar sin gur féidir le eu-LISA faisnéis agus saineolas beartais a sholáthar maidir le tionscnaimh reachtacha i réimse CGB an Aontais agus faisnéis a bhailiú chun seasaimh eu-LISA a ullmhú agus a chur chun cinn.

1.5.1. Comhpháirtíochtaí leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais

Le linn 2022, lean eu-LISA dá chomhpháirtíochtaí láidre a chothú leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, agus ghlac sé páirt ghníomhach sa phlé teicniúil agus straitéiseach sna coistí agus na meithleacha ábhartha de chuid Chomhairle an Aontais agus faoi chuimsiú chruinnithe na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile.

In 2022, rannchuidigh an Gníomhaireacht leis an bplé teicniúil agus straitéiseach laistigh de chomhlachtaí ábhartha Chomhairle an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI), an Mheitheal um Malartú Faisnéise CGB (IXIM), an Mheitheal um Theorainneacha, an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN), agus an Mheitheal um Víosaí.

In 2022 freisin, lean eu-LISA de shúil ghéar a choinneáil ar ghníomhaíochtaí Coistí éagsúla de chuid Pharlaimint na hEorpa, go háirithe an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), an Coiste um Buiséid (BUDG), an Coiste um Rialú Buiséadach (CONT), an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint Tomhaltóirí (IMCO), an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI), agus an Coiste Speisialta um an Intleacht Shaorga i Ré Dhigiteach (AIDA) go dtí gur thug sé a shainordú chun críche i mí na Bealtaine 2022.

Tugadh ceithre chuairt ardleibhéil ar an nGníomhaireacht:

- an 14 Feabhra, thug Didier Reynders, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, cuairt ar láithreán oibríochtúil eu-LISA in Strasbourg;
- an 21 Márta, thug Ylva Johansson, an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile, cuairt ar cheanncheathrú eu-LISA i dTaillinn;
- an 24 Bealtaine, chuir eu-LISA fáilte roimh Choiste Parlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) chuig ceanncheathrú na Gníomhaireachta i dTaillinn,
- an 3 Deireadh Fómhair, thug toscaireacht ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) de chuid Parlaimint na hEorpa cuairt ar láithreán oibríochtúil eu-LISA in Strasbourg.

Ina theannta sin, bhí cruinniú déthaobhach ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta le hAmbasadóir Uachtaránacht nua na Seice ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun plé a dhéanamh faoina tosaíochtaí agus faoin tacaíocht ón nGníomhaireacht chun iad a bhaint amach.

Lean an Gníomhaireacht de chruinnithe bliantúla a thionól freisin chun tosaíochtaí bliantúla eu-LISA a chur i láthair a gheallsealbhóirí agus chun tuairimí a mhalartú maidir le gníomhaíochtaí atá ar bun faoi láthair agus gníomhaíochtaí a bheidh ar bun amach anseo. I mí Aibreáin, reáchtáil eu-LISA a sheisiún eolais bliantúil do Chomhairleoirí CGB, do cheannairí misean taidhleoireachta chun na hEastóine, agus d'oifigigh shinsearach

de chuid na hEastóine.

Comhdháil Bhliantúil eu-LISA

In 2022, i gcomhar le hUachtaránacht na Seice ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, d'eagraigh eu-LISA eagrán comórtha dá chomhdháil bhliantúil, **'10 Years as The Digital Heart of Schengen'** [10 mBliana inár gCroílár Digiteach de chuid Schengen].⁷⁴ Bhí 20 cainteoir agus 388 rannpháirtí ag an gcomhdháil, agus bhí 130 duine i láthair i dTaillinn. Bhí ionadaithe ardleibhéil ag an imeacht, idir gheallsealbhóirí de chuid eu-LISA, ionadaithe ó Bhallstáit an Aontais, agus ionadaithe ó institiúidí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear Margaritis Schinas, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus Ylva Johansson, an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile.

Le linn na comhdhála, bhreathnaigh eu-LISA ar a bhfuil bainte amach aige, ar a gharspriocanna agus ar a phríomhimeachtaí le 10 mbliana anuas agus é ag dul chun cinn ó ghníomhaireacht bheag theicniúil go Croílár Digiteach Schengen, agus ar an ról a bhí aige in dhá phríomhréimse maidir le slándáil inmheánach na hEorpa, eadhon gnóthaí baile agus digitiú an cheartais. Ina theannta sin, tapaíodh an deis ag an gcomhdháil chun breathnú chun cinn go dtí an chéad chéim eile maidir le forbairt eu-LISA agus na réimsí ina bhféadfadh an Gníomhaireacht rannchuidiú a thuilleadh chun tacú le hiarrachtaí institiúidí de chuid an Aontais agus iarrachtaí na mBallstát an Eorpa a bheith níos sábháilte agus níos láidre.

Meastóireachtaí Schengen

Braitheann feidhmiú éifeachtach limistéar Schengen ar chreat casta rialála agus beartais lena n-áirítear an comhbheartas víosaí agus comhar SIS/SIRENE. Bunaíodh comhar SIS/SIRENE mar bheart cúiteach chun deireadh a chur le teorainneacha inmheánacha, chun an tsaorghluaiseacht i limistéar Schengen a éascú. Lena áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit *acquis* Schengen i bhfeidhm go héifeachtach, tá sásra tiomnaithe curtha ar bun ag an Aontas chun meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Tá an fhreagracht as **sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen** (SEMM)⁷⁵ a chur chun feidhme á comhroinnt ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún, agus rannchuidíonn eu-LISA leis an obair sin trí pháirt a ghlacadh i meastóireachtaí Schengen agus i ndrúachtú tuarascálacha ina dhiaidh sin.

In 2022, ghlac eu-LISA páirt iontu seo a leanas:

- sé mheastóireacht ar an láthair ar **SIS/SIRENE**: sa Spáinn (Márta), sa tSualainn (Aibreán), san Iorua (Bealtaine), san Íoslainn (Meitheamh), sa Danmhairg (Deireadh Fómhair), agus sa Phortaingéil (mí na Nollag);
- meastóireacht chomhpháirteach amháin ar **an gcomhbheartas víosaí** (lena n-áirítear VIS). Rinneadh an mheastóireacht chomhpháirteach ar an Iodáil agus ar an bhFrainc i mí Dheireadh Fómhair i bpoist chonsalacha faoi seach sa tSeineagáil.⁷⁶

Ina theannta sin, rannchuidigh eu-LISA le dhá chúrsa oiliúna le haghaidh meastóirí Schengen, a d'eagraigh an Coimisiún agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), cúrsa amháin maidir leis an mbeartas víosaí a bhí ar siúl in Ankara, an Tuirc, agus cúrsa eile maidir le comhar SIS/SIRENE a eagraíodh san Eastóin.

⁷⁴ An 10ú comhdháil bhliantúil de chuid eu-LISA **'10 Years as The Digital Heart of Schengen'**, a tionóladh an 13 Deireadh Fómhair 2022 i dTaillinn na hEastóine.

⁷⁵ **Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022** maidir le bunú agus oibriú **sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhiorú**, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1-27.

⁷⁶ Ina theannta sin, iarradh ar eu-LISA rannchuidiú le dhá mheastóireacht chomhpháirteacha eile Schengen i bpoist chonsalacha: an mheastóireacht chomhpháirteach ar an Ostair agus ar an Ísiltír, agus an mheastóireacht chomhpháirteach ar Mháita, ar an Íoslainn agus ar Lucsamburg. Mar gheall ar ualach oibre ard agus acmhainní teoranta, áfach, ní raibh an Gníomhaireacht in ann rannchuidiú ach amháin leis an meastóireacht chomhpháirteach ar an Iodáil agus ar an bhFrainc.

1.5.2. Comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais

Le linn 2022, leanadh de chomhar eu-LISA le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, sa réimse CGB go príomha, ar an leibhéal déthaobhach agus trí roinnt líonraí, go háirithe an **Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN)** agus **Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais (EUAN)**.

FRONTEX

- Socrú oibre ó 2014 i leith

Leis an gcomhar leis an **nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)**, díreann ar staitisticí a mhalartú, slándáil chórais faisnéise CGB, agus taighde agus forbairt a dhéanamh ar chórais CGB arna mbainistiú ag eu-LISA. Bíonn eu-LISA agus Frontex ag comhoibriú le chéile freisin i gcomhthéacs JHAAN.

- Plean Comhair le haghaidh 2021-2023

In 2022, rinne eu-LISA agus Frontex athbhreithniú ar a socrú oibre chun a sainorduithe athbhreithnithe a chur san áireamh. I gcás an dá ghníomhaireacht, díreann go príomha ar chur chun feidhme na rialachán maidir le EES, ETIAS agus Idir-inoibritheacht. Le linn na bliana, tionóladh cruinnithe rialta um chomhordú idirghníomhaireachta maidir le forbairt ETIAS, agus d'fhreastail an dá ghníomhaireacht ar chruinnithe Bhord Bainistíochta a chéile. Ina theannta sin, ghlac Frontex páirt sa Mheitheal um an mBithmhéadracht de chuid eu-LISA agus sa Mheitheal um an Intleacht Shaorga (WGAI). Ina theannta sin, lean eu-LISA ag óstáil láithreán Frontex maidir le hathshlánú ó thubaiste.

EUROPOL

- Meabhrán Tuisceana ó 2016 i leith

Cumhdaíonn na príomhréimsí comhair le **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)** rochtain ar chórais faisnéise CGB, oiliúint agus comhar riaracháin. Bíonn eu-LISA agus Europol ag comhoibriú freisin i gcomhthéacs JHAAN.

In 2022, díreann go príomha ar chur chun feidhme na rialachán maidir le SIS athmhúnlaith, EES, ETIAS agus Idir-inoibritheacht. Is úsáideoir deiridh de chuid SIS é Europol agus tá a nasc le líonra SIRENE chun foláirimh SIS a mhalartú curtha ar bun aige. Ina theannta sin, bhí na gníomhaireachtaí ag comhoibriú faoi chuimsiú Mheitheal Europol ar Bhainistíocht Faisnéise, Mheitheal eu-LISA ar an mBithmhéadracht, agus na Meitheal ar an Intleacht Shaorga. Thairis sin, bíonn Europol ag freastal go rialta freisin ar chruinnithe Bhord Bainistíochta eu-LISA. Bhí an dá ghníomhaireacht rannpháirteach go gníomhach freisin i gcur chun feidhme Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach arna óstáil in Europol, agus i mí na Bealtaine chuir eu-LISA duine dá bhaill foirne chuig an Mol.

EUROJUST

- Meabhrán Tuisceana ó 2017 i leith

Tá an comhar le **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)** díreann ar chomhar riaracháin agus ar rochtain ar chórais faisnéise CGB (tá rochtain ag Eurojust ar SIS). Bíonn eu-LISA agus Eurojust ag comhoibriú freisin i gcomhthéacs JHAAN.

- Plean Comhair le haghaidh 2021-2023

In 2022, bhí an comhar díreann ECRIS-TCN agus e-CODEX a chur chun feidhme, ar na Rialacháin Idir-inoibritheachta, agus ar chomhordú gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach a dhigitiú. Ina theannta sin, d'fhreastail Eurojust ar an Meitheal um an Intleacht Shaorga de chuid eu-LISA, agus d'ullmhaigh na gníomhaireachtaí **tuarascáil chomhpháirteach, 'Artificial intelligence supporting cross-border cooperation in criminal justice'**, [An intleacht shaorga ina taca don chomhar trasteorann sa cheartas coiriúil]⁷⁷, a foilsíodh in 2022.

EUAA

- Socrú oibre ó 2014 i leith

Cumhdaíonn na príomhréimsí comhair le **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)** réimsí tosaíochta amhail malartú staitisticí, saincheisteanna a bhaineann le teamann agus DubliNet, chomh maith le cúrsaí TFC agus riaracháin. Bíonn eu-LISA agus EUAA ag comhoibriú le chéile freisin i gcomhthéacs JHAAN.

- Plean Comhair le haghaidh 2021-2023

In 2022, dhírigh an comhar ar chur chun feidhme an rialacháin ón gCoimisiún maidir leis an Líonra cumarsáide leictreonaí 'DubliNet'. Chomhroinn EUAA agus eu-LISA a gcuid saineolais agus thacaigh siad le Líonra Bhaile Átha Cliath trí phleanáil a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar dheimhnithe slándála DubliNet. Ina theannta sin, lean eu-LISA ag óstáil láithreán EUAA maidir le hathshlánú ó thubaiste. I mí Mheán Fómhair, thug toscaireacht eu-LISA, faoi stiúir an Stiúirthóra Feidhmiúcháin, an tUasal Krum Garkov,

⁷⁷ eu-LISA agus Eurojust (2022) 'Artificial intelligence supporting cross-border cooperation in criminal justice', Iúil 2022.

cuairt ar EUAA chun bualadh lena mhacasamhail, Nina Gregori Uasal, agus leis an lucht ardbhainistíochta chun plé a dhéanamh ar shainordú athbhreithnithe EUAA, ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an phacáiste Idir-inoibritheachta, agus ar na féidearthachtaí chun an comhar frithpháirteach a neartú, go háirithe laistigh de JHAAN mar chuid de choincheap comhordaithe an Líonra um Fhoireann Trí Uachtaránacht.

CEPOL

- Socrú oibre ó 2013 i leith
- Plean Comhair le haghaidh 2022-2024
- Plean Oibre Comhpháirteach h Bliantúil

Tá an comhar le **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí** (CEPOL) dírithe go príomha ar oiliúint a chur ar úsáideoirí deiridh chórais faisnéise CGB atá á mbainistiú ag eu-LISA. Bíonn an dá ghníomhaireacht ag comhoibriú le chéile freisin i gcomhthéacs JHAAN.

In 2022, dhírigh na gníomhaireachtaí ar chúrsaí oiliúna comhpháirteacha a eagrú maidir le córais CGB a úsáid, lena gcumhdaítear cinn atá ann cheana agus cinn nua, mar aon leis an ailtireacht idir-inoibritheachta uileghabhálach. Ina theannta sin, d'eagraigh CEPOL agus eu-LISA cúrsaí oiliúna do mheastóirí Schengen.

I mí an Mheithimh 2022, shínigh CEPOL agus eu-LISA plean comhair 3 bliana le haghaidh 2022-2024 chun treisiú a dhéanamh ar an gcomhar eatarthu maidir le cúrsaí oiliúna comhpháirteacha a sholáthar agus saineolas a chomhroinnt i réimsí a bhfuil leas acu araon iontu. Ina theannta sin, shínigh na gníomhaireachtaí an plean oibre comhpháirteach bliantúil maidir le comhar a bhaineann le gníomhaíochtaí oiliúna a eagraítear ar bhonn comhpháirteach. Thairis sin, ghlac CEPOL páirt i Meitheal eu-LISA um an Intleacht Shaorga.

FRA

- Socrú oibre ó 2016 i leith
- Plean Comhair le haghaidh 2020-2022

Cumhdaíonn na príomhréimsí comhair le **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha** (FRA) taighde ar an mbithmhéadracht agus comhar riaracháin. Bíonn eu-LISA agus FRA ag comhoibriú le chéile freisin i gcomhthéacs JHAAN.

In 2022, d'eagraigh an dá ghníomhaireacht cúrsaí oiliúna comhpháirteacha inar leagadh béim ar ghné na gceart bunúsach sa bhainistíocht ar chórais faisnéise CGB. Ina theannta sin, d'fhreastail FRA ar an Meitheal um an Intleacht Shaorga de chuid eu-LISA. Bhí an dá ghníomhaireacht ag comhoibriú freisin chun tuarascálacha a ullmhú ar ábhair a bhí ábhartha dóibh araon, agus chuir eu-LISA ionchur ar fáil do Thuarascáil 2022 ó FRA maidir le Cearta Bunúsacha.

ENISA

- Meabhrán Tuisceana ó 2018 i leith
- Plean Comhair le haghaidh 2021-2023

Leis na réimsí tosaíochta le haghaidh comhar le **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil** (ENISA), cumhdaítear slándáil TF, leanúnachas gnó agus comhar riaracháin.

In 2022, bhí na gníomhaireachtaí ag obair le chéile ar chur chun feidhme praiticiúil reachtaíocht chibearshlándála an Aontais, agus faoi chuimsiú Líonra na nOifigeach Slándála (SON) de chuid an Aontais. Bhí an dá ghníomhaireacht ag comhoibriú le CERT-EU i réimse na cibearshlándála freisin. Ina theannta sin, thacaigh ENISA le cleachtadh cibearshlándála bliantúil eu-LISA agus d'fhreastail sé ar an Meitheal um an Intleacht Shaorga de chuid eu-LISA.

EASA

D'fhéadfadh an comhar ionchasach le **Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa** (EASA) malartú faisnéise le haeriompróirí a chumhdach mar a leagtar síos i rialacháin EES agus ETIAS. Chun tacú le cur chun feidhme Rialacháin EES agus ETIAS, mhol an dá ghníomhaireacht dréachtsocruithe oibre don Choimisiún agus chuir siad an dréacht faoi bhráid AS HOME le haghaidh comhairliúchán idirsheirbhíse.

EIGE

Bíonn eu-LISA ag comhoibriú leis an **Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne** (EIGE) maidir le cúrsaí cibearshlándála, athléimneachta agus leanúnachais gnó, agus i gcomhthéacs JHAAN freisin.

Comhar idirghníomhaireachta

JHAAN

Comhalta ó 2012 i leith

Is brateagraíocht é an **Líonra Gníomhaireachtaí CGB** (JHAAN) do na naoi ngníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag feidhmiú i réimse Eorpach na saoirse, na slándála agus an cheartais.

In 2022, bhí CEPOL ina chathaoirleach ar JHAAN agus bhí sé ag díriú ar thrí thosaíocht

théamacha: digitiú, an Comhaontú Glas don Eoraip agus comhar le tríú tíortha. An bhliain seo chugainn, is é EUAA a dhéanfaidh cathaoirleacht ar JHAAN, agus tiocfaidh eu-LISA sna sála air in 2024. I dteannta a chéile, is iad na trí ghníomhaireacht sin an chéad Fhoireann Trí Uachtaránacht de chuid JHAAN atá ann chun leanúnachas na dtosaíochtaí uileghabhálacha agus aistriú rianúil idir na hUachtaránachtaí a áirithiú. Mar chuid den Fhoireann Trí Uachtaránacht, ghlac eu-LISA páirt in dhá chruinniú a eagraíodh le hUachtaránachtaí na Seice agus na Sualainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus iad ag dul i mbun dualgais. Go dtí seo, rannchuidigh eu-LISA go mór le tosaíochtaí an líonra a mhúnlú, le cláir oibre cruinnithe a leagan síos agus le tionscnaimh chomhpháirteacha.

I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d'ullmhaigh JHAAN páipéar comhpháirteach ina leagtar amach rannchuidiú na ngníomhaireachtaí CGB le dlúthpháirtíocht an Aontais leis an Úcráin.⁷⁸ Thairis sin, lean an líonra ar aghaidh ag mapáil gníomhaíochtaí na naoi ngníomhaireacht is comhaltaí dá chuid mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, agus d'eisigh sé leagan nuashonraithe dá pháipéar comhpháirteach maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19 i mí Mheán Fómhair.⁷⁹

EUAN

Comhalta
ó 2013 i leith

Comhroinneann **Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh** (EUAN) faisnéis agus saineolas, agus cuireann sé seirbhísí teicniúla agus comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil do lucht déanta beartas agus do reachtóirí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

In 2022, bhí rannchuid eu-LISA dírithe ar chúrsaí riaracháin amhail buiséad agus airgeadas, acmhainní daonna, agus éifeachtaí COVID-19, agus rannchuidigh sé leis an bpróiseas urscaoilte bliantúil agus le suirbhéanna idirghníomhaireachta agus chomhroinn sé faisnéis maidir lena dhea-chleachtais i réimsí riaracháin éagsúla.

Ina theannta sin, ghlac an Gníomhaireacht páirt i bhfolíonraí éagsúla de chuid EUAN amhail Cinn an Líonra Cumarsáide agus Faisnéise (HCIN), an Líonra Glasaithe (GN), an Coiste Comhairleach um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICTAC), an Líonra Forbartha Feidhmíochta (PDN), an Líonra Dí Idirghníomhaireachta (IALN), Oifigigh Soláthair Líonra na nGníomhaireachtaí (NAPO), agus an Líonra Cuntasaíochta Idirghníomhaireachta (IAAN). In 2022, thosaigh eu-LISA i mbun dualgais mar bhreathnóir ar Líonra na nGníomhaireachtaí um Chomhairle Eolaíochta (EU-ANSA), mar réamhchéim i dtreo iarraidh oifigiúil a dhéanamh ar dhul isteach san fholíonra amach anseo.

⁷⁸ JHAAN (2023) 'JHA Agencies' Contribution to the EU's Solidarity with Ukraine' [Rannchuidiú na nGníomhaireachtaí CGB le Dlúthpháirtíocht an Aontais Eorpaigh leis an Úcráin], Páipéar Comhpháirteach ó JHAAN, Márta 2023.

⁷⁹ JHAAN (2022) 'COVID-19 Response of EU Justice and Home Affairs agencies' [Freagairt ar COVID-19 ó ghníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais], an dara nuashonrú, Meán Fómhair 2022.


1.5.3. Tógáil cumais

Oiliúint do na Ballstáit

Cuireadh an plean oiliúna bliantúil faoi bhráid na mBallstát ag tús 2022 agus tugadh cothrom le dáta é i rith na bliana chun amlínte athbhreithnithe na gcóras atá á bhforbairt a léiriú.

In 2022, chuir eu-LISA ar fáil **48 ngníomhaíocht oiliúna** san iomlán (lena n-áirítear oiliúint aghaidh ar aghaidh, seimineáir ghréasáin, seomraí ranga fíorúla, cúrsaí ar líne agus modúil) – an líon is airde riamh i gcás na Gníomhaireachta. Shroich na gníomhaíochtaí oiliúna beagnach 2 800 rannpháirtí, agus má chuirtear san áireamh ábhar ar líne a bhí ann cheana, baineadh amach iomlán glan 3 800 rannpháirtí. Thuairiscigh 90 % de na rannpháirtithe go rabhadar sásta le cáilíocht na hoiliúna, agus baineadh amach buaicleibhéal 5.4 as 6 i leith an ráta sástachta, lenar sáraíodh go mór an sprioc (4).⁸⁰

Fíor 23. Rannpháirtíocht in oiliúint eu-LISA le haghaidh na mBallstát.



TRANSLATION

<i>No of participants in eu-LISA trainings for Member States</i>	<i>Líon na rannpháirtithe i seisiúin oiliúna eu-LISA le haghaidh na mBallstát</i>
<i>virtual classroom</i>	<i>seomra ranga fíorúil</i>
<i>module</i>	<i>modúl</i>
<i>online training program</i>	<i>clár oiliúna ar líne</i>
<i>online course</i>	<i>cúrsa ar líne</i>
<i>webinar</i>	<i>seimineár gréasáin</i>
<i>F2F (face-to-face) training</i>	<i>Oiliúint aghaidh ar aghaidh</i>
<i>SUM of training</i>	<i>IOMLÁN na hoiliúna</i>

⁸⁰ I gcomhair forléargas níos mionsonraithe, féach an bhileog fíricí ‘**eu-LISA Training Activities for Member States 2022**’ [Gníomhaíochtaí Oiliúna eu-LISA le haghaidh na mBallstát 2022].

Le linn an chéad leath de 2022, thionóil eu-LISA dhá chruinniú ar líne le haghaidh na bPointí Teagmhála Náisiúnta do Líonra Oiliúna na mBallstát (Líonra NCP), lena n-áirítear cruinniú amháin i mí an Mheithimh chun an measúnú ar riachtanais oiliúna a sheoladh arb é is bonn d'ullmhúchán an **Phlean Oiliúna** don bhliain dár gcionn. Tionóladh cruinniú bliantúil líonra NCP i mí na Samhna chun cur i láthair a dhéanamh ar thorthaí an chleachtaidh um Measúnú ar Riachtanais Oiliúna, ar dhréacht de Phlean Oiliúna 2023 agus ar fhorbairt ardán an Chórais Bainistíochta Foghlama (LMS) a úsáidtear chun gníomhaíochtaí oiliúna a sholáthar. Ba é sin an chéad chruinniú aghaidh ar aghaidh de chuid líonra NCP a eagraíodh ó cuireadh deireadh le srianta COVID-19.

Ina theannta sin, lean an Ghníomhaireacht **dá hardán ríomhfhoghlama** a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh, agus d'éirigh léi an córas bainistíochta foghlama (LMS) a uasghrádú i mí na Bealtaine – céim thábhachtach chun feabhas a chur ar a inúsáidteacht agus ar a fheidhmíocht. Chun rochtain úsáideoirí ar acmhainní foghlama a éascú, dhírigh an Ghníomhaireacht ar chur le feidhmiúlachtaí tuairiscithe agus cáilíocht sonraí an chórais.

I mí Eanáir, chuir eu-LISA bailchríoch ar **a Threochlár Oiliúna do na Ballstáit** agus a Phlean Gníomhaíochta chun tacú le cur chun feidhme na bhfeabhsuithe a beartaíodh, agus beidh 29 ngníomh le cur chun feidhme faoi dheireadh 2023. Bhí na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích in 2022 dírithe ar phróisis inmheánacha a chuíchóiriú agus a dhoiciméadú, ar chur le cáilíocht agus rialtacht na cumarsáide lena ndírítear ar gheallsealbhoirí inmheánacha agus seachtracha, agus ar nuashonrú LMS a thionscnamh.

Tuairisciú agus staidreamh

I rith 2022, d'ullmhaigh eu-LISA tuarascálacha reachtúla teicniúla agus tuarascálacha staidrimh maidir le córais CGB, i gcomhréir lena oibleagáidí reachtúla, agus d'fhoilsigh sé na tuarascálacha seo a leanas ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta:

Córas Faisnéise Schengen (SIS)

- I **dtuarascáil staidrimh bhliantúil SIS II 2021** tugtar forléargas ar na sonraí a fuarthas ó na Ballstáit agus ó thíortha comhlachaithe Schengen, agus iad á bpéireáil le sonraí ó lárchóras SIS,⁸¹
- I **dtuarascáil SIS II ar fheidhmiú teicniúil 2019-2020**, tugtar forléargas ar bhainistíocht oibríochtúil an lárchórais (an tslándáil san áireamh), mar aon le staidreamh bliantúil.⁸²

An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)

- Sa **tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil VIS 2019-2021**, tugtar forléargas ar bhainistíocht oibríochtúil an lárchórais, lena n-áirítear sonraí arna soláthar ag na Ballstáit.⁸³

Eurodac

- Le **liosta Eurodac de na húdaráis ainmnithe 2022**, soláthraítear liosta na n-údarás tearmainn a bhfuil rochtain acu ar lárchóras Eurodac,⁸⁴
- I **dtuarascáil staidrimh bhliantúil Eurodac 2021**, soláthraítear faisnéis maidir le sonraí arna stóráil sa chóras, chomh maith le hidirbhearta arna ndéanamh ag údaráis tearmainn agus ag údaráis forfheidhmithe dlí údaraithe,⁸⁵
- Tugtar forléargas i **dtuarascáil bhliantúil Eurodac 2021** ar bhainistíocht oibríochtúil Eurodac, ar na nuashonruithe agus na forbairtí cothabhála is déanaí, agus ar shonraí staidrimh maidir le húsáid an chórais.⁸⁶

Ina theannta sin, mar ullmhúchán do **SIS athnuaite** a chur i mbun oibríochta, bhí eu-LISA ag obair i

⁸¹ eu-LISA (2022) 'SIS II annual statistics report 2021' [Tuarascáil bhliantúil staidrimh SIS II] agus 'SIS II annual statistics 2021 factsheet' [Bileog fíricí a ghabhann le staidreamh bliantúil SIS II 2021], Márta 2022.

⁸² eu-LISA (2022) 'SIS II technical functioning report 2019–2020' [Tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil SIS II 2019–2020] agus 'SIS II technical report 2019-2020 factsheet' [Bileog fíricí a ghabhann le tuarascáil theicniúil SIS II 2019-2020], Bealtaine 2022.

⁸³ eu-LISA (2022) 'VIS technical functioning report 2019-2021' [Tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil VIS] agus 'VIS technical report 2019-2021 factsheet' [Bileog fíricí a ghabhann le tuarascáil theicniúil SIS II 2019-2021], Lúnasa 2022.

⁸⁴ eu-LISA (2022) 'Liosta Eurodac de na húdaráis ainmnithe 2022', Aibreán 2022.

⁸⁵ eu-LISA (2022) 'Eurodac annual statistics report 2021' [Tuarascáil staidrimh bhliantúil Eurodac 2021] agus 'Eurodac statistics report 2021 factsheet' [Bileog fíricí a ghabhann le tuarascáil staidrimh Eurodac 2021], Meitheamh 2022.

⁸⁶ eu-LISA (2022) 'Eurodac annual report 2021' [Tuarascáil bhliantúil Eurodac 2021] agus 'Eurodac annual report 2021 factsheet' [Bileog fíricí a ghabhann le tuarascáil bhliantúil Eurodac 2021], Nollaig 2022.

ndlúthpháirt leis an gCoimisiún chun na ceanglais staidrimh nua agus teimpléad nua bailithe sonraí le haghaidh tuairiscithe a shainiú. Ina theannta sin, thiomsaigh eu-LISA **liosta nua de na húdaráis inniúla** atá údaraithe i dtaobh SIS a chuardach ar bhonn díreach, mar aon le liosta na n-oifigí náisiúnta SIS agus na mBiúróna SIRENE, a foilsíodh nuair a tháinig SIS athnuaite i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023.⁸⁷

1.6. Rialachas agus comhlíonadh

Ina cuid gníomhaíochtaí uile, is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta bainistíocht agus rialachas éifeachtúil, costéifeachtach na heagraíochta, an riaracháin laethúil agus na tacaíochta ginearálta a áirithiú, agus an tráth céanna sainiú a dhéanamh ar chumas eu-LISA i dtaobh aghaidh a thabhairt ar athruithe ar thosaíochtaí polaitiúla i réimse CGB an Aontais, agus ar éilimh mhéadaitheacha a gheallsealbhoirí, agus an cumas sin a neartú.

Chun oibríochtaí éifeachtúla, costéifeachtacha agus cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí a áirithiú, tá an Gníomhaireacht tiomanta dá rialachas corparáideach fóna, trédhearcach, cuntasach a chur chun feidhme agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Cuimsítear leis na gníomhaíochtaí rialachais agus comhlíontachta sin planáil straitéiseach agus planáil oibríochtúil, cosaint sonraí, faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht, chomh maith le faisnéis a chomhroinnt go trédhearcach, tráthúil maidir le cúrsaí oibríochtúla agus eagraíochtúla eu-LISA.

1.6.1. Rialachas

Comhlachtaí rialachais

I rith 2022, lean an Gníomhaireacht de thacaíocht riaracháin agus lóistíochta a sholáthar dá Bord Bainistíochta, do Bhoird Bhainistíochta a Clár agus dá Grúpaí Comhairleacha.

I mí na Nollag 2022, rinne eu-LISA tomhas ar an ráta sástachta foriomlán leis an tacaíocht a soláthraíodh dá chomhlachtaí rialachais. Léirigh an t-aiseolas leibhéal an-ard sástachta (98.6 %) le heagrú na gcruinnithe, figiúr a bhí i bhfad níos airde ná an sprioc.

In 2022, d'eagraigh eu-LISA 117 gcruinniú dá chomhlachtaí rialachais éagsúla, mar seo a leanas:

- seacht gcruinniú den Bhord Bainistíochta, lena n-áirítear dhá chruinniú urghnácha,
- seacht gcruinniú de Choiste Iniúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais an Bhoird (ACFC), agus cúig chruinniú den Ghrúpa Comhordaithe,
- 53 chruinniú den Ghrúpa Comhairleach, lena n-áirítear seacht gcruinniú urghnácha de Ghrúpa Comhairleach SIS,
- 45 chruinniú de Bhord Bainistíochta Cláir (PMB), lena n-áirítear trí chruinniú urghnácha de chuid PMB EES agus 12 chruinniú chomhpháirteacha maidir le PMBanna an Chláir Idir-inoibritheachta, EES agus ETIAS.

Le linn 2022, d'eagraigh eu-LISA cruinnithe freisin le haghaidh roinnt foghrúpaí eile. Eagraíodh cruinnithe rialta do na grúpaí seo a leanas a cuireadh ar bun faoi shainordú na nGrúpaí Comhairleacha faoi seach: An Mheitheal um Iompróirí agus an Mheitheal um an mBithmhéadracht (faoi shainordú Ghrúpa Comhairleach EES-ETIAS), na Grúpaí Saineolaithe Tástála neamhfhoirmiúla le haghaidh VIS agus EES (faoi shainordú VIS agus Ghrúpa Comhairleach EES-ETIAS), chomh maith le Fóram Bainistíochta Chlár VIS agus SIS (faoi shainordú VIS agus Ghrúpa Comhairleach SIS, faoi seach). Ina theannta sin, thacaigh Rúnaíocht Bhord Bainistíochta eu-LISA le heagrú 15 cheardlann theicniúla, ama n-iarraidh ag cathaoirligh de chuid na nGrúpaí Comhairleacha. Déanann an Gníomhaireacht maoirseacht freisin ar an Meitheal um an Intleacht Shaorga (WGAI), agus ar an Meitheal Saineolaithe Cothrománacha, meitheal theicniúil de chuid an Bhoird Bainistíochta a thionóltar ar bhonn *ad hoc*, arna iarraidh sin. In 2022, thug eu-LISA dhá fhormaid cruinnithe nua isteach: an Grúpa Comhair um Theagmhais Slándála Idir-inoibritheachta agus Sainghrúpa Tástála ETIAS (TEG), a raibh a chéad chruinniú aige i mí an Mheithimh 2022. Thairis sin, rinne an Gníomhaireacht ullmhúcháin freisin chun

⁸⁷ Rinneadh liosta na n-údarás inniúil atá údaraithe chun cuardaigh dhíreacha a dhéanamh in SIS, mar aon le liosta na nOifigí Náisiúnta SIS agus na mBiúróna náisiúnta SIRENE, a foilsíú in **Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, Imleabhar 66, C 85, 7.3.2023.**

dhá chomhlacht rialachais nua a sheoladh in 2023: an Grúpa Comhairleach agus an Bord Bainistíochta Cláir le haghaidh e-CODEX.

Rialachas agus rialuithe inmheánacha

Ghlac Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta gach doiciméad clársceidealaithe corparáideach reachtúil agus gach tuarascáil chorparáideach éigeantach i gcomhréir le ceanglais rialála agus faoi na sprioc-amanna dlíthiúla: an dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD) 2023–2025 an 25 Eanáir 2022, agus an leagan deiridh, a raibh moill bheag air, an 20 Nollaig 2022. D’ullmhaigh an Gníomhaireacht dréachtleagan de SPD na bliana 2024-2024 freisin, dréacht a ghlac an Bord an 31 Eanáir 2023. An 22 Meitheamh, ghlac sé an Tuarascáil Eatramhach 2022 an 31 Lúnasa 2022. In 2022, glacadh **treochlár cur chun feidhme straitéise** na Gníomhaireachta chun a cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a ailíniú, agus chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis fhadtéarmach eu-LISA do 2021-2027. Ina theannta sin, in 2022, chinn an Gníomhaireacht uirlis phleanála nua (Anaplan) a thabhairt isteach don phróiseas pleanála ilbhliantúil agus bliantúil atá ar na bacáin chun feabhas a chur ar an bpróiseas pleanála foriomlán, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní.

Ag deireadh 2022, sheol eu-LISA **tionscadal tagarmharcála** chun tacú le hullmhú an bhreithmheasa sheachtraigh ar an nGníomhaireacht in 2023. Bhí an cleachtadh tagarmharcála dírithe ar shamhail oibríochtúil na Gníomhaireachta agus ar leithdháileadh acmhainní daonna. Áirítear sa tionscadal freisin **athbhreithniú ar phríomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha** chun feabhas a chur ar thomhas thionchar eu-LISA ar chur chun feidhme beartais ábhartha de chuid an Aontais. Chuir an Gníomhaireacht tús freisin le mapáil chuimsitheach ar a **struchtúir rialachais** inmheánacha agus sheachtracha.

In 2022, bhí gníomhaíochtaí bainistíochta cáilíochta eu-LISA dírithe ar chur chun feidhme an **Chomhchreata Mheasúnaithe (CAF)**, córas bainistíochta cáilíochta iomláine atá saincheaptha go sonrach d’eagraíochtaí riaracháin phoiblí. Seoladh tionscadal CAF i mí Mheán Fómhair 2021 le mionanailís ar láidreachtaí agus laigí na Gníomhaireachta a rinne Grúpa Féinmheasúnaithe CAF (SAG), atá comhdhéanta de bhaill foirne ó ar fud na heagraíochta. Chuir SAG i láthair a mholtaí bunaithe ar chomhthoil maidir le feabhas eagraíochtúil sa **Tuarascáil Féinmheasúnaithe** a cuireadh ar fáil i mí Aibreáin 2022. Bhí an tuarascáil sin ina bonn do **Phlean Feabhsúcháin** CAF ina leagtar amach 10 bpacáiste gníomhaíochtaí a bheidh ina dtreochlár ina mionsonraítear tosaíochtaí eu-LISA maidir le forbairt eagraíochtúil. D’fhorhnuigh an Coiste Bainistíochta an plean sin i mí Dheireadh Fómhair, agus sa dá bhliain amach romhainn, déanfaidh Bord Cáilíochta na Gníomhaireachta maoirseacht ar a chur chun feidhme. I mí na Samhna, rinne eu-LISA iarratas ar **an lipéad ‘Úsáideoir éifeachtach CAF’**, agus tá an próiseas athbhreithnithe sheachtraigh beartaithe do mhí na Bealtaine 2023.

Ó mhí Eanáir go mí an Mhárta, rinne eu-LISA measúnú ar éifeachtacht a **Chreata Rialaithe Inmheánaigh (ICF)**. Lena linn sin, rinne an Bainisteoir atá i gceannas ar Bhainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach sonraí a bhailiú ó fhoinsí éagsúla (e.g. suirbhéanna foirne, clár na n-eisceachtaí agus na n-imeachtaí neamhchomhlíonta, agus tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí) agus a anailísiú ar bhonn critéir faireacháin réamhshainithe. Deimhníodh sa tuarascáil mheasúnachta, a tugadh chun críche ag deireadh mhí an Mhárta, go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta i láthair, go bhfuil sé ag feidhmiú agus go bhfuil sé éifeachtach, cé go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe. I mí Aibreáin, chuir eu-LISA na torthaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC) agus chuir sé faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad an 22 Meitheamh. Rinneadh achoimre ar na torthaí sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Gníomhaíochtaí 2021.⁸⁸

Rinne an Gníomhaireacht dhá anailís ar a **clár lárnach eisceachtaí agus teagmhas neamhchomhlíonta**, rud a d’fhág go ndearnadh bearta ábhartha leantacha agus bearta ábhartha feabhsúcháin. Chuir an Gníomhaireacht seisiúin oiliúna shaincheaptha ar fáil freisin chun feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le tuairisciú ar eisceachtaí agus neamhchomhlíonadh chun feabhas a chur ar cháilíocht na dtuarascálacha sin agus ionas go mbeidh a laghad is féidir cásanna dá leithéid ann feasta.

⁸⁸ eu-LISA (2022) **Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Gníomhaíochtaí 2021**.

Clár fiontraíochta agus bainistíochta tionscadal (EPMO)

Leis an Rialachán Bunaithe, tugtar sainordú don Ghníomhaireacht leas a bhaint as struchtúr bainistíochta tionscadal leordhóthanach chun gach tionscadal a bhainistiú go héifeachtúil. Chuige sin, déanann eu-LISA dlúthfhaireachán ar a chlár agus ar a thionscadail trí úsáid a bhaint as modheolaíocht PRINCE2 (Tionscadail i dTimpeallachtaí Rialaithe).⁸⁹

I rith na bliana, lean an Ghníomhaireacht dá **cumas bainistíochta punann tionscadal (PPM)** a threisiú agus béim ar leith á leagan ar chinnteoireacht fheasach a éascú maidir leis na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le bainistíocht punainne, ar bhonn sonraí a bhailítear trí uirlisí PPM (Planview EnterpriseOne agus ProjectPlace). Rannchuideoidh an ghníomhaíocht sin freisin le teacht ar thuiscint níos fearr ar an iarracht a chuirtear isteach i ghníomhaíochtaí éagsúla ar fud na heagraíochta.

I mí an Mhárta, rinne eu-LISA a sheiceáil bhliantúil ar chomhlíonadh na **modheolaíochta bainistíochta tionscadail** agus chuir sé na torthaí faoi bhráid an Choiste Bainistíochta i mí na Bealtaine. Ina theannta sin, sheol an Ghníomhaireacht nuashonrú tábhachtach ar a modheolaíocht bainistíochta tionscadal, inar leabaíodh aiseolas a fuarthas ar an leagan atá ann faoi láthair agus ina ndearnadh soiléiriú ar an spleáchas ar phróisis inmheánacha.

Thug an Ghníomhaireacht feidhmiúlachtaí nua isteach freisin, amhail **rclár rioscaí/saincheisteanna corparáideacha agus clár rioscaí/saincheisteanna aonad** a chur chun feidhme in Planview Enterprise. Ag deireadh 2022, cuireadh i bhfeidhm ardán foghlama nua chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt na gcumas bainistíochta tionscadal.

Chun feabhas a chur ar na próisis faoi chumas PPM, rinne an Ghníomhaireacht anailís freisin ar úsáid an réitigh chomhoibríoch, ProjectPlace. Léirigh an anailís ar na freagraí go raibh 75 % d'úsáideoirí ProjectPlace sásta leis an tacaíocht ó EPMO i leith na huirlise, agus go raibh 51 % díobh sásta leis an oiliúint a soláthraíodh. Ní raibh ach 49 % de na húsáideoirí sásta leis na hacmhainní foghlama, áfach. D'fhorbair an Ghníomhaireacht plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha agus chun an tsástacht fhoriomlán le ProjectPlace a fheabhsú.

Mar chuid de thionscnamh níos mó chun próisis a fheabhsú faoin gcumas PPM, thug eu-LISA i gcrích an breithmheas ar **Chomhtháthú na Samhla Aibíochta Cumais (CMMI)**. Ba é cuspóir an bhreithmheasa meastóireacht chruinn ar phróisis atá ann faoi láthair a sholáthar do lucht ardbhainistíochta na Gníomhaireachta agus deiseanna feabhsúcháin a shainnithint. Le tabhairt isteach mhodheolaíocht CMMI, cuirfidh eu-LISA lena rialú ar chomhlíonadh na modheolaíochta bainistíochta tionscadal. Chuir an Ghníomhaireacht torthaí an bhreithmheasa ar CMMI ar bhonn foirmiúil i bplean gníomhaíochta. Ós rud é go bhfuil glacadh cur chuige foirmiúil Agile á mheas faoi láthair, áfach, sheol an Ghníomhaireacht anailís chun féachaint an bhféadfaí measúnú i ndáil le hUIMhacht i gcomhair Agile a chur in ionad na meastóireachta ar CMMI.

Sa dara ráithe de 2022, chuir eu-LISA bailchríoch ar an athbhreithniú ar Rialacha Nós Imeachta **Bhoird na gClár**, lena leathnaítear a sainchúram ionas go n-áireofar leo maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar leithdháileadh agus úsáid acmhainní faoin gclár. Ina theannta sin, leasaíodh comhdhéanamh Bhoird na gClár ionas go mbeadh geallsealbhóirí inmheánacha breise orthu. I gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, sholáthair an Ghníomhaireacht tuarascálacha go rialta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn i dtaobh córais nua a fhorbairt (i.e., tuarascálacha ar dhul chun cinn gach 6 mhí), chomh maith le tuarascálacha míosúla a sheoladh chuig na Boird Bainistíochta Clár faoi seach.

De réir Rialacha Airgeadais eu-LISA, tá gach clár agus gach gníomhaíocht a dteastaíonn caiteachas nach beag ina leith faoi réir **meastóireachtaí ex-ante** sula ndéanfar iad a fhorbairt agus a áireamh i gclár oibre bhliantúla na Gníomhaireachta. Déantar na meastóireachtaí sin i gcomhréir leis an gcur chuige dhá chéim a formheasadh in 2019, lena gcuimsítear measúnú deiseanna (2 bhliain roimh thús an tionscadail) agus measúnú féidearthachta (1 bhliain amháin ina dhiaidh sin). In 2022, ní raibh aon tionscadal ar mórscála incháilithe le haghaidh measúnú féidearthachta.⁹⁰

I mí an Mhárta 2022, chuir an Ghníomhaireacht **Coiste Bainistíochta Conarthaí (CMC)** ar bun chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar ghnéithe trasnaí na gcreatchonarthaí le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin seachtracha, go háirithe chun comhordú foinsithe a fheabhsú. Ina theannta sin, d'fhorbair eu-LISA uirlis chun obair leantach a dhéanamh maidir le stádas agus dul chun cinn na n-iarrataí ar fhoinsí

⁸⁹ I gcomhair tuilleadh faisnéise, téigh chuig an suíomh gréasáin oifigiúil maidir le **modheolaíocht PRINCE2**.

⁹⁰ Ag tús 2023, áfach, cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta maidir le 23 tionscadal a bhí le seoladh in 2024, a cháiligh do mheasúnú deise *ex-ante*.

seachtrach.

Creat seirbhíse agus próisis

Le linn na bliana, choinnigh eu-LISA cothrom le dáta a Chatalóg Táirgí agus Seirbhíse agus a shamhail próisis chomhtháite, lena soláthraítear liosta cothrom le dáta de na táirgí agus na seirbhísí uile a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus lena n-áirítear soiléireacht maidir le gach gné d'fheidmiú an phróisis. In 2022, díriodh ar **shainaitint a dhéanamh ar nuashonruithe agus athruithe riachtanacha** ar sheirbhísí atá ann cheana agus ar sheirbhísí nua a bhaineann le feidmiú córas agus tionscnamh nua amach anseo (i.e., ETIAS, ECRIS-TCN, Idir-inoibritheacht). Ina theannta sin, thosaigh eu-LISA ar a phróisis chorparáideacha uile a mhapáil agus a dhoiciméadú, lena soláthraítear doiciméadacht iomlán, atá cothrom le dáta, chun cur le trédhearcacht agus cuntasacht a chuid oibríochtaí agus chun soláthar éifeachtach, éifeachtúil seirbhísí dá gheallsealbhóirí a ráthú, mar aon le tomhas éifeachtach ar fheidhmíocht.

Mar chuid de shamhail phróisis chomhtháite eu-LISA, i mí Iúil 2022, thionscain an Ghníomhaireacht tionscadal chun neartú a dhéanamh ar a **bainistíocht eolais** trí uirlis shaincheaptha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, rud a éascódh go mór do rochtain na ggeallsealbhóirí ar dhoiciméid ábhartha.

Bainistíocht conarthaí agus díoltóirí

In 2022, lean eu-LISA dá aistriú straitéiseach ó fhoinsiú ingearach go foinisú trasnaí seirbhísí agus soláthairtí le haghaidh a chuid oibríochtaí, lena n-áirítear rialuithe nua a bhunú chun a phróiseas bainistíochta conarthaí agus díoltóirí a neartú. Thacaigh foireann thiomnaithe le haonaid oibríochtúla maidir le cur chun feidhme conarthaí agus a bhfeidhmíocht, chomh maith le bainistíocht riosca i dtaobh conarthaí, rud a neartaigh an úsáid a bhaintear as cleachtais atá éifeachtúil, éifeachtach agus comhlíontach.

In 2022, ghlac eu-LISA **Beartas nua maidir le Bainistíocht Conarthaí** chun creat uileghabhálach a sholáthar le haghaidh bainistíocht a dhéanamh ar shásraí conarthacha a úsáidtear chun soláthairtí, seirbhísí agus oibreacha a fhoinsiú, lena n-áirítear ról agus freagrachtaí a shainiú, mar aon le creat rialaithe. Ina theannta sin, chuir an Ghníomhaireacht Coiste Bainistíochta Conarthaí (CMC) tiomnaithe ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar chreachonarthaí le haghaidh acmhainní daonna seachfhoinsithe.

Ar bhonn trialach, chuir an Ghníomhaireacht **scórchárta atá cothrom ó thaobh feidhmíochta de** i bhfeidhm le haghaidh roinnt conarthaí tábhachtacha chun ceachtanna a fhoghlaim don todhchaí agus bhí sí ag obair chun nós imeachta maidir le damáistí leachtaithe agus íocaíochtaí laghdaithe a chur ar bhonn conarthach, rud a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2022. Thug an Ghníomhaireacht aghaidh freisin ar thorthaí iniúchóireachta ábhartha agus scaip sí ceachtanna a foghlaimíodh chun feabhas a chur ar chomhlíonadh rialacha in éiceachóras atá ag síorathrú i ndáil le conarthaí le díoltóirí éagsúla.

Ailtireacht fiontair

In 2022, lean eu-LISA dá Ailtireacht Fiontair a chur chun feidhme, a seoladh in 2019 tar éis chur i bhfeidhm struchtúr eagraíochtúil eu-LISA 2.0. Glacadh an próiseas Ailtireachta Fiontair i mí na Nollag. Tá na próisis agus an creat rialachais le haghaidh na hAiltireachta Fiontair bunaithe ag an ngníomhaireacht, mar aon leis an mBord um Athbheithniú Ailtireachta, agus tá sí ag díriú anois ar ailíniú optamach a dhéanamh ar thionscnaimh ailtireachta, dheartha agus forbartha le spriocanna uileghabhálacha eu-LISA, chomh maith lena straitéis chorparáideach agus teicneolaíochta.

1.6.2. Comhlíonadh

Iniúcháireacht inmheánach

Le hAirteagal 80 de Rialacha Airgeadais eu-LISA⁹¹ ceanglaítear ar an gCumas Iniúcháireachta Inmheánaí (IAC) tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir lena thorthaí agus lena mholtaí. Ceanglaítear leis freisin go gcomhoibreoidh gníomhaithe iniúcháireachta inmheánaí go héifeachtúil. I mí na Samhna 2021, ghlac an Bord⁹² an Plean um Iniúcháireacht Inmheánach don bhliain 2022,⁹³ a leasaíodh i mí na Samhna 2022.⁹⁴ I mí an Mhárta 2022, ghlac an Bord Tuarascáil Gníomhaíochta IAC, agus i mí na Samhna 2022, ghlac sé an Plean Iniúcháireachta Inmheánaí don bhliain 2023.

Lean IAC de bheith ina phointe teagmhála le haghaidh na n-iniúchtaí a rinne Seirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh (IAS) agus Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE). Bhain tábhacht leis an ról sin chun an cur isteach ar ghníomhaíochtaí rialta na Gníomhaireachta a íoslaghdú agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint. Ina ról mar phríomhphointe teagmhála, níor ghlac IAC aon fhreagracht bainistíochta air féin, ionas go mbeadh sé neamhspleách, oibiachtúil.

Ní raibh aon lagú ar oibiachtúlacht aonair i gceist, amhail coinbhleacht leasa nó teorainneacha ar raon feidhme. Ós rud é go bhfuil IAC freagrach *de facto* as Straitéis Frithchaloise eu-LISA a ullmhú agus a choinneáil ar bun, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh uirthi agus a cur chun feidhme a chomhordú, áfach, tá an baol ann go mbraithfeadh go bhfuil lagú i gceist. Chun a oibiachtúlacht agus a neamhspleáchas féin a chosaint, ní thabharfaidh IAC dearbhú ná athdhearbhú maidir leis an mbeagán gnéithe den straitéis a dhear sé féin. Ina ionad sin, iarrfar ar IAS na heilimintí sin a dhearbhu nó a athdhearbhú, de réir mar is iomchuí.

Cuirtear torthaí tháscairí feidhmíochta IAC le haghaidh 2022⁹⁵ i láthair i dTábla 4 thíos.

Tábla 4. Príomhtháscairí feidhmíochta maidir le Cumas Iniúcháireachta Inmheánaí (IAC) eu-LISA.

Príomhtháscairí feidhmíochta	Spríoc	2020	2021	2022
An Plean Iniúcháireachta Bliantúla a chur i bhfeidhm	> 80 %	80 %	80 %	82 %
Athbhreithnithe ar iniúchtaí a chur i gcrích laistigh den bhuiséad agus in am	> 80 %	60 %	60 %	55 %
Uaireanta an chloig oiliúna do chomhaltaí IAC in aghaidh na bliana	> 80 %	70 %	77 %	72 %
Leibhéal sástachta na ngeallsealbhoirí	Spríoc	2020	2021	2022
<i>seachtrach</i>	> 80 %	87.5 %	90 %	87.5 %
<i>inmheánach</i>	> 80 %	80.4 %	80.4 %	89.7 %

Mar chuid dá chlár dearbhaithe cáilíochta agus feabhsúcháin, thug IAC faoin **dara féinmheasúnú le bailíochtú ó mheasúnóir seachtrach neamhspleách**. Seoladh an tionscadal ag deireadh 2022, agus tugadh i gcrích é i mí Feabhra 2023.⁹⁶ Dheimhnigh an measúnóir seachtrach neamhspleách go bhfuil IAC eu-LISA i gcomhréir go ginearálta leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Chleachtas Gairmiúil na hIniúcháireachta Inmheánaí agus leis an gCód Eitice.⁹⁷

⁹¹ Rialacha Airgeadais eu-LISA, Cinneadh Uimh. 2019-198 ón mBord Bainistíochta, teacht i bhfeidhm: an 1 Meán Fómhair 2019.

⁹² Féach Doiciméad 2021-350 ón mBord Bainistíochta, Cinntí ón mBord Bainistíochta, pointe A.25.

⁹³ Féach Doiciméad 2021-358 ón mBord Bainistíochta, an Plean um Iniúcháireacht Inmheánach don bhliain 2022, Ares(2021)7075595 – 17/11/2021.

⁹⁴ Féach Doiciméad 2022-382 ón mBord Bainistíochta, Cinntí ón mBord Bainistíochta, pointe B15.

⁹⁵ Féach Doiciméad 2023-046 ón mBord Bainistíochta, Athbhreithniú 1, Tuarascáil Gníomhaíochta IAC 2022, Ares(2023)1905996 – 16/03/2023.

⁹⁶ I gcomhréir le Caighdeán 1312 Measúnuithe seachtracha, ní mór do IAC a áirithiú go ndéanfaidh measúnóir neamhspleách cáilithe measúnú seachtrach ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.

⁹⁷ Is é an **Creat Idirnáisiúnta um Chleachtais Ghairmiúla** (IPPF) an creat coincheapúil lena n-eagraítear treoir údarásach arna fógairt ag Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha.

Cosaint sonraí

I rith na bliana, d'áirithigh an Ghníomhaireacht go leanúnach an leibhéal is airde cosanta sonraí i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha i leith gach córas faisnéise CGB atá faoina sainchúram. Chuige sin, cheap Bord Bainistíochta eu-LISA oifigeach cosanta sonraí (OCS) chun maoirseacht a dhéanamh ar mar a chomhlíonann an Ghníomhaireacht na rialacha maidir le próiseáil a dhéanann institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais ar shonraí pearsanta agus chun bheith ag obair i ndlúthpháirt le rialtóirí sonraí, próiseálaithe sonraí agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) chun teacht ar réitigh éifeachtacha lena n-áiríthítear comhlíonadh na rialachán ábhartha maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta.

Chun feasacht a mhúscailt faoi chosaint sonraí, thug an Ghníomhaireacht faoi gníomhaíochtaí éagsúla i rith na bliana, lena n-áirítear seisiúin ghinearálta oiliúna agus feasachta, seisiúin ionduchtúcháin d'fhostaithe nua, seisiúin chóitseála duine le duine, nuachtlitreacha seachtainiúla, agus leathanach tiomnaithe inlín. I mí Eanáir 2022, mar cheiliúradh ar an Lá Eorpach um Chosaint Sonraí, cuireadh i láthair cluiche boird nuálach chun foghlaim go hidirghníomhach faoi fhógraí príobháideachais, faoi mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí, agus faoi shárúithe ar shonraí. I mí Dheireadh Fómhair, d'eagraigh an Ghníomhaireacht seimineár gréasáin maidir le cosaint sonraí i réimse an tsoláthair agus na bainistíochta conarthaí (arna chur i láthair ag MECS), ag a raibh an deis ann taithí a mhalartú ar shaincheistanna cosanta sonraí a bhaineann le conarthaí le soláthraithe seirbhíse seachtracha, ar conarthaí iad a bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leo.

Le linn na bliana, choinnigh an Ghníomhaireacht **taifead ar gach catagóir gníomhaíochtaí próiseála** a dhéantar thar ceann rialaitheoirí. Ina theannta sin, ós rud é go gceanglaítear ar eu-LISA taifead a choinneáil ar na gníomhaíochtaí próiseála uile a dhéantar thar ceann rialaitheoir amháin nó níos mó, d'eagraigh eu-LISA seisiúin chóitseála agus ceardlanna le húinéirí táirgí agus seirbhísí de chuid SIS, VIS, Eurodac agus EES chun tacaíocht leordhóthanach a sholáthar. Ina theannta sin, bhunaigh an Ghníomhaireacht **clár na ngníomhaíochtaí próiseála** mar a cheanglaítear faoin rialachán.

Anuas air sin, thacaigh an t-oifigeach cosanta sonraí le forbairt agus forbairt córas TF trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas bainistíochta athruithe. Ba é an príomhchúram a bhí i gceist ansin measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí (DPIAnna) a dhréachtú. Rinne an Ghníomhaireacht iarrachtaí dul i ngleic leis na dúshláin cosanta sonraí is mó atá aici, go háirithe na dúshláin a eascraíonn as leas a bhaint as teicneolaíochtaí meaitseála sonraí bithmhéadrach agus as bearta chun maolú a dhéanamh ar an riosca a shainaithnítear. I mí Mheán Fómhair 2022, thosaigh eu-LISA ag déanamh athbhreithniú ar a mhodheolaíocht i dtaobh DPIAnna chun tacú leis na baill foirne fhreagracha.

I mí an Mhárta, cuireadh **Tuarascáil Bhliantúil Oibre 2021** ón Oifigeach Cosanta Sonraí faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin na Ghníomhaireachta.⁹⁸ Cuireadh i láthair sa tuarascáil stádas gníomhaíochtaí cosanta sonraí eu-LISA agus an staid maidir le gníomhaíochtaí cosanta sonraí agus comhlíonadh na Ghníomhaireachta sa réimse sin.

Le linn na bliana, ghlac oifigeach cosanta sonraí eu-LISA páirt sna Grúpaí um Chomhordú Maoirseachta le haghaidh SIS, VIS agus Eurodac, agus cuireadh na forbairtí is déanaí agus feidhmíocht na gcóras i láthair na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí agus MECS, agus béim á leagan ar fhorbairtí agus ar shaincheistanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar phróiseáil sonraí pearsanta. Ag cruinnithe de chuid Líonra na nOifigeach Cosanta Sonraí, ghlac oifigeach cosanta sonraí eu-LISA páirt i bplé maidir le haistrithe idirnáisiúnta, láimhseáil fógraí maidir le sárú ar shonraí, na meáin shóisialta, agus tionchar bhreithiúnas Schrems II,⁹⁹ agus tugadh aghaidh i gcruinnithe Líonra na nOifigeach Cosanta Sonraí sa réimse CGB ar rialacha cur chun feidhme, aistrithe idirnáisiúnta sonraí agus an comhar le MECS.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'eagraigh Europol agus eu-LISA cruinniú déthaobhach i dTaillinn chun taithí a roinnt maidir le comhairliúcháin roimh ré le MECS, DPIAnna, agus malartú tuairimí maidir le cigireachtaí MECS chun an comhoibriú eatarthu a neartú tuilleadh.

⁹⁸ I gcomhair tuilleadh faisnéise, féach **Tuarascáil Oibre Bhliantúil 2021 ó Oifigeach Cosanta Sonraí eu-LISA**. Glacadh an **Tuarascáil Oibre Bhliantúil le haghaidh 2022** i mí Feabhra 2023.

⁹⁹ Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) an 16 Iúil 2020, an Coimisinéir Cosanta Sonraí v Facebook Ireland Limited agus Maximilian Schrems (**Schrems II**), C-311/18, CLI:EU:C:2020:559.

1.7. Riarachán agus tacaíocht ghinearálta

Tá sé ina aidhm leanúnach ag an nGníomhaireacht teacht chun cinn mar eagraíocht chun barr feabhais oibríochtúil a áirithiú, a misean a chur i gcrích, agus a cuspóirí bliantúla a bhaint amach, agus feidhmíocht éifeachtúil, shofhreagrúil á áirithiú an tráth céanna i gcomhréir iomlán le creat rialála an Aontais. Áirítear ar na feidhmeanna tacaíochta sin seirbhísí dlí a choinneáil ar bun, acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais a bhainistiú go réamhghníomhach, agus tacaíocht éifeachtach a áirithiú sa Gníomhaireacht do gheallsealbhóirí atá aici cheana agus do gheallsealbhóirí nua.

1.7.1. Claoclú eagraíochtúil

Chuir eu-LISA tús lena aistear **claochlaithe cultúrtha** chun eagraíocht sholúbtha, athléimneach a bhunú a d'fhéadfadh oiriúnú agus feidhmiú in imthosca ar bith.

In 2022, rinne eu-LISA measúnú cultúrtha chun sraith iompraíochtaí inmhianaithe a shainiú d'fhoireann na Gníomhaireachta, iompraíocht a bheadh ina bunús dá chultúr. Tar éis an mheasúnaithe chuimsithigh, bhí roinnt ceardlann ar siúl as ar eascair Léarscáil Uaillmhéine Cultúrtha, rud a rannchuideoidh le forbairt leanúnach eu-LISA agus ar féidir leas a bhaint aisti freisin sa phróiseas earcaíochta chun meaitseálacha cultúir a shainaitheint.

Ina theannta sin, thosaigh an Gníomhaireacht ag forbairt a **Straitéise Bainistíochta Acmhainní Daonna ar bhonn Inniúlachtaí**, d'fhonn feabhas a chur ar earcaíocht, planáil lucht saothair, bainistíocht feidhmíochta agus tairiscint foghlama eu-LISA. Áirítear leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar a Creat Inniúlachta chun treoirínte, uirlisí agus nósanna imeachta cuimsitheacha a sholáthar. Faoin gcreat sin, bunaítear gné lárnach na hinniúlachta, lena ndírítear ar dhaoine aonair. D'éirigh go maith leis an tuarascáil deiridh agus leis an treochlár um chur i bhfeidhm céimneach, atá ag an gcéim dheireanach anois, agus triail á baist astu i ndáil le fógraí folúntais a ullmhú agus measúnú a dhéanamh ar iarrthóirí.

1.7.2. Acmhainní daonna

Cleachtadh diagnóiseach acmhainní daonna

Sa chéad ráithe de 2022, rinne eu-LISA cleachtadh diagnóiseach acmhainní daonna chun measúnú a dhéanamh ar a fheidhm acmhainní daonna agus ar a fheidhmíocht sa réimse sin, as ar eascair faisnéis luachmhar maidir leis na próifíilí atá le hearcú. Cuidiú a bheidh ann freisin i dtaobh an bhunchloch a leagan síos don **Straitéis Acmhainní Daonna** agus féachaint conas a d'fhéadfaí cur leis an éifeachtúlacht sa réimse sin chun seirbhísí acmhainní daonna den scoth a chur ar fáil.

In 2022, bunaíodh **Rannóg nua um Bainistíocht Tallainne** chun aghaidh a thabhairt ar shaolré iomlán na fostaíochta ó iarrthóirí a mhealladh, earcaíocht, ionduchtú, coinneáil, forbairt gairme, go dtí scaradh, agus lena áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí iomchuí chun acmhainneacht daoine a spreagadh agus foime a chothú ar cinn iad a rannchuidíonn le hEoraip níos sábháilte.

Daoine tréitheacha a aimsiú

Leanadh ar aghaidh i rith 2022 leis na hiarrachtaí chun **buíon éagsúil iarrthóirí** a mhealladh agus chun eu-LISA a chur i láthair mar fhostóir a bheadh ina chéad rogha ag fostaithe ionchasacha. Rinne eu-LISA ionadaíocht do Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais ag an **aonach gairmeacha fóirúla** le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta i mBeirlín, ag ar tháinig níos mó ná 60 eagraíocht idirnáisiúnta agus os cionn 4000 rannpháirtí le chéile. Ina theannta sin, threisigh an Gníomhaireacht a gníomhaíochtaí chun í féin a bhrandáil mar fhostóir trí fheachtais thiomnaithe, amhail teistiméireachtaí ó bhaill foirne ar na meáin shóisialta, agus trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta mar uirlis foinsithe le haghaidh teacht ar dhaoine tréitheacha. Chuir sé sin leis an bhfeasacht ar an luach a bhíonn á thairiscint d'fhostaithe de chuid eu-LISA, agus fuair lucht féachana úr, dream nach raibh an-chuid eolais acu ar an Aontas Eorpach agus ar a gníomhaireachtaí, léargas níos fearr ar na deiseanna gairme atá ann.

In 2022, **d'earcaigh eu-LISA 36 bhall foirne nua**, agus ní áirítear leis an líon sin athruithe ar chonarthaí inmheánacha ná tairiscintí deiseanna fáis gairme do bhaill foirne a bhí ann cheana. Ós rud é go raibh an ráta iomlaoide foirne ag cealú na n-iarrachtaí daoine tréitheacha a earcú, rinne an Gníomhaireacht measúnú

cuimsitheach chun teacht ar thuiscint ar na cúiseanna a bhí leis sin agus chun bealaí níos tapa a aimsiú chun daoine tréitheacha a earcú.

Ina theannta sin, sheol eu-LISA treoirionscadal faoin **gClár um Shoghluaisteacht Inmheánach** chun leas a bhaint as inniúlachtaí na mball foirne a bhí ann cheana agus chun forás leanúnach gairmiúil a chothú sa Ghníomhaireacht. Díríodh sa ghlaó ar cheithre phróifíl éagsúla i réimse an fheidhmithe clár agus tionscadal, agus bunaíodh buíon tallainne dá bharr sin agus aistríodh beirt bhall foirne.

Próisis acmhainní daonna a dhigitiú

Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag díriú ar dhigitiú a hacmhainní daonna agus a próiseas earcaíochta chun éifeachtúlacht a fheabhsú. D'éirigh leis an ascnamh ó iLearn (ardán bainistíochta tallainne eu-LISA) go dtí an néal, rud a d'fhág gurbh fhéidir faisnéis agus gnéithe a rochtain ó áit ar bith. Leis sin, cuireadh feabhas ar eispéireas foriomlán na n-úsáideoirí.

I mí na Samhna 2023, cuireadh i gcrích an chéad bhabhta tástála ar mhodúl Sysper chun an dualgas fuireachais a phleanáil agus a thuairisciú. Ina theannta sin, rinne eu-LISA digitiú ar chur isteach na ndearbhuithe éigeantacha nó na n-iarrataí chun feidhmiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú.

Foghlaim agus forbairt

Sainíodh an **plean foghlama bliantúil** agus cuireadh roinnt seisiúin faisnéise ar siúl don fhoireann ar fad. I rith na bliana, eagraíodh gníomhaíochtaí oiliúna éagsúla, ar mealladh 1 366 rannpháirtí san iomlán chucu, agus próiseáladh 89 n-iarraidh ar sheirbhís.

Ba é an chéad ábhar nua a bhí ar fáil in iLearn ná an **clár nua ionduchtaithe réamhthairde** a bhí dírithe ar eispéireas foghlama níos saoráidí a chinntiú do bhaill foirne agus d'fhostaithe nua, chomh maith le ham a shábháil i gcás baill foirne oibríochtúla nach gá dóibh na seisiúin a chur i láthair go pearsanta a thuilleadh.

Cuireadh i gcrích an **measúnú bliantúil agus an cleachtadh athaicmiúcháin**, agus rinneadh 25 bhall foirne a athaicmiú in 2022. Ina theannta sin, thug an Ghníomhaireacht cothrom le dáta an próiseas agus na huirlisí chun cuspóirí a leagan síos do dhaoine aonair, rud a chruthaigh nasc níos fearr idir cuspóirí straitéiseacha eu-LISA agus cuspóirí bliantúla na mball foirne aonair go léir.

Eispéireas agus folláine na bhfostaithe

Tá an Ghníomhaireacht fós ag tomhas rannpháirtíocht fostaithe ar bhonn bliantúil. Bhí an scór rannpháirtíochta foirne fós cobhsaí in 2022. Ar bhonn suirbhéanna rannpháirtíochta, tá eu-LISA fós ag cur béim mhór ar fholláine na foirne, lena n-áirítear **clár meabhairshláinte** a sheoladh do bhaill foirne agus dá dteaghlach, bunaithe ar thrí cholún: feasacht, cosc agus tacaíocht. Ina theannta sin, tairgeadh seirbhís féinchúraim do na baill foirne i bhfoirm síntiús le feidhmchlár móibíleach, seimineáir ghréasáin maidir leis an meabhairshláinte ag an obair, agus seisiúin chomhairleoireachta aonair le sícíteiripeoir cáilithe chun tacú le baill foirne agus lena dteaghlach agus iad ag déileáil le tréimhsí dúshlánacha.

Chun meas agus dínit ag an obair a chur chun cinn tuilleadh, roghnaigh an Ghníomhaireacht comhairleoirí iontaoibhe nua. Roghnaíodh cúigear ball foirne nua agus cuireadh oiliúint orthu chun tacú le baill foirne a bhí ag lorg cúnaimh i gcásanna a measadh a raibh ciapadh síceolaíoch nó gnéaschiapadh i gceist leo.

Tar éis do eu-LISA taithí agus aiseolas luachmhar a fháil ó na socruithe oibre speisialta le linn na paidéime, chuir sé le scóip na ndeiseanna **teilea-oibre** a bhí ar fáil do bhaill foirne trí shocruithe oibre hibrideacha a thabhairt isteach, agus é ag fanacht le rialacha na Ghníomhaireachta maidir leis an ábhar sin a ghlacadh go foirmiúil. Chuidigh an modh oibre sin leis an ráta neamhláithreachta a laghdú.

Beartais acmhainní daonna

Chun a chreat dlíthiúil a ailíniú le rialacha nua do ghníomhaireachtaí an Aontais, ghlac eu-LISA **rialacha nua cur chun feidhme a ghabhann leis na Rialacháin Foirne maidir le fiosrúcháin riaracháin** agus **rinne sé athbhreithniú ar a threoirlínte maidir le sceithireacht**. Tar éis don Bhord Bainistíochta a fhormheas a thabhairt, fuair an Ghníomhaireacht maolú ó rialacha an Choimisiúin maidir le huaireanta oibre agus **obair hibrideach** go dtí go bhforbrófar cinneadh eiseamláireach nua, nó cinneadh sonrath.

1.7.3. Airgeadas agus soláthar

In 2022, lean eu-LISA ar aghaidh ag forbairt agus ag neartú a phróiseas agus a nósanna imeachta airgeadais inmheánacha chun bainistíocht thrédhearcach, éifeachtach a chuid acmhainní airgeadais a áirithiú. Ina theannta sin, rinne eu-LISA iarracht athnuaite pleanáil a dhéanamh don todhchaí, go háirithe maidir le digitíú an bhuiséid agus an tsoláthair. Ina theannta sin, bhunaigh eu-LISA na heilimintí is gá chun buiséadú de réir gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm amach anseo, mar aon le faireachán agus forbairt leanúnach ar a nósanna imeachta airgeadais agus soláthair.

1.7.4. An Clár um Méadú Acmhainneachta

Tar éis an leathnaithe ar shainordú eu-LISA in 2018, bhí ar an nGníomhaireacht acmhainneacht a láithreáin in Strasbourg a leathnú chun freastal ar riachtanais oibríochtúla a bheadh ag córas nua. Ba é a bhí i gceist go príomha cur le hacmhainneacht an ionaid sonraí agus spás oifige breise a sholáthar don fhoireann. I mí Feabhra 2020, sheol eu-LISA an tionscadal don **dara síneadh ar an láithreán i Strasbourg**, tionscadal a bheartaítear a chur i bhfeidhm in 2028. I mí an Mheithimh 2021, leasaíodh an cinneadh chun dhá thionscadal eile a chur san áireamh leis, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha ghnó sula gcuirfí an dara síneadh i gcrích: **ionad sonraí modúlach (MDC)** agus **uasghrádú ar an acmhainneacht chumhachta agus fuaraithe**.

Chun bainistíocht agus cur chun feidhme éifeachtach tionscadal a áirithiú, rialaítear na trí thionscadal bonnagair idirghaolmhara sin faoi chlár uileghabhálach, '**an Clár um Méadú Acmhainneachta**':

- **an dara síneadh ar an láithreán oibríochtúil.** Tá an tionscadal dírithe ar spásanna oifige nua a thógáil ar an láithreán i Strasbourg. In 2022, tugadh an clár foirgníochta cothrom le dáta, lena n-áirítear an doiciméadacht ábhartha uile agus clúdach airgeadais measta nua. De dheasca srianta buiséid, níor seoladh an glao ar thairiscintí le haghaidh an chreatchonartha do sheirbhísí deartha foirgneamh, agus tá an tionscadal curtha siar faoi láthair go dtí an chéad tréimhse eile den chreat airgeadais ilbhliantúil.
- **ionad sonraí modúlach 2.** Foráiltear leis an tionscadal go suiteálfar ionad sonraí modúlach i gcoimeádán, i.e., réiteach solúbtha, inscálaithe nach dteastaíonn aon ghníomhaíocht foirgníochta ina leith. In 2022, bhí eu-LISA ag obair chun bailchríoch a chur ar an gcoincheap maidir le hionad sonraí modúlach 2, agus riachtanais óstála an chórais amach anseo á gcur san áireamh. Ina theannta sin, sheol an Gníomhaireacht suirbhé chun forléargas a thabhairt ar na réitigh theicniúla a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i ndáil le hionaid sonraí modúlacha.
- **uasghrádú ar bhonneagar cumhachta agus fuaraithe.** Is é an sprioc atá ann riachtanais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha chumhachta agus fuaraithe an láithreáin oibríochtúil in Strasbourg a chumhdach. Tugadh i gcrích an staidéar réamh-indéantachta maidir le hacmhainneacht cumhachta i mí na Bealtaine 2022, inar soláthraíodh cásanna malartacha don ghearrthréimhse, don mheántréimhse agus don fhadtréimhse. Úsáidfean na torthaí i gcomhair ionad sonraí modúlach 2 freisin. Ina theannta sin, scrúdaítear sa staidéar ar fhuarú conas acmhainní fuaraithe an trealaimh atá suiteáilte san ionad sonraí a bharrfheabhsú chun níos lú fuinnimh a ídiú agus chun réitigh a sholáthar i ndáil le huasghrádú a dhéanamh ar an gcóras atá ann cheana.

1.7.5. Seirbhísí Corparáideacha

Clár Bainistíochta Ábhar Fiontair (ECM).

In 2020, thosaigh an Gníomhaireacht ag cur chun feidhme **an Chláir Bainistíochta Ábhar Fiontair (ECM)** chun creat comhtháite a sholáthar d'fhórsa saothair eu-LISA, ina mbeidh gach straitéis (lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta), gach modh agus gach uirlis a úsáidtear chun faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a bhainistiú, a phróiseáil agus a stóráil. Is de réir a chéile a chuirfean chun feidhme clár ECM agus meastar go mbeidh sé ar siúl go dtí deireadh 2025.

In 2022, lean an Gníomhaireacht de bheith ag obair le dhá thionscadal faoin gclár seo. Ar an gcéad dul síos, leanadh ar aghaidh leis **an tionscadal nua um bainistíocht doiciméad (DMS)** le hullmhú plean tionscadail agus acmhainní, ina leagtar amach cuspóirí, bearta feidhmíochta agus róil agus freagrachtaí. Ar an dara dul

síos, bhí tionscadal **shuíomh gréasáin nua eu-LISA** dírithe ar chonradh a ullmhú.

Clár um ghlacadh néalríomhaireachta

Is cumasóir straitéiseach é an néalríomhaireacht don chlaochlú digiteach. Tá spéis ag eagraíochtaí nua-aimseartha i réitigh inscálaithe, shlána a thógáil agus a sholáthar gan aon ghá a bheith ann infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair fhisiciúla agus iad a fhorbairt. Sa saol digiteach, is mian le heagraíochtaí freisin a mbogearraí a úsáid agus a n-inneachar a rochtain ó áit ar bith, ar éileamh. Is iad seo a leanas na spreagthaí gnó atá ag eu-LISA chun bogadh go dtí an néalríomhaireacht: deireadh na tacaíochta teicneolaíochta a bhainistiú; cumais theicniúla nua a thabhairt isteach agus freastal ar éilimh ghnó amach anseo; feabhas a chur ar shlándáil agus ar chomhlíonadh rialála; barr feabhais oibríochtúil a sholáthar i dtéarmaí soláthair, cost-éifeachtúlachta, agus aistear níos sciobtha go dtí an margadh; feabhas a chur ar chobhsaíocht teicneolaíochta; feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar tháirgiúlacht agus ar idirghníomhaíochtaí idir fostaithe, úsáideoirí agus conraitheoirí ar mhaithe le heispéireas níos fearr d'úsáideoirí.

In 2022, formheasadh an cur chuige straitéiseach maidir le Glacadh Néalríomhaireachta san fheidhm TFC, agus rinneadh cás gnó an chláir (lena n-áirítear a bhuiséad, a amlíne agus a scóip) a chomhdhlúthú.

Déanfar an nuachóiriú sin ar chórais chorparáideacha TFC na Gníomhaireachta a sholáthar de réir a chéile le linn na tréimhse 2023-2024 trí na tionscnaimh seo a leanas: **cumarsáid aontaithe** (lena n-áirítear cumas comhrá agus cruinnithe i bhfiontar atá dírithe ar tháirgiúlacht, soláthraithe néalríomhaireachta, úsáid a bhaint as ailtireacht hibrídeach san áitreabh, il-néalaitireacht); feidhmchlár ghnó agus cumais ghnó a aistriú chuig **soláthraí néalríomhaireachta atá dírithe ar tháirgiúlacht** (lena n-áirítear acmhainn ríomhphoist agus acmhainn féilire, uirlis chun faireachán a dhéanamh ar chonarthaí, feidhmchlár maidir le himréiteach slándála, etc.); **cúltaca aontaithe** (lena dtabharfar le chéile nósanna imeachta cúltaca agus nósanna imeachta athshlánaithe ó thubaiste ar fud córas trí úsáid a bhaint as ailtireacht hibrídeach san áitreabh/il-néalaitireacht).

Seirbhísí ginearálta

I rith 2022, rinne eu-LISA cothabháil ar a láithreáin agus a shaoráidí go léir, agus bharrfheabhsaigh sé an chothabháil sin, lena áirithiú go mbeadh an bonneagar foirgneamh slán, éifeachtach agus feidhmiúil, agus go mbeadh sé ag teacht go hiomlán le riachtanais ghnó na Gníomhaireachta. Chun daoine a spreagadh le dul chuig an obair ar rothar, seoladh tionscadal maidir le foscadán rothar ionas go bhféadfaí tuilleadh rothar a pháirceáil san áitreabh.

Chun freastal ar leathnú na Gníomhaireachta ó thaobh foirne de, cuireadh roinnt tionscadal chun feidhme chun feabhas a chur ar dháileadh spáis agus tuilleadh spásanna oibre a chur ar fáil. Tugadh isteach beartas nua sealáochta deisce agus uirlis ar líne chun spás oibre a chur in áirithe. Ina theannta sin, seoladh staidéar ar ghníomhaíocht sa láthair oibre chun úsáid níos éifeachtúla fós a bhaint as spás oifige, chun cur le compord na timpeallachta oibre agus chun an fholláine ag an obair a fheabhsú go ginearálta.

In 2022, glacadh **Beartas Comhshaoil** eu-LISA, d'fhonn clárú le Scéim an Aontais Eorpaigh um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) a áirithiú faoi 2024. Ina theannta sin, rinneadh comhdhlúthú ar an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde freisin.

Seirbhísí corparáideacha TFC

In 2022, d'athraigh an Gníomhaireacht a cur chuige maidir le seirbhísí corparáideacha TFC a sholáthar trí dhíriú ar tháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse. Ar cheann de na tosca ratha a bhí ag an aistriú sin bhí an tionscadal um chur chun feidhme ITIL atá ar siúl faoi láthair ag Seirbhísí TFC, rud a d'éascaigh an t-oiriúnú a bhí riachtanach. Chuir an Gníomhaireacht línte nua idirlín agus líonra achair fhairsing (WAN) chun feidhme sa Bhruiséil agus idir láithreáin (Taillinn-Strasbourg), rud a chuir feabhas ar chúrsaí slándála freisin. Ina theannta sin, rinne eu-LISA uasghrádú ar an mbonneagar cúltaca agus stórála chun tacú níos fearr le cuspóirí athshlánaithe agus thug sé isteach bainistíocht hibrídeach céannachta chun tacú le fíordheimhniú ar bhonn tosca éagsúla.

1.7.6. Cumarsáid

Bhí cumarsáid sheachtrach na Gníomhaireachta dírithe ar fhaisnéis oibiachtúil, iontaofa, shothuigthe a sholáthar chun cur leis an bhfeasacht agus an infheictheacht fhoriomlán. Ba dhíol suntais é gur bronnadh

Gradam Sóisialta Forbes ar eu-LISA in 2022 as a thionscnaimh nuálacha, spreagúla i ndáil le cumarsáid phoiblí, agus gur moladh é as ucht a dhíograise i dtaobh eitice agus as an úsáid a bhaineann sé as straitéisí, teicnící agus uirlisí nuálacha cumarsáide.

Cumarsáid sheachtrach

In 2022, díriodh ar fhéachaint chuige go mbeadh éachtaí eu-LISA le feiceáil agus ar chur le feasacht an phobail ar ról na Gníomhaireachta maidir le freastal ar leasanna shaoránaigh an Aontais agus seirbhísí TF a sholáthar dá geallsealbhóirí. Trí úsáid a bhaint as formáidí ilmheán éagsúla, chuir an Gníomhaireacht chun cinn a ról agus a cuid éachtaí maidir le TF a bhainistiú agus a chur i láthair mar phríomhthoisic i dtaobh beartais an Aontais a chur chun feidhme i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Go háirithe:

- D'fhoilsigh eu-LISA leabhrán speisialta lena chomóradh go raibh sé **10 mbliana ar an bhfód**.¹⁰⁰ Scaipeadh an foilseachán ar na meáin shóisialta chun cur arís eile le hinfheictheacht na Gníomhaireachta ar líne, agus chonaic níos mó ná 14500 duine é ar LinkedIn;
- Sheol eu-LISA tairseach nua ar líne 'Discover eu-LISA 2.0' chun forléargas nuashonraithe a thabhairt ar phríomhchúraimí agus réimsí gnó na Gníomhaireachta;¹⁰¹
- D'fhreastail an Gníomhaireacht ar chruinnithe maidir le feachtais chumarsáide an Choimisiúin i leith EES agus ETIAS, agus rannchuidigh sí leis an iarracht trí shuíomh gréasáin corparáideach an fheachtais clárúcháin agus feasachta d'iompróirí a chur chun cinn ar fud a bealaí meán sóisialta, chun cur leis an bhfeasacht air agus leis an ráta clárúcháin.

Ina theannta sin, chuir eu-LISA alt ar fáil i gcomhair Nuachtlitir Ráithiúil ETIAS, arna foilsiú ag Frontex, ina dtugtar forléargas ar na forbairtí is déanaí a bhaineann le ETIAS a chur i bhfeidhm. Thacaigh an Gníomhaireacht le **feachtas SIS Athmhúnlaithe** an Choimisiúin Eorpaigh freisin.

Le linn 2022, dhírigh an Gníomhaireacht a hiarrachtaí cumarsáide seachtraí freisin ar an gcaidreamh leis na meáin a neartú agus ar a láithreach ar líne a leathnú a thuilleadh ar fud a suíomh gréasáin agus a bealaí meán sóisialta. Áiríodh leis sin forléargais chuimsitheacha ar a ról agus ar a cúraimí a fhoilsiú i roinnt eagraíochtaí náisiúnta meán (lena n-áirítear i meáin na Gearmáine, na hIodáile, na Fraince agus na hEastóine). Ina theannta sin, rannchuidigh eu-LISA le líonraí gníomhaireachtaí an Aontais trí aird a dhíriú ar sheasaimh chomhroinnte (lena n-áirítear feachtais maidir le seasamh leis an Úcráin, an Comhaontú Glas don Eoraip, agus Mná in TF) agus trí chur leis an bhfor-rochtain atá ag a lucht féachana seachtrach ar fhaisnéis agus teachtaireachtaí gaolmhara.

Ar deireadh, rinne eu-LISA cumarsáid maidir lena príomhimeachtaí féin – Comhdháil Bhliantúil agus dhá Chruinniú Comhchéime Tionscail – chun cur lena infheictheacht agus lena rannpháirtíocht lena spriocphobail, rud a chuir go mór lena lucht leanúna ar na meáin shóisialta: + 42 % ar LinkedIn, + 21 % ar Twitter, agus + 15 % ar Facebook.

Cumarsáid inmheánach

Le linn 2022, rinne feidhm cumarsáide inmheánaí eu-LISA an chumarsáid idir an lucht bainistíochta agus na fostaithe, agus idir foranna na Gníomhaireachta, a éascú go héifeachtúil. De réir thorthaí an tsuirbhé foime, ba é 91 % an leibhéal foriomlán sástachta leis an gcumarsáid inmheánach.

Lena cheiliúradh go raibh sé 10 mbliana ar an bhfód, d'eagraigh eu-LISA gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear taispeántas grianghraf speisialta ar líne 'Then and Now', nuachtlitir ar leith inar breathnaíodh siar ar an tréimhse sin, agus sraith agallamh pearsanta le baill foirne. In 2022, bhí cuid mhaith de na gníomhaíochtaí cumarsáide inmheánaí dírithe ar chumarsáid ghéarchéime a bhain le paidéim COVID-19, agus le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Chun feasacht a mhúscailt i measc a ball foirne agus cuireadh a thabhairt do chomhghleacaithe cur le hábhair thábhachtacha de chuid an Aontais, chuir an Gníomhaireacht chun cinn feachtais shóisialta éagsúla ar fud an Aontais freisin, e.g., Lá Domhanda an Ghiantacháin i mí Mheán Fómhair, an Gealltanais maidir le 3 Bhilliún Crann 2030, Mí na Cibearshlándála i mí Dheireadh Fómhair, Lá Idirnáisiúnta na mBan agus Lá Idirnáisiúnta na bhFear.

¹⁰⁰ eu-LISA (2022) **eu-LISA 10-year anniversary** [eu-LISA 10 mbliana ar an bhfód]. Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh go dtí **suíomh gréasáin Chomóradh 10 mBliana eu-LISA**.

¹⁰¹ **Discover eu-LISA – our core activities for a safer Europe** [Cuir aithne ar eu-LISA – ár bpríomhghníomhaíochtaí chun Eoraip níos sábháilte a bhaint amach]. I gcomhair tuilleadh faisnéise, téigh chuig **discover.eulisa.europa.eu**.



2

MANAGEMENT

The main elements of eu-LISA's management, such as budget and human resources.

Bainistíocht

2.1. An Bord Bainistíochta

In 2022, lean eu-LISA lena dhlúthchomhar trédhearcach, cuiditheach lena Bhord Bainistíochta. Chomh maith lena hoibleagáidí reachtúla, thug an Gníomhaireacht an Bord cothrom le dáta go rialta maidir le gach riosca agus saincheist shuntasach a saináithníodh, lena n-áirítear na bearta maolaithe a cuireadh chun feidhme i leith forbairt córas mórsála TF nua a cuireadh de chúram ar eu-LISA.

Sholáthair an Gníomhaireacht nuashonruithe agus tuarascálacha rialta don Bhord maidir le stádas cur chun feidhme EES, ETIAS, ECRIS-TCN agus an chlár Idir-inoibritheachta, lena n-áirítear tuairimí ó Ghrúpaí Comhairleacha agus ó Bhoird Bhainistíochta na gClár faoi seach, tuarascálacha ar rioscaí agus saincheisteanna gaolmhara, bearta maolaithe a bhí beartaithe agus forbairt fhoriomlán na gclár. Leag an Bord béim arís agus arís eile ar a thiomantas láidir don ailtireacht idir-inoibritheachta a chur chun feidhme mar phríomhthosaíocht dá chuid. Ina theannta sin, thuairiscigh Grúpaí Comhairleacha SIS, VIS agus Eurodac don Bhord maidir leis an stádas i ndáil le bainistíocht oibríochtúil na gcóras faoi seach, lena n-áirítear rioscaí agus saincheisteanna gaolmhara, mar aon le bearta maolaithe. Fuair an Bord tuarascálacha rialta freisin ó Oifigeach Slándála eu-LISA, a Oifigeach Cosanta Sonraí agus a Chumas Iniúcháireachta Inmheánaí.

I rith 2022, ghlac an Bord Bainistíochta roinnt cinntí suntasacha chun leanúnachas gnó na Gníomhaireachta a áirithiú, lena n-áirítear:

- Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach a cheapadh,
- socrú oibre a údarú le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) maidir le seirbhísí Oifigigh Cuntasaíochta agus maidir le hOifigeach Cuntasaíochta a cheapadh *ad interim*,
- tograí maidir le dátaí teacht i bhfeidhm córas nua a athrú,
- glacadh doiciméad reachtúil pleanála agus tuairiscithe (i.e., SPD (lena n-áirítear ráiteas airgeadais), tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha eatramhacha ar ghníomhaíochtaí, cuntais bhliantúla),
- glacadh pleananna slándála agus leanúnachais gnó le haghaidh an bhonneagair chumarsáide agus Eurodac, chomh maith le pleananna slándála, pleananna leanúnachais gnó agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste le haghaidh EES agus sBMS,
- glacadh treoirlínte maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

Rinne Coiste Iniúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais an Bhoird (ACFC) faireachán ar na rioscaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht agus ar leagan amach an tsocraithe rialaithe inmheánaigh. Chomh maith le trí chruinniú rialta de chuid ACFC, eagraíodh ceithre chruinniú urghnácha freisin. Tugadh an Bord agus ACFC cothrom le dáta go rialta maidir le stádas an nós imeachta bhuiséadaigh agus na caibidlíochta maidir le bainistíocht airgeadais, agus maidir leis an stádas i dtaobh na moltaí iniúcháireachta a chur chun feidhme. Ina theannta sin, thug an Bord aird chúramach ar na nuashonruithe maidir le cúrsaí foime sa Gníomhaireacht agus maidir lena Clár um Méadú Acmhainneachta.

In 2022, thionóil an Bord Bainistíochta dhá chruinniú urghnácha: ceann amháin maidir leis an tuarascáil ó ACFC agus ceann eile maidir leis an stádas i dtaobh na Rialacháin maidir le SIS Athmhúnlaithé a chur chun feidhme agus maidir le teacht i bhfeidhm SIS athnuaite. Tháinig an Bord le chéile ar líne trí huairé, agus ba i bhformáid hibrideach a eagraíodh na cruinnithe eile. Ba in Strasbourg a tionóladh cruinniú an Bhoird i mí an Mheithimh, faoi choimirce Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus ba i bPrág a tionóladh cruinniú mhí na Samhna, faoi choimirce Uachtaránacht na Seice.

Chun an trédhearcacht a fheabhsú tuilleadh agus chun rannchuidiú le feasacht an phobail ar a gníomhaíochtaí a ardú, lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag foilsiú achoimrís ar chruinnithe rialta an Bhoird Bainistíochta.

2.2. Mórfhorbairtí

2.2.1. Rialacháin a glacadh

I mí an Mheithimh 2022, tháinig **Rialachán e-CODEX** i bhfeidhm, lenar cuireadh bainistíocht oibríochtúil agus forbairt an chórais e-CODEX de chúram ar eu-LISA, agus lena leagtar síos na ceanglais i dtaobh a thabhairt ar lámh ag an gcuibhreannas Ballstát a bhí ag bainistiú an chórais go dtí seo.¹⁰² Tosaíodh ag ullmhú chun freagracht a ghlacadh as i mí na Nollag agus bhunaigh eu-LISA Grúpa Comhairleach tiomnaithe.

An 15 Meitheamh, ghlac an Chomhairle an rialachán lena ndéantar athbhreithniú ar **shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen (SEMM)**, lena n-athraítear eatramh na dtimthriallta meastóireachta agus lena gcuirtear feabhas ar ról ghníomhaireachtaí an Aontais sna próisis faireacháin agus mheastóireachta.¹⁰³ Mar thoradh air sin, tabharfar isteach athruithe sa chéad timthriall meastóireachta eile.

Ag deireadh 2022, ghlac an tAontas an treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (**Treoir NIS 2**).¹⁰⁴ Cé nach mbeidh tionchar díreach ag Treoir NIS 2 ar phríomhghníomhaíochtaí eu-LISA, feabhsófar an chibearshlándáil laistigh den Aontas trí leibhéal áirithe ullmhachta a éileamh ar na Ballstáit i réimsí straitéiseacha.

Maidir leis an intleacht shaorga (IS), ghlac an Chomhairle a cur chuige ginearálta maidir leis **an nGníomh um an Intleacht Shaorga** an 6 Nollaig 2022.¹⁰⁵ Tá an Gníomh sin ina chuid de phacáiste reachtach an Choimisiúin a foilsíodh in 2021, lena n-áirítear athbhreithniú ar an bPlean Comhordaithe um an Intleacht Shaorga. Leis an rialachán a bheartaítear, tugtar isteach sraith rialacha comhchuibhithe is infheidhme maidir le dearadh, forbairt agus úsáid córas áirithe AI ardriosca, chomh maith le srianta ar úsáid áirithe a bhaint as córais cianaitheantais ar bhonn sonraí bithmhéadracha.¹⁰⁶ Foráiltear leis an togra reachtach le haghaidh díolmhú comhpháirteanna de na córais mhórsála TF a ndéanann eu-LISA maoirseacht orthu agus a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís bliain roimh dháta a chur i bhfeidhm. I gcás inarb infheidhme, áfach, breithneoidh an Gníomhaireacht na ceanglais rialála agus meastóireacht á déanamh aici ar gach córas mórsála TF atá faoina cúram. Ina theannta sin, fágfaidh aon athrú nach beag ar dheardh nó ar chuspóir beartaithe an chórais nó na comhpháirte AI lena mbaineann go spreagar cur i bhfeidhm iomlán an rialacháin.

2.2.2. Rialacháin leasaithe/athbhreithnithe

In 2022, bhunaigh an Chomhairle agus an Pharlaimint a sainorduithe caibidlíochta le haghaidh an Rialacháin um Eurodac Athmhúnlaithe chun **an t-athchóiriú ar chóras Eurodac** a thabhairt chun críche.¹⁰⁷ Nuair a ghlacfar é, beidh sé ar an mbloc tógála deireanach a dhéanfar a chomhtháthú sa chreat idir-inoibritheachta CGB. Leathnaítear raon feidhme Rialachán Eurodac leis an togra trí chatagóirí nua a thabhairt isteach chun tacú leis an gceanglas sonraí a bhailiú agus a stóráil maidir le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stáit a bhfuarthas amach atá ag cónaí go neamhrialta ar chríoch an Aontais. Soláthrófar leis tuilleadh feidhmiúlachtaí cuardaigh agus sásraí cuardaigh chun faireachán a dhéanamh ar chásanna aonair iarrthóirí tearmainn agus imirceach neamhrialta, in ionad iarratas. Tá sé beartaithe tús a chur leis an gcaibidlíocht idirinstiúideach in

¹⁰² **Rialachán (AE) 2022/850** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (**an córas e-CODEX**), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 150, 1.6.2022.

¹⁰³ **Rialachán (AE) 2022/922** ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1-27.

¹⁰⁴ **Treoir (AE) 2022/2555** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2), IO L 333, 27.12.2022, lgh. 80-152.

¹⁰⁵ An Chomhairle CGB (2022) '**Artificial Intelligence Act: Council calls for promoting safe AI that respects fundamental rights**', [Gníomh um an Intleacht Shaorga: Iarrann an Chomhairle go gcuirí chun cinn AI sábháilte lena n-urramaítear cearta bunúsacha], preaseisiúint, an 6 Nollaig 2022.

¹⁰⁶ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos **rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga)** agus lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais, COM/2021/206 final.

¹⁰⁷ '**Eurodac: MEPs updated their position in view of upcoming negotiations with the Council**' [Eurodac: Thug na Feisirí Eorpacha a seasamh cothrom le dáta i bhfianaise na caibidlíochta leis an gComhairle atá ar na bacáin], Parlaimint na hEorpa, an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), preaseisiúint, an 13 Nollaig 2022.

2023, agus gheall Uachtaránacht Pharlaimint na hEorpa agus Uachtaránacht nua na Comhairle araon an t-athchóiriú reachtach a thabhairt chun críche faoi mhí Aibreáin 2024. Beidh sé sin ina bhonn don uasghrádú ar Eurodac atá le cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht.

I mí an Mheithimh 2022, leasaíodh an **Rialachán lena mbunaítear eu-LISA** chun e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne) a thabhairt faoi fheagacht na Gníomhaireachta.

Ar deireadh, i mí Iúil 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an **Rialachán leasaithe maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS)** ionas go n-áireofaí leis foláirimh faisnéise in SIS maidir le náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais.¹⁰⁸ Leis an leasú sin, leagtar síos na nósanna imeachta agus na coimircí is infheidhme, rud a chuireann ar a chumas do Europol a mholadh go gcuirí foláirimh nua le SIS. Lean Coiste SIRENE SIS an Choimisiúin den phlé ar na leasuithe is gá ar na gníomhartha cur chun feidhme, lena n-áirítear tagairt do na catagóirí nua foláirimh. Nuair a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme, cuirfidh eu-LISA chun feidhme an foláireamh faisnéise nua arna mholadh ag Europol.

2.2.3. Cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine

Ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, tá an Gníomhaireacht ag tacú go gníomhach leis na Ballstáit, agus á áirithiú go mbeidh córais bainistithe teorainneacha an Aontais ar fáil gan bhriseadh.

Ó mhí an Mhárta 2022 ar aghaidh, tá eu-LISA ag freastal ar chruinnithe de chuid **Íonra an Aontais maidir le hUllmhacht i gcomhair Imirce agus Bainistíocht Géarchéimeanna agus** ag rannchuidiú leo.¹⁰⁹ Chun tacú le cur chun feidhme na Treorach maidir le Cosaint Shealadach,¹¹⁰ sholáthair an Gníomhaireacht tacaíocht shaineolach don Choimisiún chun **an tArdán um Chosaint Shealadach** a fhorbairt chun clárú a dhéanamh ar dhaoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Sa chéad seimeastar, rannchuidigh eu-LISA leis an **meitheal um** Fhreagairt Chomhtháite Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna¹¹¹ (IPCR), go príomha trí thacú leis an gComhairle maidir le hábhair a bhaineann le córais mhórsála TF sa réimse CGB agus trí thuarascálacha rialta a sholáthar chun an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis an úsáid a bhaintear as córais CGB agus maidir le leibhéil cibearbhagairtí.

Ina theannta sin, tá teagmháil rialta bunaithe ag eu-LISA le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais i dtíortha óstacha a bhfuil teorainneacha acu leis an Úcráin agus leis an Rúis (i.e., Oifig BEREC, EIGE, Frontex, CEPOL, agus ECHA) chun anailís a dhéanamh ar leibhéil bhagartha i dtéarmaí cibearshlándála agus leanúnachas gnó. Thairis sin, tá eu-LISA tar éis dlús a chur leis an bhfaireachán ar rioscaí agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do chórais mhórsála TF agus don bhonneagar corparáideach atá faoina shainchúram, agus tá sé ag cur faisnéis ábhartha in iúl do pháirtithe ábhartha. Ar leibhéal na foirne, seoladh roinnt tionscnamh laistigh de eu-LISA chun tacú leis na dídeanaithe trí fheachtais charthanachta.

2.2.4. Stiúirthóra Feidhmiúcháin nua

An 31 Deireadh Fómhair 2022, cheap an Bord Bainistíochta Leas-Stiúirthóir Feidhmiúcháin eu-LISA, an tUasal Luca Tagliaretti, ina Stiúirthóir Feidhmiúcháin *ad interim* chun leanúnachas oibríochtúil a áirithiú agus maoirseacht a dhéanamh ar an mbainistíocht laethúil, tar éis imeacht an Uasail Krum Garkov, a bhí ina Stiúirthóir Feidhmiúcháin ar eu-LISA ó bunaíodh an Gníomhaireacht.

¹⁰⁸ **Rialachán (AE) 2022/1190** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 a mhéid a bhaineann le foláirimh faisnéise a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) maidir le náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais, IO L 185, 12.7.2022, lgh. 1-9.

¹⁰⁹ **An Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime**, sásra de chuid an Aontais um ullmhacht agus bainistíocht géarchéimeanna a bhaineann leis an imirce, a bunaíodh le **Moladh (AE) 2020/1366 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020**.

¹¹⁰ **Treoir 2001/55/CE ón gComhairle** an 20 Iúil 2001 maidir le **caighdeán íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe** agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint, IO L 212, 7.8.2001, lgh. 12-23, agus **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle** an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann **d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin** de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach, IO L 71, 4.3.2022, lgh. 1-6.

¹¹¹ I gcomhair forléargas níos mionsonraithe ar an gcaoi a gcomhordaíonn an Chomhairle freagairt an Aontais ar ghéarchéimeanna, téigh chuig an leathanach a bhaineann go sonrach le **freagairt chomhtháite pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR)**.

Sa cháil sin, ghlac an tUasal Tagliaretti chuige féin freisin cúraimí an Oifigigh Údarúcháin atá freagrach as rialuithe inmheánacha eu-LISA a chur chun feidhme. Chun a sheachaint go mbeadh coinbhleacht leasa i gceist leis an ról a sannadh dó roimhe sin mar Bhainisteoir um Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach (MRMIC) chun críocha an Creat Rialaithe Inmheánaigh a chur chun feidhme, rinneadh ról MRMIC a tharmligean go sealadach chuig Ceann an Aonaid Rialachais agus Acmhainní go dtí gur ceapadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua.¹¹²

2.3. Bainistíocht bhuiséadach agus airgeadais

2.3.1. Bainistíocht airgeadais

Maoiníodh buiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais trí fhoinsí maoinithe éagsúla¹¹³, agus tháinig an príomhioncam ón ranníocaíocht bhliantúil ó bhuiséad an Aontais, i.e., Roinn III, Teideal 11, Caibidil 10 'Bainistíocht Teorann – Gníomhaireachtaí Díláraithe', arna ghlacadh ag an údarás buiséadach.¹¹⁴ Ina theannta sin, faigheann eu-LISA ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe.

2.3.2. An buiséad a chur chun feidhme

Ghlac Bord Bainistíochta eu-LISA an ráiteas deiridh ar ioncam agus ar chaiteachas i leith 2022.¹¹⁵ Ag deireadh 2022, seo a leanas rátaí cur chun feidhme bhuiséad eu-LISA:

- 99.0 % do leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí, ag cur san áireamh tabhairt anonn neamh-uathoibríoch na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí arna n-údarú ag Bord Bainistíochta eu-LISA i mí Feabhra 2023¹¹⁶, mar a shonraítear sa tábla thíos;
- 91.6 % do leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí, lena n-áirítear caiteachas riaracháin a thabhairt ar aghaidh go dtí 2023.

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliún)

Cur chun feidhme bhuiséad 2022 amhail an 31.12.2022			Cur chun feidhme an bhuiséid agus tabhairt anonn ar bhonn cinnidh	
Buiséad glactha deiridh 2022	tiomantais fhorghníomhaithe	% curtha chun feidhme	tabhairt anonn neamh-uathoibríoch	% curtha chun feidhme, agus tabhairt anonn neamh-uathoibríoch san áireamh
319.64	291.29	91.1 %	25.15	99.0 %

Forghníomhú leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí

Rinneadh na creidmheasanna faoi chomhair oibleagáidí (C1)¹¹⁷ ar glacadh leo ar deireadh do 2022 a roinnt ar na teidil éagsúla mar a leanas:

- 8 % (25.49 EUR milliún) le haghaidh caiteachas bonneagair agus oibríochtúil (Teideal 2),
- 13 % (41.22 EUR milliún) le haghaidh caiteachas foime (Teideal 1),
- 79 % (252.93 EUR milliún) don bhuiséad oibríúcháin (Teideal 3).

Maidir le Teideal 3, mar gheall ar chineál ilbhliantúil na gconarthaí a úsáidtear chun tacú le croí-oibríochtaí, i

¹¹² An 12 Eanáir 2023, cheap Bord Bainistíochta eu-LISA Agnès Diallo Uasal ina **Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua**, agus chuaigh sí i mbun oifige an 16 Márta 2023.

¹¹³ I gcomhréir le hAirteagal 46(3) den **Rialachán lena mbunaítear eu-LISA**.

¹¹⁴ Féach Airteagail 45(5) agus 46(3) den **Rialachán lena mbunaítear eu-LISA**. Baineann ranníocaíocht an Aontais le leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí C1 agus le leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (creidmheasanna vótáilte don bhliain buiséadach reatha).

¹¹⁵ I gcomhréir le hAirteagal 45(7) den **Rialachán lena mbunaítear eu-LISA**.

¹¹⁶ Cinneadh 2023-040 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA an 9 Feabhra 2023; Airteagal 12 de **Rialacha Airgeadais eu-LISA**.

¹¹⁷ Leithreasaí don bhliain (i.e., buiséad tosaigh + buiséad leasaitheach ± aistriú). Is leithreasaí 'úra' iad sin, arna n-iontráil sa bhuiséad ag tús na bliana airgeadais. Is féidir na leithreasaí sin a aistriú nó a fhorlíonadh le leithreasaí ó bhuiséad leasaitheach.

gcás EUR 195.88 milliún de leithreasáí oscailte faoi chomhair oibleagáidí dár foráladh do 2022, tugadh ar aghaidh go huathoibríoch iad le húsáid in 2023, agus sna blianta ina dhiaidh sin freisin. Féach Iarscríbhinn II i gcomhair miondealú.

Chuir an Ghníomhaireacht 100 % dá buiséad oibriúcháin chun feidhme, méid arb ionann é agus EUR 252.93 milliún (ag cur san áireamh tabhairt anonn neamh-uathoibríoch leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí ama bhformheas ag an mBord Bainistíochta) mar a léirítear de réir caibidle in **Fíor 24** ar leathanach 80.

In 2022, chuir an Ghníomhaireacht ar ceal EUR 1.11 milliún de leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin, méid arb ionann é agus 0.3 % de na leithreasáí iomlána a tugadh ar aghaidh faoi Theideal 3 – caiteachas oibríochtúil. Tá achoimre thíos, in **Tábla 5**, ar na gealltanais shaortha de réir bhliain tionscnaimh an ghealltanais dhlíthiúil bhunúsáigh.

Tábla 5. gealltanais shaortha na bliana 2022 i ndáil le gealltanais bhuiséadacha de réir bliana tionscnaimh (EUR milliún).

Caibidil den Bhuiséad	Airteagal Buiséid	2018	2019	2020	2021	Líon Iomlán
Bonneagar	<i>bonneagar comhroinnte córas</i>			-0.13		-0.13
	<i>líonraí</i>			-0.01	-0.01	-0.02
Feidhmchlár	<i>SIS II</i>	-0.08		-0.13		-0.21
	<i>VIS/BMS</i>	-0.38				-0.38
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	<i>tacaíocht oibríochtúil</i>			-0.01	-0.36	-0.37
IOMLÁN		-0.46		-0.28	-0.38	-1.11

Faoi thacaíocht oibríochtúil, tagraíonn an méid EUR 0.37 milliún do leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí buiséadacha a cealaíodh ar baineadh dáta deiridh an chonartha amach ina leith, agus nach raibh gá le forálacha conarthacha ina leith (e.g. gealltanais shaortha a bhaineann le conarthaí tacaíochta seachtraí (lena n-áirítear costais bhreise ar ragobair), iarsmaí de chruinnithe grúpaí comhairleacha agus gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le córais agus Ballstáit, chomh maith le damáistí leachtaithe ama bhfeidhmiú).

Forghníomhú leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí

Ba é EUR 296.51 milliún buiséad deiridh vótáilte iomlán na Gníomhaireachta i leith leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí. Ag deireadh 2022, leibhéal 91.6 % a baineadh amach i dtaobh forghníomhú na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh creidmheasanna C1, lena n-áirítear caiteachas riaracháin a thabhairt ar aghaidh go dtí 2023. Léirítear sna fíoracha ar na leathanaigh ina dhiaidh seo miondealú an bhuiséid iomláin de réir teidil agus ídiú foriomlán na gcistí agus na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí in 2022.

Maidir le caiteachas riaracháin, rinneadh forghníomhú ar 89.4 % de na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí a tugadh ar aghaidh ó 2021 go 2022.

Rinneadh leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí faoi Theideal 1 (caiteachas foirme)¹¹⁸ arbh ionann iad agus EUR 0.67 milliún, agus faoi Theideal 2 (caiteachas bonneagair agus oibriúcháin) arbh ionann iad agus EUR 13.71 milliún, nár íocadh fós in 2022 agus a bhfuil gealltanais dlíthiúil bailí ann ina leith, a thabhairt ar aghaidh go dtí 2023 mar aon leis na leithreasáí comhfhreagracha i gcomhair íocaíochtaí.¹¹⁹ Faoi Theideal 3, ba ar an mbonneagar comhroinnte córas a caitheadh an céatadán ba mhó de na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí. Déantar miondealú na gcreidmheasanna íocaíochta forghníomhaithe don buiséad oibriúcháin a sholáthar i **bhFíor 27** ar leathanach 80.

Príomhtháscaire feidhmíochta: Am le hÍoc

In 2022, rinne eu-LISA 2 892 idirbheart íocaíochta ar bhain teorainn ama íocaíochta leo, méadú 36.16 % i gcomparáid le 2021, lena n-áirítear:

¹¹⁸ Ní thugtar ar aghaidh leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí agus íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair.

¹¹⁹ I gcomhréir le hAirteagal 12(6) de **Rialacha Airgeadais eu-LISA**.

- 2 808 n-idirbheart ar bhain tréimhse uasta íocaíochta 30 lá leo,
- 50 idirbheart ar bhain tréimhse uasta íocaíochta 45 lá leo,
- 32 idirbheart ar bhain tréimhse uasta íocaíochta 60 lá leo,
- 2 idirbheart ar bhain tréimhse uasta íocaíochta 90 lá leo.


Bhí an meánachar ama a thóg sé gach cineál íocaíochta a dhéanamh i bhfad faoi na teorainneacha ama sonraithe: 18.4 lá le haghaidh íocaíochtaí 30 lá, agus 30.4 lá le haghaidh íocaíochtaí 60 lá.

Ar an iomlán, rinneadh 90.08 % de na hidirbhearta go léir laistigh den teorainn ama chonarthach. Cuireadh moill ar 287 íocaíocht san iomlán, agus thabhaigh ceithre cinn díobh ús ar riaráistí, méid arbh ionann é agus EUR 9 048.07 a bhí iníoctha le creidiúnaithe.


Cur chun feidhme an buiséid in 2022

Mar chuid dá creat tuairiscithe bliantúil, foilsíonn an Ghníomhaireacht a rátaí forghníomhaithe buiséid agus a táscairí feidhmíochta.


Fíor 24. Ídiú leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí C1 (EUR milliún)




Fíor 25. Treochtaí maidir le hídiú cistí arna ngealladh agus arna mbuiséadú i rith na bliana (EUR milliún)




Fíor 26. Forghníomhú leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí faoi Theideal 3 (EUR milliún)




Fíor 27. Ídiú leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí C1 (EUR milliún)




Fíor 28. Treochtaí maidir le hídiú cistí arna n-íoc agus arna mbuiséadú i rith na bliana (EUR milliún)




Fíor 29. Leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí arna bhforghníomhú faoi Theideal 3 (EUR milliún)




Fíor 30. Athrú míosúil ar an Am Iomlán le hÍoc



Fíor 31. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 30 lá




Fíor 32. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 60 lá



2.3.3. Nósanna imeachta soláthair

Léirítear i bhFíor 33 thíos na torthaí a bhí ar anailís toirte sionoptaí a rinneadh trí scrúdú ar líon na n-idirbheart (i.e., conarthaí) le linn na tréimhse ó 2014 go 2022. Léirítear san fhíor an miondealú idir na cineálacha éagsúla conarthaí, agus dírithe aird ar an méadú seasta ar líon na gconarthaí agus na bhfoirmeacha ordaithe sonracha faoi chreatchonarthaí. Leagtar béim leis an anailís toirte ar an gá atá le feidhmeanna soláthair a neartú ar fud na Gníomhaireachta.

Fíor 33. Gníomhaíocht soláthair 2014-2022.



TRANSLATION

<i>Direct contracts</i>	<i>Conarthaí díreacha</i>
<i>Framework contracts eu-LISA non-systems</i>	<i>Creatchonarthaí eu-LISA nach mbaineann le córais</i>
<i>Framework contracts eu-LISA systems</i>	<i>Creatchonarthaí eu-LISA a bhaineann le córais</i>
<i>Purchase orders</i>	<i>Ordaithe ceannaigh</i>
<i>Specific contracts/order forms under framework contracts</i>	<i>Conarthaí / foirmeacha ordaithe sonracha faoi chreatchonarthaí</i>
<i>Total</i>	<i>Líon iomlán</i>

2.4. Tarmligean agus fo-tharmligean cumhachtaí cur chun feidhme buiséid chuig baill foirne

Faoi Rialacha Airgeadais eu-LISA, go háirithe Airteagail 41 agus 46, tarmligeann an tOifigeach Údarúcháin cumhachtaí cur chun feidhme buiséid chuig Oifigigh Údarúcháin ainmnithe. Feidhmíonn an tOifigeach Údarúcháin ainmnithe tarmligean na gcumhachtaí faoin gCairt um Oifigigh Údarúcháin de réir Tarmligin, lena leagtar síos a gcúraimí agus a bhfreagrachtaí. Cuirtear an tarmligean sin i bhfeidhm ar bhonn mhaitrís úinéireachta buiséid inmheánach eu-LISA, ina sonraítear leithdháileadh údaráis agus freagrachta ar bhaill foirne ainmnithe bunaithe ar a bhfeidhm bainistíochta maidir le pleanáil agus cur chun feidhme acmhainní buiséid agus maidir leis an bhfaireachán orthu sna ciorcaid airgeadais go léir. Is ar leibhéal líne buiséid atá tarmligean na cumhachta leith gach foinse maoinithe. Is iad baill foirne a cheaptar go foirmiúil chuig an ról sin le cinneadh ón Stiúrtóir Feidhmiúcháin le haghaidh méid sonracha (i.e., uasteorainn airgeadais) a dhéanann an cúram sin.

2.5. Bainistíocht acmhainní daonna

2.5.1. Earcaíocht

In 2022, sheol eu-LISA 17 nós imeachta roghnúcháin nua. I gcás 12 cheann de na próisis roghnúcháin sin, fuair an Ghníomhaireacht 1 657 n-iarratas san iomlán.¹²⁰ Ba é 141 an meánlíon iarratas in aghaidh an nós imeachta, líon arb ionann é agus méadú i gcomparáid le 108 n-iarratas in 2021. Ba é 247 an líon ab airde iarratasóirí ar nós imeachta roghnúcháin dúnta, agus ba é 39 an líon ab ísle.

Chun na spriocanna earcaithe tallainne a leagadh síos i leith 2022 a bhaint amach, i gcomhthéacs líon ard na bpost gearrthéarmach neamh-inathnuaite a raibh daoine le hearcú chucu agus ráta measartha ard iomlaoide foirne, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht líon níos airde fógraí folúntais, agus an tráth céanna rinne sí neartú nach beag ar a branda fostóra agus chuir sí lena caighdeáin cháilíochta chun an cineál ceart daoine tréitheacha a mhealladh.

Mar thoradh ar na tionscnaimh cháilíochtúla seo a leanas, bhí eispéireas níos fearr ag iarrthóirí, agus cuireadh lena líon in 2022:

- bunú foroinne nua, an Roinn Bainistíochta Tallainne, ina bhfuil Seirbhís Fála Tallainne tiomnaithe (le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar chuid 1.7.2 maidir le *Daoine tréitheacha a aimsiú*);
- próiseas níos saoráidí ar mhaithe le gnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí breise d'earcaitheoirí agus do bhaill den Choiste Roghnúcháin (lena n-áirítear uirlisí nua chun an t-ualach riaracháin a laghdú), rud a fhágann gur fearr an t-eispéireas a bhíonn ag iarrthóirí;
- úsáid níos straitéisí a bhaint as na meáin shóisialta agus as uirlisí eile chun poist oscailte a fhógairt agus chun eu-LISA a bhrandáil mar rogha fostóir, go háirithe i gcás poist an-speisialaithe, e.g., tugadh breis agus 74000 amharc uathúil ar fhógraí folúntais LinkedIn;
- rannpháirtíocht san aonach domhanda gairmeacha ar líne 'Women in Tech' [Mná i dTeic].¹²¹ Bhí an t-imeacht sin, inar dírfódh ar ghairmithe a bhfuil taithí acu i réimse na teicneolaíochta, ina chúnamh maidir le buíon éagsúil iarrthóirí a mhealladh agus d'fhág sé gur cuireadh chun cinn an t-iomrá atá ar eu-LISA mar fhostóir tarraingteach, rud a spreag mná chun iarratas a dhéanamh ar phoist a bhaineann le TF; agus
- an úsáid is mó is féidir a bhaint as painéil trí phróifíilí comhchosúla a ghrúpáil ina nósanna imeachta roghnúcháin, agus úsáid níos fearr a bhaint as liostaí ionadaithe atá ann cheana trí scileanna inaistrithe a mheaitseáil le poist oscailte, lena n-áirítear comhoibriú le Líonra Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN) chun úsáid a bhaint as painéil ó Ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.

2.5.2. Foghlaim agus forbairt

Mar chuid den **Phlean Foghlama Bliantúil**, rinne an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- d'eagraigh sí 56 imeacht oiliúna, ina raibh 1 366 rannpháirtí agus a mhair 125 lá san iomlán,
- d'eagraigh sí 35 imeacht oiliúna seachtracha ina raibh 94 rannpháirtí san iomlán,
- bhain sí amach ráta sástachta ginearálta 82 % dá cuid cúrsaí oiliúna inmheánacha,
- phróiseáil sí 216 iarraidh oiliúna aonair san iomlán,
- chláraigh sí 49 mball foirne san iomlán chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí teanga.

2.5.3. Eispéireas agus folláine na bhfostaithe

In 2022, d'éascaigh eu-LISA do 36 fhostaí nua a ionduchtú. D'eagraigh an Ghníomhaireacht 8 seimineár gréasáin inar dírfódh ar an meabhairshláinte agus ar an bhfolláine agus d'fhreastail 485 rannpháirtí orthu. Ina theannta sin, bhain deichniúr leas as 24 sheisiún comhairleoireachta aonair, agus tugadh rochtain do 127 duine ar aip mhóibíleach folláine.

Cheap an Ghníomhaireacht grúpa nua comhairleoirí iontaoibhe agus chuir sí oiliúint orthu. I rith na bliana,

¹²⁰ Lena n-áirítear nósanna imeachta roghnúcháin i gcás inar bunaíodh liosta ionadaithe le linn 2022.

¹²¹ Imeacht gairmeacha ar líne 'Women in Tech', a d'eagraigh Global Careers i mí an Mheithimh 2022.

cuireadh 9 gcás san iomlán ar aghaidh chuig na comhairleoirí agus eagraíodh seisiúin mhaoriseachta rialta. Mar fhreagairt ar shárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann, rinne eu-LISA 4 réamh-mheasúnú chun bearta leantacha iomchuí a chinneadh.

2.5.4. Plean bunaíochta agus líon daoine

I bplean bunaíochta eu-LISA i leith 2022, cuimsíodh sna poist údaraithe 215 ghníomhaire shealadacha (TA), 167 gníomhaire ar conradh (CA), agus 11 saineolaí náisiúnta ar iasacht (SNI), sin 393 phost údaraithe san iomlán. Méadú 37 bpost a bhí ansin i gcomparáid le 2021. Tháinig méadú 35 ar líon na gníomhairí ar conradh, ó 132 go 167, mar gheall ar údarú buiséid i leith na gcúraimí nua a cuireadh ar an nGníomhaireacht (VIS Athbheithnithe, Eurodac, ETIAS, agus Idir-inoibritheacht). Níor tháinig aon athrú ar líon na bpost SNI le linn na tréimhse sin.

Tábla 6. Stádas na bpost a bhí líonta amhail an 31 Nollaig 2022.

Poist TA i bPlean Bunaíochta 2022	Poist TA a líonadh		Poist TA a bhí líonta + tairiscintí poist a eisíodh	Údaraithe do 2022 (TA, CA, SNI)	Poist líonta (iomlán)	Poist a bhí líonta + tairiscintí poist a eisíodh (iomlán)
215	192		198	393	324	341

In 2022, bhí an ráta áitíochta cothrom le 89.3 % den phlean bunaíochta agus 92.1 % a bhí ann má chuirtear san áireamh tairiscintí poist a eisíodh – laghdú beag i gcomparáid le 2021 (-1 %). Ba iad 82.4 % agus 85.5 % an ráta foriomlán áitíochta do gach cineál post, lena n-áirítear na tairiscintí poist a eisíodh. I gcás na bpost arna n-údarú i bplean bunaíochta 2022, agus i gcás inar glacadh na ráitis airgeadais dhlíthiúla faoi seach, bhain an Gníomhaireacht amach leibhéal 89 % le haghaidh poist TA, agus ráta áitíochta 87 % i leith gach post, lena n-áirítear an chéim 'tairiscint ar phost eisithe'.

Faoi dheireadh na bliana, bhí éirithe le 61 bhall foirne ina dtréimhse phromhaidh (lena n-áirítear post bainistíochta amháin), agus bhí triúr ann nár éirigh leo sa tréimhse phromhaidh.

Faoi dheireadh 2022, ba é 324 **líon iomlán** na mball foirne, méadú ó 310 ag deireadh 2021. I rith 2022, b'éigean 89 post a líonadh i gcomhréir le líon údaraithe na bpost. Níorbh fhéidir daoine a earcú chuig 4 phost, áfach, mar gheall ar easpa formheasa, moill ar ghlacadh an Rialacháin um Eurodac Athmhúnlaith, agus aistriú leithdháiltí post ó 2022 go 2023 le haghaidh SIS Athmhúnlaith (Póilíní). Ar an iomlán, dhún eu-LISA 12 nós imeachta roghnúcháin. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí an chéim 'tairiscint ar phost eisithe' bainte amach i leith 18 bpost, lena n-áirítear post amháin ar glacadh leis roimhe sin.

Tábla 7. Líon iarbhrí agus líon údaraithe daoine amhail an 31 Nollaig 2022.

Pobal na mball foirne	Líonta amhail ar 31.12.2021	Údaraithe le haghaidh 2022 (TA, CA, SNI) faoi bhuiséad an Aontais ¹²²	Líonta amhail ar 31.12.2022	Ráta áitíochta amhail ar 31.12.2022
Gníomhaire sealadach (TA)	193	215	192	89.3 %
Gníomhaire ar conradh (CA)	107	167 ¹²³	121	72.5 %
Saineolaí náisiúnta ar iasacht (SNI)	10	11	11	100 %
IOMLÁN	310	393	324	82.4 %

Ag deireadh mhí na Nollag 2022, bhí 324 bhall foirne lánaimseartha ag eu-LISA: 192 TA, 121 CA, agus 11 SNI. Ina theannta sin, tugadh cuireadh do sheachtar intéirneach dul faoi intéimeacht ghairmiúil sa Gníomhaireacht.

¹²² Áirítear leis na figiúirí sin freisin 2 phost TA, nár glacadh foráil dhlíthiúil ina leith in 2022, agus 2 phost CA nach raibh ar fáil lena n-earcú, mar gheall ar a dtréimhse ghearrthéarmach agus moill ar ghlacadh forála dlí, agus a d'fhan folamh.

¹²³ Ba cheart 169 bpost i gcomhair gníomhaire ar conradh a bheith ann san iomlán i gcomhréir leis an ráiteas reachtach airgeadais a glacadh. Is é 167 bpost CA an líon a léirítear sa phleanáil agus sa tuairiscíú foirne mar gheall ar choigeartú leithdháileadh na foirne i leith VIS Athbheithnithe (aistríodh gach líon foirne de bhliain amháin).

Tábla 8. Dáileadh fhoireann eu-LISA de réir láithreán agus cineálacha conartha.

31 Nollaig 2022	TA	CA	SNI	Líon Iomlán
Taillinn	50	29	4	83
Strasbourg	140	89	6	235
An Bhruiséil	1	3	1	5
An Háig	1	0	0	1
IOMLÁN	192	121	11	324

I gcomparáid le 2021, ní raibh aon athruithe móra ar an dáileadh foirne idir trí láithreán eu-LISA – an cheanncheathrú i Tallinn na hEastóine, an láithreán oibríochtúil in Strasbourg na Fraince, agus an Oifig Idirchaidrimh sa Bhruiséil, an Bheilg. Bhí beagnach aon trian den fhoireann (26 %) fostaíthe i gceanncheathrú eu-LISA i dTallinn, agus 73 % ag a láithreán oibríochtúil in Strasbourg, agus is ag an Oifig Idirchaidrimh sa Bhruiséil a bhí 1 % d'fhoireann eu-LISA. Níl aon bhall foirne de chuid na Gníomhaireachta fostaíthe go buan ag an láithreán teicniúil cúltaca in Sankt Johann im Pongau, san Ostair. In 2022, sannadh ball foirne amháin go sealadach do Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Imheánach arna chomhordú ag Europol sa Háig.

Airítear ar fhoireann na Gníomhaireachta daoine de 23 náisiúntacht (22 Bhallstát de chuid an Aontais agus an Ríocht Aontaithe). I gcomparáid le 2021, tháinig feabhas beag ar an gcothromaíocht inscne (+0.9 %), agus ba mhná iad 31.5 % de na baill foirne (102 dhuine), agus b'fhir iad 68.5 % (222 dhuine). Bhí an feabhas sin le sonrú ar leibhéal na foirne agus ar leibhéal na bainistíochta araon.

2.5.5. Príomhtháscairí feidhmíochta i réimse na n-acmhainní daonna

Rinneadh an ráta neamhláithreachta a thomhas le trí tháscaire:

- ba é meánlíon na laethanta saoire breoiteachta in aghaidh an fhostaí ná 4.1 lá (spríoc: <15 lá in aghaidh an fhostaí),
- ba é 3.2 % céatadán na foirne a bhí ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach (spríoc: <10 %),
- ba é 51.6 % céatadán na foirne nár ghlac aon saoire bhreoiteachta (spríoc: >15 % de na baill foirne ar fad).

Ráta iomlaoide 7.1 % a bhí ag an bhfoireann ó thaobh scoir de, os cionn na sprice 5 %, de bharr gur fhág 23 fhostaí an eagraíocht in 2022. Ag an gceanncheathrú i dTallinn, b'ionann an ráta iomlaoide foirne agus 7.95 %, agus 6.78 % a bhí i gceist ag an láithreán oibríochtúil i Strasbourg.

Ba é 90 % céatadán na mball foirne a chuir isteach a gcuid dearbhuithe leasa in am (spríoc: > 80 %), feabhas beag i gcomparáid le 2021, nuair a bhí an táscaire sin cothrom le 89 %.

Baineadh amach leibhéal 0.3 i leith an innéacs coinneála tallainne, lena ndéantar measúnú ar mheánfeidhmíocht na ndaoine a fhágann an Gníomhaireacht i gcomparáid le meánfeidhmíocht na foirne (spríoc: > 0), i gcomparáid le 0.2 in 2021.¹²⁴

2.5.6. Scéimeanna saoire cúitimh

De bhun Thuarascáil Urscaoilte 2011 ó Pharlaimint na hEorpa,¹²⁵ ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí uile an Aontais tuairisc a thabhairt ar líon na laethanta saoire arna n-údarú do gach grád faoi na scéimeanna fleisc-ama agus saoire cúitimh.

Cuireann an Gníomhaireacht i bhfeidhm fleisc-am mar scéim oibre de réir analaí leis na Rialacha Cur Chun

¹²⁴ Léirítear leis an luach sin an bhfuil daoine tréitheacha ag fágáil na Gníomhaireachta (má tá sé diúltach) nó ag fanacht sa Gníomhaireacht (más dearfach atá sé).

¹²⁵ **Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2013** maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2011: feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú (2012/2214(DEC)).

Feidhme maidir le hAm Oibre.¹²⁶ Tá sé de dhualgas ar an nGníomhaireacht a seirbhísí a sholáthar do Bhallstáit ar bhonn leanúnach (24/7), rud a fhágann go n-oibríonn cuid dá baill foirne ar shealanna nó go bhfuil siad ar dualgas cúltaca. Ó am go chéile, fágann idirghabhálacha ar na córais TF arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht gur gá obair a dhéanamh lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige, lena n-áirítear istoíche nó ar laethanta saoire poiblí. Mar thoradh air sin, is gné dhílis d'oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta é an cúiteamh as ragobair i leith fleisc-ama nó cúiteamh as obair a dhéantar le linn idirghabhálacha dualgais cúltaca.

I **dTábla 9**, ar an gcéad leathanach eile, taispeántar méid na saoire (an líon laethanta) a dheonaítear mar chúiteamh ar ragobair, arna mhiondealú de réir grúpa feidhme, de réir ghrád an bhaill foirne, agus de réir meánlíon na laethanta arna gcúiteamh. I gcomparáid le 2021, tháinig laghdú ar an líon laethanta fleisc-ama cúitimh agus ragoibre, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 1.6 lá (ó 7.4 go 5.8) ar mheánlíon foriomlán na laethanta saoire cúiteacha. Déantar an dualgas cúltaca a chúiteamh ó thaobh airgid de leis na baill foirne agus, dá bhrí sin, ní áirítear é san fhorléargas, agus is in am a dhéantar é a chúiteamh i gcás na Saineolaithe Náisiúnta ar lasacht (SNI) a dhéanann fleisc-am nó ragobair, ag brath ar líon na n-uaireanta nó na laethanta atá le chúiteamh as an tseirbhís dualgais.

¹²⁶ **Cinneadh ón gCoimisiún maidir le hAm Oibre** an 15 Aibreán 2014, C(2014) 2502, arna ghlacadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA an 15 Aibreán 2015.

Tábla 9. Miondealú ar shaoire chúiteach de réir an chineáil saoire agus de réir ghrád na mball foirne (ina laethanta).

Feidhmghrúpa agus grád	Cúitithe	Feidhmghrúpa agus grád	Cúitithe
AD 05	5	0	313.5
AD 06	2	0	131.5
AD 07	0	0	230.5
AD 08	16	0	244
AD 09	2	0	83
AD 10	1	0	49
AD 11	0.5	0	8
AD 12	2	0	0
AD 13	0	0	0
AD 14	1	0	0
AD 15	0	0	0
AD 16	0	0	0
AST 01	0	0	0
AST 02	0	0	0
AST 03	0	0	80.5
AST 04	0	0	4
AST 05	0	0	11
AST 06	0	0	34.5
AST 07	3	0	29.5
AST 08	11	0	27.5
AST 09	0	0	2.5
AST 10	0	0	0
AST 11	0	0	0
Líon iomlán na laethanta (TA)	43.5	0	1 249
Líon na ndaoine (TA)	16	0	181
FG III 09	0	0	66
FG III 10	1	0	67
FG IV 13	0	0	42
FG IV 14	0	0	162.5
FG IV 15	0	0	38.75
FG IV 16	0	0	48
FG IV 17	0	0	28
FG IV 18	0	0	3
Líon iomlán na laethanta (CA)	1	0	455.25
Líon na ndaoine (CA)	1	0	106
SNI	15	0	66
Líon iomlán na laethanta (SNI)	15	0	66
Líon na ndaoine (SNI)	1	0	11
Líon IOMLÁN na laethanta:	59.5	0	1 770.25
Líon IOMLÁN na ndaoine:	18	0	298
Meánlíon laethanta in aghaidh an chineáil saoire	3.3	0	5.9
Meánlíon foriomlán laethanta saoire cúitimh	5.8		

2.5.7. Cleachtadh tagarmharcála foirne

I gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Réime Airgeadais, agus leis an modheolaíocht a chomhaontaigh Cinn Riaracháin na nGníomhaireachtaí Eorpacha, rinne eu-LISA a chleachtadh tagarmharcála bliantúil chun an cóimheas idir na baill foirne riaracháin agus na baill foirne oibríochta a mheas. Meastar go ginearálta gur cheart dáileadh optamach post agus foirne a bheith thart ar 70 % i gcás gníomhaíochtaí oibríochtúla, 20 % i gcás cúraimí tacaíochta riaracháin agus comhordaithe, agus 10 % i gcás gníomhaíochtaí neodracha (airgeadais). Léirigh torthaí chleachtadh tagarmharcála 2022 gurb é seo a leanas dáileadh foirne eu-LISA:

- **74.7 %** i ndualgais oibríochtúla,
- **16.3 %** i gcúraimí riaracháin agus comhordaithe,
- **9 %** i bpoist neodracha.

Le haghaidh forbheathnú níos mionsonraithe ar thorthaí chleachtadh tagarmharcála eu-LISA 2022, féach larscríbhinn IV.

2.6. Straitéis le haghaidh gnóthachain éifeachtúlachta

Chun a chuspóirí beartais a leagadh síos do 2022 a bhaint amach, bhí ar eu-LISA breithniú a dhéanamh ar shrianta buiséid, agus ar na hacmhainní daonna a bhí ar fáil le haghaidh na gcúraimí sainordaithe. Chuige sin, ghlac an Gníomhaireacht páirt i bplé rialta agus bhí sí ag obair ar bhearta maolaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas foirne.

I mí Feabhra 2022, chun an úsáid is fearr ab fhéidir a bhaint as acmhainní, ghlac eu-LISA **Straitéis Foinisithe** chun a phleanáil acmhainní daonna a shoiléiriú agus a chomhchuibhiú agus chun cinntí foinisithe na Gníomhaireachta a threorú ar an leibhéal oibríochtúil agus an leibhéal straitéiseach chun comhdhéanamh foriomlán acmhainní daonna eu-LISA a bharrfheabhsú agus a chothromú (i.e., an cóimheas idir baill foirne inmheánacha agus soláthraithe seirbhíse seachtracha). Déantar sin trí idirdhealú idir na feidhmeanna agus na seirbhísí a chaithefear a choinneáil ar bun agus a fhorbairt go himmheánach i gcomparáid leo siúd a d'fhéadfadh an Gníomhaireacht a sheachfhoinsiú chuig soláthraithe seirbhíse seachtracha. Ag an am céanna, bhí **an úsáid a bhí fós á baint as creatchonartáil le haghaidh seirbhísí tacaíochta seachtracha** éifeachtach freisin maidir le déileáil le cúraimí ábhartha chun cuspóirí na Gníomhaireachta a bhaint amach ar bhonn gearrthéarmach.

Agus baill foirne á n-earcú aige, bhain eu-LISA amach gnóthachain éifeachtúlachta trí **leas a bhaint as liostaí ionadaithe** a bunaíodh le linn nósanna imeachta roghnúcháin roimhe seo. Chomh maith leis sin, rinne an Gníomhaireacht próifílí agus painéil ionadaithe níos faide a ghrúpáil chun roinnt post a chumhdach laistigh de nós imeachta earcaíochta amháin, lenar baineadh amach gnóthachain mhóra éifeachtúlachta toisc gur fhág sé, i measc nithe eile, gur fhéad an Gníomhaireacht níos mó post a bhí ar fáil a líonadh gan an oiread fógraí folúntais a fhoilsiú.

San fhadtéarma, táthar ag súil go mbainfear gnóthachain éifeachtúlachta bhreise amach trí **dhigitíú a dhéanamh ar phróisis** a mbíonn méid nach beag páipéarachais ag teastáil ina leith. Chun tacú leis an aistriú chuig riarachán gan pháipéar, agus sreafaí oibre níos éifeachtaí a éascú, lean eu-LISA ag brú ar aghaidh le forbairt agus le cur chun feidhme uirlisí TF i réimse na n-acmhainní daonna, e.g., iLearn agus dhá mhodúl de chuid SYSPER2: modúl Tuairiscithe Acmhainní Daonna agus modúl ATS.

Thairis sin, tá an Gníomhaireacht tosaithe ag ullmhú a **Straitéise um Ghnóthachain Éifeachtúlachta**, lena leagtar béim ar bhainistíocht próisis agus úsáid acmhainní daonna a fheabhsú, chomh maith lena struchtúr eagraíochtúil agus a rialachas a bharrfheabhsú.

2.7. Measúnú ar thorthaí iniúchtaí agus meastóireachtaí ex-post

Tugtar forléargas sa chuid seo ar iniúchtaí a rinne Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh (IAS) agus Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí (IAC) eu-LISA, chomh maith le hiniúchtaí arinne an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) agus tuairimí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir le hiontaofacht agus rialacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais, lena n-áirítear a dtorthaí ábhartha.

2.7.1. Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh (IAS) agus Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí eu-LISA (IAC)

Ag an gcruinniú a bhí aige i mí na Samhna 2021,¹²⁷ ghlac Bord Bainistíochta eu-LISA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí i gcomhair 2022,¹²⁸ a leasaíodh i mí na Samhna 2022.¹²⁹ In 2022, lean IAC de bheith ag feidhmiú mar phointe teagmhála do IAS agus CIE, lena áirithiú go gcuirfí isteach a laghad ab fhéidir ar ghnáthoibríocht na Gníomhaireachta agus chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint.

Tábla 10. Achoimre 2022 ar thopaicí iniúchóireachta inmheánaí.

Iniúchóir	Topaic iniúchóireachta a cuireadh ar fáil in 2022	Ábhar téamach agus torthaí
IAS	An measúnú straitéiseach ar riosca iniúchóireachta agus an plean iniúchóireachta le haghaidh eu-LISA (dearbhu)	<p>Na rioscaí i leith chuspóirí eu-LISA a shainithint, a mheasúnú agus a thuairisciú, chun cur leis an dóchúlacht go mbainfear amach na cuspóirí sin. An plean iniúchóireachta straitéiseach a ullmhú i leith na chéad 3 bliana eile. Déantar cur síos sa plean straitéiseach iniúchóireachta inmheánaí 2023-2025¹³⁰ ar an bplean iniúchóireachta straitéiseach arna bhunú ag IAS¹³¹ i leith 2023–2025, lena n-áirítear gearrliosta de thopaicí iniúchóireachta chun tacú le pleanáil iniúchtaí IAS. Tá an plean iniúchóireachta bunaithe ar thorthaí measúnaithe riosca dhomhain a rinne IAS i mí Iúil 2022. Leagadh béim sa mheasúnú ar na réimsí ardriosca seo a leanas a bhaineann le cuspóirí eu-LISA:</p> <ul style="list-style-type: none">■ lúfaireacht agus freagrúlacht eagraíochtúil,■ an úsáid a bhaintear as acmhainní ganna daonna agus acmhainní ganna airgeadais,■ soláthar agus bainistíocht conarthaí,■ slándáil córas TF,■ rialachas,■ bainistíocht tionscadal,■ cumarsáid agus comhordú le seirbhísí an Choimisiúin.
IAS	Iniúchadh ar eintitis éagsúla maidir leis an gcomhordú idir AS HOME agus gníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais, eu-LISA, EUAA, Europol, CEPOL agus EMCDDA	<p>Dearbhú nó athdhearbhú a sholáthar maidir le leordhóthanacht dhearahd agus chur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na socruithe comhordúcháin idir AS HOME agus na gníomhaireachtaí díláraithe arna n-íniúchadh, lena n-áirítear eu-LISA.</p> <p>Cumhdaíodh i raon feidhme an iniúchta na próisis agus na rialuithe inmheánacha le haghaidh comhordú idir AS HOME agus eu-LISA, EUAA, Europol, CEPOL agus EMCDDA a mhéid a bhaineann le pleanáil, le faireachán/mairseacht ar na hoibríochtaí agus le feidhmíocht agus tuairisciú. Rinneadh an obair iniúchóireachta le linn 2022, agus ba é an 16 Samhain 2022 an scoithdháta. Ba é an toradh a bhí ar an iniúchadh ná conclúid iniúchóireachta agus dhá mholadh iniúchóireachta.¹³² Mar fhreagra air sin, cuirfidh lucht bainistíochta na Gníomhaireachta plean gníomhaíochta i bhfeidhm.</p>

¹²⁷ Féach Doiciméad 2021-350 ón mBord Bainistíochta, Cinní ón mBord Bainistíochta, pointe A.25.

¹²⁸ Féach Doiciméad 2021-358 ón mBord Bainistíochta, an Plean um Iniúchóireacht Inmheánach don bhliain 2022, Ares(2021)7075595 – 17/11/2021.

¹²⁹ Féach Doiciméad 2022-382 ón mBord Bainistíochta, Cinní ón mBord Bainistíochta, pointe B15.e.

¹³⁰ Sliocht as an Tuarascáil ó IAS, tagairt Ares(2022)8285043 – 30/11/2022.

¹³¹ De réir Airteagal 70(5) den **Rialachán Airgeadais (AE, Euratom) 2018/1046**, feidhmeoidh iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na cumhachtaí céanna ar na comhlachtaí arna mbonú faoi Airteagal 70 agus 71 agus a fheidhmítear i leith an Choimisiúin.

¹³² Tuarascáil Iniúchóra Deiridh ó IAS maidir le comhordú idir AS HOME agus gníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais, eu-LISA, EUAA, Europol, CEPOL agus EMCDDA, tagairt Ares(2023)3266879 – 10/05/2023.

Iniúchóir	Topaic iniúcháireachta a cuireadh ar fáil in 2022	Ábhar téamach agus torthaí
IAC	Iniúchadh ar thionscadal lárchóras EES: Forbairt réitigh TF (dearbhú)	Lena soláthraítear dearbhú nó athdhearbhú maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha arna gcur i bhfeidhm chun an tionscadal a chur chun feidhme. Díríodh an t-iniúchadh ar rialachas, bainistíocht riosca, bainistíocht tuairiscithe, bainistíocht cáilíochta agus athruithe, bainistíocht tástála, agus bainistíocht conarthaí agus díoltóirí i leith an tionscadail. Ba é an toradh a bhí ar an iniúchadh conclúid iniúcháireachta agus roinnt moltaí iniúcháireachta. ¹³³ Mar fhreagra ar an iniúchadh, chuir lucht bainistíochta na Gníomhaireachta plean gníomhaíochta i bhfeidhm.
IAC	Athbhreithniú ar an mbainistíocht ar chearta rochtana ABAC¹³⁴ (dearbhú)	Dearbhú nó athdhearbhú a sholáthar maidir le bainistíocht ceart rochtana ABAC ¹³⁴ in eu-LISA. Díríodh san iniúchadh ar an measúnú riosca maidir le cearta rochtana deonaithe a dhéanamh/a nuashonrú; bailíochtú tréimhsiúil a dhéanamh ar chearta rochtana ABAC (i.e., sreabhadh oibre, cuntasáíocht, agus tuairisciú) i gcoinne na bhfreagrachtaí arna gcur ar na húsáideoirí de réir an bhuan-nós imeachta. Ba é an toradh a bhí ar an iniúchadh conclúid iniúcháireachta agus moladh iniúcháireachta amháin. ¹³⁵ Mar fhreagra ar an iniúchadh, chuir an lucht bainistíochta plean gníomhaíochta i bhfeidhm.
IAC	Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Frithchhalaoise eu-LISA (comhordú/dearbhú)	Calaois a chomhrac trí íoslaghú a dhéanamh ar dheiseanna a bhíonn ag déantóirí calaoise. I gcomhréir le Straitéis Frithchhalaoise eu-LISA 2022-2024, tá trí chuspóir ann: <ul style="list-style-type: none"> ■ comhlíonadh iomlán na bprionsabal frithchhalaoise a bhaint amach, ■ ardleibhéal eitice a leagan síos agus a choinneáil ar bun maidir le gach gníomhaíocht in eu-LISA, ■ bailiú agus anailís sonraí a fhorbairt agus a úsáid. De réir thuarascáil faireacháin bhliantúil IAC, ba é 70 % ráta cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a ghabhann leis an Straitéis Frithchhalaoise. ¹³⁶
IAC	Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme moltaí iniúcháireachta arna n-eisiúint ag IAS, IAC, CIE agus OLAF (comhordú)	A áirithiú go réiteofar na saincheisteanna arna n-aithint agus go gcuirfeadh feabhsuithe chun feidhme. In 2022, sholáthair IAC ceithre thuarascáil faireacháin.
IAC IAS	Obair leantach maidir le moltaí iniúcháireachta (dearbhú)	Deimhniú neamhspleách a thabhairt gur réitíodh saincheisteanna, agus gur cuireadh bearta feabhsúcháin chun feidhme. Rinne IAC agus IAS araon obair leantach ar na moltaí a thuairiscigh lucht bainistíochta eu-LISA a bhí 'curtha chun feidhme' (réidh le hathbhreithniú) agus dhúnadar 12 mholadh.
IAC	Measúnú ar an riosca iniúcháireachta bliantúil (dearbhú)	Na rioscaí i leith chuspóirí eu-LISA arna leagan síos in SPD a shaináithint, a mheasúnú agus tuairisciú a dhéanamh orthu, chun cur leis an dóchúlacht go mbainfeadh amach na cuspóirí sin. An plean iniúcháireachta a ullmhú don chéad bhliain eile. Leagadh béim sa mheasúnú ¹³⁷ ar 10 bpríomhriosca maidir le cuspóirí SPD eu-LISA a bhaint amach agus tacaíodh le hullmhú an phlean iniúcháireachta inmheánaí don bhliain 2023.

Cuireadh torthaí Phlean Iniúcháireachta Inmheánaí 2022 eu-LISA ar bhonn foirmiúil i dtuarascáil mhionsonraithe ghníomhaíochta a ndearnadh anailís agus plé uirthi leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus le Coiste Iniúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC) an Bhoird Bainistíochta ag an gcuirniú a tionóladh an 22 Feabhra 2023. Ghlac an Bord an tuarascáil an 15 Márta 2023.¹³⁸

¹³³ Tuarascáil ó IAC, tagairt Ares(2022)6160738 – 6.9.2022.

¹³⁴ Is é **ABAC** (cuntasáíocht ar bhonn fabhráithe) an córas faisnéise corparáideach lenar féidir le hArd-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin, na gníomhaireachtaí agus na hinstiúidí gach oibríocht bhuiséadach agus chuntasaíochta a fhorghníomhú go laethúil agus faireachán laethúil a dhéanamh orthu. Is é an Coimisiún a d'fhorbair an córas agus áirítear leis sraith iomlán gnéithe chun comhlíonadh an Rialacháin Airgeadais agus na Rialacha Cur Chun Feidhme a áirithiú.

¹³⁵ Tuarascáil ó IAC, tagairt Ares(2022)3945170 – 25/05/2022.

¹³⁶ Tuarascáil Faireacháin ó IAC maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a ghabhann leis an Straitéis Frithchhalaoise i leith 2022, tagairt Ares(2023)523216 – 24/01/2023.

¹³⁷ Tuarascáil 2022 ó IAC ar an measúnú riosca iniúcháireachta, tagairt Ares(2022)8692434 – 14.12.2022.

¹³⁸ **An 42ú cruinniú de Bhoird Bainistíochta eu-LISA**, pointe 17.b., tagairt doic 2023-065, an 15 Márta 2023.

2.7.2. An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS)

Ceann de phríomhchuspóirí na Gníomhaireachta is ea ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú. Le hiniúchtaí seachtracha ar chomhlíonadh maidir le cosaint sonraí, rannchuidítear leis an sprioc sin a éascú agus is cuid iad na hiniúchtaí sin de phlean leanúnach feabhsúcháin eu-LISA maidir le bainistíocht oibríochtúil a dhéanamh ar chórais faisnéise CGB.

In 2022, rinne eu-LISA obair leantach leanúnach **ar chur chun feidhme na moltaí iniúcháireachta** a sainaithníodh sna hiniúchtaí a rinne an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ar SIS, VIS agus Eurodac:

- Mar thoradh ar an **iniúchadh ar SIS agus VIS**, a rinneadh i mí na Samhna 2018, fuarthas tuarascáil chríochnaitheach i mí Aibreáin 2020, inar áiríodh 43 mholadh (agus soláthraíodh aiseolas breise i mí na Samhna 2022);
- Rinneadh **an t-iniúchadh ar Eurodac** i mí na Nollag 2019 agus fuarthas tuarascáil chríochnaitheach ina leith sin i mí an Mhárta 2021, ina raibh 29 moladh, lena n-áirítear aiseolas breise a soláthraíodh i mí na Samhna 2022.

I ngach cás, dhréachtaigh an Gníomhaireacht pleananna gníomhaíochta comhfhreagracha, inar cuimsíodh na moltaí a rinne MECS. Ullmhaíodh tuarascálacha ráithiúla agus comhroinneadh iad le MECS, leis an mBord Bainistíochta agus lena Choiste Iniúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC). In 2022, tionóladh cruinnithe leantacha inmheánacha i mí Feabhra, i mí Aibreáin, i mí an Mheithimh agus i mí Mheán Fómhair. Ina theannta sin, bhí an tOifigeach Cosanta Sonraí réamhghníomhach i dtaobh an scéala ba dhéanaí a thabhairt do MECS ar bhonn ráithiúil maidir leis an dul chun cinn i leith chur chun feidhme na moltaí agus a stádas.

In 2022, dhírigh eu-LISA go tréan ar a áirithiú go ndéanadh comhordú rianúil ar an gcigireacht nua de chuid MECS a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair ar Eurodac, ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus ar Chóras Faisnéise Schengen (SIS II). Díríodh san iniúchadh ar rialachas foriomlán slándála TF, ar theagmhais slándála agus ar sháruithe ar shonraí, agus ar mhodheolaíocht agus cleachtais chun na córais a fhorbairt agus a thástáil ar bhealach slán, agus leagadh béim ar bhainistíocht rialaithe rochtana sna timpeallachtaí éagsúla. Áiríodh ann freisin an obair leantach maidir leis na cigireachtaí a rinne MECS roimhe sin ar SIS, VIS agus Eurodac. Fuair an Gníomhaireacht dréacht-mhiontuairiscí an iniúchta ag deireadh mhí na Samhna 2022.

2.7.3. Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE)

In 2022, chuir Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) bailchríoch ar an iniúchadh rialta ar Chuntais Bhliantúla eu-LISA don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021.¹³⁹ Rinne an Chúirt iniúchadh ar chuntais na Gníomhaireachta, lena gcuimsítear na ráitis airgeadais¹⁴⁰ agus na tuarascálacha ar chur chun feidhme buiséid,¹⁴¹ in éineacht le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin.

De réir thuairim CIE, léirítear go cothrom i gcuntais bhliantúla eu-LISA le haghaidh 2021, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain, de réir an Rialacháin Airgeadais agus na rialacha cuntasaíochta, arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, bunaithe ar chaighdeán cuntasaíochta idirnáisiúnta don earnáil phoiblí.

Ina theannta sin, tá an t-ioncam is bun leis na cuntais i gcomhréir leis na ceanglais dlíthiúlachta agus rialtacht ar gach slí ábhartha. Maidir le híocaíochtaí, shainithin CIE íocaíochtaí dar luach iomlán 18.11 EUR milliún a ndearna neamhchomhlíonadh difear dóibh, arb ionann iad agus 6.2 % de na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2021, rud a sháraigh an tairseach ábharthachta a leagadh síos don iniúchadh agus a d'fhág gur eisíodh tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais.

Ar deireadh, thug CIE barúlacha freisin maidir le bainistíocht, córais rialaithe agus bainistíocht buiséadach

¹³⁹ Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (2022) 'Tuarascáil Bhliantúil ar Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh do bhliain airgeadais 2021', an 27 Deireadh Fómhair 2022, lgh. 234-240.

¹⁴⁰ Cuimsítear leo sin an clár comhardaithe agus an ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid, an ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus achoimre ar bheartais cuntasaíochta shuntasacha agus nótaí míniúcháin eile.

¹⁴¹ Déantar comhiomlánú sna tuarascálacha sin ar na nótaí míniúcháin maidir le gach oibríocht buiséadach.

na Gníomhaireachta ar chinn iad nár athraigh na tuairimí thuas, as ar eascair plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sin.

2.8. Obair leantach ar mholtaí iniúchóireachta agus pleananna gníomhaíochta gaolmhara

De bhun an chinnidh ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA¹⁴², tá Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí na Gníomhaireachta (IAC) freagrach as faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaobh moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme. Chuige sin, bailíonn IAC nuashonruithe ó úinéirí na moltaí sin agus ullmhaíonn sé tuarascálacha faireacháin a chuirtear faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus an Bhoird Bainistíochta.

In 2022, b'ionann ráta cur chun feidhme na moltaí iniúchóireachta¹⁴³ agus 63 %, i.e., 20 as 32. Tugtar achoimre ar stádas an dul chun cinn a rinne eu-LISA maidir le moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme i **dTábla 11** ar an gcéad leathanach eile.

Tábla 11. Moltaí iniúchóireachta: dul chun cinn maidir le cur chun feidhme (amhail an 31 Nollaig 2022).

Moltaí ó IAS, IAC agus CIE de réir rátála	Iomlán ar oscailt do 2022	Á gcur chun feidhme	Curtha chun feidhme	Thar téarma	Dúnta in 2022	Iomlán ar oscailt ag deireadh 2022
<i>criticiúil</i>	3	3	0	0	0	3
<i>an-tábhachtach</i>	31	12	12	7	11	20
<i>tábhachtach</i>	15	2	8	5	5	10
IOMLÁN	49	17	20	12	16	33

Eochair na dtéarmaí:

- **á gcur chun feidhme:** tá an cur chun feidhme ag dul ar aghaidh de réir an phlean nó de réir spriocdháta / plean gníomhaíochta nua a comhaontaíodh leis an iniúchóir,
- **tábhachtach:** laige shuntasach sa phróiseas iomlán nó laige bhunúsach i gcuid shuntasach den phróiseas iniúchta,
- **curtha chun feidhme:** deimhnithe ag úinéir an mholta, agus tá sé réidh le haghaidh obair leantach ón iniúchóir,
- **thar téarma:** tá sé á chur chun feidhme ach níor baineadh amach é faoin spriocdháta comhaontaithe,
- **dúnta:** tá an tsaincheist dúnta go foirmiúil ag an iniúchóir.

- **criticiúil:** laige bhunúsach sa phróiseas iniúchta atá díobhálach ar leibhéal an eintitis,
- **an-tábhachtach:** laige bhunúsach atá díobhálach don phróiseas ar fad (tá an t-ainmniú seo ag gabháil le gach moladh ó CIE),
- **tábhachtach:** laige shuntasach sa phróiseas iomlán nó laige bhunúsach i gcuid shuntasach den phróiseas iniúchta.

Tábla 12. Liosta de na moltaí iniúchóireachta oscailte arna n-eisiúint ag iniúchóirí inmheánacha (IAS agus IAC), lena n-áirítear iad siúd a bhfuil moill nach beag i gceist leo (> 6 mhí, amhail an 31 Eanáir 2023).

#	Iniúchóir / Teideal an Iniúchta / bliain	Uimhir / Teideal an Mholta	Rátáil	Spriocdháta bunaidh don chur chun feidhme	Moill > 6 mhí
1	Iniúchadh IAS ar Oibríochtaí TF / 2016	1. Bainistíocht cumraíochta	Tábhachtach	31/12/2017	5 bliana agus 1 mhí amháin
2	Tuarascáil ó IAC maidir le Bainistíocht Sócmhainní TF eu-LISA	1.2.1 Rialachas bainistíochta sócmhainní TF	An-tábhachtach	31/10/2018	4 bliana agus 3 mhí
3	Tuarascáil ó IAS maidir leis na rialuithe ar an bpróiseas soláthair / 2017	3. Rialuithe sula mbunófar conarthaí sonracha	Tábhachtach	31/12/2018	4 bliana agus 1 mhí amháin

¹⁴² Cinneadh ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA maidir le córas tuairiscithe éigeantaigh a ghlacadh (chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Ceann IAC) maidir leis an dul chun cinn atá déanta i réimse na moltaí iniúchóireachta agus/nó na dtorthaí iniúchóireachta, tagairt Ares (2018)6152498, an 30 Deireadh Fómhair 2018.

¹⁴³ Tuarascáil Faireacháin IAC maidir le cur chun feidhme moltaí iniúchóireachta amhail an 31 Nollaig 2022, Ares(2023)1158875, an 17 Feabhra 2023.

4	Tuarascáil ó IAC maidir le Bainistíocht Tionscadal Lárchóras EES / 2020	1.a. Buiséad	An-tábhachtach	24/03/2020	2 bhliain agus 9 mí
5	Tuarascáil ó IAS maidir le hearcaíocht foirne agus fostú soláthraithe seirbhísí struchtúracha agus eitic eagraíochtúil in eu-LISA / 2020	1. Ní mór foinsiú acmhainní daonna a bheith bunaithe ar mheasúnú doiciméadaithe, atá nuashonraithe	An-tábhachtach	30/09/2020	2 mhí agus 4 mhí
6	Tuarascáil ó IAC maidir le Bainistíocht Tionscadal Lárchóras EES / 2020	1.e Bainistíocht acmhainní	An-tábhachtach	31/12/2020	2 bhliain agus 1 mhí amháin
7	Tuarascáil ó IAC maidir le Bainistíocht Tionscadal Lárchóras EES / 2020	2.b Ullmhú tástála	Tábhachtach	30/03/2021	1 bhliain amháin agus 9 mí
8	Tuarascáil ó IAC maidir le Bainistíocht Tionscadal Lárchóras EES / 2020	2.a Tuairisciú agus cumarsáid	Tábhachtach	30/06/2021	1 bhliain amháin agus 6 mhí
9	Tuarascáil ó IAS maidir le hearcaíocht foirne agus fostú soláthraithe seirbhísí struchtúracha agus eitic eagraíochtúil in eu-LISA / 2020	2. Dearbhuíthe dlíthiúla maidir le húsáid soláthraithe seirbhísí struchtúracha	Tábhachtach	31/12/2021	1 bhliain amháin agus 1 mhí amháin
10	Tuarascáil ó IAC maidir le Bainistíocht Tionscadal Lárchóras EES / 2020	2.c. Lárchóras EES a dheardh	Tábhachtach	31/12/2021	1 bhliain amháin agus 1 mhí amháin
11	Tuarascáil ó IAS maidir le Bainistíocht Slándála TF in eu-LISA / 2021	4. Bainistíocht tógálacha agus réiteach	An-tábhachtach	31/03/2022	ní bhaineann le hábhar
12	Tuarascáil ó IAS maidir le Bainistíocht Slándála TF in eu-LISA / 2021	1. Seirbhísí slándála TF a bhainistiú	An-tábhachtach	31/12/2022	ní bhaineann le hábhar
13	Tuarascáil ó IAS maidir le Bainistíocht Slándála TF in eu-LISA / 2021	3. Bainistíocht cumraíochta	An-tábhachtach	31/12/2022	ní bhaineann le hábhar
14	Tuarascáil ó IAS maidir le Bainistíocht Slándála TF in eu-LISA / 2021	6. Bainistíocht athruithe	Tábhachtach	31/12/2022	ní bhaineann le hábhar
15	Tuarascáil ó IAS maidir le Bainistíocht Slándála TF in eu-LISA / 2021	7. Córas bainistíochta slándála faisnéise	Tábhachtach	31/12/2022	ní bhaineann le hábhar
16	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	5. Timpeallacht tástála	An-tábhachtach	01/01/2023	ní bhaineann le hábhar
17	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	6. Na hacmhainní, na scileanna agus an t-am a shanntar do chéim na dtrialacha	An-tábhachtach	01/01/2023	ní bhaineann le hábhar
18	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	4. Bainistíocht buiséad agus iocaíochtaí	An-tábhachtach	31/01/2023	ní bhaineann le hábhar
19	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	7. Bainistíocht aimhrialtachtaí/fabhtanna	An-tábhachtach	01/03/2023	ní bhaineann le hábhar
20	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	9. Inrianaitheacht idir na ceanglais agus doiciméadacht eile uasleibhéil/íosleibhéil	Tábhachtach	01/03/2023	ní bhaineann le hábhar
21	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	1. Rialachas agus eagrú tionscadal	Criticiúil	31/03/2023	ní bhaineann le hábhar
22	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	8. Bainistíocht athraithe agus eisceachtaí	Tábhachtach	01/04/2023	ní bhaineann le hábhar

23	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	2. Bainistíocht acmhainní	Criticiúil	01/06/2023	ní bhaineann le hábhar
24	Tuarascáil ó IAC maidir le Tionscadal Lárchóras EES – Forbairt Réitigh TF / 2022	3. Táirgí insoláthartha an chonartha	Criticiúil	01/06/2023	ní bhaineann le hábhar

Tá an Gníomhaireacht tiomanta do ghníomhaíocht phras, chinntitheach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na moilleanna a bhaineann le feidhmiú na moltaí atá fós le cur chun feidhme, lena n-áirítear spriocdhátaí a athbheithniú. As seo amach, coinneoidh eu-LISA na hiniúcháirí ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéanfar maidir le pleananna gníomhaíochta ábhartha a chur chun feidhme.

Lena dheimhniú gur cuireadh clabhsúr ar na moltaí a thuairiscigh eu-LISA mar chinn atá ‘*curtha chun feidhme*’,¹⁴⁴ rinne IAS¹⁴⁵ agus IAC bearta leantacha bliantúla ar phleananna gníomhaíochta a dhearbhaigh eu-LISA a bhí ‘*curtha chun feidhme*’, agus dúnadh 16 mholadh iniúcháireachta (féach an colún ‘*Dúnta in 2022*’ i **dTábla 11** ar an leathanach roimhe seo).

Rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) obair leantach freisin ar chur chun feidhme a moltaí iniúcháireachta ó bhlianta roimhe sin¹⁴⁶, agus dúnadh ceithre cinn díobh. Tá an obair iarmharach leagtha amach i **dTábla 13** thíos.

Tábla 13. Cur chun feidhme mholtaí iniúcháireachta CIE ó bhlianta roimhe seo.

Bliain	Barúlacha na Cúirte Iniúcháirí	Stádas	Gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta
2017	Faoi láthair, bainistíonn eu-LISA trí chóras mórscála TF, ar cinn ar leithligh iad nach bhfuil comhtháite le chéile (SIS II, VIS agus Eurodac), ar cinn iad go léir ina ndéileáiltear le sonraí i réimse beartais CGB an Aontais. Le cur chuige den sórt sin, d’fhéadfadh sé nach mbeadh eu-LISA in ann barainneachtaí scála agus sineirgí a bhaint amach idir na córais éagsúla.	Idir lámha	In 2023, cuirfidh eu-LISA na pleananna aistrithe i gcrích le haghaidh gach ceann de na croichórais ghnó (SIS II, VIS agus Eurodac) ón seanstruchtúr ‘cothabháil i riocht oibre’ (MWO) go creataí nua TEF agus TOF.
2018 2019 2020	Bhí cur chun feidhme an bhuiséid níos lú ná mar a bhí beartaíthe. Ba cheart don Gníomhaireacht, in éineacht leis an gCoimisiún, feabhas a chur ar ailíniú na pleanála buiséadaí le huainiú na ngníomhartha reachtacha gaolmhara.	Idir lámha	I gcomhar leis an gCoimisiún, saineoidh eu-LISA an tacar íosta doiciméadachta is gá le haghaidh comhairliúcháin maidir le ráitis airgeadais reachtacha, lena socrófar an bonn don phleanáil inmheánach chomhfhreagrach.

2.9. Gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann le himscrúduithe arna seoladh ag OLAF¹⁴⁷

In 2022, thug an Gníomhaireacht aghaidh ar na moltaí ó imscrúduithe OLAF a bhain le cásanna OC/2020/0441-A2 agus OC/2017/1121/A2.

2.10. Obair leantach ar bharúlacha ón údarás um urscaoileadh

In 2022, sheol an Coiste um Rialú Buiséadach (Coiste CONT) de chuid Pharlaimint na hEorpa an próiseas chun urscaoileadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gníomhaireachtaí agus chomhghnóthas de chuid an Aontais a cuireadh i gcrích sa bhliain airgeadais 2021. Áirithítear leis an bpróiseas sin go gcomhlíonfar na ceanglais ábhartha faoin gcreat dlíthiúil agus rialála agus go gcuirfear prionsabail fhónta bainistíochta

¹⁴⁴ Obair leantach ar mholtaí atá fós gan réiteach ó iniúchtaí roimhe seo – Nóta ó IAS maidir le conclúidí iniúcháireachta, tagairt Ares(2022)810155 (an 3 Feabhra 2022), agus tagairt Ares(2022)7132265 (an 14 Deireadh Fómhair 2022).

¹⁴⁵ Torthaí leantacha ó IAC le haghaidh 2021, tagairt Ares(2022)1548233, an 2 Márta 2022.

¹⁴⁶ Tuarascáil Bhliantúil ó CIE ar Gníomhaireachtaí an Aontais do bhliain airgeadais 2021, lgh. 234-240.

¹⁴⁷ Airteagal 11 de Rialachán (AE/Euratom) 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

airgeadais i bhfeidhm, eadhon barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht.

I mí na Samhna 2022, ama iarraidh sin do Choiste CONT, d'fhreagair eu-LISA sraith ceisteanna i scríbhinn, idir cheisteanna aonair (ar eu-LISA amháin) agus cheisteanna cothrománacha (in ar cuireadh na ceisteanna céanna ar ghníomhaireachtaí agus comhghnóthais uile an Aontais). Ina dhiaidh sin, réachtáladh idirphlé le Coiste CONT, agus d'ullmhaigh Cúirt Iníúcháir na hEorpa an doiciméad 'Follow-up to the ECA's audit on eu-LISA's 2021 Accounts – Action Plán' [Obair leantach ar iniúchadh CIE ar Chuntais 2021 eu-LISA – Plean Gníomhaíochta], a cuireadh faoi bhráid Choiste Iníúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais eu-LISA (ACFC) i mí na Bealtaine 2023.

Ag deireadh mhí na Bealtaine 2023, dheonaigh an Pharlaimint urscaoileadh do Stiúthóir Feidhmíocháin eu-LISA maidir le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta in 2021, lenar tugadh formheas i ndáil le cuntais eu-LISA i leith 2021 a dhúnadh agus lenar comhroinneadh a barúlacha i rún.

Chun aird a dhíriú ar réimsí sainaitheanta a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus chun aghaidh a thabhairt ar réimsí ríthábhachtacha spéise, rinne an Gníomhaireacht an méid seo a leanas go háirithe:

- rinne sí na bearta ba ghá chun rialuithe inmheánacha a neartú agus próisis inmheánacha le haghaidh nósanna imeachta soláthair a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn maolú a dhéanamh ar na laigí a shainaithin iniúcháirí,
- lean sí ar aghaidh leis an aistriú ó fhoinsiú ingearach go dtí foinsiú trasnaí i dtaobh croíchórais a fhorbairt, a thabhairt chun cinn agus a chothabháil,
- rinne sí a straitéis earcaíochta a athshainiú chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le hábhair inní a bhaineann le hearcaíocht agus cothromaíocht inscne,
- neartaigh sí roinnt gnéithe den chomhpháirt measúnaithe riosca agus lean sí leis an bhfaireachán ar an treo-chlár straitéiseach chun cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a ailíniú ar bhealach níos fearr, agus feabhas á chur an tráth céanna ar chur chun feidhme foriomlán straitéis fhadtéarmach na Gníomhaireachta.

Agus freagra á thabhairt aici ar na barúlacha ó CIE maidir le cuntais eu-LISA i leith 2021, d'ullmhaigh an Gníomhaireacht plean gníomhaíochta mar obair leantach i ndáil leis an iniúchadh a rinne CIE. Thug an Bord Bainistíochta dá aire an plean gníomhaíochta an 15 Márta 2023, agus cuireadh an leagan athbhreithnithe faoi bhráid an Bhoird an 15 Meitheamh 2023.

Barúil ón Údarás um Urscaoileadh

Freagra agus bearta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht

Bainistíocht buiséad agus airgeadais

1. Á thabhairt dá haire agus is mór aici go raibh ráta cur chun feidhme buiséid de 100 % mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn 2021, arb ionann é agus méadú 24,39 % i gcomparáid le 2020; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gurb ionann ráta forghníomhaithe na leithreasuithe íocaíochta agus 94,65 %, arb ionann é agus méadú 0,24 % i gcomparáid le 2020.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

2. Á chur in iúl gur geal léi nach ndeamadh aon tabhairt anonn neamh-uathoibríoch in 2021; ag cur sonrú, áfach, i méid mór leithreasuithe íocaíochta neamhdhifreáilte (EUR 11.1 milliún) ama dtabhairt anonn go huathoibríoch le haghaidh Theideal II (caiteachas bonneagair agus oibríochtúil), arb ionann é agus 56 % den iomlán de EUR 19.8 milliún don teideal sin agus 93.55 % den mhéid iomlán (EUR 11.8 milliún) de thabhairt anonn uathoibríoch ó 2021 go 2022; ag teacht le tuairim na Cúirte go bhfuil rátaí arda tabhairt anonn ag teacht salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus go léiríonn siad saincheisteanna struchtúracha i gcur chun feidhme an bhuiséid; ag cur sonrú i bhfreagra na Gníomhaireachta go ndéantar caiteachas Theideal II a thabhairt anonn, caiteachas a bhaineann go príomha le soláthraithe seirbhísí tacaíochta seachtracha, ama gconradh ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar theorcfhoireann chórasach tar éis cúraimí nua a shannadh don Gníomhaireacht nach raibh leithdháileadh leordhóthanach acmhainní daonna ag gabháil leo; á thabhairt dá haire, thairis sin, nach raibh tráthúlacht na gconarthaí leis na soláthraithe seirbhíse seachtracha sin ailíniú leis an mbliaín féilire, ach le fad na seirbhísí riachtanacha a soláthraíodh; á iarraidh, mar sin féin, ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na bearta a rinneadh i ndáil leis sin; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhordú idir leithdháileadh cúraimí nua agus na hacmhainní is gá chun an gá atá le dul i muinín soláthraithe seirbhíse seachtracha a laghdú.

I bplean gníomhaíochta eu-LISA 'Follow-up to the ECA audit on Agency's 2021 Accounts' [Obair leantach ar iniúcháireacht CIE ar Chuntais 2021 na Gníomhaireachta] (a thug an Bord Bainistíochta dá aire an 15 Márta 2023, leagan athbhreithnithe le cur isteach an 15 Meitheamh 2023) áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas lena dtugtar aghaidh ar chuid den bharúil sin:

"Is é an 30 Meán Fómhair 2023 an spriocdháta chun iarrataí nua ar ghealltanais bhuiséadacha a chur isteach, lena n-áirítear go mbeidh na tréimhsí conartha ailínithe níos fearr leis an mbliaín airgeadais. Áiritheoidh an lucht ardbhainistíochta go mbeidh a laghad eisceachtaí agus is féidir ann, ós rud é go mbíonn tionchar nach beag acu ar an tabhairt anonn.

Tá caiteachas athfhillteacha, reatha le gealladh aon uair is féidir é faoin mbuiséad a bhfuil sé luaithe leis ag deireadh an 4ú ráithe chun caiteachas na bliana atá le teacht a chumhdach i gcomhréir leis na rialacha airgeadais.

Trí leas a bhaint as síniú an chreatchonartha nua maidir le soláthar na seirbhísí tacaíochta seachtracha a bhfuiltear ag súil leo in R4 2023, beartaítear amlíne na gconarthaí seirbhíse bliantúla a ailíniú leis an bhféilire bliantúil chun laghdú nach beag a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as tabhairt anonn i gcúrsaí airgeadais.

Barúil ón Údarás um Urscaoileadh

3. Á mheas gur cheart do eu-LISA leanúint den idirphlé leis an gCoimisiún chun athruithe a mholadh ar a phleanáil buiséid ilbhliantúil, ionas nach bhfaighidh sé cistí chun córais a fhorbairt go dtí go n-áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil.

Freagra agus bearta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht

Ós rud é go leagtar síos le Rialacháin maidir le cúraimí nua spriocdhátaí gearra faoina mbeidh na córais oibríochtúil, ní mór do eu-LISA tosú ag ullmhú i bhfad sula nglacfar iad. Ós rud é gur minic a chuirtear moill ar an nglacadh, áfach, cuireadh roinnt buiséad ar fáil fiú sular tugadh an bunús dlí comhfhreagrach chun críche. Fágann an méid sin go mbíonn cascáid dúshlán an-chasta soláthair i gceist, go háirithe ós rud é nach leor glacadh an Rialacháin, i bhformhór na gcásanna, chun sonraíochtaí teicniúla tairisceana mionsonraithe a ullmhú. Ní féidir é sin a dhéanamh go dtí go nglacfar gníomhartha cur chun feidhme. Fágann sé sin freisin go mbíonn brú nach beag ar phleanáil bhuiséadach, as a n-eascraíonn méideanna móra a bheith á dtabhairt anonn ó bhuiséad go buiséad, rud is gá chun buiséid a choinneáil a chaillfí murach sin.

Dá ndéanfaí comhairliúchán níos tráthúla agus níos córasaí le eu-LISA maidir leis na ráitis airgeadais reachtacha a ghabhann leis an reachtaíocht a bheartaítear, chomh maith le cur chuige níos solúbtha a bheith ag an gCoimisiún maidir le buiséad a áireamh iarbhair i mbuiséad ginearálta an Aontais, laghdófaí na rioscaí sin.

Is moladh athfhillteach iad na bearta sin ó CIE, a bhfuil teorainn le tionchar eu-LISA ina leith.

Rud atá chomh tábhachtach céanna is ea gur réamhchoinníoll le haghaidh soláthar éifeachtach é gníomhartha cur chun feidhme a bheith ar fáil. Dá ndéanfaí ullmhú na ngníomhartha cur chun feidhme a ghiorrú, bheadh tionchar díreach aige sin ar chumas eu-LISA a sholáthar a phleanáil ar bhealach níos fearr agus teorainn a chur le hathruithe conarthacha.

Agus leas á bhaint as siniú an chreachonartha nua maidir le seirbhísí tacaíochta seachtracha a sholáthar, a bhfuiltear ag súil leis in R4 2023, beartaítear amlíne na gconarthaí seirbhíse bliantúla a ailíniú leis an bhféilire bliantúil chun laghdú mór a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as iarmhéid airgid a thabhairt ar aghaidh.

Feidhmíocht

4. Á chur in iúl gur geal léi go n-úsáideann an Gníomhaireacht uirlisí áirithe, amhail príomhtháscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach a thugtar lena cuid gníomhaíochtaí agus chun feabhas a chur ar bhainistiú buiséid na Gníomhaireachta; á thabhairt dá haire, de réir ráiteas na Gníomhaireachta, go bhfuil a cuspóirí do 2021 bainte amach aici mar a leagtar amach ina rialachán bunaithe, Rialachán (AE) 2018/1726⁽²⁾, agus gur baineadh amach na torthaí a shainítear ina clár oibre bliantúil do 2021, i dtéarmaí torthaí agus feidhmíochta ar aon; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha a rinne an Gníomhaireacht in 2021 chun oiriúnú dá sainordú nuashonraithe mar a leagtar amach sa Rialachán sin, a tháinig i bhfeidhm an 11 Nollaig 2018, agus á thabhairt dá haire gur glacadh straitéis fhadtéarmach don tréimhse 2021-2027, lena dtreoraítear forbairt agus gníomhaíochtaí fadtéarmacha na Gníomhaireachta agus a clársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil amach anseo.

5. Á thabhairt dá haire go raibh feidhmíocht agus infhaighteacht na gcóras TF arna n-oibriú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir leis na comhaontuithe ábhartha ar leibhéal seirbhíse; á thabhairt dá haire go bhfuil córais nua TF á bhforbairt i gcónaí don Chóras Dul Isteach/Imeachta (EES), don Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), agus don chóras chun na Ballstáit a shainaithe ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe arna ndéanamh roimhe sin ag náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN) agus an córas idir-inoibritheachta idir na córais nua agus na córais atá ann cheana; á thabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh teacht i ngníomh na gcóras nua sin a chur siar roinnt míonna, agus gur caomhnaíodh an sceideal foriomlán chun an ailtireacht idir-inoibritheachta a chur i gcrích faoi dheireadh 2023; ag moladh na Gníomhaireachta as roinnt tionscadal a bheith curtha i gcrích aici, amhail Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta a shuiteáil, an bonneagar cumarsáide don Chóras Faisnéise Víosáil (VIS) a uasghrádú, agus an tSeirbhís Chomhroinnte um Chomhoiriúnú Bithmhéadrach (BMS) a eisiúint; á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Gníomhaireacht dlús lena hiarrachtaí sa taighde agus sa nuálaíocht trí thionscadail i réimsí na hintleachta saorga, na dteicneolaíochtaí le haghaidh trasnú teorann

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

Maidir le EES agus le hamlínte foriomlána an Chláir Idir-inoibritheachta, d'fhormhuinigh Bord Bainistíochta EES, ETIAS, agus an Chláir Idir-inoibritheachta an 25 Bealtaine 2023 an straitéis nua maidir le cur chun feidhme EES, cur chuige an tairge íosta inmharthana (MVP) agus an t-athbhreithniú iomlán a cuireadh i láthair ar amlíne an Chláir Idir-inoibritheachta. Tá roinnt babhtá san amlíne sin, arb é is aidhm dóibh na comhpháirteanna Idir-inoibritheachta a chur ar fáil le heisiúintí uaineacha gach 6-9 mí, rud a mhairfidh go dtí 2026. Ina theannta sin, tá roinnt coinníollacha ag baint leis an athphleanáil sin, coinníollacha a mhol an Bord Bainistíochta go ndéanfadh na geallsealbhóirí go léir a ndíchill seasamh leo. Pléifidh an Bord an straitéis nua maidir le EES agus an treochláir Idir-inoibritheachta an 31 Bealtaine lena bhformhuiniú.

Barúil ón Údarás um Urscaoileadh

Freagra agus bearta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht

gan uaim agus éadadhaill, agus slándáil inmheánach; á thabhairt dá haire go bhfuil an Gníomhaireacht ar an mbóthar ceart leis an tionscadal don dara síneadh ar a láithreán oibríochtúil in Strasbourg; á thabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna an Gníomhaireacht athbhreithniú ar an tionscadal sin chun acmhainneachtaí breise a chur ar fáil níos luaithe ná mar a bhíodhas ag súil leis in 2028, trí lárionad sonraí modúlach, trí spás oifige a laghdú agus trí chur chuige céimnithe tógála le haghaidh shíneadh an láithreáin.

6. Á chur in iúl gur geal léi go dtugann an Gníomhaireacht, in éineacht le Gníomhaireacht an Aontais Eorpach um Thearmann (an comharba ar an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn) agus an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, tacaíocht ghníomhach do na Ballstáit atá mar phríomhphointí iontrála d'imirce agus d'iarthóirí tearmainn san Aontas; á thabhairt dá haire go n-oibríonn an Gníomhaireacht an chomhpháirt lármach de shraith córas mórsála TF sa réimse saoirse, slándála agus ceartais, atá nasctha le córais náisiúnta.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

7. Á chur in iúl gur geal léi tacaíocht leanúnach na Gníomhaireachta i gcur chun feidhme bheartais an Aontais i réimsí na saorghluaiseachta daoine agus earraí, na víosaí taistil choitinn, an rialaithe teorann, na hinimirce agus an tearmainn, agus sa chomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta agus údaráis bhreithiúnacha, lena n-áirítear i ndáil le coireacht eagraithe, smuigleáil agus gáinneáil ar dhaoine agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

Beartas foirne

8. Á thabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2021, go raibh plean bunaíochta na Gníomhaireachta curtha chun feidhme 90.61 %, agus 193 ghníomhaire sealadach ceaptha as 213 ghníomhaire shealadacha a bhí údaraithe faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 202 phost údaraithe in 2020); á thabhairt dá haire, anuas air sin, go raibh 107 ghníomhaire ar conradh agus 10 saineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Gníomhaireacht in 2021, as 132 ghníomhaire ar conradh agus as 11 shaineolaí náisiúnta ar iasacht a bhí údaraithe.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

9. Á thabhairt chun suntais gur fhág seachtar ball foirne an Gníomhaireacht in 2021, arb ionann é agus láimhdeachas 5.5 %, níos airde ná an sprioc de 5 % agus níos airde ná bonnlíne 3.7 % in 2020; á chur in iúl gur geal léi an faireachán agus an mheastóireacht a dhéanann lucht bainistíochta na Gníomhaireachta ar na cúiseanna i ndáil leis an táscaire sin; á thabhairt dá haire ó fhreagraí na Gníomhaireachta gur tuairiscíodh i measc na gcúiseanna a sainathnódh, conarthaí le ré theoranta, conarthaí le gráid isle agus an t-ualach oibre trom le linn agallaimh imeachta arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le solúbthacht mhéadaithe maidir le hinfhaighteacht acmhainní daonna chun go mbeidh an Gníomhaireacht in ann oiriúnú do luaineachtaí san ualach oibre agus do mhoilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhartha reachtacha ábhartha a ghlacadh; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun idirphlé cuiditheach leis an nGníomhaireacht agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus infhaighteacht acmhainní á chinneadh i bpleananna bunaíochta amach anseo.

Chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na cúiseanna a bhaineann le ráta ard iomlaoidé foirne, tá cur chuige comhsheasmhach ag eu-LISA maidir le hagallamh a chur ar dhaoine a fhágann an eagraíocht. In 2021, bunaithe ar an anailís a rinneamar ar agallaimh scoir, mhaígh formhór na ndaoine a cuireadh faoi agallamh gur bh é an príomhchúis a bhí acu post eile a lorg ná gur mhián leo deiseanna gairme níos fearr a bheith acu. Dúradh go raibh gráid níos airde, conarthaí níos faide agus conarthaí in-athnuaite i gceist i ndeiseanna gairme níos fearr. Ba é an dara cúis ba shuntasáil le deiseanna eile a lorg ná cúiseanna teaghlaiigh agus/nó cúiseanna pearsanta, agus ina dhiaidh sin luadh an gá le cothromaíocht níos fearr idir an obair agus an saol. Thuairiscigh cuid mhór de na daoine a cuireadh faoi agallamh go raibh drochthionchar ag an ualach oibre ard ar a gothromaíocht oibre is saoil.

Is próifíil TF atá á n-earcú ag eu-LISA den chuid is mó, agus is daoine iadsan a bhfuil éileamh mór orthu i margadh an tsaothair agus in institiúidí uile an Aontais. Is poist ar ghrád íseal, cinn ghearrthéarmacha nó cinn neamh-in-athnuaite iad formhór na bpost agus, dá bhrí sin, níl siad tarraingteach ná ní mheastar gur tairiscint iomaíoch ar an margadh iad. As na tairiscintí poist go léir a eisíodh, níor glacadh le 40 % acu. I measc na bpríomhchúiseanna bhí easpa spéise i gconarthaí gearrthéarmacha agus/nó conarthaí neamh-inathnuaite, agus bhí deiseanna gairme níos fearr nó gráid níos airde á dtairiscint ag institiúidí eile de chuid an Aontais.

10. Ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, i gcomhdhéanamh lucht ardbhainistíochta na Gníomhaireachta i ndáil le hinscne, agus beirt fhear ann (100 %) agus gan bean ar bith, comhdhéanamh an bhoird bainistíochta agus 49 bhfear ann (81,7 %) agus 11 bhean (18,3 %), agus comhdhéanamh na foirne trí chéile agus 215 fhear ann (69,4 %) agus 95 bhean (30,6 %); ag aithint gur ar na húdaráis náisiúnta ábhartha i ngach Ballstát atá an fhreagracht daoine a cheapadh ar an mbord bainistíochta; á iarraidh ar na Ballstáit an chothromaíocht inscne a mheas go gníomhach mar thoisic agus comhaltá de bhord

I lár mhí an Mhárta 2023, chuaigh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua, Agnès Diallo, i mbun oifige, rud a chuaigh i bhfeidhm ar chomhdhéanamh fhoireann ardbhainistíochta na Gníomhaireachta ó thaobh cothromaíocht inscne de.

Barúil ón Údarás um Urscaoileadh

Freagra agus bearta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht

bainistíochta na Gníomhaireachta á n-ainmniú agus á gceapadh acu; á thabhairt dá haire go ndearna an Gníomhaireacht iarrachtaí chun cothromaíocht inscne a fheabhsú agus á chur in iúl gur geal léi an feabhas beag a cláraíodh in 2021; á iarraidh, mar sin féin, ar an nGníomhaireacht oibriú go gníomhach i dtreo na cothromaíochta inscne agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le plan gníomhaíochta ina leith sin; á mheabhrú freisin a thábhachtaí atá sé ionadaíocht chothrom gheografach a áirithiú laistigh de bhainistíocht agus d'fhoireann na Gníomhaireachta.

11. Á thabhairt dá haire gur sheol an Gníomhaireacht 15 nós imeachta roghnúcháin in 2021 agus go bhfuair sí 1 944 iarratas ar 18 nós imeachta earcaíochta san iomlán; ag moladh na Gníomhaireachta as na gnóthachain éifeachtúlachta a tuairiscíodh agus as feabhas a chur ar phróiseas earcaíochta na Gníomhaireachta agus ar a híomhá mar fhostóir tarraingteach; ag cur sonrú, sa chiall sin, i ngníomhaíochtaí éagsúla na Gníomhaireachta amhail an treoirthionscadal 'Agile recruitment' [Earcaíocht Shofhreagrúil], a rannpháirtíocht san aonach gairme domhanda ar líne 'Women in Tech' [Mná i dTeic], foilsíú fógraí folúntais lasmuigh de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta agus grúpáil próifíle nó úsáid liostaí ionadaithe atá ann cheana do ghráid agus do ghrúpaí feidhme coibhéiseacha; á thabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh anailís ar chreat inniúlachta na Gníomhaireachta agus ag spreagadh na gníomhaireachta chun a straitéis bainistíochta acmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlacht a fhorbairt.

12. Ag moladh na Gníomhaireachta as a beartas maidir le neamhfhulaingt ar chiapadh; á thabhairt dá haire gur dhéileáil an Gníomhaireacht le 14 chás a bhain le ciapadh síceolaíoch nó gnéasach in 2021; á thabhairt dá haire sa chomhthéacs sin go ndearna an Gníomhaireacht dhá réamh-mheasúnú as ar eascair seoladh trí fhiosrúchán riaracháin agus dífhosú ball foirme amháin; á chur in iúl gur geal léi gur eagraigh an Gníomhaireacht seimineáir ghréasáin agus seisiúin feasachta maidir le ciapadh a chosc agus ról na gcomhairleoirí rúnda, chomh maith lena bearta chun feabhas a chur ar fholláine ag an obair agus ar chothromaíocht oibre is saoil fhoireann na Gníomhaireachta trí sheimineáir ghréasáin maidir le meabhairshláinte agus seisiúin comhairleoireachta aonair.

13. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Gníomhaireacht ag baint úsáid as modúil bhunúsacha uile uirlis bainistíochta acmhainní daonna SYSPER, agus as roinnt modúl roghnach; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun leanúint dá córas bainistithe acmhainní daonna a dhigitiú.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

In 2021, eagraíodh seisiún tiomnaithe maidir le ciapadh a chosc do bhainisteoirí agus don fhoireann uile.

Chuir eu-LISA clár meabhairshláinte agus folláine ar fáil freisin, ina raibh sraith 10 seimineár gréasáin a chuir síceolaithe cliniciúla deimhniú i láthair. Ina theannta sin, bhí seimineár gréasáin amháin breise dírithe ar bhainisteoirí chun tacú leo ina ról. Bhí an deis ann faoin gclár freisin ceardlanna a eagrú d'fhoirme (Aonad/Rannóg) chun dul i ngleic le réimse áirithe éigin a mheas na bainisteoirí a bheith ríthábhachtach. San iomlán, iarradh agus eagraíodh 5 cheardlann. Mar chuid den chlár, tairgeadh seisiúin oiliúna aonair freisin do bhaill foirme a d'iarr sin. Ina theannta sin, chuir eu-LISA sintiúis ar fáil d'aip aireachais a bhfuil comhéadan so-úsáidte aige.

In 2021, níor tuairiscíodh aon chás tnáithe in eu-LISA. Rinne an Gníomhaireacht iarracht aon chás dá leithéid a sheachaint trí sheisiúin feasachta a eagrú a bhí dírithe ar fholláine na mball foirme, ar choinbhleacht agus strus a bhainistiú, ar thacaíocht shíceolaíoch agus ar chur chun feidhme leanúnach an chláir FIT.

Úsáideann eu-LISA gach modúl bunúsach de chuid SYSPER agus roinnt modúl roghnach. Chuir an Gníomhaireacht na modúil uile chun feidhme i gcomhréir leis an amlíne a comhaontaíodh leis an gCoimisiún (bainisteoir tionscadail atá freagrach do eu-LISA as an gcur chun feidhme). Tá méadú nach beag tagtha ar a ábhartha atá sé SYSPER a úsáid tar éis thraschódú SYSPER-NAP. Níl eu-LISA chun na modúil uile atá ann cheana a chur chun feidhme mar gheall ar dhifriocht sna rialacha nós imeachta.

Soláthar

14. Á thabhairt dá haire go ndearna an Gníomhaireacht tuairisciú go bhfuil an Creat Innealtóireachta Trasnach, an tairiscint is mó a shínigh an Gníomhaireacht riamh, inmharthana do roinnt de phríomhghníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta, agus, ag an am céanna, is sprioc i gcónaí é na tairbhí a bhaineann le soláthar trasnach a uasmhéadú trí ionchuir conraitheoirí éagsúla a chomhordú i roinnt tionscadal; á thabhairt faoi deara gur ullmhaíodh roinnt tairiscintí tábhachtacha in 2021 agus gur síníodh conarthaí, eadhon maidir le lárchóras ECRIS-TCN, leagan nuashonraithe de thimpeallacht tástála nua VIS/BMS agus measúnú ar an teicneolaíocht le haghaidh réiteach an chórais bainistithe doiciméad a bheidh ann amach anseo.

Ag tosú in 2020, chuir an Gníomhaireacht tús leis an aistriú i dtaobh an fhoinsithe ar fhorbairt, teacht chun cinn agus cothabháil an phríomhchórais, ó fhoinsiú ingearach go foinsiú trasnaí. D'fhág sé sin, i gcás na samhla soláthair a fuarthas ón gCoimisiún, a eagraíodh trí chreatchonarthaí ingearacha agus creatchonarthaí ó cheann go ceann de réir an chórais (ag an am sin, SIS II, VIS agus Eurodac agus iadsan amháin), nach raibh sí inmharthana a thuilleadh nuair a tháinig méadú mór ar shainordú na Gníomhaireachta.

Cuireadh an t-aistriú sin i gcrích in 2022 nuair a cuireadh isteach an dara colún den soláthar trasnaí, sa bhreis ar an gCreat Innealtóireachta Trasnaí (TEF), le dámhachtain an Chreata Oibríocháin Thrasnaí (TOF).

Barúil ón Údarás um Urscaoileadh

Freagra agus bearta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht

Tá na tairbhí a bhíodas ag súil leo le sonrú de bharr an aistriúcháin ón tsamhail soláthair ingearach, agus airítear go príomha leo:

- laghdú a dhéanamh ar ghaibhníú ag díoltóirí,
- barainneacht scála (go háirithe i gcás an bhonneagair),
- sásraí conarthacha chun idir-inoibritheacht a chur chun feidhme, leis na sineirgí comhfhreagracha idir na córais,
- laghdú ar chostais i ndáil leis na conarthaí sa chás ina n-athosclaítear an comórtas roimh ré,
- leathnú nach beag ar linn na ndíoltóirí, agus laghdú comhfhreagrach ar rioscaí i dtaobh róspéleachais.

15. Á thabhairt chun suntais tuairim cháilithe na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialacht na n-íocaíochtaí mar gheall ar neamhrialtacht sé íocaíocht a rinneadh in 2021 le haghaidh EUR 18.11 milliún san iomlán i ndáil le roinnt creatchonarthaí, arb ionann na híocaíochtaí sin agus 6.20 % de na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil in 2021; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar inné di, gurb é 2021 an dara bliain as a chéile ar eisigh an Chúirt tuairim cháilithe chomhchosúil maidir le réimse soláthair agus bainistithe conarthaí na Gníomhaireachta; á thabhairt dá haire, de réir na Gníomhaireachta, go ndéanann roinnt tosca a bhaineann le planáil oibríochtúil agus bhuiséadach, an tsamhail foinsithe, bainistiú ar éabhlóidí conarthacha agus easpa foirne difear do chomhlíonadh sa réimse sin, rud a chuireann srian ar an bhfeidhíocht atá ag an nGníomhaireacht raon feidhme, fad agus luach conarthaí a theorannú; á thabhairt chun suntais, i bhfianaise na mbreisithe agus na nuashonruithe ar na córais mhórsála TF arna mbainistiú, go raibh an Gníomhaireacht tar éis aistriú ó fhoinsíú ingearach go foinsíú trasnach, rud a d'fhág nach raibh an tsamhail soláthair ingearach tosaigh a fuarthas ón gCoimisiún imharthana a thuilleadh; á thabhairt dá haire go mbaineann na príomhchúiseanna leis an aistriú sin le gaibhníú díoltóirí a laghdú agus le barainneachtaí scála a bhaint amach nó costais a laghdú.

Áirítear i bplean gníomhaíochta eu-LISA 'Follow-up to the ECA audit on Agency's 2021 Accounts' [Obair leantach ar iniúchóireacht CIE ar Chuntais na Gníomhaireachta i leith 2021] na gníomhaíochtaí seo a leanas lena dtugtar aghaidh ar chuid den bharúil sin:

1. Seiceálacha breise a áireamh sna treoirínte maidir le bainistíocht soláthair agus conarthaí chun aon díall a d'fhéadfadh a bheith ann ón gcreatchonradh bunúsach a ghabháil, agus déantar an nós imeachta tairisceana a dhoiciméadú agus a chur faoi réir nós imeachta eisceachta, agus/nó teastaíonn leasú ar chreachonradh roimh ré ina leith.
2. Rialú chun bonnlíne chruinn a leagan síos i leith conarthaí cothabhála agus conarthaí árachais a áireamh sa bheartas bainistíochta sócmhainní agus na nósanna imeachta agus na seiceálacha comhfhreagracha a chur chun feidhme. Ba cheart an rialú a nascadh leis an bpróiseas stocáirimh fardail a úsáidtear le haghaidh tairiscintí airgeadais arna sainiú i gcomhthéacs TOF.
3. Scrúdú *ex-post* a dhéanamh ar an gcás inar leasíodh dátaí soláthair go neamhfhoirmiúil chun cineál na hearraíde a shuí agus bearta iomchuí a dhéanamh.

16. Ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir le conradh sonrath EUR 40 milliún chun creatchonradh a bhaineann le córais mhórsála TF a chur chun feidhme, a shínigh an Gníomhaireacht, gan mionsonraí na seirbhísí a fuarthas a shonrú; á thabhairt dá haire ó mhínte na Gníomhaireachta go bhfuil gá le solúbthacht fheabhsaithe i réimse an tsoláthair TF de bharr luas tapa éabhlóid na teicneolaíochta; á chur i bhfios go n-éilíonn na creatchonarthaí arna ndréachtú ag an nGníomhaireacht méid mór solúbthachta chun oiriúnú ní hamháin d'éabhlóidí teicneolaíochta, ach freisin do na hathruithe reachtacha amháin córais mhórsála TF nua a bhunú nó na córais mhórsála TF atá ann cheana a oiriúnú arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht; á chur i bhfios go láidir gur príomhthosca iad moilleanna leanúnacha maidir le gníomhartha dlí ábhartha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, gnéithe atá go hiomlán lasmuigh de rialú na Gníomhaireachta, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal mionsonraithe agus beachtais is féidir leis an nGníomhaireacht a thairiscint agus creatchonarthaí á mbunú ar dtús; ag cur sonrú, thairis sin, i bhfhianaise ón nGníomhaireacht go bhfuil feabhas tagtha ar a beartais agus ar a cleachtais soláthair le roinnt blianta anuas, ach gur beag an tionchar atá aici ar chonarthaí leanúnacha atá níos sine; á iarraidh ar an nGníomhaireacht breithniú a dhéanamh ar an taithí a fuarthas agus ar an léargas a thug an Chúirt chun feabhsuithe marthanacha sa réimse sin a ráthú; ag tacú leis an nGníomhaireacht agus í ag iarraidh tacar cuimsitheach treoirínte soláthair agus a céad bheartas bainistithe conarthaí a ghlacadh agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht na doiciméid sin a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh a luaithe a fhorghéallfar iad; á iarraidh ar an nGníomhaireacht, ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún féachaint ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun solúbthacht agus inoiriúnaitheacht soláthair a fheabhsú chun sainordú na Gníomhaireachta a chur chun feidhme go héifeachtúil.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gcuid sin den bharúil, áirítear an méid seo a leanas i bplean gníomhaíochta eu-LISA:

1. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna planála buiséadaí arna sainaitheint ag CIE:
 - sraith íosta doiciméadachta a shainiú a theastaíonn le haghaidh comhairliúcháin maidir le ráitis airgeadais reachtacha agus an bonn a leagan síos don phleanáil imheánach comhfhreagrach,
 - meabhrán tuisceana airgeadais a thabhairt cothrom le dáta leis an gCoimisiún ionas go n-áireofar leo réamhchomhairliúcháin chórasacha éigeantacha maidir le ráitis airgeadais reachtacha.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar threoirínte soláthair agus seiceálacha comhfhreagracha chun:
 - a laghad úsáide is féidir a bhaint as módúlacht chonartha chineálacha ar bhonn Am agus Acmhainn Luacháilte (QTM) (modh cur chun feidhme SC19) maidir le ham agus beachtas na scóipe agus na dtáirgí insóláthartha,
 - nuair is féidir agus nuair nach bhfuil gá le baill foirne bhreise chun na rialuithe a dhéanamh, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar rialuithe a dhoiciméadú, agus, mar shampla, seicliostaí a thabhairt isteach sa bhreis ar na seicliostaí atá ann cheana.
 - 3. Measúnú riosca agus anailís costais agus tairbhe a dhéanamh chun a chinneadh cén leagan amach eagraíochtúil, cé na leibhéil foirne, agus cén déine rialuithe a d'íoslaghdódh an riosca i réimse na comhlíontachta.
4. Leasú a dhéanamh ar an gconradh sínithe (SC) 19 VIS chun bunús dlí soiléir a leagan síos ionas gur féidir leis an oifigeach údaraithe freagrach íocaíochtaí a fhorghéallú i gcomhréir le hAirteagal 73(3) den Rialachán Airgeadais Athbhreithnithe, trí na hiarrataí ar sheirbhís atá fós gníomhach a chur san áireamh.
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis bainistíochta éilimh lena áirithiú go mbeidh eu-LISA ullamh ó thaobh na riachtanas

	teicniúil, airgeadais agus acmhainní daonna nuair a leagfar cúraimí nua air.
17. Ag cur sonrú i seasamh na Gníomhaireachta nach raibh aon dochar airgeadais do bhuiséad an Aontais mar thoradh ar na neamhrialtachtaí foirmiúla a shainaithe an Chúirt.	Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.
18. Á thabhairt chun suntais gur shínigh an Gníomhaireacht 759 ngealltanais dhlíthiúla in 2021; á thabhairt dá haire go bhfostaíonn an Gníomhaireacht 14 bhall foirne soláthair (11 oifigeach agus 3 chúntóir); á thabhairt chun suntais nach bhfuil post grádaithe ar leibhéal iomchuí á dhiúscairt ag an nGníomhaireacht chun aonad soláthair lánoibríochtúil a eagrú; á iarraidh ar an gCoimisiún na riachtanais sin a chur san áireamh agus infhaighteacht acmhainní á chinneadh i bpleananna bunáochta amach anseo.	Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

19. Ag aithint na mbearta atá ar bun ag an nGníomhaireacht cheana agus na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a áirithiú, agus chun cosaint sceithirí a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi gur athbhreithnigh agus gur ghlac an Gníomhaireacht a treoirlínte maidir le sceithireacht in 2021 chun Cumas Iniúcháireachta Inmheánaí na Gníomhaireachta a thabhairt isteach leis an ról treoir rúnda agus neamhchlaonta a sholáthar maidir leis na rialacha sceithireachta.

I mí an Mheithimh 2018, ghlac eu-LISA an samhailchinneadh ón gCoimisiún maidir le rialacha cur chun feidhme lena leagtar síos treoirlínte maidir le sceithireacht, arna athbhreithniú i mí an Mhárta 2022. Faoi na treoirlínte sin, féadfaidh ball foirne leas a bhaint as aon cheann de na bealaí sábháilte seo a leanas:

- bainisteoir líne an bhaill foirne nó an Stiúrthóir Feidhmiúcháin (an chéad rogha),
- Cathaoirleach an Bhoird nó díreach chuig OLAF (an dara rogha),
- Uachtarán an Choimisiúin, na Comhairle, na Parlaiminte nó CIE, nó an tOmbudsman (mar rogha dheireanach).

Ina theannta sin, le haghaidh comhairliúcháin agus treoir rúnda, neamhchlaonta tosaigh maidir leis an nós imeachta sceithireachta, tá sé de rogha ag ball foirne dul i dteagmháil leis an gCumas Iniúcháireachta Inmheánaí (IAC) nó rochtain anaithnid a dhéanamh ar chóras fógartha calaoise gréasánbhunaithe OLAF. In 2021, eagraíodh seisiún amháin feasachta foirne maidir leis an sceithireacht mar chuid den ghnáthoiliúint bhliantúil ar eitic, ionracas agus coinbhleacht leasa.

20. Á thabhairt dá haire agus is mór aici go bhfoilsíonn an Gníomhaireacht dearbhuithe leasa agus CVanna chomhaltaí a boird bainistíochta agus a lucht bainistíochta sinsearaí gach bliain ar a suíomh gréasáin; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil clár trédhearcachta bunaithe ag an nGníomhaireacht trína bhfoilsítear cruinnithe idir a lucht bainistíochta sinsearaí agus a hoibreoirí eacnamaíochta ar a suíomh gréasáin.

De bhun rialacha eu-LISA maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta dearbhú leasa agus ráiteas bliantúil tiomantais a líonadh isteach gach bliain.

Ceanglaítear ar an lucht bainistíochta sinsearaí an dearbhú leasa a chur isteach go bliantúil (nó tráth ar bith a dtagann athrú ar an staid), i gcomhréir leis na rialacha cur chun feidhme maidir le coinbhleachtaí leasa bhaill foirne eu-LISA a chosc agus a bhainistiú (Cinneadh Uimh. 2020–405 ón mBord Bainistíochta, 23.12.2020). Foráiltear leis na rialacha cur chun feidhme forálacha sonracha don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Cuirtear na dearbhuithe ar fáil ar shuíomh gréasáin eu-LISA.

Rialú inmheánach

21. Á thabhairt dá haire go ndearna MECS, in 2018, iniúchadh cosanta sonraí i ndáil leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) agus VIS, agus in 2019 go ndearna an Gníomhaireacht iniúchadh i ndáil le Eurodac, iad uile á n-oibriú agus á mbainistiú ag an nGníomhaireacht, agus gur eisíodh 72 mholadh ina dhiaidh sin; á thabhairt dá haire go bhfuil na moltaí sin á gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht agus go n-eagraíonn sí bearta leantacha gach ráithe chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn a gcur chun feidhme; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun a cuid gníomhaíochtaí maidir le cosaint sonraí a choinneáil mar thosaíocht ar a clár oibre; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na moltaí sin.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

22. Á chur in iúl gur geal léi measúnú bliantúil na Gníomhaireachta ar a córas rialúcháin inmheánaigh lenar thángthas ar an gconclúid go bhfuil a córas rialúcháin inmheánaigh ann, go bhfuil sé ag feidhmiú agus go bhfuil sé éifeachtach, cé go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an dul chun cinn a rinneadh maidir le barúlacha na Cúirte agus rúin na Parlaiminte maidir le hurscaoileadh ó na blianta roimhe sin agus gur chuir an Gníomhaireacht moltaí na Cúirte chun feidhme ó 2018 agus 2019 maidir le neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí; á mheabhrú go bhfuil obair fós ar siúl maidir le dhá bharúil atá fós gan réiteach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cur lena hiarrachtaí bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme maidir le barúlacha na Cúirte atá fós gan réiteach.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire. In 2022, threisigh Coiste Iniúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC) an Bhoird an faireachán ar chur chun feidhme na mbarúlacha ó CIE nach bhfuil curtha chun feidhme fós. Le déanaí, chuir an Gníomhaireacht plean gníomhaíochta sonracha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha ó CIE. Rinne ACFC dlúthfaireachán ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean sin lena áirithiú gur go tapa agus go hiomlán a dhéanfaí é.

23. Á thabhairt dá haire gurbh é 77 % ráta cur chun feidhme na moltaí iniúcháireachta ag deireadh na bliana 2021 (24 mholadh a bhí curtha chun feidhme agus 37 moladh a bhí dlíthe); á thabhairt dá haire go raibh 32 mholadh ar an iomlán oscailte ag deireadh 2021 agus nach raibh ceann ar bith díobh 'criticiúil'; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh an dáta dlíthe caite i gcás seacht moladh, rud a chiallaíonn go raibh cur chun feidhme an mholta ar siúl cé go raibh an spriocdháta don chur chun feidhme imithe in éag; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na moltaí atá fós gan réiteach a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta; á mheas gur cheart torthaí tuarascáil OC-2020-0441-A2 ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh; á iarraidh, thairis sin, ar an nGníomhaireacht tuarascáil a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh maidir le cur chun feidhme mholtaí ó OLAF.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire. In 2022, threisigh ACFC an Bhoird Bainistíochta an faireachán ar chur chun feidhme na moltaí iniúcháireachta nach raibh curtha chun feidhme fós lena áirithiú go ndéanfar amhlaidh go pras agus go hiomlán.

An digiteáil agus an t-aistriú glas

24. Ag moladh na Gníomhaireachta as a bearta éagsúla chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, ó úsáid leictreachais ghlais agus páipéir athchúrsáilte amháin, go dtí téamh an fhoirgnimh i dTaillinn trí theas a athúsáid ón seomra freastalaí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur leis na nósanna imeachta maidir le deimhniú faoi Scéim an Aontais um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúcháireacht (EMAS); á iarraidh, thairis sin, ar an nGníomhaireacht na tuarascálacha deireanacha maidir le ráitis ar an gcomhshaol de chuid na Gníomhaireachta a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

25. Á thabhairt dá haire go ndearna an Gníomhaireacht bearta breise a ghlacadh in 2021 i réimse na cibearshlándála, amhail sé chaighdeán a ghlacadh maidir leis an ábhar agus bunú foirme freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí a thionscnamh, chomh maith lena comhar leanúnach leis an bhFoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (CERT-EU) agus cur chun feidhme creat struchtúrtha bainistithe agus rialaithe riosca slándála TF; á thabhairt dá haire gur chomhoibriú an Gníomhaireacht in 2021 le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) maidir le cur chun feidhme praiticiúil reachtaíocht cibearshlándála an Aontais agus maidir le cleachtadh cibearshlándála bliantúil na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht uirlisí nua a ghlacadh i réimsí an bhuiséid agus soláthair digitithe amhail ríomhshíniú, ríomhchonatháil agus ríomhshonrascú.

Maidir leis na croíchórais ghnó, ní dheanadh cibirionsaithe ar lárchórais na Gníomhaireachta le blianta beaga anuas. Dá ainneoin sin, lean eu-LISA ag forfheidhmiú bearta a díorthaíodh ó ionstraimí dlí mar aon le próisis chomhdhlúite bainistíochta riosca lena áirithiú go raibh na sásraí freagartha éifeachtach i dtaobh dul i ngleic le cibirionsaithe. Chuige sin, ní mór cumas cibearshlándála a bheith ar fáil ar an imeall d'ainneoin na ndúshlána a eascraíonn as COVID-19 agus na mbagairtí hibrideacha a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus iad uile i dtimpeallacht atá ag athrú i dtaobh bagairtí ar shlándáil. Reáchtáilann an Gníomhaireacht cleachtaí slándála rialta mar a phleanáiltear, le rannpháirtíocht na mBallstát, chun príomhghnéithe athléimneachta a thástáil ó cheann go ceann.

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

26. Ag moladh na Gníomhaireachta as a chumas infhaighteacht gan bhriseadh agus athléimneacht na gcóras atá faoina bhainistiú a áirithiú, agus gnáthfheidhmiú limistéar Schengen, d'ainneoin na ndúshlán a tháinig as paindéim COVID-19 a lean ar aghaidh in 2021; á thabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, mar sin féin, go ndearnadh athbhreithniú ar sceidil cur chun feidhme maidir le forbairt na gcóras nua mar gheall ar chrua-earraí gan a bheith ar fáil, moilleanna ar sheachadadh agus ar shuiteáil trealamh, agus láithreach níos lú ag foirne agus conraitheoirí ar an láthair.

Mar cheanglas dlíthiúil, is é príomhthosaíocht na Gníomhaireachta é a áirithiú go mbeidh na córais ar fáil gan bhriseadh do gach úsáideoir. Baineadh an méid sin amach d'ainneoin phaindéim COVID-19 agus na n-athruithe ar an gcomhthéacs geopholaitiúil, áit a raibh an slabhra soláthair ar cheann de na príomhghnéithe ar imríodh tionchar orthu tráth a raibh fáil theoranta ar chomhpháirteanna teicniúla a bhí riachtanach d'oibríochtaí laethúla eu-LISA. In ainneoin na ndeacrachtaí sin, rinne an Gníomhaireacht agus a foireann dianiarracht a chinntiú go mbeadh gach córas a cuireadh ar iontaoibh eu-LISA seasta ar fáil d'úsáideoirí – éacht atá le moladh, arna dhearbhu ag torthaí sármhaithe na bpríomhtháscairí feidhmíochta: infhaighteacht an chórais láir agus agaí freagartha.

27. Ag moladh na Gníomhaireachta as a comhar le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais as eolas agus dea-chleachtais a mhalartú i gcúrsaí a bhaineann le leanúnachas gnó; ag moladh freisin na Gníomhaireachta as a rannpháirtíocht i dtionscnaimh an Ghrúpa Idir-Institiúidigh Oiliúna agus Feasachta Slándála agus Líonra na nOifigeach Slándála CGB chun dul i ngleic le cúrsaí slándála comhchoiteanna.

Lean eu-LISA de dhá chruinniú de chuid Líonra na nOifigeach Slándála a reáchtáil in aghaidh na bliana mar tháscaire ar mhórspéis agus tiomantas údarais na mBallstát agus a bhfeidhmeanna slándála, agus é ina aidhm acu uile cosaint chuí na gcroíchóras gnó a áirithiú. Ar an gcuma chéanna, tá an Gníomhaireacht ag forbairt an chumais freagartha do theagmhais slándála faoin gcreat idir-inoibritheachta (Grúpa Comhair), rud a chuirfidh feabhas ar an gcomhar ar an leibhéal oibríochtúil trí fhreagairt idirnáisiúnta a bheidh ar fáil ar bhonn 24/7.

Eile

28. Á chur in iúl gur geal léi láithreacht ghníomhach ar líne na Gníomhaireachta in 2021 agus ag tabhairt dá haire go bhfuil feabhas tagtha ar a méadracht sna meáin shóisialta; ag moladh na Gníomhaireachta as a rannchuidiú le feachtais sheachtracha ar líne amhail 'Aontas Digiteach' agus 'Women in Tech' [Mná i dTeic] agus as imeachtaí a eagrú a bhfuil for-rochtain mhaith acu amhail a Comhdháil Bhliantúil nó Cruinnithe Comhchéime Tionsclaíochta eu-LISA.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

29. Ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál tras-ghearrtha a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithe an 10 Bealtaine 2023⁽³⁾ maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

Tugann eu-LISA an bharúil dá aire.

2.11. Bainistíocht ar an gcomhshaol

Tar éis fhomhuiniú an Bheartais Comhshaoil in 2022, tá an Gníomhaireacht tiomanta do chóras inmheánach bainistíochta comhshaoil a chur ar bun, i gcomhréir le Scéim an Aontais um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúcháireacht (EMAS), agus tá sí ag obair chun deimhniú EMAS a fháil faoi 2024. Leis sin, áiritheofar go mbeidh gníomhaíochtaí eu-LISA i gcomhréir le tionscnamh an Mhargaidh Ghlais Eorpaigh chun astaíochtaí CO₂ a laghdú i ngach réimse gnó.¹⁴⁸

In 2022, d'ullmhaigh an Gníomhaireacht tuarascáil um ráiteas comhshaoil don bhliain 2021, inar sonraíodh cuspóirí, faireachán agus dul chun cinn. Tá tábla achoimre sa tuarascáil freisin ina leagtar amach foinsí an tionchair ar an gcomhshaol, pleananna gníomhaíochta, agus táscairí feidhmíochta i leith gach gné a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá an tuarascáil um ráiteas comhshaoil le haghaidh 2022 á hullmhú.

2.12. Measúnú arna dhéanamh ag an Lucht Bainistíochta

Tá dearbhú réasúnach ag lucht bainistíochta na Gníomhaireachta go bhfuil na rialuithe inmheánacha a chuirtear i bhfeidhm oiriúnach agus go bhfuil siad ag feidhmiú mar a bheartaítear. In 2022, sainaithníodh mór-

¹⁴⁸ I gcomhair tuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar leathanach tiomnaithe an Choimisiúin maidir leis **an gComhaontú Glas don Eoraip**.

rioscaí agus rinneadh iad a bhainistiú, mar a deimhníodh tuilleadh le torthaí ó iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha a rinneadh i rith na bliana.

2.13. Meastóireacht sheachtrach

De réir Airteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, ní mór **meastóireacht feidhmíochta a dhéanamh ar an nGníomhaireacht gach 5 bliana**, agus tá an chéad mheastóireacht eile sceidealaithe do 2023. I meastóireacht an Choimisiúin, breithneofar feidhmíocht eu-LISA de réir a shainordaithe, a chuspóirí, a láithreacha agus a chúraimí. Déanfar measúnú sa mheastóireacht freisin ar a mhéad a rannchuidíonn an Gníomhaireacht le bainistíocht oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF an Aontais agus a chuireann sí le luach na bainistíochta sin, agus ar an gcaoi ar éirigh léi timpeallacht TF atá comhordaithe, costéifeachtach agus comhleanúnach a bhunú do chórais faisnéise CGB.

Chun ullmhú don mheastóireacht sheachtrach a dhéanfar ar an nGníomhaireacht, thug eu-LISA faoi **chleachtadh tagarmharcála neamhspleách** in 2022 chun meastóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht oibríochtúil a chroíchóras gnó. Chun forléargas cuimsitheach a fháil ar a feidhmíocht oibríochtúil, rinne an Gníomhaireacht measúnú freisin ar a cleachtais forbartha, ar a straitéis foinsithe agus ar na hacmhainní daonna atá ar fáil di, chomh maith le rannchuidiú eu-LISA le cur chun feidhme beartais ábhartha de chuid an Aontais. Mar gheall ar raon feidhme fairsing an chleachtaidh, táthar ag súil go dtabharfar an tuarascáil mheastóireachta deiridh chun críche faoi lár 2023.



3

ASSESSMENT OF THE EFFECTIVENESS OF THE ICF

The effectiveness of the internal control framework (ICF) and major corporate risks for the reporting period.

Measúnú ar éifeachtacht an Chreata Rialaithe

3.1. Éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh

3.1.1. Modheolaíocht

Cabhraíonn córais rialaithe inmheánaigh le heagraíochtaí a gcuid cuspóirí a bhaint amach agus, an tráth céanna, feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais a choinneáil ar bun i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin ábhartha. Tacaíonn córas rialaithe inmheánaigh dea-fheidhmiúil le cinnteoireacht fhónta agus cabhraíonn sé le rioscaí a laghdú ionas gur ar leibhéil inghlactha a bheidh siad, trí rialuithe costéifeachtacha. In 2019, chuir Bord Bainistíochta eu-LISA de chúram ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Creat Rialaithe Inmheánach a chur chun feidhme de réir na bprionsabail agus na saintréithe arna nglacadh ag an mBord.¹⁴⁹

Cuimsítear le creat rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta na cúig chomhpháirt seo a leanas: (1) timpeallacht rialaithe, (2) measúnú riosca, (3) gníomhaíochtaí rialaithe, (4) faisnéis agus cumarsáid, agus (5) gníomhaíochtaí faireacháin. Chun rialú inmheánach éifeachtach a dhéanamh ar oibríochtaí, ní mór na cúig chomhpháirt idirghaolmhara sin a bheith i láthair agus a bheith dea-fheidhmiúil ar gach leibhéal den eagraíocht. Ina theannta sin, sonraítear sa chreat rialaithe inmheánaigh na bunphrionsabail i leith gach comhpháirte agus saintréithe gaolmhara gach prionsabal a shainítear i leith na socrúithe sonracha rialachais arna mbunú sa Ghníomhaireacht. Leis na prionsabail agus na saintréithe rialaithe inmheánaigh sin, cuimsítear na caighdeáin íosta dá dtagraítear in Airteagal 45(2) de Rialacha Airgeadais eu-LISA.¹⁵⁰

Chun éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a áirithiú, tugtar sainordú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin measúnú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais. Ceapadh Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta mar bhainisteoir Bainistíochta Riosca agus Rialaithe Inmheánaigh (MRMIC) chun tacú le bunú agus cur chun feidhme chórais rialaithe inmheánaigh eu-LISA agus leis an bhfaireachán, an measúnú agus an tuairisciú air. In 2022, rinneadh an ról sin a thamligean go sealadach chuig Ceann an Aonaid Rialachais agus Acmhainní, ón 1 Samhain 2022 go dtí an 16 Márta 2023, toisc gur ceapadh an bainisteoir nua, an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach go dtí go gceapfaí an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua (i gcomhair tuilleadh faisnéise, féach **cuid 2.2.4**).

Is é atá i gceist leis an measúnú bliantúil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh critéir faireacháin a bhunú le haghaidh gach prionsabail rialaithe inmheánaigh, láidreachtaí agus réimsí feabhsúcháin a shainaithint, measúnú a dhéanamh ar leibhéal na bprionsabail agus na gcomhpháirteanna, agus measúnú foriomlán. Sainítear na táscairí i leith gach prionsabail de chuid an chreata rialaithe inmheánaigh, a mbonnlínte agus a spriocanna in larscríbhinn 2 a ghabhann le Cinneadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin maidir le Critéir um Fhaireachán ar an Rialú Inmheánach a Ghlacadh agus ceapadh an Bhainisteora Bainistíochta Riosca agus Rialaithe Inmheánaigh. Chun an measúnú a dhéanamh, déanann an Bainisteoir Bainistíochta Riosca agus Rialaithe Inmheánaigh sonraí atá bunaithe ar chritéir faireacháin réamhshainithe ó fhoinsí éagsúla sonraí sa Ghníomhaireacht a bhailiú agus a anailísiú, lena n-áirítear an suirbhé foirne, clár na n-eisceachtaí agus na dteagmhais neamhchomhlíonta, tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí, agus doiciméid eile a bhaineann le próisis ghnó na Gníomhaireachta.

3.1.2. Torthaí an Mheasúnaithe

Critéir um fhaireachán ar an rialú inmheánach

Cinneadh san fhéinmheasúnú gur baineadh amach, ina n-iomláine nó go páirteach, 81 % de na critéir faireacháin rialaithe inmheánaigh in 2023, mar a bhí amhlaidh in 2022.

¹⁴⁹ Cinneadh Uimh. 2019–042 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA, an 19 Márta 2019, maidir leis an gcreat rialaithe inmheánaigh athbhreithnithe a ghlacadh.

¹⁵⁰ **Rialacha Airgeadais eu-LISA**, Cinneadh Uimh. 2019-198 ón mBord Bainistíochta, teacht i bhfeidhm: an 1 Meán Fómhair 2019.

Critéir um fhaireachán ar an rialú inmheánach	2022	2023
Líon iomlán na dtáscairí	79	79
<i>bainte amach</i>	55 (70 %)	56 (71 %)
<i>bainte amach go páirteach</i>	9 (11 %)	8 (10 %)
<i>níor baineadh amach</i>	15 (19 %)	15 (19 %)
<i>níl sé ar fáil</i>	0 (0 %)	0 (0 %)

Láidreachtaí agus easnaimh i ndáil leis an rialú inmheánach


In 2022, sainithníodh 21 easnamh sa rialú inmheánach le linn an mheasúnaithe bhliantúil: 1 mhóreasnamh amháin, 16 easnamh measartha mór, agus 4 mhíoneasnamh.

I rith 2022, rinne an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí éagsúla chun pleananna feabhsúcháin a chur chun feidhme agus chun fáil réidh le heasnaimh rialaithe inmheánaigh. Tháinig méadú ar na rioscaí a bhaineann le roinnt easnaimh inmheánacha in 2022, rud a d'fhág go raibh méadú ar dhéine 2 easnamh, go háirithe:

- Dúnadh 2 easnamh measartha mór,
- Dúnadh 1 mhíoneasnamh amháin,
- Rinneadh 1 mhóreasnamh amháin a íosghrádú go ceann measartha mór,
- Rinneadh 1 easnamh measartha mór a íosghrádú go míoneasnamh,
- Rinneadh 1 easnamh measartha mór a uasghrádú go heasnamh mór,
- Rinneadh 1 mhíoneasnamh amháin a uasghrádú go heasnamh measartha mór.


I measúnú na bliana 2023, sainithníodh easnamh criticiúil nua amháin, rud a d'fhág go raibh 19 n-easnamh rialaithe inmheánaigh san iomlán ann: 1 easnamh criticiúil amháin, 2 easnamh mhóra, 14 easnamh measartha mór, agus 2 mhíoneasnamh.

Stádas na n-easnamh in 2022



■ Mór ■ Measartha mór ■ Míon

Stádas na n-easnamh in 2023



■ Criticiúil ■ Mór ■ Measartha mór ■ Míon

Comhpháirteanna an chreata rialaithe inmheánaigh	Láidreachtaí	Easnaimh
I Timpeallacht rialaithe	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Maoirseacht an Bhoird Bainistíochta agus a Choiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC) ar rialuithe inmheánacha ▪ Cumarsáid agus oiliúint fheabhsaithe maidir le heitic agus ionracas 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cur i bhfeidhm cuntasachta a mhéadú
II Measúnú riosca	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Treochlár na Spriocanna Straitéiseacha agus an Treochlár um Chur Chun Feidhme Straitéise a Ullmhú ▪ Feabhsuithe ar bhainistíocht riosca, go háirithe sainithint riosca ar leibhéal na n-aonad ▪ Clár trédhearcachta a chur chun feidhme 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Méadú ar rialuithe <i>ex-ante</i> chun pleanáil agus cur chun feidhme a ailíniú níos fearr le chéile ▪ Gan cur chuige caighdeánaithe a bheith ag Boird na gClár ó thaobh bainistíocht riosca de

III Gníomhaíochtaí rialaithe	<ul style="list-style-type: none"> Uathobriú a dhéanamh ar rialuithe i ndáil le comhlíonadh i leith bainistíochta tionscadail Moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme An beartas bainistíochta conarthaí a ghlacadh 	<ul style="list-style-type: none"> Laigí rialaithe inmheánaigh i dtionscadal lárchóras EES An straitéis Rialaithe, Riosca agus Comhlíonta a ullmhú Treoirlínte sonracha maidir le bainistíocht conarthaí a chur chun feidhme
IV Faisnéis agus cumarsáid	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú ar an mbeartas um chaomhnú fadtéarmach Treoirlínte a ghlacadh maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Faisnéis fheabhsaithe maidir le línte cumarsáide ar leithligh 	<ul style="list-style-type: none"> Gan aon easnamh
V Gníomhaíochtaí faireacháin	<ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht sa mheitheal líonra forbartha feidhmíochta um rialú inmheánach 	<ul style="list-style-type: none"> Neartú a dhéanamh ar an bpróiseas um dhearbhuú urrúis agus measúnú a dhéanamh ar fhorchoimeádais

Measúnú ar chomhpháirteanna an chreata rialaithe inmheánaigh

I Timpeallacht rialaithe

Cuimsítear le comhpháirt na timpeallachta rialaithe sraith caighdeán iompraíochta, próisis agus struchtúir arb iad an bonn iad chun gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh a chur i gcrích ar fud na heagraíochta. Ar an leibhéal bainistíochta, is iad an Bord Bainistíochta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an chuid eile den lucht ardbhainistíochta a shocraíonn an meon foriomlán maidir le tábhacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear na caighdeáin iompraíochta a mbítear ag súil leo.

Tá comhpháirt na timpeallachta rialaithe de chreat rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta i láthair agus ag feidhmiú, ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).

Lean an Ghníomhaireacht dá tiomantas do shláine agus do luachanna eiticíúla a neartú, go háirithe trí leathanach nua faoi eitic a sheoladh ar a inlín, trí fhísteachtaireacht ar leith ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eatramhach a chraoladh, agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha inmheánacha maidir le fiosrúcháin riaracháin. In 2022, lean an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC) dá maoirseacht a fheidhmiú ar ábhar an rialaithe inmheánaigh. D'áirithigh an Ghníomhaireacht go raibh a struchtúr, a línte tuairiscithe, a húdaráis agus a freagrachtaí dea-bhunaithe agus go raibh athbhreithniú á dhéanamh orthu nuair ba ghá sin. D'ainneoin iarrachtaí na Gníomhaireachta, tháinig méadú ar an ráta iomlaoide foime, agus tháinig laghdú ar an ráta áitíochta, go háirithe mar gheall ar líon na bpost gearrthéarmach ar ghrád íseal a chaithfidh eu-LISA a thairiscint. D'aithin an Ghníomhaireacht freisin an gá atá le cuntasacht aonair a atreisiú maidir le freagrachtaí rialaithe inmheánaigh.

Prionsabal	Measúnú
1. Léirítear tiomantas don ionracas agus do luachanna eiticíúla	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
2. Cuirtear freagracht mhaoirseachta i bhfeidhm	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
3. Bunaítear struchtúr, údarás agus freagracht	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
4. Léirítear tiomantas don inniúlacht	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
5. Forfheidhmítear cuntasacht	Tá an prionsabal i láthair agus ag feidhmiú ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).

II Measúnú riosca

Is próiseas dinimiciúil, atriallach é measúnú riosca chun rioscaí a aithint agus a mheasúnú ar cinn iad a d'fhéadfadh cur isteach ar bhaint amach cuspoirí, agus lena chinneadh conas ba cheart rioscaí den sórt sin a bhainistiú.

Tá comhpháirt an mheasúnaithe riosca den chreat rialaithe inmheánaigh i láthair agus ag feidhmiú, ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).

Tar éis straitéis fhadtéarmach eu-LISA le haghaidh 2021-2027 a ghlacadh, i mí na Samhna 2021, d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Treochlár um Chur Chun Feidhme Straitéise, inar mapáladh na spriocanna straitéiseacha

agus na cuspóirí straitéiseacha leis na réimsí gníomhaíochta agus na príomhspríocanna insoláthartha don tréimhse 2021-2027. Leanadh den tuairisciú do na geallsealbhóirí éagsúla de réir na gceanglas reachtúil. In R2 2023, rinne eu-LISA faireachán ar fheidhmiú a threochláir cur chun feidhme straitéise le haghaidh 2021 agus 2022, ina léirítear gur cuireadh 73 % de na táirgí insoláthartha chun feidhme in am, gur cuireadh 25 % díobh siar go dtí an bhliain dár gcionn, agus gur cuireadh 2 % díobh ar ceal.

Lean an Ghníomhaireacht d'fheabhas a chur ar a cur chuige maidir le lamháltas riosca agus ábharthacht na gclár, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha nósanna imeachta Bhoird na gClár. Leanadh den dul chun cinn a chlárú chun rioscaí a shainaithint ag leibhéal na n-aonad, leis an uirlis Planview. Faoi dheireadh na bliana 2021, bhain eu-LISA amach ráta cur chun feidhme 92 % dá Straitéis Frith-Chalaoise, lena gclúdaítear an tréimhse ó Mhárta 2019 go Samhain 2021. Tar éis cleachtadh tiomnaithe measúnaithe riosca calaoise, d'ullmhaigh agus ghlac an Bord Bainistíochta an Straitéis Frith-Chalaoise nua 2022-2024, mar aon le plean gníomhaíochta cur chun feidhme ina sainaithnítear 12 ghníomh. In 2022, tharla athruithe tábhachtacha sa Ghníomhaireacht ó thaobh poist cheannaireachta, go háirithe ceapadh Stiúrthóra Feidhmiúcháin nua agus Oifigigh Cuntasaíochta nua. Sainaithníodh na hathruithe roimh ré, agus bunaíodh réitigh eatramhacha chun leanúnachas an dá fheidhm a áirithiú.

Prionsabal	Measúnú
6. Sonraítear cuspóirí oiriúnacha	Tá an prionsabal i láthair agus ag feidhmiú ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).
7. Aithnítear riosca agus déanann anailís air	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
8. Déantar measúnú ar riosca calaoise	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
9. Aithnítear athruithe suntasacha agus déantar anailís orthu	Tá an prionsabal i láthair agus ag feidhmiú ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).

III Gníomhaíochtaí rialaithe

Áirithítear le gníomhaíochtaí rialaithe go maolaítear rioscaí a bhaineann le cuspóirí beartais, oibriúcháin agus rialaithe inmheánaigh a bhaint amach. Déantar iad a fheidhmiú ar gach leibhéal den eagraíocht, ag céimeanna éagsúla de phróisis ghnó, agus ar fud na timpeallachta teicneolaíochta. Féadfaidh siad a bheith coisctheach nó braiteach, agus cuimsítear iontu raon gníomhaíochtaí láimhe agus gníomhaíochtaí uathoibríthe, chomh maith le leithscaradh dualgas.

Tá comhpháirt na ngníomhaíochtaí rialaithe den chreat rialaithe inmheánaigh i láthair agus ag feidhmiú go páirteach; is amhlaidh, áfach, go bhfuil gá le feabhsuithe móra (catagóir 3).

Thángthas ar an gconclúid i measúnú na bliana 2023 ar chomhpháirt na ngníomhaíochtaí rialaithe go bhfuil sí i láthair agus ag feidhmiú go páirteach, agus, mar thoradh air sin, **íslíodh í ó Chatagóir 2 in 2022 go Catagóir 3**. Is é is cúis leis sin, den chuid is mó, easnamh criticiúil a sainaithníodh in iniúchadh ar thionscadal lárchóras EES. Tá na rioscaí iarmharacha ó easnaimh i ngníomhaíochtaí rialaithe fós ard, d'ainneoin iarrachtaí eu-LISA an cás a leigheas.

Cuireadh gníomhaíochtaí rialaithe i gcrích ar leibhéal éagsúla mar chuid de phróisis, nósanna imeachta agus sásraí rialachais arb ann dóibh cheana sna ranna agus sna haonaid éagsúla. Táthar ag súil go n-éascófar measúnú ar éifeachtacht na rialuithe, chomh maith leis na costais agus na tairbhí a bhaineann leo, de réir mar a dhéanfar iad a chomhtháthú i straitéis, mar a cheanglaítear faoi na Rialacha Airgeadais. Thosaigh an Ghníomhaireacht ag obair ar an straitéis rialaithe inmheánaigh, lena n-áireofar liosta de na príomhghníomhaíochtaí agus de na príomhphróisis rialaithe, chomh maith lena n-úinéirí, agus tá an straitéis sin le tabhairt chun críche faoi shamhradh na bliana 2023. Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag obair chun rialuithe a neartú maidir le comhlíonadh na modheolaíochta bainistíochta tionscadal, ach is réimse ardriosca fós é sin, mar a léirítear sna torthaí ar an iniúchadh a rinne IAC ar thionscadal lárchóras EES. Rinne an Ghníomhaireacht iarrachtaí móra i ndáil le rialuithe treorach nua i réimsí amháil bainistíocht conarthaí, soláthar agus foinsiú, chomh maith leis an aistriú chuig an tsamhail oibriúcháin chothrománach. Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag cur leis an rialú a dhéanann sí ar theicneolaíocht agus lena rialuithe maidir le slándáil TF, agus bhí dea-thorthaí air sin. Ina theannta sin, neartaigh eu-LISA a phróiseas tuairiscithe eisceachtaí a thuilleadh trí athbhreithniú leathbhliantúil ar an gclár a eagrú agus tríd an obair leantach ar ghníomhaíochtaí feabhsúcháin a chur ar bhonn foirmiúil.

Prionsabal	Measúnú
10. Roghnaítear agus forbraítear gníomhaíochtaí rialaithe	Tá an prionsabal i láthair agus ag feidhmiú go páirteach, tá gá le feabhsuithe móra (catagóir 3).
11. Roghnaítear agus forbraítear rialú ginearálta ar theicneolaíocht	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
12. Cuirtear nithe chun feidhme trí bheartais agus nósanna imeachta	Tá an prionsabal i láthair agus ag feidhmiú ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).

IV Faisnéis agus cumarsáid

Tá faisnéis a sholáthraítear trí chumarsáid inmheánach agus sheachtrach riachtanach le go bhféadfaidh aon eagraíocht gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh a dhéanamh agus chun tacú le baint amach cuspóirí. Leis an gcumarsáid inmheánach, soláthraítear do na baill foirne an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun a gcuspóirí a bhaint amach agus chun rialuithe laethúla a dhéanamh, agus, trí chumarsáid sheachtrach, cuirtear faisnéis ar fáil don phobal agus do gheallsealbhóirí maidir le cuspóirí beartais agus gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Tá comhpháirt na faisnéise agus na cumarsáide i láthair agus ag feidhmiú go maith (catagóir 1).

Leanann gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide na Gníomhaireachta nósanna imeachta agus próisis seanbhunaithe lena dtacaítear le cuspóirí eagraíochtúla níos leithne a bhaint amach. In 2022, lean eu-LISA dá rialuithe ar bhainistíocht faisnéise a neartú trí athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta um chaomhnú doiciméad agus ar a bheartas caomhnaithe fhadtéarmaigh, agus ghlac sé na treoirlínte maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

Bainistíodh cumarsáid inmheánach na Gníomhaireachta go rathúil freisin, agus aghaidh á tabhairt aici ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Chuir eu-LISA le soiléireacht agus infheictheacht na mbealaí cumarsáide éagsúla atá ar fáil do na baill foirne, lena n-áirítear comhairleoirí iontaoibhe nó sceithireacht. Rinneadh cumarsáid sheachtrach i gcomhréir leis an bplean freisin, agus díriodh ar chumarsáid a bhaineann le rialuithe inmheánacha.

Prionsabal	Measúnú
13. Úsáidtear faisnéis ábhartha	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
14. Déantar cumarsáid go himmheánach	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
15. Déantar cumarsáid go seachtrach	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).

V Gníomhaíochtaí faireacháin

D'fhonn a fháil amach an bhfuil gach ceann de cúig chomhpháirt an chreata rialaithe inmheánaigh i láthair agus ag feidhmiú, déanann an Gníomhaireacht measúnuithe sonracha ar bhonn leanúnach. Leis na measúnuithe leanúnacha, atá leabaithe i bpróisis ar leibhéal éagsúla san eagraíocht, soláthraítear faisnéis thráthúil ar aon easnaimh. Mar thoradh air sin, déantar measúnú ar thorthaí agus cuirtear easnaimh in iúl agus ceartaítear iad go tráthúil.

Tá an chomhpháirt um faireachán ar ghníomhaíochtaí i láthair agus ag feidhmiú ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).

Lean an Gníomhaireacht ag neartú an faireacháin agus na measúnuithe ar a rialuithe inmheánacha. Bíonn siadsan bunaithe ar fhéinmheasúnuithe a dhéanann baill foirne ainmnithe laistigh dá réimse freagrachta, ar ghníomhaíochtaí tuairiscithe, ar an anailís ar eisceachtaí agus teagmhais neamhchomhlíonta, ar chur i bhfeidhm na straitéise frithchialaoise, ar iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha, agus ar an gclár rioscaí corparáideach.

Prionsabal	Measúnú
16. Déantar measúnuithe leanúnacha agus/nó measúnaithe ar leithligh	Tá an prionsabal i láthair agus é ag feidhmiú go maith (catagóir 1).
17. Déantar easnaimh a mheas agus a chur in iúl	Tá an prionsabal i láthair agus ag feidhmiú ach tá gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).

3.1.3. Rioscaí móra corparáideacha

Sa chéad ráithe de 2022, tháinig an próiseas maidir le Rioscaí Corparáideacha/Bainistíocht Saincheisteanna chun cinn ó chleachtadh bliantúil go **cur chuige leanúnach** maidir le hítimí corparáideacha a bhailiú agus faireachán a dhéanamh orthu. Chuige sin, shoiléirigh an Gníomhaireacht na critéir maidir le tionchar agus dóchúlacht. Rinne na bainisteoirí atá i gceannas ar Bhainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach critéir fheabhsaithe a bhailíochtú chun ítimí féideartha ar leibhéal corparáideach a chaighdeánú agus a cháiliú go huathoibríoch. Ina theannta sin, chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an mheasúnaithe ar an gcreat rialaithe inmheánaigh in 2021, bunaíodh **cláir rioscaí agus saincheisteanna** ar leibhéal na nAonad.

Cuireann an Gníomhaireacht stádas a **rioscaí agus a saincheisteanna corparáideach** i láthair an Choiste Bainistíochta ar bhonn ráithiúil. In 2022, cuireadh tuarascálacha stádais isteach i mí Aibreáin, i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair.

Le linn na bliana, dhún eu-LISA dhá riosca, laghdaigh sé déine cúig riosca agus shainaithin sé sé riosca nua ar an leibhéal corparáideach. Ina theannta sin, mhol an Gníomhaireacht trí ítim don mheasúnú riosca i bhfoirm athbhreithnithe piaraí a rinne Lónra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (féach rioscaí 2017-01, 2020-06 agus 2020-07 in **Tábla 14** thíos).

Tábla 14. Rioscaí corparáideacha amhail mí na Nollag 2022.

Uimhir Aitheantais an Riosca	Teideal an Riosca Chorporáidigh	Dóchúlacht	Tionchar	Úinéir agus rannchuiditheoirí eile
2017-01	Go n-éireodh le cibearionsaí seachtrach spriocdhírithé ar bhonneagar eu-LISA.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid Slándála
2018-01	D'fhéadfadh sé nach leor na bearta a glacadh cheana lena áirithiú go gcuirfidh méid acmhainne an ionaid sonraí ar chumas na Gníomhaireachta córais nua a óstáil.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid Bainistíochta Bonneagair agus Ceann Roinn na Seirbhísí Corparáideacha
2018-06	Sárú rúndachta: nochtadh poiblí de thaisme ar shonraí íogaire agus freagra á thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis phoiblí.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid Slándála
2019-05	Gan dóthain spáis fhisiciúil a bheith ar fáil in am chun freastal ar riachtanais ríthábhachtacha na Gníomhaireachta.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha agus Ceann an Aonaid Seirbhísí Corparáideacha, Ceann an Aonaid Acmhainní Daonna
2019-08	Samhail agus acmhainn tacaíochta teicniúla: d'fhéadfadh díghrádú mór a bheith i gceist i dtaobh na tacaíochta teicniúla do chórais nua agus do chórais atá ann cheana de bharr méadú nach beag ar líon na n-iarrataí a dhírítear ar fheidhmeanna tacaíochta teicniúla na Gníomhaireachta tar éis theacht i bhfeidhm córas nua.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid Oibríochtaí Córas agus Ceann an Aonaid Slándála, Ceann an Aonaid Acmhainní Daonna
2020-01	Seiceálacha dlí neamhleora.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann na Roinne Oibríochtaí agus Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha
2020-04	Comhaontuithe ar an leibhéal oibríochtúil – comhordú iarrachtaí sa tionscadal céanna/don chóras céanna idir conraitheoirí éagsúla in éiceachóras trasnaí na gconarthaí.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid um Sholáthar Clár agus Tionscadal / An Rannóg um Bainistíocht Díoltóirí agus Conarthaí agus an tAonad Airgeadais

2020-06	Dúshlán maidir le hacmhainní daonna a fhostú atá ailínithe le riachtanais na Gníomhaireachta – an riosca nach n-aimseofar fostaí a oireann do eu-LISA.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid Acmhainní Daonna
2020-07	Claochlú cultúrtha mall, athrú ceannaireachta.	4 – an-ard	3 – ard	Ceann an Aonaid Acmhainní Daonna / An Rannóg um Bainistíocht Tallainne
2020-08	Ní leor éifeachtúlacht na cothabhála i gconarthaí um riocht oibre i gcás crua-earraí agus bogearraí atá ag deireadh a saolré.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid Pleanála agus Caighdeán agus Ceann an Aonaid Bainistíochta Bonneagair
2020-09	D'fhéadfadh forfheidhmiú neamhleor ar an gCóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS) atá ann cheana a fhágáil nach bhféadfadh sé a bheith ina phríomhthoisic cumasaithe, mar atáthar ag súil leis, don Ghníomhaireacht i dtaobh a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.	3 – ard	4 – an-ard	An Rannóg EPMO agus an tAonad Rialachais agus Cumais
2020-10	Comhtháthú neamhleor na ngeallsealbhoirí laistigh den tsamhail chomhoibrithe a éilítear faoin gcur chuige um Sholáthar Trasnaí.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid um Sholáthar Clár agus Tionscadal / An Rannóg um Bainistíocht Díoltóirí agus Conarthaí agus an tAonad Tástála agus Trasdula
2021-02	Nach gcoinneofaí doiciméid an chórais, agus iad cruinn, iomlán agus cothrom le dáta, i lárstóras arna riar ag eu-LISA.	3 – ard	4 – an-ard	Aonad na Pleanála agus na gCaighdeán agus an tAonad um Sholáthar Clár agus Tionscadal
2022-01	D'fhéadfadh creatchonradh Testa-ng III dul in éag sula dtabharfar chun críche an t-ascnamh chuig an nGréasán uile-Eorpach a bheidh ann amach anseo.	4 – an-ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid um Bainistíocht Bonneagair
2022-02	D'fhéadfadh daoine (baill foirme agus conraitheoirí de chuid eu-LISA) a bheith neamhchosanta ar réimsí leictreamaighnéadacha ardleibhéil in íoslach an ionaid sonraí.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann na Roinne Oibríochtaí agus Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha
2022-04	Acmhainní neamhleora chun conarthaí tacaíochta seachtraí a bhainistiú.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha
2022-05	Nach ndéanfaí buiséad a thuar le haghaidh cothabháil a dhéanamh ar CSI.	4 – an-ard	4 – an-ard	Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha agus Ceann na Roinne Oibríochtaí
2022-06	D'ainneoin méadú 50 % ar an uasteorainn, d'fhéadfadh sé nach leor an tacaíocht sheachtrach faoi Bheart 4 'Tacaíocht Riaracháin do cheanncheathrú eu-LISA i dTaillinn' roimh dhul in éag dó i mí na Samhna 2023 (bunaithe ar phatrúin tomhaltais mar atá faoi láthair).	4 – an-ard	4 – an-ard	Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha
2022-07	Bhí tionchar ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an staid gheopholaitiúil san Eoraip, rud a ghéaraigh na rioscaí d'institiúidí, do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais. I gcás eu-LISA, baineann na príomhrioscaí le cibirionsaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus le slándáil fhisiciúil na láithreán.	3 – ard	4 – an-ard	Ceann an Aonaid Slándála agus an Stiúthóir Feidhmiúcháin

3.1.4. Plean Gníomhaíochta na Straitéise Frith-Chalaoise don bhliain 2022 a chur chun feidhme¹⁵¹

Tá trí chuspóir straitéiseacha ag Straitéis Frithchalaoise eu-LISA don tréimhse 2022–2024:

- comhlíonadh iomlán na bprionsabal frithchalaoise a bhaint amach,

¹⁵¹ Tuarascáil Faireacháin ó IAC maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta don Straitéis Frithchalaoise do 2022, tagairt Ares(2023)523216, an 24 Eanáir 2023.

- ardleibhéal eitice a bhunú agus a chothú i ngníomhaíochtaí uile eu-LISA,
- bailiú agus anailís sonraí a fhorbairt agus a úsáid.

Leis an bhfaireachán rialta ar stádas chur chun feidhme phlean gníomhaíochta Straitéis Frithchaloise 2022-2024, léiríodh nár tháinig aon cheann de na rioscaí calaoise i gceist in 2022. Tá 13 ghníomhaíocht sa phlean gníomhaíochta, agus tá gach ceann acu dírithe ar riosca calaoise amháin nó níos mó a mhaolú. I mí na Nollag 2022, léirigh torthaí an chleachtaidh faireacháin gur chuir an Ghníomhaireacht chun feidhme seacht gcinn de na deich ngníomhaíocht a bhí dlíte (tá trí ghníomhaíocht ‘ar siúl’ agus iad de réir na sprice), agus dá bhrí sin ba é 70 % an ráta cur chun feidhme.

Is cosúil gur leor cur chun feidhme cainníochtúil foriomlán an Phlean Gníomhaíochta maidir le Straitéis Frithchaloise eu-LISA in 2022 don bhliain 2022. Cuirfidh úinéirí na ngníomhaíochtaí dlús leis na hiarrachtaí is gá chun cur chun feidhme iomlán a bhaint amach sna blianta atá romhainn, áfach.

3.2. Conclúidí an mheasúnaithe ar éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh

Ar an iomlán, léiríonn torthaí an mheasúnaithe go bhfuil **córas rialaithe inmheánaigh eu-LISA i láthair, ag feidhmiú agus éifeachtach, ach go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe (catagóir 2).**

Léiríonn toradh an mheasúnaithe go bhfuil timpeallacht rialaithe sheanbhunaithe ag eu-LISA ina bhfuil sraith caighdeán iompair, próiseas agus struchtúr, lena soláthraítear an bonn chun rialuithe inmheánacha a dhéanamh. Déanann an Ghníomhaireacht athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar a timpeallacht rialaithe chun cur lena héifeachtacht agus lena héifeachtúlacht. D’áirithigh an Ghníomhaireacht go bhfuil a struchtúr, a línte tuairiscithe, a húdaráis agus a freagrachtaí dea-bhunaithe agus go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu nuair is gá sin. D’ainneoin iarrachtaí eu-LISA, tháinig méadú ar an ráta iomlaoide foirne agus tháinig laghdú ar an ráta áitíochta, go príomha mar gheall ar líon na bpost gearrthéarmach, ar ghrád íseal a thairgeann eu-LISA. Sainithníodh freisin an gá atá le cuntasacht aonair a threisiú maidir le freagrachtaí rialaithe inmheánaigh.

San iomlán, is féidir le eu-LISA brath ar a straitéis agus ar a phróisis measúnaithe riosca chun a chuspóirí a shonrú go héifeachtach, agus rioscaí a shainaithint agus a anailísiú an tráth céanna. Nuair a glacadh straitéis fhadtéarmach eu-LISA le haghaidh 2021-2027 i mí na Samhna 2021, d’ullmhaigh an Ghníomhaireacht an Treochlár um Chur Chun Feidhme Straitéise, inar mapáladh na spriocanna straitéiseacha agus na cuspóirí straitéiseacha leis na réimsí gníomhaíochta agus na príomhspríocanna insoláthartha a bhfuiltear ag súil leo don tréimhse. Lean an Ghníomhaireacht d’fheabhas a chur ar a cur chuige maidir le lámhaltas riosca agus ábharthacht clár, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta Bhoird na gClár. Leanadh den dul chun cinn a chlárú chun rioscaí a shainaithint ag leibhéal na n-aonad, leis an uirlis Planview. Ghlac an Bord Bainistíochta an Straitéis Frith-Chalaoise nua le haghaidh 2022-2024, mar aon le plean gníomhaíochta ina sainithnítear 12 ghníomhaíocht. In 2022, tharla athruithe tábhachtacha in eu-LISA ó thaobh poist cheannaireachta de, go háirithe ceapadh Stiúrthóra Feidhmiúcháin nua agus Oifigigh Chuntasaíochta nua. Ullmhaíodh i gcomhair na n-athruithe roimh ré, agus bunaíodh réitigh eatramhacha chun leanúnachas an dá fheidhm a áirithiú.

Thángthas ar an gconclúid i measúnú 2023 ar chomhpháirt na ngníomhaíochtaí rialaithe go bhfuil sí i láthair agus ag feidhmiú go páirteach, agus, mar thoradh air sin, íslíodh í ó Chatagóir 2 in 2022 go Catagóir 3. Is é cúis leis sin, den chuid is mó, easnamh criticiúil a sainithníodh i dtoradh criticiúil ar thionscadal lárchóras EES. Tá na rioscaí iarmharacha ó easnaimh i ngníomhaíochtaí rialaithe fós ard, d’ainneoin iarrachtaí na Gníomhaireachta gníomhaíocht feabhsúcháin a chur chun feidhme. Cuireadh gníomhaíochtaí rialaithe i gcrích ar leibhéal éagsúla mar chuid de phróisis, nósanna imeachta agus sásraí rialachais arb ann dóibh cheana sna ranna agus sna haonaid éagsúla. Rinne an Ghníomhaireacht iarrachtaí móra i ndáil le rialuithe treorach nua i réimsí amhail bainistíocht conarthaí, soláthar agus foinsiú, chomh maith leis an aistriú chuig an tsamhail oibriúcháin chothrománach. Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag cur leis an rialú a dhéanann sí ar theicneolaíocht agus lena rialuithe maidir le slándáil TF, agus bhí torthaí maithe air sin. Ina theannta sin, neartaigh eu-LISA an próiseas tuairiscithe eisceachtaí a thuilleadh trí athbhreithniú leathbhliantúil ar an gclár a eagrú agus tríd an obair leantach ar ghníomhaíochtaí feabhsúcháin a chur ar bhonn foirmiúil.

Leanann gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide na Gníomhaireachta nósanna imeachta agus próisis seanbhunaithe lena dtacaítear le cuspóirí eagraíochtúla níos leithne a bhaint amach. In 2022, lean eu-LISA dá rialuithe ar bhainistíocht faisnéise a neartú trí athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta um chaomhnú doiciméad agus ar a bheartas caomhnaithe fhadtéarmaigh, agus na treoirlínte maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid á nglacadh aige an tráth céanna. Lean eu-LISA leis an mbainistíocht rathúil ar a chumarsáid freisin, agus aghaidh á tabhairt aige chomh maith ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Chuir eu-LISA le soiléireacht agus infheictheacht na mbealaí cumarsáide éagsúla atá ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear comhairleoirí iontaoibhe nó sceithreacht. Rinneadh cumarsáid sheachtrach i gcomhréir leis an bplean freisin, agus rinne an Gníomhaireacht dul chun cinn maidir leis an gcumarsáid a bhaineann le rialuithe inmheánacha.

Lean an Gníomhaireacht ag neartú an fhaireacháin agus an mheasúnuithe ar a rialuithe inmheánacha. Bíonn siadsan bunaithe ar fhéinmheasúnuithe a dhéanann baill foirne ainmnithe laistigh dá réimse freagrachta, ar ghníomhaíochtaí tuairiscithe, ar an anailís ar eisceachtaí agus teagmhais neamhchomhlíonta, ar chur i bhfeidhm na straitéise frithchalaíse, ar iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha, agus ar an gclár rioscaí corparáideach.

3.3. Ráiteas ón mBainisteoir atá i bhfeighil ar Bhainistíocht Riosca agus ar Rialú Inmheánach

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos,

an Bainisteoir atá i gceannas ar Bhainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach laistigh de Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA),

i mo cháil mar an Bainisteoir atá i bhfeighil ar Bhainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach, a dhearbhu, de réir Chreat Rialaithe Inmheánaigh eu-LISA, go bhfuil mo chomhairle agus mo mholtaí maidir le staid fhoriomlán rialuithe inmheánacha sa Gníomhaireacht tuairiscithe agam don Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear ar an gcóras rialaithe inmheánaigh sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar Gníomhaíochtaí agus sna hiarscríbhinní a ghabhann léi cruinn, iontaofa agus iomlán, chomh fada agus is eol dom.

Luca Tagliaretti



4

MANAGEMENT ASSURANCE

Declarations of assurance.

Dearbhú bainistíochta

4.1. Athbhreithniú ar na heilimintí a thacaíonn le dearbhú

Soláthraítear sa chuid seo forbheathnú ar na bloic thógála is bonn leis an dearbhú réasúnach ón Oifigeach Údarúcháin sa dearbhú urrúis ón té sin sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí. Seo a leanas achoimre ar bhloic thógála dhearbhaite na Gníomhaireachta:

↘ Bloc tógála 1: Measúnú arna dhéanamh ag an lucht bainistíochta

Measúnú arna dhéanamh ag an lucht bainistíochta. Tá lucht bainistíochta na Gníomhaireachta réasúnta muiníneach go bhfuil, ar an iomlán, rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag feidhmiú mar a bhí beartaithe. Ina theannta sin, tá faireachán agus maolú iomchuí á dhéanamh ar rioscaí, agus cuirtear chun feidhme feabhsuithe agus bearta atreisithe éagsúla de réir mar is gá.

Thairis sin, aithníonn lucht bainistíochta eu-LISA gur gá éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh a chothú, agus a áirithiú go ndéanfar faireachán agus measúnú ar a chur chun feidhme chun cuspóirí na Gníomhaireachta a bhaint amach mar a leagtar amach sa Rialachán bunaithe agus sa straitéis fhadtéarmach.

Clár na n-eisceachtaí agus na dteagmhas neamhchomhlíonta. Bunaíodh an nós imeachta foirmiúil in 2013 agus forbraíodh na treoirlínte faoi seach in 2021. Is é cuspóir foriomlán an nós imeachta seo bearta iomchuí a bhunú lena áirithiú go ndéanfar aon chásanna eisceachtúla ina ndéantar sárú ar rialuithe nó ina n-imítear ón gcreat rialúcháin bunaithe a mhíniú go críochnúil, a chlárú agus a thuairisciú i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta. Ní mór gach eisceacht agus gach teagmhas neamhchomhlíonta a dhóiciméadú agus a chur sa chlár, agus ní mór gach eisceacht a fhorghéar ar an leibhéal iomchuí sula ndéanfar aon ghníomhaíocht. De réir threoirlínte eu-LISA, cuirtear de chúram ar an lucht bainistíochta obair leantach a dhéanamh ar gach cás a thuairiscítear faoi dhó sa bhliain, trí thuarascáil anailíseach thiomnaithe.

In 2022, chláraigh eu-LISA 21 eisceacht san iomlán agus 10 gcinn de theagmhais neamhchomhlíonta. Rinne lucht bainistíochta na Gníomhaireachta anailís agus athbhreithniú ar gach cás a cláraíodh, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus na gníomhaíochtaí maolaitheacha, in R3 2022 agus R1 2023, rud a d'fhág go ndearnadh gníomhaíochtaí feabhsúcháin ionas gur lú an seans go dtarlóidís arís. Baineadh úsáid as na hanailísí sin freisin chun easnaimh a shainaithint le haghaidh an mheasúnaithe ar éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh.

↘ Bloc tógála 2: Torthaí na n-íniúchtaí seachtracha

D'eisigh Cúirt Iníúcháirí na hEorpa (CIE) an ráiteas urrúis seo a leanas chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle:

Tuairim maidir le beachtas na gcuntas: Is é tuairim CIE é go dtugann cuntais eu-LISA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais eu-LISA amhail an 31 Nollaig 2021, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasáíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasáíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidimáisiúnta leo.

Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais: Is é tuairim CIE é go bhfuil an t-ioncam is bun leis na cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais: Maidir leis na híocaíochtaí, shainaithin CIE íocaíochtaí dar luach 18.11 EUR milliún san iomlán a ndearna neamhchomhlíonadh difear dóibh, arb ionann é agus 6.2 % de na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2021, rud a sháraigh an tairseach ábharthachta a leagadh síos don iniúchadh agus a d'fhág gur eisíodh tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais.

↘ Bloc tógála 3: Obair leantach ar fhorchoimeádais ó thréimhsí tuairiscithe roimhe seo

Ní raibh aon fhorchoimeádais sa dearbhú urrúis a sholáthair an tOifigeach Údaraithe sa Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí i leith 2021.

4.1.1. Conclúid

Bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraítear i gCaibidil 3 den tuarascáil seo, is féidir a bhaint de thátal as an bhfaisnéis sin nach bhfuil aon laigí suntasacha sna rialuithe inmheánacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an dearbhú urrúis.

4.2. Forchoimeádais

Ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear thuas, d'eisigh an tOifigeach Údarúcháin na forchoimeádais seo a leanas maidir le dearbhú urrúis an lucht bainistíochta do 2022:

- cuireadh siar teacht i bhfeidhm SIS athnuaithe ó mhí na Samhna 2022 go dtí mí an Mhárta 2023,
- chinn Bord Bainistíochta eu-LISA i mí Eanáir 2023 nach raibh teacht i bhfeidhm an Chórais Dul Isteach/Imeachta i mí na Bealtaine 2023 indéanta a thuilleadh. Leis an moill sin, cuireadh siar teacht i bhfeidhm sBMS freisin,
- i bhfianaise na mbarúlacha a eascraíonn as iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha, tá laigí rialaithe ann i gcomhthéacs clár oibríochtúil agus tionscadal a dhéanann difear do rialtacht na ngníomhaíochtaí soláthair agus bainistíochta conartha a rinneadh sa bhliain airgeadais 2022,
- maidir leis an bpróiseas dlíthíochta leis an gconraitheoir tógála (a bhaineann leis an gcéad síneadh ar láithreán teicniúil eu-LISA in Strasbourg), a lean ar aghaidh os comhair na Cúirte dara céime in Strasbourg, cuireadh i gcrích é ag tús 2023 trí idirghabháil lasmuigh den chúirt agus táthar ar tí comhaontú déthaobhach a shíniú).



5

**DECLARATION
OF ASSURANCE**

Dearbhú urrúis

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos,

Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA),

I mo cháil mar Oifigeach Údarúcháin,

Dearbhaímse gur léargas fírinneach cóir a thugann an fhaisnéis atá sa tuarascáil seo.

Thairis sin, sonraím go bhfuil dearbhú réasúnach agam, i gcás na n-acmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí agus a gcuirtear síos orthu sa tuarascáil seo, gur úsáideadh iad chun na críche a ceapadh dóibh agus i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais, agus go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a cuireadh ar bun na rátháíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart bunúsach.

Tá an dearbhú réasúnach sin bunaithe ar mo bhreithiúnas féin agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil dom, amhail torthaí an fhéinmheasúnaithe, rialuithe *ex-post* (i.e., iniúchtaí de chuid Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Choimisiúin Eorpaigh, iniúchtaí de chuid Chumas Iniúcháireachta Inmheánaí eu-LISA agus iniúchtaí de chuid Chúirt Iniúcháirí na hEorpa) i leith na mblianta roimh bhliain an dearbhaithe seo.

Dearbhaím nach bhfuil mé ar an eolas faoi aon rud nár tuairiscíodh anseo a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna na Gníomhaireachta nó dá geallsealbhóirí.

Ba cheart na forchoimeádais seo a leanas a thabhairt ar aird, áfach:

- Chinn Bord Bainistíochta eu-LISA i mí Eanáir 2023 nach raibh teacht i bhfeidhm an Chórais Dul Isteach/Imeachta i mí na Bealtaine 2023 indéanta a thuilleadh. Leis an moill sin ar chlár EES, cuireadh siar teacht i bhfeidhm sBMS freisin. Tá amlíne nua níos réadúla á plé faoi láthair le geallsealbhóirí na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle. Is dócha go mbeidh tionchar ag an síneadh a chuirfeadh leis an amlíne maidir le teacht i bhfeidhm ar na hacmhainní, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, a theastóidh chun an fhorbairt a chur i gcrích.
- Tá an Ghníomhaireacht ag forbairt sraith córas casta mar gheall ar a conair fáis thapa. Tá sí ag forbairt i dtimpeallacht dhinimiciúil ina bhfuil gá le lúfaireacht, agus ina n-éilítear an tráth céanna go gcomhlíonfar rialacha an Aontais ina n-iomláine. Tá comhthéacs thar a bheith dúshlánach ann dá bharr sin.
- Chun tacú leis an bhforbairt dhinimiciúil sin, tá níos mó iarrachtaí déanta ag eu-LISA a chórais agus a chumais rialaithe inmheánaigh a neartú a thuilleadh agus leanfaidh sé de sin a dhéanamh. In 2023, coinneoidh an Ghníomhaireacht leis na hiarrachtaí sin agus beidh siad ina dtionscnaimh thosaíochta chun dul chun cinn ábhartha a bhaint amach sna réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe, i.e., mar a tugadh chun suntais sa tuarascáil mheasúnaithe agus sna iniúchtaí bliantúla ar an gCreat Rialaithe Inmheánaigh 2023, go háirithe i réimsí na bainistíochta conarthaí le haghaidh cláir agus tionscadail oibríochtúla.

Ba cheart dom béim a leagan air freisin gur an 16 Márta 2023 a ghlac mé le ról Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA.

[*Síniú leictreonach cáilithe*]



6

ANNEXES

Annexes provide a more detailed overview of utilising resources while ensuring additional transparency regarding the Agency's work and operations.

Iarscríbhinn I. Príomhstaitisticí gnó

Bainistíocht oibríochtúil na gcóras faisnéise CGB

Infhaighteacht na gcóras

Uimhir	Príomhtháscaire feidhmíochta corparáideach	Spríoc	2020	2021	2022	Stádas
3	Infhaighteacht lárchóras Eurodac	glas ≥ 99.99 % 99.99 % > ómra ≥ 99.50 % dearg < 99.50 %		99.80 %	99.88 %	Bainte amach
6	Infhaighteacht lárchóras SIS	glas ≥ 99.99 % 99.99 % > ómra ≥ 99.50 % dearg < 99.50 %		99.98 %	99.94 %	Bainte amach
8	Infhaighteacht lárchóras VIS	glas ≥ 99.99 % 99.99 % > ómra ≥ 99.50 % dearg < 99.50 %		99.98 %	99.69 %	Bainte amach

Aga freagartha

Uimhir	Príomhtháscaire feidhmíochta corparáideach	Spríoc	2020	2021	2022	Stádas
4	Aga freagartha lárchóras Eurodac	glas ≥ 99.45 % 99.45 % > ómra ≥ 90 % dearg < 90 %		100.00 %	99.99 %	Bainte amach
7	Aga freagartha lárchóras SIS	glas ≥ 99.5 % 99.5 % > ómra ≥ 99 % dearg < 99 %		99.85 %	98.98 %	Níor baineadh amach
9	Aga freagartha lárchóras VIS	glas = 100 % 100 % > ómra ≥ 90 % dearg < 90 %		99.90 %	99.70 %	Bainte amach

Infhaighteacht an bhonneagair cumarsáide

Uimhir	Príomhtháscaire feidhmíochta corparáideach	Spríoc	2020	2021	2022	Stádas
5	Infhaighteacht an Líonra Achair Fhairsing (WAN) (do SIS agus VIS)	glas ≥ 99.99 % 99.99 % > ómra ≥ 99.50 % dearg < 99.50 %		99.9988 %	99.9984 %	Bainte amach

Tacaíocht oibríochta agus oiliúint

Uimhir	Príomhtháscaire feidhmíochta corparáideach	Spríoc	2020	2021	2022	Stádas
16	Oiliúint do na Ballstáit ar chórais CGB					
	ráta sástachta (scála 1-6)	meán > 4	4.5	5.4	5.4	Bainte amach
19	Sástacht custaiméirí: % na n-úsáideoirí deiridh a bhí sásta nó an-sásta le hoibriú foriomlán na gcórais CGB					
		≥ 80 %		95 %	97 %	Bainte amach
20	Feidhmíocht Dheasc Seirbhíse eu-LISA					
		≥ 75 %		95.00 %	82.37 %	Bainte amach

Slándáil

Uimhir	Príomhtháscaire feidhmíochta corparáideach	Spríoc	2020	2021	2022	Stádas
1	Céatadán na gcuspóirí slándála arna gcur chun feidhme (mar a shainítear sa reachtaíocht)					
		100 %	100 %	100 %	100 %	Bainte amach
2	Líon na ndruileanna éigeandála agus na gcleachtaí a bhaineann le slándáil agus leanúnachas gnó a dhéantar go bliantúil					
		2	2	2	3	Bainte amach (ceann amháin in aghaidh an láithreáin)

Rialachas agus comhlíonadh

Uimhir	Príomhtháscaire feidhmíochta corparáideach	Spríoc	2020	2021	2022	Stádas
21	Measúnú tionscadail: meastóireacht déanta ar chur i gcrích de réir bhonnline na bparaiméadar sainithe cáilíochta / costais / ama, agus lamhátais tionscadail á gcur san áireamh					
		< 10 %	9.19 %	15.75 %	16.59 %	Níor baineadh amach
22	Bainistíocht tionscadail: measúnú a dhéanamh ar mar a chomhlíon na tionscadail chríochnaithe modheolaíocht bainistíochta tionscadal eu-LISA le linn shaolré an tionscadail					
	tionscadail bheaga	> 75 %	ní bhaineann le hábhar	20 %	ní bhaineann le hábhar	Níl aon tionscadail bheaga sa raon feidhme
	tionscadail mheánmhéide	> 80 %	71 %	76.2 %	66 %	Níor baineadh amach
	tionscadail mhóra	> 85 %	73.5 %	ní bhaineann le hábhar	74 %	Níor baineadh amach
23	Iníuchadh: (A) Céatadán na moltaí iníúchóireachta a cuireadh i bhfeidhm faoi na spriocdhátaí sonrath					
	criticiúil	100 %	ní bhaineann le hábhar	ní bhaineann le hábhar	ní bhaineann le hábhar	Níor baineadh amach
	an-tábhachtach	≥ 90 %	67 %	72 %	63 %	Níor baineadh amach
	tábhachtach	≥ 80 %	60 %	85 %	62 %	Níor baineadh amach

23 Iníúchadh: (B) Líon agus aois na moltaí iniúcháireachta atá fós le cur chun feidhme						
	moltaí ar feitheamh ar feadh níos lú ná 6 mhí	≤ 4	2	3	4	Bainte amach go páirteach
	moltaí atá ar feitheamh le tréimhse idir 6 mhí agus 1 bhliain amháin	≤ 2	1	0	0	Bainte amach
	moltaí atá ar feitheamh ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin	≤ 1	10	6	8	Níor baineadh amach

Riarachán agus tacaíocht ghinearálta

Uimhir	Príomhtháscaire feidhmíochta corparáideach	Spríoc	2020	2021	2022	Stádas
15	Táscaire comhshaoil: lorg carbóin	bonnlíne	341.04 tonna	401 tonna	570 tonna ¹⁵²	scóip athraithe
10	Ráta cealaithe na leithreasáí íocaíochta	< 5 %	13.60 %	7.00 %	10.6 %	níor baineadh amach
11	Ráta chur chun feidhme na ngealltanais buiséadach (%)	95-99 %	99.10 %	100.00 %	99.0 % (tabhairt and neamh-uathoibríoch : áireamh)	bainte amach
12	Ráta cur chun feidhme na híocaíochta (%)	> 95 %	99.00 %	99.00 %	91.6 %	níor baineadh amach
13	Cóimheas na n-acmhainní riaracháin le hacmhainní oibríochtúla i gcomparáid leis na hacmhainní daonna go léir (baill foirne agus SNIInna) (%)					
	riarachán	20 %	16.50 %	16.90 %	16.3 %	bainte amach
	ag feidmiú	70 %	72.50 %	73.20 %	74.7 %	bainte amach
14	Cóimheas na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de spriodhataí reachtúla (%)	> 87.5 %	95.90 %	99.00 %	90.1 %	bainte amach
17	Éifeachtúlacht an phróisis soláthair	< 25 %	11 %	21.40 %	9.5	bainte amach
18	Bainistíocht éadála: tionscadail soláthair atá ag feidmiú de réir sceidil	> 60 %	163.6 %	80.10 %	140	bainte amach
24	Ráta neamhláithreachta bliantúil:					
	a) meánlíon na laethanta breoiteachta	< 15 lá in aghaidh an fhostaí		4.1 lá	7.5 lá	bainte amach
	b) % de na baill foirne atá ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach	< 10 %		3.2 %	4.6 %	bainte amach
	c) % de na baill foirne nach bhfuil ag glacadh saoire bhreoiteachta	> 15 %		51.6 %	42 %	bainte amach
25	Ráta bliantúil iomlaoide foirne (%)	≤ 5 %		5.48 %	7.1 %	níor baineadh amach
26	Ráta áitíochta bliantúil (%)	> 94 %		94.2 %	82 %	níor baineadh amach
27	Innéacs um choinneáil tallainne					

¹⁵² Lena n-áirítear astaíochtaí CO₂ ón bhfoirgneamh oifige sealadach in Illkirch, Strasbourg na Fraince.

	> 0		0.2	0.3	bainte amach
28	Leibhéal rannpháirtíochta na foirne				
	≥ 63 %		7.3 (innéacs) ¹⁵³	7.3	bainte amach
29	Tionchar chumarsáid sheachtrach eu-LISA				
a) na meáin shóisialta	+200 leantóir in aghaidh an ardáin in aghaidh na bliana	LinkedIn: + 1888 Twitter: + 477 Facebook: +332	YouTube: +37 % Twitter: + 35 % Facebook: +20 %	LinkedIn: + 42 % YouTube: + 25 % Twitter: + 21 % Facebook: +15 %	bainte amach
b) leibhéal sástachta le himeachtaí rannpháirtíochta	> 90 %	84 %	80 %	86.3 %	bainte amach go páirteach (mar gheall ar imeachtaí ar líne)
c) ráta rannpháirtíochta	> 95 %	105 % ¹⁵⁴	95 %	95.3 %	bainte amach
30	tionchar chumarsáid inmheánach eu-LISA (suirbhé ar leibhéal sástachta)				
a) ráta rannpháirtíochta	> 51 %	52 %	55 %	59 %	bainte amach
b) ráta sástachta (bealaí inmheánacha agus gníomhaíochtaí do na baill foime)	> 70 %	93 %	93 %	91 %	bainte amach

¹⁵³ Athraíodh an modh bailithe sonraí. Is ionann an t-innéacs seo agus 73 %.

¹⁵⁴ Is é is cúis leis sin an t-athrú atá tagtha ar fhoirmid na rannpháirtíochta. Bhí an bhonn líne socraithe i leith rannpháirtíocht ar an láthair ach mar gheall ar shrianta COVID-19, b'éigean an t-imeacht a réachtáil ar líne amháin, rud a d'fhág go bhféadfadh cuid mhór rannpháirtithe breise a bheith i láthair.

Iarscríbhinn II. Staitisticí maidir le bainistíocht airgeadais

Buiséad tosaigh, aistrithe agus buiséid leasaitheacha

Déantar achoimre sa tábla thíos, de réir caibidle, ar na haistrithe buiséadacha inmheánacha a feidhmíodh le haghaidh chistí C1 in 2022.

Caibidil den Bhuiséad		Leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí (ina EUR m)				Leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí (ina EUR m)			
		Buiséad tosaigh	Aistrithe	Buiséad leasaitheach	Buiséad deiridh	Buiséad tosaigh	Aistrithe	Buiséad leasaitheach	Buiséad deiridh
A-11	Tuarastail & liúntais	41.25	-4.58		36.67	41.25	-4.58		36.67
A-12	Caiteachas a bhaineann le hearcaíocht	1.06			1.06	1.06			1.06
A-13	Speansais ar Mhisin	0.66			0.66	0.66			0.66
A-14	Bonneagar Sochmhíochaine	2.23	-0.11		2.13	2.23	-0.11		2.13
A-15	Oiliúint do na Baill Foirne	0.60	0.11		0.71		0.60	0.11	0.71
TEIDEAL 1 - CAITEACHAS FOIRNE		45.80	-4.58		41.22	45.80	-4.58		41.22
A-20	Caiteachas le haghaidh áitreabh	3.92	0.57		4.49	3.92	0.57		4.49
A-21	TF Corparáideach & Teileachumarsáid	4.10	0.00		4.10	4.10	0.00		4.10
A-22	Maoin Shochorraithe agus Costais Bhainteacha	0.29	-0.11		0.18	0.29	-0.11		0.18
A-23	Caiteachas Riaracháin Reatha	1.86	-0.55		1.30	1.86	-0.55		1.30
A-24	Postas	0.04	-0.02		0.02	0.04	-0.02		0.02
A-25	An Bord Bainistíochta	0.71	-0.20		0.51	0.71	-0.20		0.51
A-26	Faisnéis agus Foilseacháin	0.55	0.85		1.40	0.55	0.85		1.40
A-27	Seirbhísí Tacaíochta Seachtracha	8.35	1.49		9.84	8.35	1.49		9.84
A-28	Slándáil	4.26	-0.61		3.65	4.26	-0.61		3.65
TEIDEAL 2 – CAITEACHAS AR BHONNEAGAR AGUS CAITEACHAS OIBRÍUCHTÚIL		24.07	1.42		25.49	24.07	1.42		25.49
B3-0	Bonneagar	101.98	22.99		124.97	90.63	-11.18		79.45
B3-1	Feidhmchláir	136.74	-18.06		118.68	127.39	15.34		142.73
B3-8	Gníomhaíochtaí tacaíochta oibríucháin	11.05	-1.77		9.27	8.61	-0.99		7.62
TEIDEAL 3 – CAITEACHAS OIBRÍUCHTÚIL		249.77	3.16		252.93	226.64	3.16		229.80
IOMLÁN		319.64	0.00		319.64	296.51	0.00		296.51

Cur chun feidhme buiséad eu-LISA le haghaidh 2022 (foinse mhaoinithe C1)

I ndáil le leithreasáí 2022 amháin – foinse mhaoinithe C1.

Teideal buiséid	Gealltanais (C1, ina EUR milliún)			Íocaíochtaí (C1, ina EUR milliún)		
	Buiséadaithe	Ídithe	%	Buiséadaithe	Ídithe	%
Teideal 1 – Caiteachas foirne	41.22	38.03	92.3 %	41.22	38.03	92.2 %
<i>méid a forghníomhaíodh de</i>		38.03	92.3 %		37.36	90.6 %
<i>méid a tugadh anonn go huathoibríoch</i>					0.67	1.6 %
Teideal 2 – Caiteachas ar Bonneagar agus Caiteachas Oibríochtúil	25.49	25.49	100.0 %	25.49	25.49	100.0 %
<i>méid a forghníomhaíodh de</i>		25.49	100 %		11.78	46.2 %
<i>méid a tugadh anonn go huathoibríoch</i>					13.71	53.8 %
Teideal 3 – Caiteachas oibríochtúil	252.93	252.93	100.0 %	229.80	207.95	90.5 %
<i>méid a forghníomhaíodh de</i>		227.78	90.1 %		207.95	90.5 %

<i>méid a tugadh anonn go neamh-uathoibríoch</i>		25.15	9.9 %	-	-	
IOMLÁN	319.64	316.45	99.0 %	296.51	271.47	91.6 %
<i>méid a forghníomhaíodh de</i>		291.29	91.1 %		257.09	86.7 %
<i>méid a tugadh anonn go neamh-uathoibríoch agus méid a tugadh anonn go huathoibríoch</i>		25.15	7.9 %		14.368	4.8 %

Cur chun feidhme an bhuiséid ó fhoinsí maoinithe eile

I dteannta leis an mbuiséad don bhliain (foinse maoinithe C1), chuir an Ghníomhaireacht leithreasáí chun feidhme:

- ó ioncam sannta inmheánach (foinse mhaoinithe C4),¹⁵⁵
- ó ghealltanais (difreáilte i dTeideal 3 agus neamhdhifreáilte i dTeidil 1 agus 2) a thabhairt ar aghaidh agus na leithreasáí comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí (neamhdhifreáilte amháin) a thabhairt ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin (foinse mhaoinithe C8),¹⁵⁶
- ó ioncam sannta seachtrach, mar ranniocaíocht ó na tíortha comhlachaithe de bhun Airteagal 46(3)(b) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA (foinse mhaoinithe R0,¹⁵⁷ Teideal 3 amháin).

Teideal Buiséid	Foinse Mhaoinithe	Gealltanais			Íocaíocht			
		Buiséadaithe (ina EUR milliún)	Ídithe (ina EUR milliún)	%	Buiséadaithe (ina EUR milliún)	Ídithe* (ina EUR milliún)	%	
A-1	Caiteachas foirne	C1	41.22	38.03	92.3 %	41.22	37.36	90.6 %
		C4	0.00	0.00	100 %	0.00	0.00	100 %
		C8	0.70	0.48	69.0 %	0.70	0.48	69.0 %
		Fo-iomlán	41.92	38.51	91.9 %	41.92	37.85	90.3 %
A-2	Caiteachas ar Bhonneagar agus Caiteachas Oibríochtúil	C1	25.49	25.49	100.0 %	25.49	11.78	46.2 %
		C4	0.02	0.02	100 %	0.02	0.00	20.6 %
		C8	11.10	10.08	90.7 %	11.10	10.08	90.7 %
		Fo-iomlán	36.61	35.58	97.2 %	36.61	21.86	59.7 %
B0-3	Caiteachas Oibríochtúil	C1**	252.93	252.93	100 %	229.80	207.95	90.5 %
		C8	349.36	348.25	99.7 %			
		R0	58.67	0.00	0.0 %	58.67	0.00	0.0 %
		Fo-iomlán	660.96	601.18	91.0 %	288.47	207.95	72.1 %
IOMLÁN		739.49	675.28	91.3 %	367.00	267.66	72.9 %	

* I gcás Theideal 3 C1, tagraíonn EUR 57.06 milliún d'íocaíochtaí i leith ghealltanais na bliana. Úsáideadh an fuilleach, arbh ionann é agus EUR 150.90 milliún, chun gealltanais ó bhlianta roimhe sin a chlúdach.

** Áirítear leis an ngealltanais ídithe tabhairt anonn neamh-uathoibríoch EUR 25.15 milliún.

¹⁵⁵ Leithreasáí ó ioncam sannta inmheánach na bliana.

¹⁵⁶ Tabhairt ar aghaidh gealltanais (difreáilte agus neamhdhifreáilte) agus leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí (neamhdhifreáilte). Nuair a dhéantar gealltanais i gcoinne leithreasáí neamhdhifreáilte agus nuair nach n-íoctar na méideanna comhfhreagracha ina n-iomláine, ní dhéanfar na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do mhéid an ghealltanais gan íoc a thabhairt anonn go huathoibríoch ach chuig an gcéad bhliain airgeadais eile amháin. Sa chás sin, athraítear an foinse mhaoinithe ó C1 go C8. Dá bhrí sin, tugtar na leithreasáí anonn go dtí an chéad bhliain eile agus tugtar na gealltanais comhfhreagracha ar aghaidh. I gcás leithreasáí difreáilte nár íocadh na méideanna a gealladh ina leith go fóill, tabharfar na gealltanais ar aghaidh go huathoibríoch, mar aon leis na leithreasáí comhfhreagracha faoi chomhair oibleagáidí (i.e., foinse mhaoinithe C8). Ar an lámh eile, ní thugtar na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí anonn, agus ní mór foinsí maoinithe eile a fháil don bhliain dár gcionn (i.e., foinse mhaoinithe C1).

¹⁵⁷ Leithreasáí ó ioncam sannta seachtrach (den bhliain sin agus arna dtabhairt anonn).

Aistrithe buiséadacha a rinneadh in 2022

I rith 2022, rinneadh na hoibríochtaí aistrithe inmheánacha seo a leanas faoi Airteagal 26 de Rialacha Airgeadais na Gníomhaireachta. Ba é an réasúnaíocht a bhí leis na haistrithe ná a áirithiú go ndéanfaí leithdháileadh buiséid barmhaith ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí. Rinne an Ghníomhaireacht trí aistriú i gcomhréir le hAirteagal 26(1) de Rialacháin Airgeadais eu-LISA. Ní dhearnadh aon aistriú faoi Airteagal 26(2) de Rialacha Airgeadais na Gníomhaireachta.

Aistriú buiséadach ¹⁵⁸	Tagairt	Teideal 1 Caiteachas foirne		Teideal 2 Caiteachas ar bhonneagair agus caiteachas oibríochtúil		Teideal 3 Caiteachas oibríochtúil	
		Leithreasú faoi chomhair Oibleagáide	Leithreasú faoi chomhair íocaíochta	Leithreasú faoi chomhair Oibleagáide	Leithreasú faoi chomhair íocaíochta	Leithreasú faoi chomhair Oibleagáide	Leithreasú faoi chomhair íocaíochta
1	LIS.4351					Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
2	LIS.4367	-984.000	-984.000	984.000	984.000	Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
	LIS.4368					Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
3	LIS.4371					Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
4	LIS.4376	-1,000,000	-1,000,000	1,000,000	1,000,000	Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
5	LIS.4386	Aistriú laistigh de theideal buiséadach		Aistriú laistigh de theideal buiséadach		Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
6	LIS.4395	Aistriú laistigh de theideal buiséadach		Aistriú laistigh de theideal buiséadach		Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
	LIS.4396			Aistriú laistigh de theideal buiséadach			
7	LIS.4408			Aistriú laistigh de theideal buiséadach		Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
8	LIS.4424					Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
	LIS.4425	-2,595,500	-2,595,500	-567,988	-567,988	3,163,488	3,163,488
9	LIS.4428					Aistriú laistigh de theideal buiséadach	
IOMLÁN		-4,579,500	-4,579,500	1,416,012	1,416,012	3,163,488	3,163,488

Liosta mionsonraithe d'aistrithe buiséadacha (gach foinse mhaoinithe)

Uimhir an aistrithe bhuiséadaigh	Tagairt	Dáta	Líne Bhuiséid	Leithreasú faoi chomhair Oibleagáide	Leithreasú faoi chomhair íocaíochta
1	LIS.4351	10/03/2022	B03100 Tionscadail SIS II	-1,500,000.00	-1,500,000.00
Comhoibriú leis an MECS agus Oifigigh Cosanta Sonraí de chuid institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais (Feidhm cosanta sonraí: Comhoibriú)	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> forléargas ar na moltaí a cuireadh chun feidhme maidir le DPIA i leith sBMS, obair leantach maidir le DPIA um Thomhas Cruinnis i leith sBMS; pacáiste um an nós imeachta maidir le tomhas cruinnis sBMS-EES curtha isteach, agus cruthúnas ann gur cuireadh moltaí chun feidhme; tacaíocht do DPIAnna i leith ETIAS, ECRIS-TCN, agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta, agus VIS athbhreithnithe agus SIS athnuaithe (measúnú breise ar thionchar cosanta sonraí ar ghníomhaíochtaí próiseála aonuaire, e.g. próiseas ascnaimh); Cruinnithe líonra OCS CGB, an 50ú cruinniú líonra de chuid MECS-OCS, chomh maith le cruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhordaithe Maoirseachta (SCG) le haghaidh VIS, SIS agus Eurodac. 	<p>(1) iarrataí ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (2) comhairliúcháin le MECS (3) cruinnithe SCG (4) cruinnithe de líonra na nOifigeach Cosanta Sonraí* (5) cruinnithe líonra na nOifigeach Cosanta Sonraí de chuid JHAA* * d'fhéadfadh sé go n-eagródh Oifigeach Cosanta Sonraí eu-LISA ceann acu</p>	<p>(1) 80 % de na hiarrataí á láimhseáil (2) 60 % de na comhairliúcháin le MECS (3) tinreamh ag cruinnithe: 85 % (4) tinreamh cruinnithe: 100 % (5) tinreamh cruinnithe: 100 %</p>	De réir sprice (1) bainte amach (2) bainte amach (3) bainte amach (4) bainte amach (5) bainte amach
Tuarascáil oibre bhliantúil 2021 an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an comhlíonadh sa réimse cosanta sonraí a thuairiscíú don Bhord Bainistíochta (Feidhm cosanta sonraí: Cur in iúl)	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> Tuarascáil Bhliantúil Oibre 2021 an Oifigigh Cosanta Sonraí curtha faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA agus í foilsithe, cuireadh an tuarascáil idirmheánach stádais maidir le cosaint sonraí faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA i mí an Mhárta 2022. 	cuireadh táirgí insoláthartha ar fáil de réir spríoc-amanna	coicís roimh chruinnithe an Bhoird	De réir sprice
Faireachán ar chomhlíonadh sa réimse cosanta sonraí	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> tuarascálacha ar chur chun feidhme na moltaí iniúchóireachta (idir inmheánach agus sheachtrach) curtha faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann le tuarascálacha cigireachta MECS ar SIS, VIS agus Eurodac, lena n-áirítear seisiúin leantacha ráithiúla (inmheánacha), tuarascálacha a cuireadh faoi bhráid MECS in R1 agus R2, agus a cuireadh faoi bhráid Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA agus ACFC an 	(1) tuarascálacha ar chomhlíonadh i réimse na cosanta sonraí	(1) moltaí iniúchóireachta á gcur chun feidhme agus obair leantach á déanamh ina leith	De réir sprice (1) bainte amach

Tionscadal/tasc	Tuairisc ar na príomhthorthaí a baineadh amach in 2022	Príomhtháscairí feidhmíochta	Spríoc feidhmíochta	Stádas agus luach
	Bhoird i mí Feabhra/mí an Mheithimh.	(2) suirbhé bliantúil ar chosaint sonraí ¹⁶⁴		
Gníomhaíochtaí cosanta sonraí a eagrú (Feidhm cosanta sonraí: Eagraigh)	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> sárúithe ar shonraí: coimeádadh an clár lárnach cothrom le dáta (tuairiscíodh gur tharla 4 shárú in 2022); tacaíocht do rialaitheoirí sonraí (i gcomhréir le treoirlínte MECS); fógra tráthúil a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA, MECS agus na hábhair sonraí lena mbaineann (Airt. 34 agus 35 de Rialachán (AE) 2018/1725),¹⁶⁵ athbhreithniú rialta déanta ar theimpléid ábhartha agus acmhainní ar líne agus iad coinnithe cothrom le dáta; gníomhaíochtaí próiseála i ról an rialaitheora sonraí: coinníodh cothrom le dáta an clár gníomhaíochtaí tiomnaithe agus cuireadh ar fáil don phobal é gan mhoill; soláthraíodh teoracha agus teimpléid céim ar chéim maidir le taifid gníomhaíochta a dhoiciméadú; rinneadh athbhreithniú rialta ar theimpléid ábhartha agus acmhainní ar líne agus coinníodh cothrom le dáta iad; gníomhaíochtaí próiseála i ról an phróiseálaí sonraí: tugadh chun críche clár tiomnaithe; cuireadh ar fáil teoracha céim ar chéim agus teimpléid maidir le gníomhaíochtaí a dhoiciméadú. 	<p>(1) clár poiblí eu-LISA de gníomhaíochtaí próiseála (Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2018/1725)</p> <p>(2) líon na laethanta chun sárú ar shonraí a logáil sa chlár (tar éis tuairisc iomlán, bhailíochtaithe a fháil i ndáil le sárú ar shonraí)</p>	<p>(1) déantar clár poiblí gníomhaíochtaí próiseála eu-LISA a nuashonrú uair sa mhí ar a laghad</p> <p>(2) déantar clár eu-LISA um shárúithe ar shonraí a nuashonrú laistigh de 15 lá oibre</p>	<p>De réir sprice</p> <p>(1) bainte amach</p> <p>(2) bainte amach</p> <p>Amhail ag deireadh 2022, bhí 121 tháifead sa chlár (lena n-áirítear 7 dtáifead a cláraíodh in 2022).</p>
Moltaí a sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm Rialachán 2018/1725 (Feidhm cosanta sonraí: Comhairle a thabhairt)	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> tacaíocht agus comhairle tugtha do rialaitheoirí sonraí (agus do bhaill foime fhreagracha) maidir le taifid nua ar gníomhaíochtaí próiseála (tuairiscíodh 4 shárú in 2022), agus maidir le clásail idirnáisiúnta aistriúithe agus comhaontuithe i ndáil le rialaitheoirí-próiseálaithe sonraí, tacaíocht/moltaí d'úinéirí táirgí (i.e., SIS, VIS, Eurodac) maidir le taifid a chruthú i ról na bpróiseálaithe sonraí, comhairle maidir le measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí (DPIAnna). 	(1) iarrataí a fhaightear ó úinéirí gnó	<p>(1) cuirtear isteach 80 % díobh ag céim luath den tionscadal</p> <p>(2) comhlíontar 60 % díobh</p> <p>(3) comhlíontar 60 % laistigh den am a comhaontaíodh</p>	<p>De réir sprice</p> <p>(1) bainte amach</p> <p>(2) bainte amach</p> <p>(3) bainte amach</p>
Feasacht ar chosaint sonraí a ardú	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> seisiúin oiliúna: seisiún cluiche boird ar an Lá Cosanta Sonraí (i mí Eanáir, 100 rannpháirtí); seisiún ionduchtúcháin d'fhostaithe nua (i mí Aibreáin, 25 rannpháirtí); seisiúin chóitseála duine le duine le haghaidh rialaitheoirí nó próiseálaithe sonraí; seimineár gréasáin oiliúna pearsantaithe arna réachtáil ag MECS (i mí Dheireadh Fómhair, 75 	<p>(1) seisiúin faisnéise maidir le cosaint sonraí agus sárúithe ar shonraí pearsanta</p> <p>(2) ábhar faisnéise a scaiptear trí bhealaí cumarsáide inmheánacha (i.e.,</p>	<p>15 nóta feasachta faisnéiseacha ar a laghad (in aghaidh na bliana) á gcomhroinnt le foireann eu-LISA</p>	<p>De réir sprice</p> <p>bainte amach</p>

¹⁶⁴ In 2022, cuireadh an suirbhé bliantúil ar chosaint sonraí ar feitheamh mar gheall ar easpa acmhainní. Ina ionad sin, dhírigh OCS ar threoir agus tacaíocht maidir le cosaint sonraí a sholáthar i leith na dtosaíochtaí is tábhachtaí atá ag eu-LISA: i.e., na córais faisnéise CGB nua agus na cinn atá ann faoi láthair, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí iniúchóireachta MECS agus iniúchtaí nua MECS a chomhordú.

¹⁶⁵ **Rialachán (AE) 2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le **sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais** agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98).

Tionscadal/tasc	Tuairisc ar na príomhthorthaí a baineadh amach in 2022	Príomhtháscairí feidhmíochta	Spríoc feidhmíochta	Stádas agus luach
	<p>rannpháirtí);</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ nuachtlitreacha: comhroinneadh 20 alt trí 15 nuachtlitir sheachtainiúla, lena n-áirítear nuachtlitir ar leith inar cáitheadh súil siar, a foilsíodh i mí na Nollag; ■ inlín na nOifigeach Cosanta Sonraí: athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta, dhá rannóg nua: 'Aistrithe idimáisiúnta' agus 'Clásail um Chosaint Sonraí: an caidreamh idir an rialaitheoir agus an próiseálaí'; ■ tar éis clásail chonartha chaighdeánacha nua a ghlacadh le haghaidh aistrithe idimáisiúnta sonraí pearsanta chuig tíortha lasmuigh den Aontas/LEE, thosaigh Oifigeach Cosanta Sonraí eu-LISA ag cótseáil na rialaitheoirí inmheánacha sonraí uile, lena n-áirítear maidir le measúinuithe tionchair i leith aistrithe (TIAAnna). 	nuachtlitreacha, ríomhphost, inlín, etc.)		

Bainistíocht acmhainní daonna				
Inniúlacht agus forbairt cumais a bhaineann le hoibríochtaí	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> ■ cuireadh bailchríoch ar an bplean oiliúna um chumais oibríochtúla, seisiúin faisnéise don fhoireann, lena n-áirítear seisiúin shaincheaptha d'aonaid/earnálacha, méadú ar líon na n-iarrataí aonair ar oiliúint i gcomparáid le 2021. 	(1) gníomhaíochtaí oiliúna a chuirtear ar fáil (2) ráta sástachta	(1) 90 % de ghníomhaíochtaí an phelean oiliúna curtha chun feidhme (2) ráta sástachta > 85 %	Ar gcúl sprice (1) 80 % mar gheall ar acmhainneacht theoranta agus ardráta iomlaoide foirne (2) 82 % (figiúir nach féidir brath air mar gheall ar líon íseal freagraí)
Comhdhlúthú breise ar an nGníomhaireacht tar éis athraithe, fáis agus claochlaithe agus béim a leagan ar dhigitiú a dhéanamh ar sheirbhísí acmhainní daonna agus ar an earcaíocht	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> ■ glacadh treoirlínte athbhreithnithe sceithreachta agus rialacha nua maidir le fiosrúcháin riaracháin, díriodh go mór ar dhigitiú na seirbhísí acmhainní daonna agus ar an earcaíocht, ■ tuairisciú i réimse na n-acmhainní daonna (in Sysper): tástáil inghlacthachta úsáideoirí curtha i gcrích, ■ coinbhleachtaí leasa seachanta, digitiú déanta ar an bpróiseas maidir le dearbhuithe a chur isteach (lena n-áirítear iarrataí ar chur chun feidhme). 	(1) an ráta neamhláithreachta bliantúil ¹⁶⁶ (2) innéacs um choinneáil tallainne (3) coibhneas na mball foirne acmhainní daonna riaracháin / oibríochtúil (4) coinbhleachtaí leasa a sheachaint ¹⁶⁷ (5) an ráta bliantúil iomlaoide foirne (%) (6) an ráta áitíochta bliantúil (%)	(1) ráta neamhláithreachta bliantúil: < 15 lá / < 10 % / > 15 % (2) > 0 (3) 20 / 70 % (4) ráta maidir le cur isteach dearbhuithe: 100 % (lena n-áirítear > 80 % in am) / meastóireacht déanta ar > 90 % / ní bhaineann le hábhar (5) < 5 % (6) > 90 %	De réir sprice go pointe áirithe (1) 4.1 lá breoiteachta in aghaidh an fhostaí / 3.2 % ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach / 51.6 % gan aon saoire bhreoiteachta (2) 0.3 ¹⁶⁸ (3) 16 % / 74 % (4) ráta 97 % maidir le cur isteach (lena n-áirítear 90 % in am / 100 % a ndeamadh meastóireacht orthu / 1 % le bearta)

¹⁶⁶ KPI 24: ráta neamhláithreachta bliantúil: a) meánlíon laethanta saoire breoiteachta in aghaidh an fhostaí (spríoc: < 15 lá), b) baill foirne atá ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach (spríoc: < 10 %), c) baill foirne nach nglacann saoire bhreoiteachta (spríoc: > 15 %).

¹⁶⁷ Tugadh isteach príomhtháscairí feidhmíochta nua chun seachaint coinbhleachtaí leasa a thomhas: a) líon na ndearbhuithe leasanna a cuireadh isteach (agus an líon a cuireadh isteach in am), b) líon agus céatadán na ndearbhuithe a ndeamadh meastóireacht orthu, c) líon agus céatadán na mbeart coisctheach nó na gcinntí lena ndeamadh rannpháirtíocht a theorannú.

¹⁶⁸ Áirítear freisin tréimhsí promhaidh a ghabhann toradh diúltach leo; mura n-áirítear tréimhsí promhaidh, áfach, tá an toradh seo faoi bhun na sprice.

Tionscadal/tasc	Tuairisc ar na príomhthorthaí a baineadh amach in 2022	Príomhtháscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Stádas agus luach
				(5) 7.1 % (6) 82.4 % mar gheall ar iomlaid foirme, lena n-áirítear an tAonad Acmhainní Daonna → le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid 2.5.4, agus larscríbhinn I i leith KPlnna Uimh. 13 agus 24 go 28.
Forbairt eagraíochtúil agus claochlú cultúrtha	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> ■ Feabhra, suirbhé ar rannpháirtíocht foirme (scór foriomlán 7.3), ■ ceardlanna maidir le hacmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlachtaí eagraithe do gach aonad, ■ creat inniúlachtaí: tástáil a dhéanamh ar phróifílí ról nua do chruinnithe i leith folúntais arna líonadh, ■ rinneadh cleachtadh diagnóiseach acmhainní daonna chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse agus chun coigeartuithe a dhéanamh bunaithe ar riachtanais na heagraíochta. 	(1) suirbhé ar rannpháirtíocht foirme (2) feidhmíocht na foirme (meán bliantúil) (3) critéir maidir le meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail um athrú ó bhonn ar chultúr eu-LISA	(1) torthaí an tsuirbhé > 7.5 (2) meánfeidhmíocht (cleachtadh breithmheasa bliantúil) (3) costas / sceideal / scóip	De réir sprice (1) toradh an tsuirbhé: 7.3 ar gcúl sprice, agus torthaí éagsúla ar fud na nAonad (2) meán bliantúil: 2.4 (3) in am / de réir buiséid / de réir scóipe
Airgeadas agus soláthar				
Forghníomhú an phlean soláthair agus fála	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> ■ soláthar tráthúil seirbhísí soláthair agus fála i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla agus laistigh den chreat buiséadach pleanáilte. 	(1) éifeachtúlacht an phróisis soláthair (2) bainistíocht fála	(1) < 25 % (2) > 60 % de thionscadail soláthair de réir sceidil	De réir sprice (1) 9.5 % (2) 140 % → le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid larscríbhinn I i leith KPlnna Uimh. 17 agus 18.
Rialú inmheánach, nósanna imeachta, iniúchtaí a bhaineann le hairgeadas agus soláthar	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> ■ tá gach seicliosta agus sreabhadh oibre le haghaidh idirbheart airgeadais i gcomhréir le Rialacha Airgeadais na Gníomhaireachta. 	sraith chuimsitheach nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas airgeadais agus soláthair	80 % de nósanna imeachta an phlean oibre bhliantúil	De réir sprice
Soláthar tráthúil seirbhísí a bhaineann le bainistíocht buiséad, sócmhainní agus airgeadais	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> ■ cur chun feidhme buiséid 99 % a baineadh amach i leith leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí (lena n-áirítear tabhairt anonn neamh-uathoibríoch leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí arna bhformheas ag an mBord), agus 92 % i gcás leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí (lean n-áirítear caiteachas riaracháin a thabhairt ar aghaidh go dtí 2023); ■ rinneadh obair leantach in am trátha ar chur chun feidhme an bhuiséid, agus cuireadh na seirbhísí uile ar fáil de réir 	(1) ráta cealaithe na leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí (2) ráta cur chun feidhme na n-oibleagáidí buiséadacha (3) ráta cur chun feidhme i leith íocaíochtaí (4) íocaíochtaí arna ndéanamh go cúí (%)	(1) < 5 % (2) 95-99 % (3) > 95 % (4) > 87.5 %	De réir sprice go pointe áirithe (1) 10.6 % (2) 99.0 % (3) 91.6 % (4) 90.1 % → le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid larscríbhinn I i leith

Tionscadal/tasc	Tuairisc ar na príomhthorthaí a baineadh amach in 2022	Príomhtháscairí feidhmíochta	Spríoc feidhmíochta	Stádas agus luach
	caighdeáin shainithe.			KPInna Uimh. 10 agus 14.
Slándáil chorporáideach				
An tseirbhís slándála agus dearbhaithe faisnéise a sholáthar don bhonneagar corparáideach	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> an t-aistriú chuig creatchonradh bainistithe slándála TF, feabhsuithe oiriúnaitheacha ar an mbonneagar faireacháin slándála, cleachtadh cibearshlándála i mí na Samhna, béim ar leith ar ghníomhaíochtaí criticiúla bainistíochta cibearshlándála mar gheall ar chomhthéacs an mhéadaithe ar bhagairtí. 	<p>(1) cuspóirí slándála reachtúla</p> <p>(2) measúnuithe riosca i ndáil le slándáil ar chórais CGB</p> <p>(3) cleachtaí cibearshlándála (in aghaidh na bliana)</p>	<p>(1) ráta cur chun feidhme: 100 %</p> <p>(2) 100 %</p> <p>(3) 1</p>	<p>De réir sprice</p> <p>(1) bainte amach</p> <p>(2) bainte amach dhá tháscaire feidhmíochta rúnda bainte ar chúinsí íogaireachta</p>
Leanúnachas gnó, athshlánú ó thubaiste, codanna freagartha éigeandála den bhainistíocht slándála agus leanúnachais	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> maoirseacht a dhéanamh ar chóras corparáideach bainistíochta leanúnachais gnó eu-LISA (BCMS), lena n-áirítear plean feabhsúcháin i ndáil le leanúnachas gnó, rinneadh tástáil ar phleananna leanúnachais gnó i ndáil le héifeachtacht na rialuithe atá bunaithe, lena n-áirítear cleachtadh i mí Dheireadh Fómhair, faireachán agus freagairt ar ráig COVID-19. 	<p>(1) clúdaíonn BCMS gach limistéar</p> <p>(2) pleananna leanúnachais gnó á dtástáil ó thaobh éifeachtacht na rialuithe atá bunaithe</p>	<p>(1) 100 % de na réimsí gnó clúdaithe</p> <p>(2) cleachtadh amháin ar a laghad chun athléimneacht chorporáideach a thástáil</p>	<p>De réir sprice</p> <p>(1) bainte amach</p> <p>(2) bainte amach</p>
Na heilimintí cosanta den bhainistíocht slándála agus leanúnachais a oibriú, a phleanáil agus a fhorbairt	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> bainistíocht déanta ar chórais slándála (lena n-áirítear imréitigh), agus slándáil chosanta áirithithe in áitribh uile eu-LISA ar bhonn 24/7, lena n-áirítear rialuithe slándála le haghaidh an áitribh shealadaigh; Beartas Rochtana dréachtaithe agus nósanna imeachta glactha maidir le dualgas cúlataca. 	<p>(1) bearta slándála cosanta i gcomhréir le measúnú riosca, rialacháin agus caighdeáin (ISO)</p> <p>(2) slándáil fhisiciúil a áirithiú ar áitreabh eu-LISA agus slándáil do mhisin, do ghníomhaíochtaí agus do phearsanra ar leibhéil inghlactha riosca</p>	<p>(1) comhlíonadh 100 % bainistíocht slándála i bhfeidhm gach láithreán de chuid eu-LISA</p> <p>(2) rioscaí a mhaolú ionas gur leibhéil inghlactha riosca atá i gceist</p>	<p>De réir sprice</p> <p>(1) bainte amach</p> <p>(2) bainte amach</p>
Na gnéithe cothrománacha de bhainistíocht slándála agus leanúnachais a oibriú, a phleanáil agus a fhorbairt	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> oiliúint bhliantúil do na baill foirne, lena n-áirítear slándáil, sláinte agus sábháilteacht, imeachtaí for-rochtana eagraithe le geallsealbhóirí, e.g. an 15ú cruinniú de Líonra na nOifigeach Slándála (SON) agus cruinnithe Ghrúpa¹⁶⁹ Comhair NIS (3). 	<p>(1) beartais slándála reachtúla i bhfeidhm (le haghaidh córais CGB freisin)</p> <p>(2) Creat um Fheasacht Slándála (le haghaidh n+ 1 bliain)</p> <p>(3) oiliúint slándála bhliantúil á cur ar na baill foirne</p> <p>(4) imeachtaí for-rochtana do geallsealbhóirí</p>	<p>(1) 80 % ar a laghad de na beartais atá beartaithe a ghlacadh faoi dheireadh 2022</p> <p>(2) Creat Feasachta Slándála (n+ 1) a fhorbairt faoi dheireadh 2022</p> <p>(3) 80 % ar a laghad de na seisiúin oiliúna slándála atá beartaithe in aghaidh na bliana a chur i gcrích</p> <p>(4) imeacht amháin ar a laghad a eagrú le geallsealbhóirí seachtracha</p>	<p>De réir sprice</p>
Bainistíocht saoráidí				

¹⁶⁹ Bunaíodh an **Grúpa Comhair um Chórais Líonra agus Faisnéise (NIS)** faoin **Treoir maidir le Cibearshlándáil** chun comhar agus malartú faisnéise a áirithiú i measc na mBallstát.

Tionscadal/tasc	Tuairisc ar na príomhthorthaí a baineadh amach in 2022	Príomhtháscairí feidhmíochta	Spríoc feidhmíochta	Stádas agus luach
An Clár um Méadú Acmhainneachta	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ tionscadal um an dara síneadh: clár tógála nuashonraithe, rialú cáilíochta ar an nglao ar sheirbhísí deartha atá le cur ar tairiscintí (seoladh ar feitheamh), ■ ionad sonraí modúlach: doiciméid tairisceana suirbhé foinsithe, seoladh an suirbhé, ■ uasghrádú cumhachta agus fuaraithe: réamhstaidéar cumhachta curtha i gcrích, cur chun feidhme seolta; céim A den staidéar ar fhuarú curtha i gcrích, céim B ar bun. 	(1) costas (2) sceideal (3) scóip	(1) costas: glas (2) sceideal: glas (3) scóip: glas	Eile
Bainistíocht chomhshaoil	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ Beartas Comhshaoil, athbhreithniú comhshaoil, agus treoiclár deimhniúcháin EMAS an Aontais tugtha chun críche, ■ Plean maidir le bheith Tíosach ar Fhuinneamh curtha chun feidhme, agus leictreachas glas san áireamh. 	táscairí comhshaoil ¹⁷⁰	90 %	Eile
Bainistíocht sláinte agus sábháilteachta	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ cuireadh bailchríoch ar an Treoiclár don Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde (OHS), mar aon le dréachtleaganacha de bheartas agus rialacha inmheánacha sa réimse sin. 	ráta sástachta na foirne leis an timpeallacht oibre agus le sábháilteacht cheirde	Ráta sástachta 90 % ¹⁷¹	Eile
Oibríochtaí agus seirbhísí na saoráidí	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ seirbhísí saoráide chun tacú le hoibríochtaí, lena n-áirítear feabhas leanúnach ar sheirbhís trí fhaireachán a dhéanamh ar thicéid agus ar an aga freagartha go ndúnfar iad, ■ feabhsuithe déanta ar bhonneagar na n-áitreabh, ag díriú ar phríomhghníomhaíochtaí gnó agus ar fholláine fostaithe. 	comhlíonadh na gcaighdeán is infheidhme	comhlíonadh uasta ag gach láithreán de chuid na Gníomhaireachta	De réir sprice
Seirbhísí Ióistíochta agus soláthairtí oifige	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ feabhas curtha ar an spás oibre in Strasbourg, Illkirch agus Taillinn, ■ tionscadal leithdháilte spáis, lena n-áirítear 100 stáisiún oibre do chonraitheoirí. 	(1) costas (2) sceideal (3) scóip	(1) costas: glas (2) sceideal: glas (3) scóip: glas	De réir sprice
Bainistíocht na seirbhísí misean agus tacaíocht dóibh	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ feabhas leanúnach curtha ar phunann na misean, ■ creatchonradh nua le haghaidh seirbhísí bainistíochta taistil. 	(1) misin a cuireadh i gcrích go cúí (2) creatchonradh nua a bheith sínithe	(1) 100 % (2) 100 %	De réir sprice (1) bainte amach (2) bainte amach
Bainistíocht oibríochtúil seirbhísí corparáideacha	<p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ tacaíocht do sheirbhísí gnó agus do sholáthar seirbhísí. 	(1) eispéireas na n-úsáideoirí deiridh (2) bainistíocht acmhainní	90 %	De réir sprice (1) bainte amach (2) bainte amach

¹⁷⁰ Thosaigh eu-LISA ag déanamh faireachán ar tháscairí toirtmhéadracha maidir le huisce, fuinneamh, ídiú páipéir agus táirgeadh dramhaíola in 2020 ach ní raibh sé in ann bonnlínte a bhunú mar gheall ar shrianta a bhain le COVID-19 a bhí i bhfeidhm go dtí 2022. Mar thoradh air sin, is in 2023 a leagfar síos na bonnlínte le haghaidh táscairí comhshaoil, agus a úsáidfead iad chun na táscairí feidhmíochta sin a ríomh agus a mheas as sin amach.

¹⁷¹ Ní fhéadfar meastóireacht a dhéanamh go dtí go gcuirfead na gníomhaíochtaí chun feidhme, nuair a dhéanfar an beartas sláinte agus sábháilteachta ceirde a fhorpheas in 2023.

Tionscadal/tasc	Tuairisc ar na príomhthorthaí a baineadh amach in 2022	Príomhtháscairí feidhmíochta	Spríoc feidhmíochta	Stádas agus luach
Comhordú ginearálta				
Rannchuidiú mar bhreathnóir i meastóireachtaí Schengen i réimsí SIS/SIRENE agus an chomhbheartais víosaí (lena n-áirítear VIS)	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> Misin mheastóireachta Schengen: SIS/SIRENE (6), comhbheartas víosaí (1). 	(1) rannpháirtíocht i meastóireachtaí, agus rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta	(1) ionchur tráthúil agus ionchur a chur isteach de réir sceideal an Choimisiúin	De réir sprice → le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid 1.5.1. Comhpháirtíochtaí leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais
Tuarascálacha a dhreachtú ar fheidhmiú teicniúil na gcóras, agus staitisticí a chomhiomlánú	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> tuarascálacha reachtúla foilsithe maidir le SIS (2), VIS (1), Eurodac (3). 	tuarascálacha reachtúla ar fheidhmíocht maidir le SIS, VIS agus Eurodac, lena n-áirítear tuarascálacha staidrimh agus liostaí de na húdaráis ainmnithe	tuarascálacha feidhmíochta reachtúla curtha isteach agus foilsithe go tráthúil	De réir sprice go pointe áirithe gach ceann de réir sprice, ach amháin gur cuireadh moill ar liosta nuashonraithe údaráis SIS go d go seolfaí an córas an 7 Márta 2023 → le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid 1.5.3.
Cur chun feidhme na gníomhaíochtaí bliantúla um fhaireachán ar thaighde agus teicneolaíocht atá beartaithe, ag teacht leis an treo-chlár taighde agus forbartha arna ghlacadh	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> foilsíodh dhá thuarascáil faireacháin maidir le taighde: 'Artificial Intelligence Supporting Cross-Border Cooperation in Criminal Justice' [An Intleacht Shaorga ag tacú leis an gComhar Trasteorann sa Cheartas Coiriúil] (Meitheamh 2022), 'Enabling Seamless Travel to the European Union' [Taiséal Saoráideach chuig an Aontas Eorpach a Chumasú] (Nollaig 2022); imeachtaí: comhdháil bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair agus dhá chruinniú bhliantúla tionscail (i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair). 	(1) tuarascálacha faireacháin maidir le taighde agus teicneolaíocht (2) freastal ar imeachtaí	(1) tuarascáil amháin ar a laghad a fhoilsiú in aghaidh na bliana (2) rátaí tinrimh (a) imeachtaí tionscail: > 50 rannpháirtí (b) comhdháil bhliantúil: > 120 rannpháirtí	De réir sprice (1) 2 thuarascáil foilsithe (2a) Meitheamh: 170+ ar líne, 100+ go pearsanta; Deireadh Fómhair: 300+ ar líne, 115 go pearsanta; (2b) 388 rannpháirtí, lena n-áirítear 130 go pearsanta. → le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid 1.2.8.
Cur chun feidhme an phlean oiliúna chun oiliúint a chur ar na Ballstáit i dtaobh úsáid theicniúil na gcóras CGB	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> 48 gníomhaíocht oiliúna, 3800 rannpháirtí, ráta sástachta 90 %, Plean Oiliúna Bliantúil (70 %), plean na bliana seo chugainn dréachtaithe, ascnamh tugtha chun críche ar an gCóras Bainistíochta Foghlama athchóirithe, agus tá tuilleadh uasghráidithe ar siúl faoi láthair. 	sástacht le gníomhaíochtaí oiliúna na mBallstát (suirbhéanna ar rannpháirtithe)	ráta sástachta: os cionn 4 (meán ar scála 1-6)	De réir sprice ráta sástachta: 5.4 → le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid 1.5.3. Tógáil cumais
Comhtháthú torthaí taighde le saolréanna feidhmchláir	Soláthartha <ul style="list-style-type: none"> rannchuidiú le tionscadail a ndéanann AS HOME agus Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Inmheánach maoirseacht orthu, 	(1) coimrí teicneolaíochta (arna n-iarraidh sin don lucht bainistíochta nó don lucht oibríochta)	(1) ar a laghad 2/3 coimre a sholáthar gach bliain	De réir sprice (1) Bainte amach (2) Bainte amach (3) Bainte amach

Tionscadal/tasc	Tuirisc ar na príomhthorthaí a baineadh amach in 2022	Príomhtháscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Stádas agus luach
Tacú le cur chun feidhme codanna de Chreatchlár an Aontais um Thaighde agus Nuálaíocht	<ul style="list-style-type: none"> ■ rannpháirtíocht i gcrúinnithe Mheitheal eu-LISA um an Intleacht Shaorga (3) agus na Meithle um an mBithmhéadracht. <p>Soláthartha</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ na tosaíochtaí sainithe don chlár oibre chun Creachlár an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus um Nuálaíocht a chur chun feidhme (Creachlár um T&N), ■ meastóireacht déanta ar thograí taighde i réimse na slándála inmheánaí. 	<p>(2) rannpháirtíocht le Grúpaí Comhairleacha</p> <p>(3) tionscadail teicneolaíochta</p> <p>(1) tosaíochtaí téamacha do chlár oibre an Chreatchláir um T&N</p> <p>(2) cur i láthair tionscadail don fhoireann agus do gheallsealbhóirí</p> <p>(3) Creachlár an Aontais um T&N a bheith tarmligthe do eu-LISA</p>	<p>(2) cur i láthair amháin ar a laghad do gach Grúpa Comhairleach (in aghaidh na bliana)</p> <p>(3) cuid den fhoireann lárnach i dtionscadal teicneolaíochta amháin ar mórskála, ar a laghad</p> <p>(1) glacadh sraithe amháin de na tosaíochtaí téamacha faoi Chreatchlár an Aontais um T&N ag an gCoiste Bainistíochta agus ag na Grúpaí Comhairleacha ábhartha</p> <p>(2) ar a laghad 2 thionscadal (agus torthaí san áireamh) a bheith curtha i láthair</p> <p>(3) cur chun feidhme an tionscadail de réir scóipe, cuspóirí agus sceidil.</p>	<p>→ le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid 1.2.8.</p> <p>De réir sprice</p> <p>(1) Bainte amach</p> <p>(2) Bainte amach</p> <p>(3) Bainte amach</p> <p>→ le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach cuid 1.2.8. Nuálaíocht, taighde agus forbairt.</p>

Iarscríbhinn X. Tuarascáil ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid

Lena áirithiú go mbeidh oibríochtaí na Gníomhaireachta thrédhearcach, ba cheart do eu-LISA faisnéis faoina ghníomhaíochtaí uile a chur ar fáil don phobal, ar choinníoll nach gcuirfear baint amach chuspóirí a chuid oibríochtaí i mbaol dá bharr sin. Le linn 2022, bhí eu-LISA fós tiomanta do thrédhearcacht a ráthú ina chuid gníomhaíochtaí, a chuid próiseas agus a chuid cinnteoireachta. Chloígh an Gníomhaireacht le scoth an dea-chleachtais riaracháin agus chomhlíon sí na ceanglais dhlíthiúla go léir.¹⁷²


Tuarascáil ar iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid

Tá an Gníomhaireacht tiomanta do thrédhearcacht a ráthú ina cuid gníomhaíochtaí, próisis agus cinnteoireachta go léir, lena n-áirítear an nós imeachta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid. In 2022, chloígh an Gníomhaireacht leis na leibhéil is airde ó thaobh an dea-chleachtais riaracháin de agus chomhlíon sí na spriocdhátaí go léir a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.¹⁷³

In 2021, fuair eu-LISA 17 n-iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid, agus is méadú atá i gceist ansin i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. In 11 chás, thug an Gníomhaireacht cuireadh do na hiarratasóirí raon feidhme a n-iarrataí a shoiléiriú, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

I sé chás, ní raibh na doiciméid go léir nó cuid de na doiciméid a iarradh ina seilbh ag an ngníomhaireacht agus, dá réir sin, ní raibh sí in ann rochtain a dheonú (ná a dhiúltú). Cuireadh an méid sin in iúl do na hiarratasóirí go cuí agus díródh iad i dtreo faisnéis a bhí ar fáil go poiblí agus chuig institiúidí iomchuí eile, nuair ab fhéidir é.

Le linn na bliana, rinne eu-LISA anailís ar 100 doiciméad san iomlán. Astu sin, nochtadh 49 ndoiciméad díobh go hiomlán do na hiarratasóirí, nochtadh 24 dhoiciméad go páirteach agus rinneadh codanna díobh a fholú, agus bhí 27 gcás ann inar diúltaíodh don iarraidh ar rochtain. Bhí 2 143 leathanach ar an iomlán sna doiciméid sin, as ar eisíodh 495 leathanach ina n-iomláine, ar eisíodh 369 leathanach go páirteach, agus ar diúltaíodh rochtain ar an 1 279 leathanach eile.



TRANSLATION

<i>Number of requests</i>	<i>Líon na n-iarrataí</i>
<i>Number of documents analysed in 2022</i>	<i>Líon na ndoiciméad a ndearnadh anailís orthu in 2022</i>
<i>Number of pages analysed in 2022</i>	<i>Líon na leathanach a ndearnadh anailís orthu in 2022</i>
<i>full disclosure</i>	<i>nochtadh iomlán</i>

¹⁷² De réir Airteagal 17 den Chinneadh ó Bhord Bainistíochta eu-LISA an 28 Meitheamh 2012, lena léirítear foclaíocht Airteagal 17 de **Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001** maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, agus ag teacht le hAirteagal 34 de **rialachán bunaithe** na Gníomhaireachta, déanfaidh eu-LISA tuarascáil ar rochtain ar dhoiciméid a chur i gceangal lena thuarascáil bhliantúil. Áireofar sa tuarascáil líon na gcásanna inar dhiúltaigh an institiúid rochtain a dheonú ar dhoiciméid agus an chúis a bhí leis an diúltú sin.

¹⁷³ **Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le **rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin**, IO L 145, 31.5.2001, lgh. 43-48.

<i>partial disclosure</i>	<i>nochtadh páirteach</i>
<i>refusal</i>	<i>diúltú</i>

Bhí an folú páirteach a rinne eu-LISA ar dhoiciméid agus an diúltú rochtana ar dhoiciméid bunaithe ar na heisceachtaí a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, go háirithe maidir le príobháideacht agus sláine an duine aonair a chosaint (i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta),¹⁷⁴ leas an phobail maidir le slándáil an phobail, próisis leanúnacha chinnteoireachta agus leasanna tráchtála.

Is fiú a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, as measc na 27 ndoiciméad ar dhiúltaigh an Ghníomhaireacht rochtain orthu in 2022, gur bhain 26 dhoiciméad díobh le gnéithe teicniúla de na córais mhórscaála TF arna bhforbairt agus arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht. Ós rud é go nochtfaí faisnéis theicniúil, íogair faoi na córais dá scaoilfí na doiciméid sin chuig an bpobal, b'éigean diúltú do nochtadh na ndoiciméad a iarradh chun leas an phobail a chosaint, mar ábhar slándála poiblí.

Ní dhearnadh aon iarratas daingniúcháin i gcoinne chinntí tosaigh na Gníomhaireachta. Ina theannta sin, níor tugadh agóid os comhair Chúirteanna an Aontais i gcoinne chinntí na Gníomhaireachta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid. Anuas air sin, ní dhearnadh aon ghearáin leis an Ombudsman Eorpach faoi phróiseas na Gníomhaireachta maidir le láimhseáil na n-iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid.

In 2022 freisin, fuair an Ghníomhaireacht 5 chomhairliúcháin maidir le rochtain ar dhoiciméid ó eintitis eile de chuid an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Laghdú atá i gceist ansin i gcomparáid le 2021.

Gníomhaíochtaí eile a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid

Bíonn an Ghníomhaireacht seasta ag déanamh a díchill comhlíonadh iomlán na gceanglas dlí a chinntiú agus feabhas a chur ar an gcleachtas maidir le láimhseáil a dhéanamh ar iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid. Sa chomhthéacs sin, leanann eu-LISA ar aghaidh ag obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe praiticiúla maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, chun cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtúil an phróisis. I ndáil leis sin, bhain an Ghníomhaireacht roinnt garspríocanna amach in 2022, rud a áiríteoidh go ndéanfar próiseáil rianúil ar iarrataí a dhéanfar amach anseo ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

An 24 Márta 2022, ghlac Bord Bainistíochta eu-LISA Cinneadh Uimh. 2022-090 maidir leis na socruithe praiticiúla i ndáil le rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh na Gníomhaireachta, agus é ina chuspóir deiridh aige socruithe praiticiúla maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a leagan síos, ionas go n-áiritheofar an dea-chleachtas riaracháin agus ardchaighdeán rochtana poiblí ar dhoiciméid, agus cineál sonrach na Gníomhaireachta agus a sainordú á gcur san áireamh.

I mí na Bealtaine 2022, ina ról mar fhoireann ainmnithe eu-LISA um rochtain phoiblí ar dhoiciméid (PAD), sholáthair Rannóg Dlí na Gníomhaireachta seisiún feasachta ar líne maidir leis an ábhar sin chun forléargas a thabhairt do bhaill foime eu-LISA ar an gcreat dlíthiúil inmheánach a glacadh le déanaí, ar an bpróiseas le haghaidh iarratais tosaigh, ar na heisceachtaí i ndáil le cearta rochtana ar bhonn Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, agus ar na hiarmhairtí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann.

An 22 Meán Fómhair 2022, ghlac an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Treoirínte eu-LISA maidir le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid, treoirínte inar leagadh amach leithdháileadh na hoibre a bhaineann le rochtain phoiblí ar dhoiciméid sa Ghníomhaireacht, ionas go mbeadh eu-LISA in ann a chúraimí a dhéanamh maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

An 11 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an cinneadh maidir le daoine teagmhála a cheapadh i dtaobh rochtain phoiblí ar dhoiciméid le bheith ina gcuid de líonra trasrannach faoi mhaoirseacht an chomhordaitheora um rochtain phoiblí ar dhoiciméid, chun críocha iarratais ina leith sin a láimhseáil ina gcuid réimsí oibre faoi seach. Tugadh cuireadh do gach duine teagmhála nuacheaptha i ndáil le rochtain phoiblí ar dhoiciméid páirt a ghlacadh san oiliúint éigeantach bhliantúil ina leith sin, a d'eagraigh an Rannóg Dlí i mí Dheireadh Fómhair 2022. San oiliúint, a chuir saineolaí ón Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí ar fáil, tugadh forléargas ar gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Ar deireadh,

¹⁷⁴ **Rialachán (AE) 2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le **sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais** agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CÉ, IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98.

i mí na Samhna 2022, sholáthair Foireann na Gníomhaireachta um Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid seisiún faisnéise ar an ábhar 'Daoine Teagmhála i dtaobh Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid in eu-LISA' chun eolas a thabhairt faoi na ról faoi seach a bheidh ag na daoine teagmhála i bpróisis éagsúla agus chun feabhas a chur ar an gcomhar idir an Fhoireann um Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid agus na daoine teagmhála.

Iarscríbhinn XI. Tionscnaimh inbhuanaitheachta

Tá aird níos mó agus níos mó á tabhairt ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta, agus iarrtar ar institiúidí riaracháin phoiblí a bheith níos réamhghníomhaí agus níos trédhearcaí agus, más féidir é, dea-shampla a thabhairt maidir le conas dul i ngleic le dúshláin inbhuanaitheachta.

Tá roinnt beart déanta ag eu-LISA, agus é feasach ar na freagrachtaí atá air toisc gur eintiteas poiblí é, chun a inbhuanaitheacht a fheabhsú. Áirítear orthu sin an rannchuidiú uainn le héifeachtúlacht fuinnimh trí fhoirgneamh cliste, atá tíosach ar fhuinneamh, a dhearadh agus a thógáil do cheanncheathrú na Gníomhaireachta i dTaillinn agus trí phlean gníomhaíochta a bhunú maidir le caomhnú fuinnimh. Leis an ról uathúil atá aige, leanfaidh eu-LISA de bheith ag rannchuidiú le slándáil agus saoirse gluaiseachta Schengen trína shainordú agus trína chroíghníomhaíochtaí oibríochtúla.

Tionscnaimh inbhuanaitheachta

Rannchuidiú eu-LISA leis an éifeachtúlacht fuinnimh: Plean Gníomhaíochta um bheith Tíosach ar Fhuinneamh

In 2022, ghlac eu-LISA an Plean Gníomhaíochta um bheith Tíosach ar Fhuinneamh agus é ina aidhm aige níos lú fuinnimh a ídiú ar fud áitribh uile na Gníomhaireachta. Dírítear sa phlean ar ídiú fuinnimh a laghdú sna réimsí seo a leanas:

- **téamh áitribh:** an teocht a laghdú, nuair is infheidhme agus i gcás inarb infheidhme,
- **fuairí áitribh:** pointe socraithe teochta réamhshocraithe an chórais aerchóirithe/fuaraithe a ardú,
- **soilsiú áitribh:** déine na soilse oifige a íslíú agus úsáid soilse sna hallaí a íoslaghdú,
- **Trealamh TF:** trealamh a mhúchadh nuair nach mbíonn sé in úsáid.

Rannchuidiú eu-LISA le héifeachtúlacht fuinnimh: foirgneamh ceanncheathrún atá glas, cliste

Nuair a bunaíodh eu-LISA, bhí sé ar cheann de na tosaíochtaí a áirithiú go mbeadh a chuid seirbhísí bunaithe ar bhonneagar nua-aimseartha, cliste, glas. Spreag sé sin eu-LISA chun foirgneamh ceanncheathrún cliste, glas a dhearadh agus a thógáil i dTaillinn na hEastóine. Is áitreabh nuálach í ceanncheathrú na Gníomhaireachta ina bhfuil bonneagar glas inbhuanaithe, stáisiúin oibre eirgeanamaíochta agus spás comhoibrithe nua-aimseartha, rud a fhágann gur eiseamláir í ó thaobh tógáil agus bainistíocht foirgneamh poiblí san Eastóin agus sa chuid eile den Eoraip.

Agus an foirgneamh á thógáil, baineadh úsáid as réitigh nuálacha ionas go bhféadfaí éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus fuinneamh a spáráil nuair is féidir é. Mar shampla, feabhsaítear cáilíocht an aeir san oifig trí 200 planda atá scaipthe ar bhealach córasach ar fud an fhoirgnimh ionas nach mbeidh gá le taisirí ná aerghlantóirí breise. Tá córas teasa urlár nuálach i bhfeidhm a dtacaítear leis trí aer té a sceitear ó sheomra na bhfreastalaithe a phróiseáil le malartóirí teasa, agus baintear leas as sin freisin chun an t-aer úr a théamh agus é ag teacht isteach san fhoirgneamh. Tá na soilse go léir, lena n-áirítear soilse lasmuigh, bunaithe ar theicneolaíocht LED agus tá siad nasctha leis an gCóras Bainistíochta Foirgneamh, ionas gur féidir iad a rialú agus a sceidealú de réir na riachtanas.

In 2021, bhain eu-LISA amach aitheantas atá ina measc siúd is airde i réimse an riaracháin phoiblí ar leibhéal an Aontais – Gradam na hEamála Poiblí Eorpaí (an dara háit sa chatagóir ‘Riarachán Poiblí Glas’) dá cheanncheathrú i dTaillinn – agus luadh an cur chuige eiseamláireach atá aige maidir le dearadh tionscadail agus maidir le samhail spreagúil i leith soláthar tionscadal, a chumarsáid agus a thionchar, arna dtreisiú ag feasacht na mball foirne agus an oiliúint spriocdhírthe a chuirtear orthu maidir le húsáid agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní.

Rannchuidiú eu-LISA le slándáil agus sairse gluaiseachta Schengen

Sna blianta amach romhainn, leanfaidh an tAontas dá shlándáil inmheánach a chothú ar mhaithe lena shaoránaigh, leis na daoine a chónaíonn ann, le cuairteoirí air, lena chríoch agus lena bhonneagar. Chun tacú leis an uaillmhian sin, tá sainordú agus príomhghníomhaíochtaí oibríochtúla eu-LISA dírithe ar theorainneacha seachtracha an Aontais a neartú trí rannchuidiú le bainistíocht imirce agus le tionscnaimh slándála inmheánaí agus trí thacú leis an athchóiriú ar an gcóras Eorpach tearmainn.

An cumas i dtaobh freagairt do bhagairtí slándála a bhíonn ag síorathrú (i.e., an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe agus an chibearchoireacht), bíonn sé ag brath ar mhalartú tráthúil, cuimsitheach faisnéise idir na húdaráis ábhartha náisiúnta agus Eorpacha, rud is fearr is féidir a éascú le córais faisnéise nua-aimseartha. Leis na córais nua a mheastar a thiocfaidh i bhfeidhm in 2023–2024 (i.e., EES, ETIAS agus ECRIS-TCN), tacófar leis na riachtanais oibríochtúla sin go léir agus soláthrófar cur chuige cliste, comhtháite maidir le slándáil inmheánach na hEorpa a áirithiú.

Ina theannta sin, tá obair eu-LISA faoi threoir ag Straitéis Schengen an Choimisiúin, straitéis arb é is aidhm di athléimneacht limistéar Schengen – an limistéar saorghluaiseachta is mó ar domhan – a dhaingniú agus a fheabhsú. I bprionsabal, is éard atá i ngach córas Ceartais agus Gnóthaí Baile ama oibriú ag eu-LISA ná bearta cúitimh chun saorghluaiseacht a éascú laistigh de Limistéar Schengen. Dá bhrí sin, tá a bhforbairt leanúnach ríthábhachtach don Aontas agus do eu-LISA.

Tuairisciú inbhuanaitheachta

Is é atá i gceist le tuairisciú inbhuanaitheachta ná nochtadh deonach a dhéanamh ar tháscairí comhshaoil, táscairí sóisialta agus táscairí eacnamaíocha. Cuirtear sonraí i láthair maidir leis an dul chun cinn a dhéanann an eagraíocht i dtreo na spriocanna inbhuanaitheachta.

Tá sé beartaithe ag eu-LISA a fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí 2023 i gcomhréir le creat tuairiscithe inbhuanaitheachta aitheanta. Roghnófar creat tuairiscithe le linn 2023 tar éis anailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht eu-LISA le tréithe na gcreataí is mó a úsáidtear i measc eagraíochtaí poiblí. Sa chéad tuarascáil inbhuanaitheachta ón nGníomhaireacht i leith 2023, soláthrófar forléargas beag ar fhaisnéis thuairiscithe eu-LISA agus é ina chuspóir trédhearcacht a sholáthar maidir lenár dtionscnaimh a bhaineann lenár gcaipiteal sóisialta, daonna agus comhshaoil. Sna blianta ina dhiaidh sin, aidhm níos uaillmhianaí a bheidh againn, agus é i gceist againn cur le méid na faisnéise a nochtfar agus a chinneadh conas is féidir le tuairisciú inbhuanaitheachta rannchuidiú le straitéis fhadtéarmach na Gníomhaireachta a neartú.

